





Plean Ghréasán Rothaíochta



Bhaile Átha Cliath
Plean Ghréasán Rothaíochta

Cuid 1:
Tuarascáil
Scríofa



Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

CLÁR ÁBHAIR CUID 1: RÁITEAS SCRÍOFA

RÉAMHRÁ	ii	
CAIBIDIL 1	GRÉASÁN ROTHARBHEALAIGH EISEACH	1
1.1.	Measúnuithe um Cháilíocht Seirbhíse.....	1
1.2.	Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	1
1.3.	Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i Limistéar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.....	2
1.4.	Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i Limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	5
1.5.	Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i Limistéar Chontae Fhine Gall.....	6
1.6.	Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i gContae na Mí.....	7
1.7.	Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i gContae Chill Dara	9
1.8.	Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i gCill Mhantáin.....	10
CAIBIDIL 2	PLEANÁIL UM GHRÉASÁN ROTHÁÍOCHTA NA TODHCHAÍ	11
2.1.	Pleanáil Uirbeach agus Iompair Straitéiseach.....	11
2.2.	Anailís ar Éileamh na dTuras Rothaíochta.....	13
2.3.	Moltaí um Ghréasán Straitéiseach Rotharbhealaigh.....	16
2.4.	Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Oiriúnach.....	24
CAIBIDIL 3	GRÉASÁN ROTHÁÍOCHTA LIMISTÉAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH	29
3.1.	Gréasán Rothaíochta Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath.....	29
3.1.1	Geataí Tairsí ar na Príomhchonairí Rochtana Gathacha isteach i Lár na Cathrach ón Tuisceart agus ón Deisceart.....	29
3.1.2	Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath – Comhthéacs do Ghréasán an Rotharbhealaigh.....	34
3.1.3	Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh.....	37
3.2.	Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh	38
3.2.1	Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh	38
3.2.2	Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh – Breiseanna an Ghréasáin Rotharbhealaigh.....	39
3.2.3	Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach	40
3.3.	Earnáil Bhaile Átha Cliath Thuaidh-Láir	40
3.3.1	Baile Átha Cliath Thuaidh-Láir – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh	40
3.3.2	Baile Átha Cliath Thuaidh-Láir - Breiseanna an Ghréasáin Rotharbhealaigh.....	41
3.3.3	Baile Átha Cliath Thuaidh-Láir – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach	42
3.4.	Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh	43
3.4.1	Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh	43
3.4.2	Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh - Breiseanna an Ghréasáin Rotharbhealaigh.....	43
3.4.3	Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach	44
3.5.	Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar	45
3.5.1	Baile Átha Cliath Thiar - Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh	45
3.5.2	Baile Átha Cliath Thiar – Moltaí do Bhreiseanna an Ghréasáin Rotharbhealaigh	45
3.5.3	Baile Átha Cliath Thiar - Cáilíocht Seirbhíse Eiseach	46
3.6.	Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas	47
3.6.1	Baile Átha Cliath Thiar Theas – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh	47

3.6.2	Baile Átha Cliath Thiar Theas – Moltaí i leith Breiseanna agus Feabhsuithe ar Ghréasán an Rotharbhealaigh.....	49
3.6.3	Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach.....	51
3.7.	Earnáil Bhaile Átha Cliath Theas-Láir	52
3.7.1	Baile Átha Cliath Theas-Láir – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh	52
3.7.2	Baile Átha Cliath Theas-Láir - Breiseanna um Ghréasán an Rotharbhealaigh	52
3.7.3	Earnáil Bhaile Átha Theas-Láir – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach	53
3.8.	Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Theas	54
3.8.1	Baile Átha Cliath Thoir Theas – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh	54
3.8.2	Baile Átha Cliath Thoir Theas – Moltaí i leith Breiseanna agus Feabhsuithe ar Ghréasán an Rotharbhealaigh.....	54
3.8.3	Baile Átha Cliath Thoir Theas – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach	56
CAIBIDIL 4	GRÉASÁN ROTHÁÍOCHTA CHÚLCHRÍOCH MHÓRCHEANTAIR BHAILE ÁTHA CLIATH	57
4.1	Gréasán Rotharbhealach Chontae Fhine Gall	57
4.1.1	Earnáil Fhine Gall Theas.....	57
4.1.2	Earnáil Fhine Gall Láir.....	58
4.1.3	Earnáil Fhine Gall Thuaidh.....	59
4.1.4	Rotharbhealaí Tuaithe i bhFhine Gall	59
4.2	Gréasán Rotharbhealaigh Chontae na Mí.....	61
4.2.1	Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil na Mí Theas.....	61
4.2.2	Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil na Mí Láir.....	61
4.2.3	Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil na Mí Thoir.....	62
4.2.4	Rotharbhealaí Tuaithe sa Mhí.....	62
4.3	Gréasán Rotharbhealaigh Chontae Chill Dara.....	64
4.3.1	Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil Chill Dara Thuaidh.....	64
4.3.2	Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil Chill Dara Láir.....	64
4.3.3	Gréasáin Rothaíochta Bhaile Earnáil Chill Dara Theas.....	64
4.3.4	Rotharbhealaí Tuaithe i gCill Dara.....	64
4.4	Gréasán Rotharbhealaigh Chontae Chill Mhantáin	66
4.4.1	Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil Chill Mhantáin Thuaidh.....	66
4.4.2	Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil Chill Mhantáin Theas.....	67
4.4.3	Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil Chill Mhantáin Thiar.....	67
4.4.4	Rotharbhealaí Tuaithe i gCill Mhantáin.....	67
CAIBIDIL 5	ACHOIMRE AGUS CONCLÚIDÍ	70
ACHOIMRE AR FHAID AN LÍONRA ROTHÁÍOCHTA ATÁ BEARTAITHE		72
CUID 2	LÉARSCÁILEANNA NA NÁISEANNA ROTHÁÍOCHTA EISEACHA	73
CUID 3	LÉARSCÁILEANNA UM ÉILEAMH ROTHÁÍOCHTA	74
CUID 4	LÉARSCÁILEANNA NA NGRÉASÁN ROTHÁÍOCHTA BEARTAITHE	75

Cuid 4a:	Léarscáileanna Ghréasán Rothaíochta an GDA Trí Chéile
Cuid 4b:	Gréasán Rothaíochta Beartaithe – Ceantar Bhaile Átha Cliath
Cuid 4c:	Gréasáin Rothaíochta Beartaithe i mBailte
Cuid 4d:	Rotharbhealaí Tuaithe

RÉAMHRÁ

Choimisiúnaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) AECOM Roughan & O'Donovan (AECOM-ROD) chun Plean Ghréasán Rothaíochta a ullmhú, ag cuimsiú an Gréasán Uirbeach, an Gréasán Idiruirbeach, agus Gréasán na mBealaí Glasa, le haghaidh gach ceann de seacht limistéir na nÚdarás Áitiúil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA), is iad sin:

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC)
- Comhairle Contae Átha Cliath Theas (SDCC)
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin (DLRCC)
- Comhairle Contae Fhine Gall (FCC)
- Comhairle Contae na Mí (MCC)
- Comhairle Contae Chill Dara (KCC)
- Comhairle Contae Chill Mhantáin (WCC)

Éilíonn Sainchúram an tionscadail go n-aithneodh agus go ndearbhódh an Plean Ghréasán Rothaíochta, ar bhonn comhsheasmhach, soiléir agus loighciúil na gréasáin rothaíochta seo a leanas laistigh den GDA:

- An Gréasán Rothaíochta Uirbeach ag an leibhéal Príomha, Tánaisteach agus Friothálach;
- An Gréasán Rothaíochta Idiruirbeach ag nascadh codanna ábhartha den Ghréasán Uirbeach agus lena n-áirítear míreanna den Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta atá laistigh den GDA. Áireofar ann freisin nascálacha chuig príomh-láithreacha iompair lasmuigh de limistéir uirbeacha amhail aerfoirt agus calafoirt; agus
- Gréasán na mBealaí Glasa eadhon bealaí rothaíochta arna bhforbairt go príomha chun críocha turasoíreachta, caitheamh aimsire agus fóillíochta.

Murab amhlaidh le pleananna limistéar-bhunaithe ullmhaithe cheana ag Údarás Áitiúla, tá an Plean Ghréasán Rothaíochta seo le bheith comhsheasmhach thar teorainneacha na gcontaetha ionas go mbeidh leanúnachas le gréasáin na rotharbhealaí thar na teorainneacha riaracháin seo.

Comhthéacs don Staidéar seo

Tá Rialtas na hÉireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Gníomhaireachtaí Stáit éagsúla meáite le go gcinnteofaí go dtabharfar tacaíocht, go bhfeabhsófar agus go mbainfear úsáid as an rothaíocht mar mhodh iompair, ar mhaithe le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus cuspóirí náisiúnta a shárú. Leagtar amach an polasaí reatha i ndoiciméid éagsúla atá curtha i dtoll a chéile ag an Roinn Iompair, Turasoíreachta & Spóirt agus a cuid Gníomhaireachtaí. Mar sin féin, is é an Creat Pholasaí Rothaíochta Náisiúnta (CPRN) an príomhdoiciméad ina leagtar amach 19 sainchuspóir, agus ina dhéantar mionsonrú ar an 109 gníomh aonair ach comhtháite, atá dírithe ar a chinntiú go bhforbraítear cultúr rothaíochta in Éirinn ionas go mbeidh 10% de na turais ar fad á ndéanamh ar rothar, faoin mbliain 2020. Molann an CPRN pacáiste cuimsitheach de bhearta pleanála/infreastruchtúir agus cumarsáide/oideachais, agus leagtar béim ar an ngá atá le rannpháirtíocht ó pháirtithe leasmhara agus maoiniú leordhóthanach i ndáil leis na bearta riachtanacha. Éilíonn an CPRN go ndéanfaí prionsabail pleanála atá fabhrach don rothaíocht a ionchorprú i ngach plean náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus fo-áitiúil. Ní féidir na spriocanna uailmhianacha seo a bhaint amach ach amháin má thugtar faoi líon i bhfad níos mó turas rothaíochta i gceantair uirbeacha, go háirithe laistigh den GDA, áit ina bhfuil úsáid an rothair i gcomhair cineálacha éagsúla turas i bhfad níos coitianta cheana féin.

D'fhonn a chinntiú go mbeidh infheistíochtaí dírithe ar bhonn éifeachtúil i dtreo na spriocanna uailmhianacha seo a bhaint amach, ní mór don ÚNI agus do na hÚdarás Áitiúla laistigh den GDA a bheith ar an eolas faoi na háiseanna rothaíochta atá ar fáil faoi láthair, cá bhfuil na bearnaí ina leith, cén riocht atá orthu agus cad iad na feabhsúcháin ar dhócha a bheidh de dhíth. Lena chois sin, ní mór

léarscáil straitéiseach de ghréasán rothaíochta an GDA a ullmhú a chabhróidh leis an ÚNI le maoiniú a leithdháileadh i dtreo cur chun feidhme na scéimeanna atá tábhachtach ar bhonn straitéiseach. Ceadóidh an fhaisnéis a leagtar amach sa tuarascáil seo tús aite a thabhairt do thionscadail infreastruchtúir rothaíochta i dtéarmaí tábhachta don ghréasán straitéiseach agus an t-éileamh rothaíochta dóchúil a bheadh ar a leithéid de scéim.

Cúlra

Sa Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Manual*] (NCM) tugtar sainmhíniú ar ghréasán rothaíochta mar:

'bailiúchán de bhealaí nasctha. Is éard atá i gceist le bealaí ná tacar naisc agus acomhail nasctha a leanann conairí loighciúla idir críosanna nó lárionaid uirbeacha. Is é cuspóir an ghréasáin rothaíochta na príomh-chríosanna túsphointe agus ceannphointe a nascadh laistigh de limistéar uirbeach agus ba cheart go soláthródh sé tré-ghluaiseacht éifeachtach do rothaithe. Iompróidh gréasán rothaíochta dea-phleanáilte formhór mór na dturas rothaíochta.' [a collection of connected routes. Routes are a set of connected links and junctions that follow logical corridors between zones or urban centres. The purpose of the cycle network is to connect the main zones of origin and destination within an urban area and should provide effective through-movement for cyclists. A well-planned cycle network will carry the vast majority of cycle journeys.]

Is iondúil go gcuirtear Gréasáin Rothaíochta Uirbeacha i láthair mar ordlathas chonairí a sholáthraíonn leibhéil éagsúla tábhachta do rothaithe agus is iad sin:

- Príomh-Ghréasán: Príomh-artairí rothaíochta a thrasnaíonn an limistéar uirbeach, agus a iompraíonn formhór den trácht rothaíochta;
- Gréasán Tánaisteach: Naisc idir na príomh-rotharbhealaí agus críosanna áitiúla; agus
- Friothálach: Naisc ó chríosanna chuig leibhéil an ghréasáin os a gcionn agus/nó chuig rotharbhealaí i gcíosanna áitiúla.

Soláthraíonn na hacmhainní seo cnámh droma an infreastruchtúir rothaíochta sa GDA. Faoi chaibidil sa tuarascáil seo chomh maith tá Rotharbhealaí Náisiúnta agus Idir-Uirbeacha nár tugadh aghaidh orthu i staidéir roimhe seo.

Sa Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Manual*] leagtar amach modh seacht gcéim chun Gréasáin Rothaíochta a dhearadh, nach mór a leanúint chun a chinntiú go bhfuil údar leis an infheistíocht san infreastruchtúr. Leagtar amach na céimeanna sin anseo thíos:

- Céim 1: Fardal a ghlacadh den gCóras Rothaíochta Eiseach;
- Céim 2: Tuiscint ar Éileamh na dTuras agus an Acmhainneacht do Thurais Rothaíochta;
- Céim 3: Sannadh Turais ar an nGréasán;
- Céim 4: Tuar na dTuras;
- Céim 5: Pleanáil Uirbeach agus Iompair;
- Céim 6: Ord Tosaíochta na bhFeabhsúcháin; agus
- Céim 7: Clár, Comhairliúchán, Buiséid.

Cuimsíonn an tionscadal seo Céimeanna 1 go 5 i ndáil le limistéar an GDA, le haghaidh á tabhairt ar Chéimeanna 6 agus 7 mar chuid de phróiseas maoinithe infheistíochta faoi leith.

Modheolaíocht Staidéir

Lean forbairt an Phlean Gréasáin Rothaíochta seo sraith céimeanna loighciúla, atá leagtha amach sa ghrafaic anseo thíos.

Leis an bPlean um Ghréasán Rothaíochta seo á ullmhú, thóg an Fhoireann Tionscadail aird ar 'riachtanais' aitheanta rothaithe (leagtha amach san NCM) agus Prionsabail na Sábhaltachta Inbhuanaithe (prionsabail na feidhmiúlachta, na haonchineálachta, na soléiteachta, an mhaiteachais agus na féinfheasachta.)

Bailiú & Bainistíocht Sonraí

Sholáthair na hÚdaráis Áitiúla ar fad laistigh den GDA faisnéis faoi na hacmhainní rothaíochta eiseacha agus beartaithe, trína n-ionadaí a shuigh ar an bhFoireann Tionscadail Chomhpháirteach don staidéar seo. Soláthraíodh an fhaisnéis seo i bhformáidí éagsúla agus tiontaíodh í go léarscáiliú bunaithe ar GIS i bhformáid choiteann ar féidir í a nuashonrú amach anseo de réir mar a athraíonn agus a fhásann an gréasán rothaíochta. Tugadh faoin léarscáiliú uile ag baint úsáide as próiseas GIS atá oiriúnach do INSPIRE, dá réir sin beidh an léarscáiliú seo ina bhunús do mhórán feidhmchlár de chuid an ÚNI amach anseo nach dtiteann faoi réim an tionscadail seo in aon chor.

Ar mhaithe le sonraí a dhearbhu agus chun tabhairt faoi Mheasúnuithe um Cháilíocht Seirbhíse, thug an Fhoireann Tionscadail faoi chuirteanna suímh ar fud an ghréasáin rothaíochta eiseach, cé go n-admhaítear nár tugadh cuairt ar gach saoráid cuairt, de bharr méid an limistéir staidéir.

Comhairliúchán leis na hÚdaráis Áitiúla

Bhuail an Fhoireann Tionscadail le hionadaithe ó gach ceann de na seacht nÚdaráis Áitiúla roinnt uaireanta i gcaitheamh saolré an tionscadail. B'iad na hÚdaráis Áitiúla na príomhpháirtithe leasmhara don tionscadal. Chuathas i gcomhairle leis an ngrúpa seo ar bhonn leanúnach le linn an tionscadail chun faisnéis a thabhairt, moltaí a dhearbhu agus cur le forbairt Phlean Gréasáin Rothaíochta na todhcháí.

Nóta faoi fhoinsí na n-íomhánna: Fuarthas na haerfótagraif atá sa tuarascáil seo ó *Google Earth*. Dá bhí sin, ní thaispeántar trádmarc *Google* ar gach íomha dá leithéid, agus tugann na húdair aitheantas anseo don fhoinsé.

Comhairliúchán Poiblí

Foilsíodh an Dréachtphlean ag tús Mheán Fómhair 2013 agus bhí an plean ar fáil do chomhairliúchán poiblí thar thréimhse 6 seachtaine. Áiríodh na haighneachtaí a fuarthas i rith an phróisis chomhairliúcháin i ndoiciméad an Phlean deiridh. .



Plean Ghréasán Rothaíochta – Modheolaíocht Staidéir

CAIBIDIL 1

GRÉASÁN ROTHARBHEALAIH EISEACH

Sa chaibidil seo cuirtear i láthair achoimre ar an ngréasán rotharbhealaí eiseach laistigh de gach ceantar Údarás Áitiúil. Ba cheart an chaibidil seo a léamh in éineacht le léarscáileanna E1 go E25 i gCuid 2. Déantar achoimre ar an ngréasán rotharbhealaí mar atá sé faoi láthair ag gach Údarás Áitiúil sna míreanna seo a leanas.

1.1. Measúnuithe um Cháilíocht Seirbhíse

Sa Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Manual*] déantar cur síos ar chúig riachtanas an rothaí.

- (i) Sábháilteacht ar Bhóithre
- (ii) Soiléire
- (iii) Dírí
- (iv) Mealltacht
- (v) Compord

Is tomhas í Cáilíocht Seirbhíse (QoS) i ndáil lena fhairsinge a chomhlíontar riachtanais seo an rothaí. D'fhonn rothaithe drogallach roimh rioscaí a mhealladh, ba cheart go méadódh an Cháilíocht Seirbhíse; ar aon nós ba cheart go méadódh an Cháilíocht Seirbhíse de réir mar a dhruideann rotharbhealaí níos cóngaraí do príomh-cheannphointí.

Soláthraíonn an Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Manual*] treoir maidir leis na critéir atá mar ionchur sa mheasúnú um QoS. Mar chuid den staidéar seo bhí ceann de na chéad mhórtreagmhas um chur i bhfeidhm an phróisis mheasúnaithe QoS ón uair a foilsíodh an Lámhleabhar. Rinneadh mionathrú beag ar an modheolaíocht le comhaontú an ÚNI ionas go mbeadh cur i bhfeidhm praiticiúil indéanta ar bhonn mórscaála, le húsáid á baint as na critéir seo a leanas:

- (i) Riocht na gCosán trí mheasúnú amhairc;
- (ii) Leithead: sa réimse ó <1.5m do threas singil ag an leibhéal is ísle go bealaí níos leithne suas le 2.5m ag freastal ar rothaíocht bheirt in aice le chéile agus/nó scoitheadh;
- (iii) Minicíocht coimhlinte mar thoradh ar pháirceáil, rochtain agus cur isteach eile ar dhul chun cinn na rothaíochta;
- (iv) Moill ag acomhail ar bhonn cáilíochtúil ag dul ó mhoill ar bith go dtí moill suntasach; agus
- (v) Toisc Chompoird chun cur síos a dhéanamh ar ghairacht do thrácht eile agus an mothú sábháilteachta a ghabhann leis sin.

Tugadh scóir QoS ar scála 5 phointe idir A+ agus D.

Rinneadh Cáilíocht Seirbhíse a mheas do roinnt de na príomh-rotharbhealaí i ngach limistéar údarás áitiúil agus tá sonraí na scóir ar fáil ar leithligh ón tuarascáil seo do na húdarás áitiúla chun cabhrú leo riachtanais d'fheabhsúcháin a aithint.

1.2. Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Tá daonra 506,211 duine (Daonáireamh 2011) i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus is é an contae leis an dlús daonra is mó sa stát. Tá carachtar dlúth, úsáid mheasctha, uirbeach ag lár na cathrach idir an Chanáil Ríoga agus an Chanáil Mhór. Lasmuigh de lár na cathrach, tá sráidbhailte uirbeacha agus ceantair chónaithe ó thuaidh lena n-áirítear Cluain Tarbh, Ráth Eanaigh, Droim Conrach, an Chabrach, Glas Naíon, Baile Munna, Seantrabh agus Fionnghlas agus ó dheas tá

an Rinn, Dumhach Thrá, Domhnach Broc, Raghmallach, Ráth Maonais, Tír an Iúir, Cromghlinn agus Baile Formaid.


Tá gréasán fairsing d'áiseanna rothaíochta ag an gcathair, go mór mhór i bhfoirm lánaí rothar ar na sráideanna agus lánaí bus. Tá codanna den ghréasán eiseach ceangailte go maith agus nascann siad túsphointí agus ceannphointí móra le chéile. Mar sin féin, tá bearnaí suntasacha i gceantair áirithe den ghréasán, inar tugadh tús áite, go stairiúil, do thrácht ginearálta agus busanna ar na bóithre.

D'éirigh go maith le go leor scéimeanna le déanaí i measc rothaithe i limistéar na cathrach amhail Rotharbhealach na Canálach Móire ó Shráid na nGildeanna go Portobello, a thug méadú nach beag do líon na rothaithe ar feadh na canála ó osclaíodh é in 2011. Tugtar achoimre anseo thíos ar na príomh-chineálacha soláthar do rothaithe i limistéar na Comhairle Cathrach.

Lánaí Rothar ar an tSráid i Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Is iad lánaí rothar ar an tsráid (idir chomhairleach agus éigeantach) nó lánaí bus an soláthar is mó don rothaíocht i limistéar na Comhairle Cathrach. Tá Cáilíocht Seirbhíse íseal ag na háiseanna sin i gcoitinne i limistéar na cathrach, go mór mhór de bharr easpa leithid do rothaithe agus an míchompord a chruthaíonn dlús mór tráchta feithicle ag roinnt an bhóthair leo. De ghnáth is scór QoS C nó D a ghnóthaíonn na lánaí rothar. Le feabhsúcháin úrnuair ar chaighdeán na gcosán i lár na cathrach táthar tar éis an Cháilíocht Seirbhíse a ardú ó D go C ar go leor de na bealaí sin.

Bhí deacrachtaí ann le soláthar na lánaí rothar i lár na cathrach, áit a mbíonn iomaíocht nach beag le haghaidh spás sráide agus is minic go dtugtar tús áite do shocruithe i leith busanna agus páirceáil sráide. Le cur i bhfeidhm luasteorann 30 km/h le déanaí i gcroílár cheantair shiopadóireachta lár na cathrach táthar tar éis cabhrú le húsáid roinnte a sholáthar do rothaithe agus trácht ag baint úsáide as na sráideanna sin. Mar sin féin, tá gréasán fairsing de shráideanna idir an croílár agus an chanáil ina bhfuil áiseanna rothaíochta teoranta chuig cúpla bealach gathach.



Lána rothar i Sráidbhaile Raghmallach

Lánaí Bus i Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Cuimsíonn cuid mhór de ghréasán rotháíochta na Comhairle Cathrach lánaí bus a bhíonn á roinnt ag rothaithe, busanna agus tacsaithe, le go leor lánaí nach mbíonn i bhfeidhm ach le linn buaicamanna nó le haghaidh 12 uaire sa lá. Tá fadhbanna ann a laghdaíonn cáilíocht na mbealaí sin don rotháíocht, fadhbanna amhail leithid neamhleora chun go bhféadfadh busanna rothaithe a scoitheadh go sábháilte i lánaí bus, coimhlintí ag stadanna bus agus castaí ar chlé (áiteanna a chríochnaíonn lánaí bus go sealadach), agus líon na dtacsaithe i lár na cathrach agus ar phríomhbhealaí gathacha. Gnóthaíonn formhór na lánaí bus sa chathair scór D i dtaobh QoS toisc gur beag a fhreastalaíonn siad ar riachtanais an rothaí.


Féarbhealaí i Limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Táthar tar éis roinnt féarbhealaí ardchaighdeán a sholáthar i limistéar na cathrach, lena n-áirítear:

- Féarbhealach na Canálach Móire ón Droichead Órga go teorainn na cathrach;
- Féarbhealach an Chósta Thoir ó Chluain Tarbh go Cill Fhionntain (le bearna 2km ag Cnocán Doirinne);
- Féarbhealach Abha na Life ó na Gairdíní Cuimhneacháin go Séipéal Iosóid; agus
- Féarbhealach Abha na Tulchann ó Bhóthar Fhionnghlaise go Bóthar Ráth Tó.

Go hiondúil gnóthaíonn féarbhealaí ard-scóir maidir le Cáilíocht Seirbhíse de bharr iad a bheith deighilte ó thrácht agus toisc go mbíonn coimhlintí teoranta acu. Ar chuid de na féarbhealaí níos sine uaireanta bíonn leithead níos cúinge acu ná mar atá inmhianaithe i gcomhthéacs úsáide atá roinnte le coisithe nó taobh le coisithe agus d'fhéadfadh droch-riocht a bheith ar chosáin in áiteanna de bharr caithimh agus cuimilte le himeacht ama. Go hiondúil is scór QoS sa réimse ó B go dtí A+ a ghnóthaíonn na féarbhealaí eiseacha.

Tá obair thaighde le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas á maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun forálacha rochtana éagsúla ar rotharbhealaí trí spásanna poiblí nach bhfuil gar do bhóithre a thriail. Áireofar na cineálacha éagsúla geataí san NCM ionas go ndéantar an fhoráil is fearr agus is féidir do rothair ar fhéarbhealach ar bith.



Bealach Chill Fhionntain go Cuas an Ghainimh ar feadh an Chósta Thoir ag Cnocán Doirinne – cuid den fhéarbhealach in easnamh

1.3. Áiseanna Rotháíochta Eiseacha i Limistéar Chontae Bhaile Átha Cliath Theas

Tá daonra 265,205 duine (Daonáireamh 2011) ag Limistéar riaracháin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus is áit uirbeach í go príomha leis an tríú daonra is mó sa stát aici, i ndiaidh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Cathair Bhaile Átha Cliath. Carachtar tuaithe atá ag an gcontae ar feadh na teorann thoir-theas, ag imeall Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin agus ar feadh teorainn an iarthair le Cill Dara. Soláthraíodh gréasán fairsing d'áiseanna rotháíochta le 15 bliana anuas mar chuid d'oibreacha infreastruchtúir. Fanann úsáid rothar ag leibhéal íseal, áfach, ag 3% (rotháíocht chuig obair agus oideachas, Daonáireamh 2011), go háirithe i gcomhthéacs dlús measartha ard an daonra sa chontae. Is cúis suntais faoi leith í an úsáid íseal le haghaidh turas chuig Oideachas, atá ar aon leibhéal, a bheag nó a mhór, le Fine Gall, áit ina bhfuil dlús i bhfad níos ísle daonra.

Táthar tar éis go leor de na hacmhainní sa chontae a sholáthar mar chuid de scéimeanna infreastruchtúir laistigh den chontae, lena n-áirítear tionscadail bhóithre agus Mórlánaí Bus (MLBanna). Tá sé sin tar éis an contae a sholáthar le fad suntasach lánaí rothar agus raonta rothar sa réimse QoS ó D go dtí B. Tá cuid de na raonta rothar ar chaighdeán níos airde i gceantair nuafhorbartha agus is an-íseal an úsáid a mbaintear astu. I gcodanna níos sine den limistéar uirbeach in aice le teorainn an oirthir le Cathair Bhaile Átha Cliath, tá lánaí agus raonta rothar a bhí aifheistithe ar bhóithre eiseacha, cuid acu a bhfuil caighdeán íseal acu le scór D i leith an QoS, ach tá formhór díobh measartha maith agus gnóthaíonn siad scór C i leith an QoS.

Áiseanna Rotháíochta ar Thionscadail Bhóthair Nua i mBaile Átha Cliath Theas

Soláthraíodh a lán de na háiseanna rotháíochta i gcodanna theas agus thiar de cheantar Bhaile Átha Cliath Theas mar chuid de scéimeanna bóthair nua agus go ginearálta cuimsíonn siad raonta rothar aontreo scartha óna chéile ar an dá thaobh den bhóthar nua. Tá samplaí le feiceáil ar an gCuarbhóthar Seachtrach agus ar Bhóthar Theach na Giúise anseo thíos. Tá scór B nó C i leith an QoS ag bealaí dá leithéid de bharr leithid tipiciúla faoi bhun 1.8m a bheith acu, rud a chruthaíonn deacracht le scoitheadh, agus, ar bhonn níos tábhachtaí, cailliúint tosaíochta ag acomhail taobh-bhóthair i gcásanna áirithe.

Is ábhar spéise é go soláthraítear cuid de na raonta rothar seo in ionad spáis chiumhaise, rud a chruthaíonn tírdhreach crua garbh. Nuair a choimeádtar an chiumhais, áfach, mar a dhéantar ar Bhóthar Theach na Giúise, agus an lána rothar taobh thiar den chiumhais cruthaítear timpeallacht i bhfad níos taitneamhaí.



Raonta Rothar Eiseacha ar Bhóthar Bhaile an tSibhrigh / Chuarbhóthar Seachtrach an R136



Raonta Rothar Eiseacha ar Bhóthar Theach na Giúise an R114

Raonta Rothar Aisfheistithe i mBaile Átha Cliath Theas


Aisfheistíodh a lán raonta rothar ar an ngréasán bóthair eiseach in a lán áiteanna ar fud an chontae. Go hiondúil is lánaí rothar ar an mbóthar iad na háiseanna sin nó táthar tar éis iad a sholáthar in áit na ciumhaise eisigh. Go minic bíonn an lána tráchta iarmharach ró-chúng agus dá dheasca sin tagann trácht isteach sa lána rothar comhairleach, rud a thuilleann scór íseal C nó D i leith an QoS. Sholáthródh raonta rothar sa chiumhais Cáilíocht Seirbhíse níos airde do rothaithe.



Lánaí Rothar Eiseacha ar Bhóthar Wainsfort, Teach Mealóg

Bealaí Glasa i mBaile Átha Cliath Theas

Tá roinnt Bealaí Glasa trí fhearainn pháirce poiblí nó le hais na Canálach Móire agus Abhainn na Dothra i limistéar Bhaile Átha Cliath Theas. Tá sampla maith á léiriú sa ghrianghraf thíos, is é sin an áis nua le hais na Canálach Móire idir an Pháirc Thiar agus Baile Adaim.



Féarbhealach na Canálach Móire idir Cluain Dolcáin agus Baile Adaim

Mar sin féin, fadhb chomónta atá í an deacracht i leith rochtain a fháil ar na háiseanna seo de dheasca úsáid na ngeataí fíor-shriantacha ag na slite isteach. Tá sé soiléir gur soláthraíodh iad sin chun na háiseanna a choimeád slán ó fheithiclí, ainmhithe, s.rl. Mar sin féin, cruthaíonn siad deacrachtaí móra do rothaithe agus laghdaíonn siad tarraingteacht agus fónas an bhealaigh i mórán cásanna, mar a léirítear ón aiseolas chuig údair na tuarascála seo.



Féarbhealach na Canálach Móire le bacainní sriantacha

Dá mbainfí amach na bacainní seo nó dá gcuirfí ina n-áit réiteach níos fearr, d'osclódh an scéim shuaitheanta seo gréasán ionchasach fairsing de rotharbhealaí ardchaighdeáin easbhóthair tríd an líon mór de pháirceanna poiblí agus spásanna oscailte ar fud cheantair Bhaile Átha Cliath Theas.

Trasnuithe Rothar ar Mhótarbhealach an M50 i mBaile Átha Cliath Theas

Gearrann an M50 mórchuid de Bhaile Átha Cliath Theas ina dhá leath agus is bac é ar ghluaiseacht rothaithe sa chontae. Cé go bhfuil áiseanna sainiúla coisithe agus rothaíochta ag aomhail uile an M50, tá sé deacair ar rothaithe go leor de na trasnuithe sin a aimsiú, níl siad díreach ná cothrom, agus is measartha lag an riocht atá orthu. Dá deasca sin, tá uasghrádú suntasach de dhíth orthu chun bealach le comharthaíocht shoiléir chuig trasnú an M50 a bheith ann, chomh maith le háiseanna leanúnach inléite rothaíochta atá tarraingteach do rothaithe eiseacha agus nua le húsáid.



Rothaí ag Trasnú an M50 i mBaile Átha Cliath Theas

1.4. Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i Limistéar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Tá daonra 206,261 duine (Daonáireamh 2011) i limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus is ceantar fo-uirbeach é den chuid is mó gan mórán cúltíre tuaithe (seachas sin in aice leis an teorainn theas le Comhairle Contae Chill Mhantáin). Tá gréasán fairsing d'áiseanna rothaíochta sa cheantar a soláthraíodh le 20 bliana anuas agus, ó Dhaonáireamh 2011, tá an dara cion módúil rothaíochta is mó sa GDA aige maidir le taisteal chun oideachais agus chun na hoibre, ag 5.1%. Lena chois sin, thuairiscigh an contae cuid de na leibhéil is airde fáis sa Stát i leith an mhodha sin.

Go ginearálta tá áiseanna ar fáil ar a lán de na bealaí gathacha a théann go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ón gcontae seo, le formhór díobh á soláthar mar chuid de thionscadail na Mórlánaí Bus (MLB). Cé go bhfuil an Cháilíocht Seirbhíse ar a lán de na háiseanna sin chomh híseal le C, tá obair uasghrádaithe leanúnach ar siúl ar Bhóthar Stigh Lorgan an N11 atá dírithe ar an gCáilíocht Seirbhíse a fheabhsú.

Tá áiseanna eile soláthartha ag an gcomhairle le hais bóithre nua nó aísfheistithe ar bhóithre eiseacha a bhí á n-uasghrádú ag an am. Téann QoS na n-áiseanna seo ó ísealphointe D ar seanbhóithre amhail Bóthar Bhaile na Lobhar Thoir go ardpointe B ar bhóithre nua amhail Bealach Bhaile Uí Mhurchú.



Lána Rothar uasghrádaithe le déanaí ag Stad Bus ar an N11

Féarbhealaí i nDún Laoghaire – Ráth an Dúin

Tá lánaí rothar soláthartha trí pháirceanna éagsúla sa chontae seo, cuid acu le fad suntasach go maith acu. Soláthraíonn na háiseanna seo naisc áitiúla agus tá siad mar chuid de ghréasán na mbealaí comaitéireachta gathacha. Is féidir dea-shamplaí a fheiceáil i bPáirc Chill Bheagóige idir Cábán tSíle agus an Baile Breac, i bPáirc na Carraige Duibhe agus in aice le hAbha na Dothra ag Baile an Mhuilinn. Chomh maith le sin tá féarbhealach nua le hais Abha na Stéille idir Dún Droma agus Páirc Mharlaí. Níl mórán bacainní ag pointí rochtana do na féarbhealaí seo, rud a chinntíonn go bhfuil na bealaí seo iomlán fabhrach do rothaithe.



Féarbhealach Abha na Stéille, Dún Droma

Trasnuithe Rothar ar Mhótarbhealach an M50 i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin

Tá fadhbanna maidir le scoilteadh do rothaithe ag Acomhal 13 Thiar ar mhótarbhealach an M50 ag Baile an tSaoir, Acomhal 13 ag Áth an Ghainimh agus Acomhal 15 ag Carraig Mhaighin. Tá géarghá le hoibreacha uasghrádaithe ag na trasnuithe sin.

1.5. Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i Limistéar Chontae Fhine Gall

Tá daonra 273,051 duine (Daonáireamh 2011) i limistéar riaracháin Chomhairle Contae Fhine Gall agus is ceantar comhdhéanta d'ionaid daonmhara uirbeacha sa deisceart agus ceantair tuaithe gan daonra ard sa tuaisceart. Tá méadú de réir a chéile tagtha ar dhaonra Fhine Gall le 15 bliana anuas agus idir Daonáireamh 2006 agus Daonáireamh 2011, tuairiscíodh ardú daonra 13.8% sa chontae, fad is a sheas an figiúr náisiúnta ag 8.1%. Ba é seo an méadú daonra ba mhó sa tír.

Is iad seo a leanas na príomhbhailte agus limistéir uirbeacha i bhFhine Gall:

- Baile Bhlainséir / Caisleán Cnucha;
- Sord / Mullach Íde / Port Mearnóg;
- Binn Éadair / Cill Fhionntain / Baile Dúill / Cluain Ghrífín;
- Baile Brigín / Na Sceirí / An Ros / Lusca; agus
- Domhnach Bat / Port Reachrann.

Laistigh de na limistéir uirbeacha seo tá méideanna teoranta áiseanna rothaíochta, a chuimsíonn don chuid is mó raonta rothar soláthartha in éineacht le bóithre nó lánaí bus nua. Go ginearálta rinneadh aisfheistiú teoranta ar lánaí rothar ar bhóithre níos sine i gceantar Fhine Gall. Taispeánann na samplaí seo a leanas an réimse cúinsí eiseacha do rothaithe.



Bóthair Chaisleán Cnucha gan áiseanna rothaíochta ar bith



*Lána Rothar ar Bhóthar Shoird an R132 idir Sord agus Aerfort Bhaile Átha Cliath
(Scór D i leith an QoS toisc nach bhfuil sé scoilte ó thrácht ardluais agus a chúinge atá sé)*



Lánaí Rothar ar Bhóthar Ghleann na hAbhann i Sord

In áiteanna áirithe ina raibh fás suntasach le feiceáil iontu le 20 bliain anuas, amhail Baile Bhlainséir, tá gréasán eiseach na raonta rothar fairsing go maith mar thoradh ar sholáthairtí taobh le bóithre nua. I bhformhór na gcásanna, áfach, tá scór sách íseal ag na háiseanna rothaíochta seo maidir le Cáilíocht Seirbhíse de bharr easpa tosaíochta ag acomhail. D'ardódh uasghrádú na raonta rothar sin le feabhsúcháin ar na hacomhail an Cháilíocht Seirbhíse go suntasach ar chostas measartha íseal.



Raonta Rothar ar Bhóthar Dáileacháin Ongar i mBaile Bhlainséir

Naisc Rothar Thuaithe idir Bhailte i bhFhine GallNíl aon áiseanna rothaíochta ar bith lasmuigh de na bailte sna ceantair tuaithe i bhFhine Gall, seachas achar gearr ar feadh an chósta idir Port Mearnóg agus Mullach Íde.

1.6. Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i gContae na Mí

Tá daonra 184,135 duine ag Contae na Mí, de réir Dhaonáireamh 2011. Dhírigh an staidéar seo ar fhardal a bhunú de na háiseanna rothaíochta sna bailte móra i gContae na Mí, a sholáthraíonn thart ar 45% de dhaonra na Mí.

Tábla 1.6 Daonraí Uirbeacha sa Mhí

BAILE	DAONRA*
An Uaimh	28,600
Cill Dhéagláin	11,400
An Inse – Baile an Bhiataigh	10,900
Ráth Tó	9,000
Baile Átha Troim	8,300
Dún Búinne	7,000
Ceanannas	5,900
Dún Seachlainn	3,900
Steach Maoilín	3,100
An Bóthar Buí	2,900
Cluain Aodha	600

*Foinse: Daonáireamh 2011 tugtha chuig an 100 is giorra

An Uaimh

Laistigh den Uaimh, tá áiseanna saincheaptha do rothaithe soláthartha ar an N51, idir Bóthar Ceanannais agus Bóthar Bhaile Shláine, ar Bhóthar Faoisimh Inmheánaigh na hUaimhe an N51 agus ar an mbóthar áitiúil idir an R162 agus Bóthar Ráth Arlain. Cuimsíonn na háiseanna sin le hais bóithre nua raonta rothar atá scartha ón mbóthar agus díreach in aice láimhe leis. Níl áiseanna rothaíochta ar na bóithre níos sine agus dá dheasca sin tá greasán rothaíochta ilroinnte san Uaimh.



Áiseanna Rothaíochta eiseacha ar feadh an N51 san Uaimh

Ceanannas

Níl áiseanna rothaíochta eiseacha ar bith i gCeanannas, atá suite 15km ón Uaimh.

Baile Átha Troim

Laistigh de Bhaile Átha Troim, tá áiseanna saincheaptha do rothaithe soláthartha ar an R154, an R160, an R161 agus i gcoimpléacs Knightsbrook amach ón R154. Áiríonn na háiseanna sin raonta rothar atá scartha ón mbóthar agus díreach in aice láimhe leis, agus lánaí rothar.

An Bóthar Buí

Tá áiseanna rothaíochta soláthartha ar an dá thaobh de Bhóthar Bhaile Átha Cliath an R148. Cuimsíonn siad sin lánaí rothar comhairleacha ar feadh formhór an bhealaigh ach tá roinnt codanna beaga ann chomh maith de raonta rothar díreach in aice láimhe leis an mbóthar. Soláthraíonn na lánaí rothar nascacht ar feadh fad iomlán de Shráid Mhór an Bhóthair Bhuí.

Cill Dhéagláin

Laistigh de Chill Dhéagláin, tá áiseanna soláthartha ar chodanna den R135, Bóthar Bhaile Bin, Cluain Rí, Ascaill Bourne, Lána Hunters agus in eastáit chónaithe Ghoirt an Teampaill agus Páirc na Fuinseoige Báine. Cuimsíonn formhór na n-áiseanna sin raonta rothar díreach in aice láimhe le bóithre ach tá roinnt raonta rothar chomh maith atá scartha ón mbóthar ag ciumhaiseanna féir agus lánaí rothar. Lena chois sin tá conair a nascann Bóthar Bhaile Átha Cliath an R135 agus Páirc na bhFianna trí Abhainn Ghabhra. Soláthraíonn an raon rothar atá ar feadh Ascaill Bourne nascacht leis an gCumann CLG agus leis an nGaelscoil áitiúil.



Áiseanna Rothaíochta eiseacha i gCill Dhéagláin

Ráth Tó

Tá raonta rothar soláthartha ar feadh cuid ghearr den R125 agus in eastáit chónaithe Pháirc Milltree agus an Léimrása. I bPáirc Milltree soláthraíonn an raon rothar nascacht le Bunscoil Naomh Pól, Coláiste Ráth Tó agus Teach áitiúil Ghasóga na hÉireann.



Áiseanna Rothaíochta eiseacha i Ráth Tó

Dún Seachlainn

Tá soláthar teoranta áiseanna rothaíochta i nDún Seachlainn. Tá áiseanna rothaíochta srianta a bheag nó a mhór don lána bus ar Bhóthar na hUaimhe an R147. Tá achar gearr de raon rothar ar fáil chomh maith ar an R147 ag an tSráid Mhór.

Dún Búinne & Cluain Aodha

Níl áiseanna rothaíochta ar bith i nDún Búinne agus níl aon nasc chuig Cluain Aodha atá lámh leis agus ar aghaidh as sin go Baile Átha Cliath.

I gCluain Aodha tá raon rothar ar chuid ghearr de Bhóthar Chluain Aodha an R149. Tá lánaí rothar ar fáil chomh maith ar an dá thaobh de Shráid Mhór an R156 trí Shráidbhaile Chluain Aodha. Níl an sráidbhaile nasctha ag rotharbhealach do limistéir am Bhealaigh Bhig agus Pháirc Hans de Bhaile Bhlainséir atá lámh leis.



Áiseanna Rothaíochta eiseacha ar feadh an R149 agus R156 i gCluain Aodha

An Inse agus Baile an Bhiataigh

Níl áiseanna rothaíochta eiseacha san Inse ná i mBaile an Bhiataigh agus níl aon bhealach ann chuig Droichead Átha in aice láimhe, atá ar an bpríomhionad réigiúnach.

Steach Maoilín Tá lánaí rothar comhairleacha ag Steach Maoilín agus Baile Mhic Gormáin ar dhá thaobh an bhóthair idir Sráidbhaile Steach Maoilín agus Coláiste Bhaile Mhic Gormáin.



Lánaí rothar comhairleacha eiseacha ag Steach Maoilín

Naisc Rothar Thuaithe idir Bhailte i gContae na Mí

Níl áiseanna rothaíochta ar bith lasmuigh de na bailte i gceantair tuaithe na Mí, cé go bhfuil roinnt díobh cnuasaithe go dlúth, amhail Cill Dhéagláin, Ráth Tó agus Dún Seachlainn.

1.7. Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i gContae Chill Dara

Tá daonra 210,312 duine ag Contae Chill Dara, de réir Dhaonáireamh 2011. Dhírigh an staidéar seo ar fhardal a bhunú de na háiseanna rothaíochta sna bailte móra i gContae Chill Dara, a sholáthraíonn thart ar 50% de dhaonra Chill Dara.

Tábla 1.7 Daonraí Uirbeacha i gCill Dara

BAILE	DAONRA*
An Nás	20,700
Cill Droichid	19,500
An Droichead Nua	21,600
Léim an Bhradáin	15,500
Maigh Nuad	12,500
Baile Átha Í	9,900
Baile Chill Dara	8,100
Claonadh	6,700
Cill Choca	5,600

*Foinse: Daonáireamh 2011 tugtha chuig an 100 is giorra

An Nás / An Droichead Nua / Cill Dara

Laistigh den Nás, tá áiseanna saincheaptha do rothaithe ar Nascbhóthar na Mílaoise, an Cuarbhóthar Theas, Ascaill Mhóin Réad agus codanna de Bhóthar na Sollán agus Bóthar Bhaile Átha Cliath. Go ginearálta bhí áiseanna rothaíochta saincheaptha san áireamh leis na bóithre a tógadh le déanaí ach ní chuimsítear soláthar dá leithéid sna bóithre níos sine. Dá dheasca sin tá gréasán ilroinnte sa Nás le háiseanna measartha maithe ar an imeall ach gan aon áiseanna saincheaptha ag druidim i dtreo lár an bhaile. Nascann áis roinnte easbhóthair an Chill agus Baile Sheáin le Bóthar Bhaile Átha Cliath sa Nás.



Áiseanna Roinnte Eiseacha idir Coisithe agus Rothaithe ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, an Nás

Tá soláthar an-teoranta d'áiseanna rothaíochta ar fáil i sa Droichead Nua le lána rothar ar feadh cuid ghearr de Bhóthar Áth Garbháin agus ar feadh codanna de Chnoc Roseberry lámh le cumann CLG an tSáirséalaigh. Níl aon áiseanna i mBaile Chill Dara.

Cill Droichid / Léim an Bhradáin / Maigh Nuad

Laistigh de Chill Droichid, tá áiseanna ar fáil ar Bhóthar an tSeanbhaile, ar feadh Bhóthar Shruthán na Sailí agus Bóthar Mhaigh Nuad. Cuimsíonn na háiseanna sin éagsúlacht de raonta rothar, lánaí rothar, agus úsáid roinnte i lánaí bus. Tá Cill Droichid agus Léim an Bhradáin nasctha go measartha maith le raon rothar a soláthraíodh ar feadh an R449. Tá raon rothar soláthartha ar feadh Mhainéar Simmonstown, Páirc Chollchoille agus codanna de Bhóthar Chollchoille, ag soláthar nascachta le Stáisiún Traenach Chollchoille agus Chill Droichid.

Tá áiseanna rothaíochta i Léim an Bhradáin teoranta a bheag nó a mhór do Bhóthar an Stáisiúin agus codanna Lána na Faiche (L5058). Tá bealach neamhoifigiúil chuig Leamhcán trí Pháirc Naomh Cairtriona agus droichead a thrasnaíonn Abha na Life chuig an raon rothar in aice láimhe leis an N4. Tá bealach ann freisin a nascann Hewlett Packard agus an R404 trí Dhiméin Bhaile an Chaisleáin go dtí an tSráid Mhór, Cill Droichid.

Tá raonta rothar ar fáil ar Bhóthar Theach Srafáin idir Nascbhóthar Shruthán na Cluana agus an Chanáil Ríoga. Tá áiseanna soláthartha chomh maith ar an gcosán ar feadh na Sráide Móire. Tá lánaí rothar soláthartha ar Bhóthar Chill Choca gar d'Ollscoil na hÉireann Má Nuad, codanna de Shráid Parsons agus Nascbhóthar Shruthán na Cluana.



Áiseanna Rothaíochta eiseacha ar Bhóthar Theach Srafáin, Maigh Nuad

Baile Átha Í, Claonadh, Cill Choca

Níl aon áiseanna rothaíochta saincheaptha i mBaile Átha Í, Claonadh (ach amháin ar feadh an chuarbhóthair nua), ná Cill Choca.

Naisc Rothar Thuaithe idir Bhailte i gCill Dara

Go ginearálta níl aon áiseanna rothaíochta lasmuigh de na bailte i gceantair tuaithe Chill Dara, cé go bhfuil cuid dóibh cnuasaithe go dlúth. Tá eisceacht i gcnuasach Chill Dara Thuaidh, áit ina bhfuil raonta rothar ag nascadh Cill Droichid le Léim an Bhradáin trasna Acomhal 6 an M4, ach ní shíneann siad sin chomh fada le Maigh Nuad.

1.8. Áiseanna Rothaíochta Eiseacha i gCill Mhantáin

Tá daonra 136,640 duine ag Contae Chill Mhantáin, de réir Dhaonáireamh 2011. Dhírigh an staidéar seo ar fhardal a bhunú de na háiseanna rothaíochta sna bailte agus sráidbhailte móra i gContae Chill Mhantáin, a sholáthraíonn thart 55% de dhaonra Chill Mhantáin.

Tábla 1.8 Daonraí Uirbeacha i gCill Mhantáin

BAILE	DAONRA*
Bré	31,900
Na Clocha Liatha	17,500
An tInbhear Mór	13,000
Cill Mhantáin	10,400
Baile Coimín	5,000
Cill Chomhghaill	4,100
Baile an Chinnéidigh	2,400

*Foinse: Daonáireamh 2011 tugtha chuig an 100 is giorra

Bré

Laistigh de Bhré, tá áiseanna saincheaptha do rothaithe soláthartha ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath an R119/R761, Bhóthar Chill Easpaig Sáráin, Bóthar Vevay, Bóthar na Móna, Bóthar an Teampaill agus Bóthar Herbert. Cuimsíonn formhór na n-áiseanna sin lánaí rothar ach tá roinnt raonta rothar ann chomh maith atá scartha ón mbóthar agus díreach in aice láimhe leis.



Áiseanna Rothaíochta eiseacha ar feadh an R761 agus Bhóthar Chill Easpaig Sáráin, Bré

Na Clocha Liatha

Laistigh de na Clocha Liatha, tá áiseanna soláthartha ar na bóithre nua ar thaobh theas an bhaile ag Acra na mBodach. Go ginearálta cuimsíonn na háiseanna sin raonta rothar atá scartha ón mbóthar ag ciumhaiseanna féir. Le déanaí tá lánaí rothar á n-aisfheistiú ar feadh bóithre níos sine sa bhaile agus tá raon rothar cois cósta á sholáthar freisin.

Baile Chill Mhantáin

Laistigh de Bhaile Chill Mhantáin, tá áiseanna saincheaptha do rothaithe ar fáil ar Bhóthar Faoisimh an Bhaile, Bóthar Rochtana an Chalafoirt, Bóthar Bhaile Átha Cliath an R750, Bóthar Dunbur, Cúirt Broomhall agus Arda Radharc na Mara. Áiríonn na háiseanna sin raonta rothar atá scartha ón mbóthar agus díreach in aice láimhe leis, agus lánaí rothar.



Áiseanna Rothaíochta eiseacha i mBaile Chill Mhantáin

An tInbhear Mór



Áiseanna Rothaíochta eiseacha ar Bhóthar Loch Garman an R772, an tInbhear Mór

Laistigh den Inbhear Mór, tá lánaí rothar soláthartha ar chuid ghearr de Bhóthar Loch Garman an R772.

Naisc Rothar Thuaithe idir Bhailte i gCill Mhantáin

Níl aon áiseanna rothaíochta lasmuigh de na bailte i gceantair tuaithe Chill Mhantáin.

CAIBIDIL 2 PLEANÁIL UM GHRÉASÁN ROTHÁÍOCHTA NA TODHCHAÍ

2.1. Pleanáil Uirbeach agus Iompair Straitéiseach

Forbraíodh an Plean Ghréasán Rothaíochta atá beartaithe do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath ag féachaint do na pleananna agus polasaithe éagsúla eile a mbeidh tionchar acu ar thoradh na straitéise. Baineann na polasaithe, staidéir, treoirlínte, pleananna agus na scéimeanna seo a leanas leis an ngréasán rothaíochta:

- (i) Tionscnamh Taisteal Níos Cliste an Rialtais;
- (ii) An Creat Pholasaí Rothaíochta Náisiúnta;
- (iii) Staidéar Scóipe an Ghréasáin Rothaíochta Náisiúnta [*The National Cycle Network Scoping Study*];
- (iv) An Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [*The National Cycle Manual*];
- (v) Na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach;
- (vi) Dréachtstraitéis Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath 2030; agus
- (vii) Pleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil i Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath.

Taisteal Níos Cliste: Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe 2009 – 2020

In 2009, chuir an Roinn Iompair i láthair go poiblí Taisteal Níos Cliste mar an doiciméad nua um polasaí iompair náisiúnta d'Éirinn. Forbraíodh an doiciméad mar scáth-dhoiciméad faoina mbeadh polasaí iompair go léir eile de chuid an stáit á stiúradh. Ba é cheann de phríomhspricanna an pholasaí an siúl agus an rothaíocht a fhorbairt mar mhodhanna inmharthana comaitéireachta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma leis an sprioc fhadtéarmach cultúr buan i leith an tsiúil agus na rothaíochta a chruthú in Éirinn.

Tá cuspóir thábhachtach nua náisiúnta leagtha síos ag an rialtas, é sin laghdú sna leibhéil iad siúd a dhéanann comaitéireacht le carr príobháideach ó 65% anuas go 45% faoi 2020, leis na turais eile cuimsithe ag modhanna inbhuanaithe amhail rothaíocht, siúl agus iompar poiblí.



Aithnítear sa cháipéis:

“Éireoidh go maith le háiseanna rothaíochta agus siúlóide san áit a bhfuil gréasán comhtháiteach déanta agus a bhfuil béim ar shábháilteacht. Caithfear freastal go díreach ar na príomh-áiteanna a mbíonn daoine ag iarraidh dul ag taisteal, tús áite a thabhairt dóibh ar thrácht feithicle ag aomhail, áit a thabhairt dóibh atá saor ó bhaic agus a bhfuil a ndóthain soilse poiblí ann.”

An Creat Pholasaí Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Policy Framework*]

Baineann an Creat Pholasaí Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Policy Framework*] (CPRN) 2009-2020 úsáid as na spricanna a leagadh síos in Taisteal Níos Cliste agus díríonn sé isteach go sonrach ar an rothaíocht mar mhodh iompair inbhuanaithe. Tosaíonn an doiciméad leis na spricanna sonraithe chun cultúr láidir rothaíochta a chruthú in Éirinn agus an rothaíocht a dhéanamh mar an norm, in ionad na heisceachta, do thurais ghearra go léir a dhéantar in Éirinn.

Is í an fhís ná go mbeadh na cathracha, bailte, sráidbhailte agus limistéir



thuaithe go léir fabhrach don rothaíocht. I ndiaidh an tsiúil, beidh an rothaíocht mar an modh as a mbainfear an úsáid is mó chun dul ar scoil, ollscoil, coláiste agus obair. Beidh an rothar mar an rogha modh iompair do gach aois. Beidh daonra níos sláintiúla níos sásta ag Éirinn le sochair iarmhartacha don tseirbhís sláinte. Beidh buanna i ndán d'Éirinn mar cabhraíonn an rothaíocht le brú tráchta a éascú agus le fórsa oibre níos aclaí níos airdeallaí a thabhairt.

Aithníonn an CPRN acmhainneacht na rothaíochta chun feabhas suntasach a chur ar ghnéithe éagsúla de shaol an duine leis na buanna pearsanta soiléire a théann le sláinte agus airgeadas feabhsaithe ach leis sin, i slí níos comhchoitinne, baineann an tsochaí leas as i dtéarmaí astaíochtaí laghdaithe CO₂ agus cuireann sé daoine ag siúl agus ag rothaíocht le chéile amuigh faoin spéir.

Is é an cuspóir uileghabhálach atá ag an CPRN ná go mbeidh 10% den na turais ar fad a ndéantar in Éirinn á ndéanamh ar rothar faoi 2020.

Staidéar Scóipe an Ghréasáin Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Network Scoping Study*]

Bá cuspóir é Staidéar Scóipe an Ghréasáin Rothaíochta Náisiúnta laistigh den Chreat Pholasaí Rothaíochta Náisiúnta, lena cuireadh ar bun sainghrúpa comhairleach speisialta a raibh sé mar príomhaidhm acu gréasán tascach de chonairí rothaíochta tuaithe ar fhorbairt ar fud Éireann. Dhíreodh na bealaí sin go príomha ar chaitheamh aimsire agus turasóireacht agus ansin dhéanfaidís nascadh isteach sna moil mhóra uirbeacha ar fud na tíre, le Baile Átha Cliath mar an príomh-cheann.

Tá Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath tar éis aird a thabhairt ar na moltaí éiritheacha i leith Gréasán Rothaíochta Náisiúnta (NCN) agus tá siad comhtháite isteach i ngréasán an limistéir uirbigh aige. Is dóchúil go spreagfadh na bealaí sin rothaíocht turasóireachta chomh maith le rothaíocht áitiúil siamsaíochta agus taitneamhachta, agus as sin arís úsáid bhreise an rothair chun comaitéireacht a dhéanamh.

I limistéar Bhaile Átha Cliath cuimseoidh an NCN 3 príomhbhealach:

- Bealach an Chósta Thoir ó Ros Láir go dtí Tuaisceart Éireann trí Bhaile Átha Cliath;
- Gaillimh go dtí Baile Átha Cliath (mar chuid chomh maith de Bhealach 2 um chóras *EuroVelo* ag síneadh soir trasna na hEorpa go dtí Moscó), a leanann an Chanáil Ríoga laistigh de Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath; agus
- Corcaigh go dtí Baile Átha Cliath trí Cill Chainnigh agus is dóchúil ar feadh na Canálach Móire.

Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Manual*]

D'fhoilsigh an ÚNI an Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Manual*] in 2011. Tá sé bunaithe ar na Cúig Phrionsabal na Sábháilteachta Inbhuanaithe. Cuireann sé roimhe cur chuige caighdeánaithe níos loighciúla a thabhairt go dearadh na n-áiseanna rothaíochta in Éirinn, nach mbíodh ach dearadh fánach acu go traidisiúnta, sna háiteanna a ligte an spás dóibh le beagán comhsheasmhachta ná comhleanúnachais. Coincheap eile a thug an Lámhleabhar Rothaíochta isteach ba ea Cáilíocht Seirbhíse (QoS), atá rangaithe ó A+ go dtí D, le A+ ina bhealach atá deartha ag an gcaighdeán is airde. De bharr forbairt an chur chuige sin bhí dearthóirí nó údarais áitiúla in ann féachaint le Cáilíocht Seirbhíse faoi leith, nach mbainfí amach é ach le comhlíonadh critéar áirithe.


Tá Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath tar éis spric-leibhéil iomchuí maidir le QoS a leagadh do chatagóirí bealaigh éagsúla chun freastal ar leibhéal ionchais an éilimh..



Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach (RPGanna) do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2010 - 2022

Leagann na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (GDA) an comhthéacs macra-phleanála amach don limistéar a thagann faoin staidéar seo.

Maidir le bonneagar fisiceach, leagann na RPGanna béim mhór ar na gréasáin lonnaithe san am atá romhainn agus ar an gcomhtháthú idir úsáid talún agus polasaí iompair i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Leagtar béim ar na gréasáin lonnaithe sin toisc go mbeartóidh siad, beag ná mór, an deighilt mhóduil don réigiún san am atá le teacht. Sonraíonn na RPGanna chomh maith go bhfuil sé ríthábhachtach go n-aontaíonn aon fhorbairt iompair a fhorbraítear le spriocanna maidir le fostaíocht, inbhuanaitheacht, an comhshaol agus an t-athrú aeráide sa réigiún.



Tá na Treoirlínte ag dréim le méadú daonra i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath ó 1.73m go dtí 2.1m áitritheoir faoi 2022.

Maidir leis an tsúil agus leis an rotháíocht, leagann na RPGanna spriocanna uailmhianacha amach i leith na rotháíochta mar mhodh iompar inmharthana príomhshrutha i “foirm uirbeach atá measartha dlúth” mar Bhaile Átha Cliath. Féachann sé le cuspóir 10% de dheighilt mhóduil don rotháíocht mar a leagtar amach sa CPRN mar cheann nár cheart é a bhaint amach ann fein, ach é a shárú chomh maith. Aithníonn na RPGanna acmhainneacht an tsúil agus na rotháíochta mar ghineadóirí turasóireachta i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, ar féidir é a éascú trí fheabhsúcháin don ghréasán áitiúil siúil agus rotháíochta.

Tá forbairt leanúnach an ghréasáin Rothaíochta, agus a sheachadadh, idir réigiúnach agus áitiúil, sonraithe mar infheistíocht iompair straitéiseach beartaithe don GDA.

Mórchéantar Bhaile Átha Cliath: Dréachtstraitéis Iompair 2011 – 2030

Bhí an dréachtstraitéis iompair don GDA ullmhaithe ag an ÚNI ionas treoir a thabhairt ar fhorbairt de straitéis agus de pholasaí iompair laistigh den GDA suas go 2030.

I measc na mbeart ionchasach chun an rotháíocht a spreagadh i Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath tá feabhsúcháin don timpeallacht rotháíochta agus do na háiseanna rotháíochta, páirceáil rothar agus tuilleadh stáisiún chun rothair a ghlacadh ar cíós. Mar chuid den straitéis roghnaithe, tá rothaithe agus coisithe rangaithe mar uimhir 1 agus 2 ar an gcéimíúlacht don fhearann poiblí.

Tá an straitéis ag súil le go mbeadh Baile Átha Cliath agus na bailte móra eile sa réigiún mar réigiún cathrach ina mbeidh *“timpeallacht sráide atá tarraingteach, slán agus deartha leis an gcoisí agus an rothaí coimeáda i gcuimhne an t-am ar fad”*.

I measc na mbeart níos boige atá sonraithe, a bhfuil sé mar sprioc acu deighilt mhóduil ó thaobh siúil agus rotháíochta de a mhéadú i lár chathair Bhaile Átha Cliath, tá clabhsúr de shráideanna áirithe do thrácht ginearálta agus rochtain d’fheithicil innealta amháin ar shráideanna eile. Áiríonn na bearta eile atá beartaithe, cé nach cuspóirí sonraithe iad sa straitéis, an timpeallacht rotháíochta a fheabhsú i lár chathair Bhaile Átha Cliath, áiseanna fóillíochta nua nó feabhsaithe don rotháíocht, fairsingiú dublinbikes, agus soláthar breise de pháirceáil rothar. Anuas air sin aithníonn an straitéis gur gá **béim a leagadh ar bhearta do limistéir lárnaigh agus slite isteach laistigh ar dtús, ionas timpeallacht rotháíochta ar ardchaighdeán a chruthú.**

Aithníonn an straitéis nach leor freastal ar riachtanais na rothaithe a dhéanann comaitéireacht chun go mbeadh glacadh le cultúr na rotháíochta laistigh de Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Caithfidh freastal chomh maith ar rothaithe fóillíochta agus ceann de na bearta atá sonraithe is ea soláthar de raonta rothar ar ardluach taitneamhachta ar feadh bealaí cósta, canála agus cois abhann.

Pleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil

Rinneadh athbhreithniú ar gach ceann de phleananna forbartha na n-údarás áitiúil agus áiríonn an gréasán rotháíochta a mholtar sa tuarascáil seo na moltaí ábhartha maidir le háiseanna rotháíochta.

Scéimeanna agus Staidéir Ábhartha Eile

Trambhealach an Luas Traschathrach

Thosaigh tógáil ar thrambhealach an Luas traschathrach ar an láthair i mí an Mheithimh 2013 agus nascaídh sé an dá thrambhealach atá ann cheana féin chomh maith le nasc a dhéanamh ar aghaidh le Gráinseach Ghormáin agus Droichead Broome. Cuimseoidh an scéim athchóirithe móra don ghréasán cúrsaíocht tráchta i lár na cathrach. Rithfidh Líne an Luas Traschathrach ar feadh:

- Sráid Dhásain;
- Sráid Nassau Thiar;
- Sráid Grafton Íochtarach;
- Faiche an Choláiste;
- Sráid Westmoreland (ó thuaidh) / Sráid Hawkins (ó dheas);
- Sráid Uí Chonaill (ó thuaidh) / Sráid Mhaoilbhríde (ó dheas);
- Sráid Parnell; agus
- Sráid Dhoiminic.

Bainfidh an scéim úsáid as an droichead nua iompair phoiblí ó Shráid Mhaoilbhríde go dtí Sráid Hawkins.

Is féidir le rothaithe fadhbanna a bheith acu nuair a thrasnaíonn siad rianta iarnróid éadroim, áiteanna ina bhfuil an dainséar ann go n-éireodh roth an rothair gafa in eitre an ráille leabaithe. Is dóchúil go mbeidh líon na bhfadhbanna mar sin ag dul i méid de réir mar a dhéantar fairsingiú breise ar an gcóras iarnróid éadroim i lár na cathrach áit a bhfuil na bóithre roinnte ag modhanna iompair éagsúla. Aithníonn an staidéar seo na háiteanna a dtrasnóidh na príomh-rotharbhealaí na rianta iarnróid éadroim agus na háiteanna a mbeidh an fhadhb shábháilteachta is géire.

Pleananna um Leathnú dublinbikes

Faoi láthair tá 44 stáisiún rothair ag dublinbikes lonnaithe ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath le timpeall 550 rothar ar fáil ar cíós. De bharr rathúlacht na scéime seo ó seoladh é in 2009 tá leathnú anois faoi lán seoil, a mhéadóidh an soláthar rothar atá ann cheana féin faoi thrí go dtí 1500 agus méadóidh sé líon na stáisiún rothair go dtí 100. Leis sin beidh mórán de na stáisiúin seo lonnaithe go straitéiseach in áiteanna ard-éilimh amhail Stáisiún Heuston agus limistéar Cheantar na nDugaí.

Tá chomh maith mian níos fadtéarma ann chun líon na rothar atá ag dublinbikes a mhéadú go suntasach, agus seans go mbeadh seastáin dublinbikes á dtógáil chomh fada amach le UCD (Belfield). Tá de chumas ag an scéim líon na rothaithe i mBaile Átha Cliath a mhéadú go mór.

Tuarascáil Bhus Gasta (BRT) an ÚNI

D'fhoilsigh an ÚNI tuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2012 a rinne cur síos ar mholtaí atá ag teacht chun cinn maidir le tabhairt isteach scéimeanna BRT i mBaile Átha Cliath. Seo a leanas na scéimeanna bunúsacha atá le forbairt:

- Sord go dtí an Chathair Theas.
- Baile Bhlainséir go dtí UCD (Belfield); agus
- Cluain Ghrifín go dtí Tamhlacht;

I gcoitinne bíonn BRT deighilte amach ó mhodhanna feithicle eile agus d'fhéadfadh tabhairt isteach d'áiseanna BRT ar feadh bóthair na húsáideoirí eile ar an mbóthair a dhíláithriú. Tá na scéimeanna fós ag an gcéim féidearthachta agus níl siad forbartha go leibhéal mionsonraithe sách ard chun an tionchar a bheadh acu ar rothaithe a mheasúnú. Mar sin féin, caithfear na bealaí atá beartaithe a chur san áireamh i gceapadh Plean Ghréasán Rothaíochta do Chathair Bhaile Átha Cliath.

Scéimeanna Iompair Eile na Todhchaí

Tá na scéimeanna seo a leanas níos fadtéarma agus cé nár cuireadh san áireamh iad ó thaobh an tionchair a bheadh acu ar an bplean um ghréasán rothaíochta, tá súil go gcuirfí an gréasán rothaíochta san áireamh ag céim forbartha na dtionscadal sin, agus go ndíreofaí air mar is ceart. I measc na scéimeanna sin tá:

- Meitreo Thuaidh;
- Meitreo Thiar;
- Líne Luas Ráth Fearnáin;
- Líne Luas Leamhcáin;
- An DART Faoi Thalamh; agus
- Scéimeanna iarnróid eile.

2.2. Anailís ar Éileamh na dTuras Rothaíochta

Leagann an chuid seo an mhodheolaíocht amach maidir le measúnú éilimh ar na pátrúin rothaíochta, idir reatha agus san am atá le teacht, i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Leagann sí amach na sonraí ar bhain úsáid astu chun samhail rothaíochta bonnbhliana a fhorbairt do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus tugann sé na boinn tuisceana ar bhain úsáid astu chun réamhaisnéis a dhéanamh faoin bhfás atá in ndán d'éileamh na rothaíochta ar fud an réigiúin thar thréimhse ionchais 10 mbliana. Cuimsíonn an próiseas seo Céimeanna 2 go 4 den mhodh seacht gcéim chun gréasán rothaíochta a fhorbairt mar atá leagtha síos i Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Manual*] an ÚNI.

Foinsí sonraí um éileamh na dturas arna n-úsáid

Ionas mion-tuiscint ar éileamh rothaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a fhorbairt, rinneadh comparáid idir sonraí ó na foinsí seo a leanas:

- Taifid gan Tréithe Pearsanta Luaite um Láthair Oibre, Scoil & Coláiste (POWSCAR) ó Dhaonáireamh 2011;
- Sonraí ar Éileamh (modhanna uile) 2006 & 2030 an ÚNI de réir tréimhse ama agus cuspóir an turais;
- Suirbhé Teaghlaigh 2006 an ÚNI; agus
- Tuarascáil an ÚNI um Thródam na Canálach 2011.

Turais Oibre agus Oideachais

Cuireadh i gcríoch bunachar sonraí POWSCAR ón Daonáireamh i mí Lúnasa 2012, agus tuairiscíonn sé na turais ar fad chuig obair agus oideachas de réir toghroinn cheantair (TRC) do 2011. Is féidir an t-eolas sin a bhaint amach chun é a chur isteach i samhla tráchta, ag tabhairt eolas maith Túsphointe-Ceannphointe dá bharr, gan an riachtanas dul i mbun Mór-Shuirbhéireacht Agallaimh Cois Bhóithre. Tugann eolas POWSCAR modh taistil agus am imeachta chomh maith, rud a chiallaíonn gur féidir turais ar rothar le linn na tréimhse roimh-nóin a chur leis féin.

Cuspóirí Eile Turas

Ní áiríonn sonraí maidir le cuspóirí eile turas amhail siopadóireacht, gnó agus fóillíocht i dtorthaí Dhaonáireamh 2011 ach cainníochtaíodh iad sna Suirbhéanna Teaghlaigh. Áirítear an t-eolas sin i Samhail Éilimh 2006 an ÚNI (iarmhéid na modhanna uile) agus baineadh amach é le cur leis na turais oibre agus oideachais.

Sannadh Turais

Sannadh na mairísí éilimh um rothaíocht ar an ngréasán bóthair a bhí ann cheana féin, é á fhorlíonadh le naisc ghréasán rothaíochta nach bhfuil mar pháirt den ghréasán bóthair. Sa nós imeachta sannta, bhí an rogha bealaigh sa tsamhail bunaithe ar fhad an ghréasáin amháin. Dá bharr sin ní dheanadh samhail de mhoill ná brú tráchta agus ní chuireann an tsamhail san áireamh roghanna casta maidir le bealach rothaíochta bunaithe ar sholáthar rothaíochta agus Cáilíocht Seirbhíse ná grádán.

Calabré na Samhla Rothaíochta

De bharr sannadh den mhaitrís rothaíochta do shamhail na bonnbhliana bhíothas in ann scrúdú cuimsitheach a dhéanamh den ghréasán.

Tá beachtas an mhúnla bonnbliana seiceáilte trí úsáid a bhaint as staitistic GEH. Is ionann staitistic GEH agus tomhas inchomparáideachta a áiríonn ní hamháin an difríocht idir na sreafaí breathnaithe agus samhlaíthe, ach suntas na difríochta seo chomh maith chomh fada is a bhaineann le méid an tsreafa breathnaithe.

Nuair a bhíonn comparáid á déanamh idir toirteanna sannta agus toirteanna breathnaithe tá paraiméadar de 5 nó níos lú inghlactha ach tá tuilleadh airde tuilte ag luach atá níos mó ná 10. Cuid de sheiceáil an mhúnla bonnbhliana ba ea comparáid a dhéanamh idir sreafaí samhlaíthe agus breathnuithe déanta ag 27 nasc. Tugadh staitistic GEH de níos lú ná 5 faoi deara ag 70% de na naisc seo, agus ní raibh luach GEH níos mó ná 10 in aon nasc. Tá an leibhéal beachtais seo comhsheasmhach leis an leibhéal a baineadh amach do mhúnlaí iompair eile NTA do na modhanna eile.

Anuas air sin, baineadh úsáid as sonraí comhairimh rothaíochta ar 'Thródam na Canála' (.i. slite isteach chuig Cathair Bhaile Átha Cliath) ionas comparáid a dhéanamh idir na sruthanna mar a bhí samhlaíthe agus na sonraí breathnaithe. Léirítear comparáid idir shruthanna déthreo rothaíochta mar a bhí feicthe thar na mórphointí trasnaithe ar thródam na canála agus an sruth rothaíochta mar a bhí samhlaíthe i dTábla 2.1. Ní bheifí ag súil go mbeadh an múnla agus na sreafaí ag teacht go díreach lena chéile, ach tá an leibhéal éagsúlachta íseal agus laistigh den raon inghlactha do mhúnla iompair straitéisigh.

Ainneoin an t-éileamh gathach a bheith dea-shamhlaíthe, tá éagsúlacht shuntasach idir éileamh ar thurais chuarbhealaigh i lár na cathrach agus na sreafaí iarbhír a taifeadh ar na sráideanna. Bhí na buaicreafaí laethúla débhealaigh a taifeadh ag áiritheoir rothar Bhóthar an Gharráin ar an gCanáil Mhór gar do Ráth Maonais beagán faoi bhun 3,000, Dé Máirt, 4 Meitheamh, 2013; de ghnáth bíonn an sreabhadh débhealaigh os cionn 2000, agus tarlaíonn sé ag amanna faoi leith (800+ i mbuaicthréimhse na maidine idir 7am agus 10am). Is ann don difríocht seo mar go bhfuil an múnla bunaithe ar an ngluaiseacht turais is giorra agus ní féidir cuntas a dhéanamh d'fhachtóirí eile a bhféadfadh tionchar

suntasach a bheith acu ar an mbealach a roghnaítear, cáilíocht na háise rothaíochta mar shampla. Léargas é an líon íseal rothaithe a úsáideann cuarbhealach rothaíochta na Canála go bhfuil rothaithe a d'fhéadfadh dul tríd an gcathair meallta chuig agus ag dul i dtreo bhealach na canála mar gheall ar cháilíocht an bhealaigh, topagrafaíocht réidh agus sreafaí tráchta réasúnta íseal sa lána singil tadhlach i ngach treo i gcomparáid le bealaí malartacha ar shráideanna níos leithne agus níos gnóthaí a bhfuil córais aontreo iontu in áiteanna éagsúla.


Tábla 2.1: Comparáid idir Sruthanna Rothar Déthreo trasna Thródam na Canála, Breathnaithe agus Samhlaithe (Buaic-thréimhse RM 3 uair an chloig sruth déthreo)

BÓTHAR	BREATHNAITHE	SAMHLAITHE
Bóthar Conyngham	136	124
Ascaill Chesterfield	292	301
An Bóthar Thuaidh	72	57
Ascaill an Chiardhuibh	84	101
Seanbhóthar na Cabraí	148	146
Bóthar Nua na Cabraí	169	127
Bóthar Bhaile Phib	387	351
Sráid Dorset	652	715
Cnoc an tSamhraidh	227	283
An Trá Thuaidh	907	854
Sráid an tSirriam	61	46
Cé an Phoirt Thuaidh	468	367
Bóthar na Rinne	413	295
Sráid na Canálach Móire	338	272
Bóthar Northumberland	390	548
Sráid Bhagóid	344	489
Sráid Líosain	491	665
Bóthar Ragnallach	523	577
Bóthar Ráth Maonais	762	1011
Sráid Chlann Bhreasail	676	627
Bóthar an Chlochair	147	216
Bóthar Chromghlinne	152	229
Bóthar Herberton	184	127
An Cuarbhóthar Theas	104	25
Seanbhóthar Chill Mhaighneann	50	55
Lána Chill Mhaighneann	77	116
Bóthar Eoin Thiar	118	175

Taispeánann na sruthanna i dTábla 2.1 gurb é Bóthar an Trá Thuaidh an bealach rothaíochta is gnóthaí i mBaile Átha Cliath le sruthanna faoi láthair le díreach breis agus 900 rothaí ag buaic-am na maidine. Is é Bóthar Ráth Maonais an dara ceann is gnóthaí le breis agus 750 rothaí, agus tá beagnach an méid céanna ag Droichead Chrois Araidh/Sráid Chlann Bhreasail. Tá na sruthanna arda rothaíochta ann in ainneoin na droch-Cháilíochta Seirbhíse ar na bealaí gnóthacha gathacha.

Taispeánann Figiúr 2.1 breacadh de mhaitrís rothaíochta na bonnbhliana don ghréasán in VISUM agus taispeántar é i scála níos mó ar bhileog DD2 i gCuid 7 den imleabhar seo.

Nuair a thrasúionn na sonraí maidir le turais rothaíochta ó Dhaonáireamh 2011 anuas ar an ngréasán bealaí tríd an tsamhail rothaíochta mar atá breactha ar an léarscáil i bhFigiúr 2.1, léiríonn sé go soiléir fíorscála agus fairsinge na tráchta rothaíochta i mBaile Átha Cliath. Taispeánann na sonraí líon rothaithe níos mó ná mar a mbeifí ag súil leis ar na bealaí fada gathacha go dtí lár na cathrach ó cheantair an oirthuaiscirt amhail Cill Fhionntain, Bóthar Mhullach Íde agus Bóthar Shord, ó Bhaile Bhlainséir san iarthuaisceart agus ó chonairí an oirdheiscirt trí Stigh Lorgan agus an Charraig Dhubh.



Figiúr 2.1: Breacadh de shannadh Samhaila Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath na bonnbhliana

Ag Tuar Éileamh Rothaíochta na Todhchaí

Is é cuspóir an tionscadail seo gréasán rothaíochta a bheartú le haghaidh tréimhse 10 mbliana. Dá bharr sin is é 2021 bliain an tuair do Shamhail Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Thar na 10 mbliana sin, tuarar go mbeidh méadú ar rothaíocht sa GDA a bhí le dhá thoisic – méadú sa daonra agus athruithe i gcion modha na rothaíochta.

Thíos déantar cur síos ar an modheolaíocht ar baineadh úsáid aisti chun an méadú rothaíochta de bharr na fachtóirí seo a thuar.

Méadú Daonra

Baineadh úsáid as samhail straitéiseach an ÚNI do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath chun réamhaisnéis a dhéanamh ar mhéadú ar éileamh rothaíochta de bharr forbairt nua atá beartaithe. Mar chuid d'fhorbairt na samhla sin, d'fhorbair an ÚNI toimhdí maidir le fás san am atá le teacht sa daonra agus san fhostaíocht i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, i gcomhairliúchán leis na seacht n-údarás áitiúla agus ag tagairt do na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach.

Rinneadh anailís ar shonraí éilimh an ÚNI agus cuireadh amach tacar de chríocha turais, idir thús phointí agus cheannphointí, do gach crios TRC le haghaidh 2006 agus 2030. Ríomhadh toisc fáis bliantúlaithe do na hiarmhéideanna turais i ngach crios, ag baint úsáide as an réamhaisnéis sin. Ag teacht as seiceáil idir na sonraí éilimh 2006 an ÚNI agus na sonraí 2011 POWSCAR, bhí sé soiléir go raibh éileamh iompair 2011 i gcriosanna áirithe tar éis réamh-mheastacháin 2011 a shárú. Sna

cásanna sin cuireadh teorainn le fás forbartha ag leibhéal 2011 agus níor cuireadh tuilleadh fáis i bhfeidhm sna criosanna sin.

Cuireadh na tosca fáis bliantúlaíthe coigeartaithe anuas ar mhaitrís rothaíochta na bonnbhliana 2011 thar an tréimhse ionchais 10 mbliana chun maitrís éilimh rothaíochta 2021 a thuar. Taispeánann Tábla 2.2 na tosca fáis maitrísíe iomláine a bhí curtha ar mhaitrísí na bonnbhliana chun cuntas a dhéanamh ar fhorbairt fáis suas go 2021 amháin.

Tábla 2.2: Tosca Fáis Maitrísíe Iomláine de bharr Fáis Forbartha (2011-2021)

CUSPÓIR	TOISC
Obair	1.13
Oideachas	1.09
Eile	1.14
Iomlán	1.11

Cion Módúil na Rothaíochta de réir Faid

Is í fíis 'Creat Pholasaí Rothaíochta Náisiúnta' (CPRN) ó 2009 go mbeadh *"cultúr na rothaíochta forbartha in Éirinn go dtí an pointe go mbeadh, faoi 2020, 10% de na turais uile á dhéanamh ar rothar"*. Don staidéar seo, bhí sé riachtanach tuilleadh grinnstaidéir a dhéanamh ar na cuspóirí aistriithe modha trí anailís a dhéanamh ar chomhcheangal de chúis an turais, fad an turais agus saghsanna ceantair.

Ba í an chéad chéim chun cuspóirí aistriithe modha a fhorbairt don rothaíocht i Mórcheantar Bhail Átha Cliath na sonraí bonnlíne ó Shamhail Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ón 2011 a scrúdú. Cuireann sé sin sonraí ar fáil ó thaobh turas oibre, oideachais agus cúiseanna eile. Chun tuilleadh mionanailíse a dhéanamh ar na sonraí socraíodh na bandaí faid seo a leanas:

- 0-5 km;
- 6-10 km;
- 11-15 km agus;
- níos mó ná 15 km.

Tá cion modha na rothaíochta i mbonnbhliana 2011 léirithe i dTábla 2.3.

Tábla 2.3: Cion Modha na Rothaíochta 2011 de réir Cineál Ceantair, Faid agus Cuspóir Turais

Banda Faid	Cathair Bhaile Átha Cliath				Baile Átha Cliath Fo-uirbeach			
	Obair	Oideachas	Eile*	Uile	Obair	Oideachas	Eile*	Uile
0-5 km	6.7%	3.4%	0.7%	3.6%	5.6%	4.1%	0.7%	3.6%
6-10 km	5.0%	5.1%	0.7%	3.5%	4.7%	3.4%	0.7%	3.6%
11-15 km	2.0%	1.9%	0.7%	1.7%	2.4%	1.8%	0.7%	2.1%
> 15 km	1.6%	1.3%	0.0%	1.0%	0.9%	0.9%	0.0%	0.7%
UILE	5.8%	3.6%	0.7%	3.4%	4.1%	3.8%	0.7%	3.3%

Banda Faid	Bailte Satailíte an GDA				Ceantair Thuaithe			
	Obair	Oideachas	Eile*	Uile	Obair	Oideachas	Eile*	Uile
0-5 km	1.8%	1.8%	0.7%	1.6%	1.3%	1.1%	0.7%	1.1%
6-10 km	1.6%	0.6%	0.7%	1.2%	1.2%	0.6%	0.7%	0.9%
11-15 km	1.4%	0.7%	0.7%	1.2%	1.1%	0.2%	0.7%	0.8%
> 15 km	0.3%	0.4%	0.0%	0.3%	0.2%	0.5%	0.0%	0.3%
UILE	1.1%	1.4%	0.6%	1.1%	0.7%	0.8%	0.5%	0.7%

* Tá sonraí 2011 le haghaidh cuspóirí turais 'Eile' forbartha ó sonraí an tSuirbhé Teaghlaigh 2006

Is dóchúil go mbainfeadh cion modha na rothaíochta do thurais chomaitéireachta faoi 5km i limistéir Chathair Bhaile Átha Cliath agus Bhaile Átha Cliath Fo-uirbeach cion modha 10% amach faoi 2020. Tá turais chomaitéireachta lasmuigh den M50, áfach, sna bailte satailíte agus limistéir thuaithe aron i bhfad níos ísle. Taispeánann an anailís chomh maith go dtéann sciar modha na rothaíochta i laghad de réir mar a théann fad an turais i méid, rud a mbeifí ag súil leis.

Dá bhrí sin, don staidéar seo, bhí sé riachtanach spriocanna níos dírithe a fhorbairt do chion modha na rothaíochta i mbliain an tuair 2021. Tá an scóip ann cuspóirí arda i leith cion modha na rothaíochta a bhaint amach do thurais ghearra laistigh de cheantair uirbeacha. Tá dúshlán shuntasacha, áfach, mar gheall ar athrú go dtí an rothaíocht a chur i bhfeidhm do chineálacha turais eile amhail turais fhada i gceantair thuaithe. Leis an méid sin thuas curtha san áireamh, forbraíodh tacar spriocanna maidir le cion modha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Is é an sprioc i gCathair Bhaile Átha Cliath agus na ceantair fho-uirbeacha ná méadú i gcion modha na rothaíochta tríd is tríd (do gach cuspóir agus gach fad) ó thart ar 3% go dtí 10% thar thréimhse ionchais 10 mbliana an staidéir seo. Tá cuspóirí sonracha leagtha amach do gach saghas turais atá níos giorra ná 15km ar fad.

Glaiseachtaí Turais Ionchriosacha

Is é turas ionchriosach ceann a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chríos iompair céanna agus de ghnáth is turais áitiúla ghearra iad. I samhail straitéiseach iompair mar Shamhail Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ní ualaítear turais ionchriosacha ar an ngréasán iompair. Beidh leibhéal na dturas ionchriosach ar rothar níos airde ná samhla traidisiúnta de thrácht feithicil de bharr fhad níos giorra na dturas. Anuas air sin, toisc go bhfuil córas na gcriosanna iompair comhsheasmhach le Toghranna Daonáirimh, méadaíonn méid na gcriosanna lasmuigh de cheantair uirbeacha. Dá bharr sin tá leibhéal na dturas ionchriosach lasmuigh de Cheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath níos airde in áiteanna gur féidir le crios iompair a bheith chomh mór le baile agus a chomharsanacht. Mar sin níl an tsamhail rothaíochta infheidhmithe i gceart ach amháin sna mórcheantair uirbeacha i mBaile Átha Cliath, áit a sheasann sé do 80% go 90% de na turais rothaíochta.

Léirtheiscint Thorthaí na Samhla um Thrácht Rothaíochta

Cuireann samhail rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath macasamhlú cuimsitheach ar fáil de na patrúin rothaíochta atá ann cheana féin agus atá le teacht i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Seasann sonraí sreafa na nasc atá samhaltaithe sa tuarascáil seo d'éileamh bhuaiac-am na maidine a mhaireann 3 huairé a' chloig de ghnáth idir 07:00 agus 10:00.

Tá sannadh an turais agus rogha an bhealaigh sa tsamhail bunaithe ar fhad an turais amháin chun breacadh straitéiseach de mhianlínite ar an ngréasán a sholáthar. Toisc nach bhfuil na cinní casta a bhaineann le rogha rotharbhealaigh curtha san áireamh ag an tsamhail seo, ba cheart aon léamh atá ar na torthaí ón tsamhail ag an leibhéal áitiúil a chíoradh go cúramach.

2.3. Moltaí um Ghréasán Straitéiseach Rotharbhealaigh

Catagóiríú Gréasáin

Cuimsíonn an Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Manual*] (Cuid 3.2) comhairle ar chatagóiríú gréasáin mar a léirítear sa tábla anseo thíos:

Catagóiríú Gréasáin an Rotharbhealaigh

GRÉASÁN	CATAGÓIR BHEALAIGH	CUR SÍOS
Gréasán Rothaíochta Uirbeach	Príomha	Príomh-artairí rothaíochta a thrasnaíonn an limistéar uirbeach agus ar a bhfuil formhór den trácht rothaíochta
	Tánaisteach	Naisc idir na príomh-rotharbhealaí agus críosanna áitiúla
	Friothálach	Rotharbhealaí laistigh de chriosanna áitiúla agus/nó naisc ó chriosanna le leibhéal an ghréasáin thuas
Gréasán Rothaíochta Idir-Uirbeach	Ag nascadh na bailte agus an chathair thar limistéir thuaithe agus áirítear ann gnéithe den Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	
Gréasán na mBealaí Glasa	Rotharbhealaí forbartha go príomha chun críocha turasóireachta, áineasa agus fóillíochta ach d'fhéadfadh go mbeadh gnéithe den ghréasán rotharbhealaigh fónais thuas orthu freisin. Beidh go leor Rotharbhealaí Náisiúnta cosúil leis seo.	

Sprioc Cháilíocht na Seirbhíse

Roghnaíodh spriocanna don Cháilíocht chuí Seirbhíse ar an mbonn atá léirithe sa Tábla seo thíos. Tá dhá ghné den QoS a gcaithfear a phlé ina n-aonar. Is iad seo:

- Maidir le coimhlíntí, leibhéal compoird, moill ama ag acomhail, caighdeán na gcosán, ba cheart Cáilíocht Seirbhíse ar Leibhéal B ar a laghad a sholáthar ar na rotharbhealaí ar fad, beag beann ar mhéid an éilimh; agus
- Braitheann an toisc leithid ar bhuaic-mhéid an éilimh rothaíochta. Os cion 500 rothaí san uair tá sé inmhianaithe Leibhéal Leithid A+/A a sholáthar, le cúinsí 2+1 ann don rothaíocht sóisialta agus scoitheadh. Áiteanna a bhfuil an buaic-mhéid faoi bhun 500 rothaí san uair, cuirfidh Leibhéal A/B dóthain acmhainne ar fáil le spás ann le haghaidh scoitheadh ag na rothaithe níos tapa.

An Bonn le Sprioc Cháilíocht na Seirbhíse

CINEÁL BEALAIGH	PRÍOMHA / NÁISIÚNTA	PRÍOMHA	TÁNAISTEACH
Méid na Rothaíochta Eisigh Buaic-thréimhse 3 uaire	n/b	200 -1000	100-500
Sprioc QoS – Toisc Leithid	Beirt taobh le taobh + scoitheadh Leithead = 2.5m	A+/A Beirt taobh le taobh + scoitheadh Leithead = 2.5m	A/B Treas singil + scoitheadh Leithead = 1.75m
Sprioc QoS – Tosca Eile	A	B	B



Leithead 2+1: Rothaíocht taobh le taobh le spás i gcomhair scoitheadh

Bealaí Gathacha Beartaithe i leith Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath

Ag teacht ó anailís ar an éileamh rothaíochta, aithníodh 13 rotharbhealach gathacha a nascann lár na cathrach leis na seacht gceantar a chuimsíonn príomh-limistéir fho-uirbeacha mar a léirítear ar an léarscáil seo a leanas (+ bealach amháin breise níos faide amach ón gcathair), mar seo:

Bealach 1: Bealach 1: Plás Beresford chomh fada leis an Earnáil Thoir Thuaidh trí Shráid Amiens, an Trá Thuaidh agus Fionnradharc, le 3 bhainse feadh an chósta ag Bóthar Chluain Tarbh, Bóthar Bhinn Éadair agus Bóthar Mhullach Íde;

Bealach 2: Cearnóg Parnell chuig an gCeantar Thuaidh-Láir trí Shráid Dorset agus Droim Conrach, le bealaí athróige nó malartacha beartaithe laistigh den chonair ghinearálta céanna;

Bealach 3: Cearnóg Parnell chuig an gCeantar Thuaidh-Láir trí Shráid Bhaile Coimín, Bruach na Canálach Ríoga agus Baile Phib, áit ina mbrainsíonn sé i dtreo Bhaile Munna agus Fhionnghlaise;

Bealach 4: Sráid Bolton chuig an gCeantar Thiar Thuaidh trí Óstaí an Rí, campas DIT i nGráinseach Ghormáin agus Seanbhóthar na Cabraí;

Bealach 5: Ceantar na nDugaí chuig an gCeantar Thiar Thuaidh ar feadh Chéanna na Life go Stáisiún Heuston, agus ansin trí Pháirc an Fhionnuisce go Caisleán Cnucha agus Baile Bhlainséir;

Bealach 6: Sráid Gheata na Páirce chuig an gCeantar Thiar trí ghleann Abhainn na Life go Séipéal Iosóid agus Leamhcán. Ceanglaítear le Bealach 5 chun nascadh le Lár na Cathrach;

Bealach 7: Faiche an Choláiste chuig an gCeantar Thiar trí Shráid an Dáma agus Sráid Thomáis;

Bealach 8: Sráid Phádraig chuig an gCeantar Thiar Theas trí Shráid Chorcaí agus ansin trí Chromhlinn, na Glaschnoic agus Baile Bhailcín i dtreo limistéir Thamlachta agus Chluain Dolcáin le brainsí éagsúla;

Bealach 9: Sráid Phádraig chuig an gCeantar Thiar Theas trí Chrois Araidh;

Bealach 10: Sráid Camden chuig an gCeantar Thiar Theas trí Ráth Maonais, Ráth Garbh agus Tír an Iúir go Ráth Fearnáin;

Bealach 11: Sráid Camden chuig an gCeantar Theas-Láir vtrí Raghmallach;

Bealach 12: Faiche Stiabhna chuig an gCeantar Thoir Theas trí Shráid Líosain agus Domhnach Broc; agus

Bealach 13: Bealach 13: Faiche an Choláiste chomh fada leis an Earnáil Thoir Theas trí Chearnóg Mhuirfean agus Droichead na Dothra, agus malairt bealaigh cois cósta trí Dhumhach Thrá agus an Rinn.

Bealach 14: Bealach cósta ó Mhuirfin go Dún Laoghaire áit a bhfuil an bóthar suite intíre ón iarnród.


Anuas ar sin aithníodh 6 cuarbhealach le nasc a dhéanamh idir na conairí gathacha agus na hionaid fho-uirbeacha ar fud na cathrach. As na bealaí sin, meastar go bhfuil catagóiríú mar phríomhbhealaí tuillte ag trí cinn:

Cuarbhealach 1: ag leanúint na Canálach Móire agus na Canálach Ríoga ar feadh imeall Lár na Cathrach idir Crois Araidh ó dheas agus Baile Phib ó thuaidh;


Cuarbhealach 4: ó thuaidh ó Chill Easra go Baile Munna go Fionnghlas; agus

Cuarbhealach 5: ó dheas ó Leamhcán trí Chluain Dolcáin, Tamhlacht agus Dún Droma go Dún Laoghaire.

Taispeánfar na bealaí seo ar Léarscáil CN2 i gCuid 4a den tuarascáil seo.



Léarscáil Ceantair Mórlimistéar Uirbeach Bhaile Átha Cliath (Léarscáil CN1 i gCuid 2)



Gréasán Rotharbhealaigh Náisiúnta i gCeantar Bhaile Átha Cliath

Tá moltaí don Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta (NCN) ag céim luath, le breac-chuntas ar ghréasán ginearálta tugtha sa "Staidéar Scóipe" a d'ullmhaigh an tUdarás um Bóithre Náisiúnta thar ceann na Roinne Iompair i mí Lúnasa 2010.

D'aithin an staidéar NCN gréasán le 13 rotharbhealach náisiúnta, le 4 cinn astu siúd i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath mar seo a leanas:

Conair NCN 2 ó Ghailimh go Baile Átha Cliath mar chuid den Bhealach EuroVelo 2, bealach fadachair tras-Eorpach. Tá an bealach seo á dhearadh faoi láthair agus rachaidh sé i dtreo Bhaile Átha Cliath feadh na Canálach Ríoga trí Mhaigh Nuad agus isteach go Cathair Bhaile Átha Cliath; agus

Bealach NCN 5 ar feadh an Chósta Thoir ó Ros Láir trí Bhaile Átha Cliath go dtí an teorainn le Tuaisceart Éireann agus ar aghaidh go dtí Béal Feirste agus Latharna. Tá cur síos déanta ar an mbealach sin sa staidéar seo mar *Chonair an Chósta Thoir* agus cuimseoidh sé rotharbhealaí taitneamhacha eile amhail promanáid *Chill Fhionntain go Cuas an Ghainimh*;

Bealach NCN 10 ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath trí Chill Chainnigh. Is dóchúil go leanfaidh an bealach seo an Chanáil Mhór isteach go cathair Bhaile Átha Cliath.

Conair NCN 13 feadh na Bóinne ó Dhroichead Átha go Baile Átha Troim go dtí an Chanáil Ríoga ar Chonair 2.

Maidir le cineál na háise rothaíochta a bheidh ar fáil ar na bealaí sin, maíonn Staidéar Scóipe an NCN an méid seo a leanas:

"Ba cheart fad an bhealaigh atá easbhóthair nó ar chaighdeán an fhéarbhealaigh a uasmhéadú leis an sprioc go n-íoslághdófar aon idirghníomhaíocht atá ann le feithiclí innealta. Ba cheart go mbainfeadh an gréasán úsáid as rotharbhealaí eiseacha, dá mbeidís oiriúnach. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na féidearthachtaí atá ann an gréasán iarnróid as úsáid agus gréasáin de chosáin tarringthe in aice le canálacha / aibhneacha a úsáid mar bhealaí rothaíochta / siúil."
 ["The length of the network that is off road or of greenway standard should be maximised with the aim of minimising the interaction with motorised vehicles. The network should use existing cycle routes if appropriate. Special attention should be given to the opportunities of using both the disused rail network and canal / river towpath networks as cycling / walking routes."]

Tá an príomhchuspóir sin curtha san áireamh ag Plean Ghréasán Rothaíochta Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a mholann go leanfaidh na rotharbhealaí náisiúnta féarbhealaí agus rotharbhealaí ardchaighdeán go formhór. Tá an príomhchuspóir seo curtha san áireamh i bPlean seo Ghréasán Rothaíochta GDA, ina molar go leanfaidh na rotharbhealaí náisiúnta féarbhealaí den chuid is mó agus raonta rothar ar ardchaighdeán i gceantair uirbeacha agus áit a bhfuil a leithéid de chonairí ar fáil. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach go leanfaidh codanna áirithe de na bealaí seo bóithre ciúine áitiúla atá oiriúnach do rothaíocht de réir na gcritéar a bhfuil cur síos déanta orthu níos faide anonn sa chaibidil seo. D'fhéadfadh tuilleadh staidéir ar fhorbairt bealaí a bheith mar bhonn le hathrú na mbealaí tascacha seo mar is léir ón bplean seo.



Gréasán Rotharbhealaigh Idirnáisiúnta EuroVelo

Tá toise idirnáisiúnta ag dul leis an ngréasán rotharbhealaigh fadraoin in Éirinn mar chuid de ghréasán *EuroVelo* trasna ilchríoch na hEorpa mar a léirítear ar an léarscáil thíos.

Tá dhá cheann de na bealaí sin in Éirinn:

EV1 ón Iorua go dtí an Phortaingéil ar feadh chósta thiar na hEorpa, a shíneann in Éirinn ó Latharna, Contae Aontroma san oirthuaisceart, timpeall chóstaí an tuaiscirt, an iarthair agus an deiscirt go Ros Láir, Contae Loch Garman san oirdheisceart; agus

EV2 ó Ghailimh trí Bhaile Átha Cliath go Londain, Beirlín, Vársá agus Moscó.



Léarscáil de Ghréasán Rotharbhealaigh Idirnáisiúnta EuroVelo

Gréasán Féarbhealaí Beartaithe

Tá a lán conairí nádúrtha a dul trí Mhórlimistéar Uirbeach Bhaile Átha Cliath a thugann deiseanna d'fhéarbhealaí, agus tá siad sin sonraithe sa staidéar seo. Tríd is tríd leanann na bealaí sin aibhneacha, sruthanna, canálacha agus an cósta. Cé nach mbeadh suim in a lán de na féarbhealaí sin ach go háitiúil, tá roinnt díobh a bhfuil luach straitéiseach acu mar gheall ar a bhfad mar chonláiste, mar shlí chun rochtain a thabhairt ar mhórcheantair aeraíochta sna sléibhte, ar an gcósta nó i bpáirceanna poiblí suntasacha, agus chomh maith mar chuid de bhealaí fadraoin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá na féarbhealaí straitéiseacha leagtha amach thíos.

I gcúpla cás d'fhéadfadh go mbeadh íogaireachtaí suntasacha comhshaoil le cur san áireamh san áit go dtrasnaíonn féarbhealach feadh imeall, nó trí limistéar a bhfuil cosaintí ainmnithe comhshaoil ann. Beidh gá le measúnacht chúramach chomhshaoil ag a leithéid de láithreacha trí phróiseas céimnithe chun cinneadh a dhéanamh maidir lena bhfuil nó nach bhfuil an bealach molta inmharthana nó má tá malairt bealaigh riachtanach nó le moladh. Tagraítear do na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist áit ar cuí sa tuarascáil seo.

Bealach Ghleann na Dothra

Críochnaíodh staidéar féidearthachta in 2012 d'fhéarbhealach ar feadh Abhainn na Dothra ón gcathair ag Duga na Canálach Móire trí Dhroichead na Dothra, Baile an Mhuilinn, Teach Mealóg agus Teach na Giúise go dtí Sléibhte Bhaile Átha Cliath ag Taiscumair Bhóthar na Bruíne. Taobh amuigh d'fheidhm láidir aeraíochta, bheadh an bealach seo chomh maith mar rotharbhealach comaitéireach go dtí ceantar mór fostaíochta Dhroichead na Dothra ó bhruachbhailte an iardheiscirt. San achar ó Dhroichead na Dothra go Baile an Mhuilinn, beidh sé chomh maith mar chuid de Chuar-Bhealach SO3.

Tá cosáin bhunaithe feadh fhorhmór de chonair na habhann a shníonn trí limistéir pháirceanna poiblí den chuid is mó. Is éard a bheidh i gceist leis an rotharbhealach na cosáin seo a leathnú go leithead oiriúnach suas go dtí 4m chun deis a thabhairt do rothaithe agus coisithe leas a bhaint as. Bheadh soilsiú poiblí ag teastáil freisin chun sábháilteacht agus slándáil a chinntiú agus ní mór go n-áireofaí sa dearadh na himpleachtaí poitéinsiúla a d'fhéadfadh a bheith aige ar speicis cosúil le hialtóga. In áiteanna áirithe, cosúil le Sráidbhaile Theach Mealóg agus ó dheas de Dhroichead Old Bawn, níl an gleann abhann inrochtana don phobal agus tá cuma sách garbh ar an áit mar gheall air sin. Bheadh sé riachtanach na himpleachtaí poitéinsiúla éiceolaíocha a bheadh ag rotharbhealach feadh na habhann ag na láithreacha seo a mheas ag céim an tionscadail. Ní bheadh an rotharbhealach cóngarach d'áit ar bith atá íogair dá mbá gá.

Bealach na Canálach Móire / Slí na Bearú

Tá áis ardchaighdeán rothaíochta ann cheana féin ar chosán tarraingthe na canála thar 8.5km ar a fhad ó Bhaile Adaim suite ó dheas de Leamhcán go dtí an Ciardhubh in Inse Chór, le 1.5km eile de rotharbhealach atá measartha maith ach neamhshainithe ag síneadh chomh fada le Bóthar na Siúire ag Rialto. Aithnítear é sin mar Phríomhbhealach Gathach 7B i ngréasán na cathrach. Anuas air sin tá cuid eile arís de rotharbhealach scartha ar feadh bhruach na canála ó Portobello ag Ráth Maonais go dtí Ceantar na nDugaí, atá mar chuid de Chuarbhealach SO1. Tá an bhearna idir an dá phársa rotharbhealaigh faoi chaibidil ag staidéar deartha faoi láthair ionas nasc ardchaighdeán rotharbhealaigh a chríochnú.

Siar ó Bhaile Adaim tá an cosán tarraingthe atá ann faoi láthair gan pábháil in áiteanna, ach tá réimsí fada in úsáid mar bhóthar pábháilte a bhfuil rochtain ag an bpobal air freisin. Rotharbhealach a fhorbairt feadh na chonairí na canála siar ó dheas ó Bhaile Átha Cliath i dtreo Cheatharlach agus níos faide mar go soláthródh rotharbhealach náisiúnta fadachair rochtain ar roinnt bailte mór feadh an bhealaigh, lena n-áirítear an Nás, Droichead Nua, Cille Dara agus Baile Átha Í. Is éard a bheadh i gceist sna hoibreacha uasghrádú an chosáin tarraingthe atá ann cheana féin chun dromchla oiriúnach gairbhéil nó macadaim a sholáthar a bheadh thart ar 3m ar leithead. Dá réir sin, is ar éigean go gcuirfead isteach ar éiceolaíocht uiscebhealach na canála i dtéarmaí tógáil talún nó conairí fálda sreach feadh an bhealaigh.

Bealach na Canálach Ríoga

Níl rotharbhealach foirmiúil le hais na Canálach Ríoga faoi láthair, lasmuigh de chuid an-ghearr ag Duga Spencer i gCeantar na nDugaí Bhaile Átha Cliath. Tá an cosán tarraingthe pábháilte ó Bhóthar na Trá Thuaidh chomh fada le Baile Adaim, agus le dromchla ardchaighdeán gairbhéil as sin go Baile Bhlainséir. Tá an cosán seo in úsáid ag rothaithe mar rotharbhealach de-facto faoi láthair. Tá staidéir dheartha éagsúla faoi lán seoil chun rotharbhealach ardchaighdeán a fhorbairt ar feadh na canála siar go Maigh Nuad. Ón áit sin ar aghaidh tá an ÚBN ag bainistiú tionscadail faoi láthair do Bhealach 8 an NCN ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh ar feadh na canála ón Muilleann gCearr agus níos faide anonn.

Go ginearálta, bheadh an bealach seo cosúil le bealach na Canálach Móire sa mhéid is gurb éard a bheadh i gceist leis na hoibreacha do rotharbhealach an cosán tarraingthe a fheabhsú ach is ar éigean go gcuirfí isteach ar éiceolaíocht na conaire i dtéarmaí tógáil talún. Tá cead pleanála faighte don bhealach iomlán siar ó Mhaigh Nuad go dtí an Muileann gCearr agus ba é toradh na measúnachta timpeallachta nach mbeadh ach tionchar fánach le tabhairt faoi deara.

Bealach Abha na Life

Is í Abha na Life an lárhmír tíreolaíochta i gCathair Bhaile Átha Cliath, agus soláthraíonn sí an príomhchonair rochtana ar an taobh thiar. Tá tionscadail deartha ar siúl faoi láthair chun rotharbhealach ardchaighdeán scartha a fhorbairt ar feadh chonair na habhann ó Chalafort Átha Cliath san oirthear go dtí Páirc an Fhionnuisce agus Stáisiún Heuston san iarthar agus ar aghaidh go sráidbhaile Shéipéal Iosóid. Dhéanadh sé seo freastal ar Phríomh-Rotharbhealach Gathach 5 go Baile Bhlainséir agus Bealach 6 go Leamhcán agus Léim an Bhradáin. Tá tras-naisc beartaithe ag Droichead na hInse, go dtí Páirc an Fhionnuisce lámh leis agus Bealach na Canálach Ríoga ó dheas de, ionas rotharbhealaí aeraíochta lúbtha a chur ar fáil laistigh den chathair.

San áireamh sa bhealach seo bheadh úsáid a bhaint as spás bóithre nó clárchosáin atá ann cheana féin feadh na gcéanna i lár na cathrach chomh fada le Droichead na hInse. Uaidh sin siar chomh fada le Séipéal Iosóid tá rotharbhealach laistigh den pháirc phoiblí ar an mbruach theas a mbeadh sé riachtanach é a leathnú ar an taobh is faide ó bhruach na habhann. Tá raonta rothar le fáil feadh Bhóthar Shéipéal Iosóid ó thuaidh den abhainn freisin. Siar ó Shéipéal Iosóid níl aon áiseanna rothaíochta faoi láthair agus tá conair na habhann srianta mar gheall ar thithe le gairdíní ar bhruacha na habhann, fánaí géara ag Cnoc Mhaolruain ar an mbruach thuaidh, réimsí fairsinge coillearnaí agus seanfhoirgnimh mhuilinn agus gnéithe eile ag Baile Phámar. Beidh gá le measúnacht mhionsonraithe agus chúramach chun cinneadh a dhéanamh maidir lena bhfuil rotharbhealach inmharthana easbhóthair sa limistéar seo. Seachas sin, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach tairbhe a bhaint as bearta bainistíochta tráchta ionas go mbeidh an bóthar oiriúnach do rothaithe. Idir Baile Phámar agus Leamhcán, tá Gleann na Life go domhain faoin topagrafaíocht mórthimpeall ag na Ceapóga Sú Talún áit a dtrasnaíonn mótarbhealach an M50 ar dhroichead ard 50m. Tá cuid den urlár gleanna ainmnithe mar Limistéar Taitneamhachta Speisialta agus Limistéar Molta Oidhreacht Nádurtha, rud a chuirfidh srian ar an scoip atá ann rotharbhealach easbhóthair a fhorbairt. I measc na roghanna a chuirfear san áireamh beidh dul trí pháirceanna talmhaíochta lasmuigh den limistéar ainmnithe comhshaoil, nó laghdú poitéinsíúil an bhóthair go raon singil le háiteanna scoiteoiriúnach do rochtain áitiúil amháin agus úsáid a bhaint as spás bóthair iarmharaigh le haghaidh raon rothar leithscartha. Tá srianta eile le tabhairt faoi deara feadh an chuid eile den bhealach trí Leamhcán agus Léim an Bhradáin chomh fada le Cill Droichid agus Diméin Bhaile an Chaisleáin. Teastóidh cur chuige samhlaíoch maidir le dearadh an bhealaigh seo d'fhonn tionchair chomhshaoil a sheachaint, agus ag an am céanna taitneamhacht ar ardchaighdeán a sholáthar do rothaithe feadh príomhchonair nádúrtha tríd an gcathair.

Conair an Chósta Thoir

Tá an bealach seo mar chuid de Conair NCN 5 agus shíneodh sé laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ón Inbhear Mór sa deisceart go Droichead Átha sa tuaisceart. D'aithin an staidéar seo bealach táscach don chonair, go príomha le hais féarbhealaí scartha ón trácht, agus le húsáid áitiúil in áiteanna de mhionbhóithre ciúine sna limistéir is mó scartha ón gcathair. Seachnaíonn sé conairí gnóthacha ar na bóithre amhail bealach an R132 ó thuaidh ó Bhaile Átha Cliath, bealach nach mbainfeadh amach an

cuspoir i leith rotharbhealaigh atá ar ardchaighdeán agus tarraingteach. Déantar cur síos go sonrath ar gach cuid de sa chaibidil ábhartha don limistéar atá i gceist ar feadh an bhealaigh. Tá roinnt áiteanna feadh an chósta a bhfuil ainmniúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta iontu agus a mbeadh measúnacht chúramach ag teastáil iontu dá réir sin. Ina measc seo áirítear:

- Cuan Bhaile Átha Cliath
- Inbhear an Mhóinéir Leathain ag Mullach Íde agus Domhnach Bat
- Inbhear Bhaile Roiséir ag Port Reachrann agus an Ros
- Riasc Chill Chomhghaill agus
- An Mhuiríoch, Cill Mhantáin

Féarbhealaí Eile i mBaile Átha Cliath

Tá roinnt féarbhealaí eile aitheanta i gceantair éagsúla mar seo a leanas:

- *Bealach Ghleann an Tulchann* trasna bruachbhailte laistigh an tuaiscirt idir Fionnradharc agus Baile an Ásaigh, a leanann líonra de pháirceanna poiblí agus áiseanna eile ar feadh na habhann;
- *Bealach Abha Sheantraibh* trasna bhruachbhailte imeallacha an tuaiscirt ón gcósta ag Oileán an Bhulla, trí Ráth Eanaigh agus an Chúlóg go dtí Seantrabh, a leanann líonra de pháirceanna poiblí agus conairí seanbhunaithe eile ar feadh na habhann; agus
- *Bealach Abha an Phoitéil* ó Chrois Araild go dtí na Glaschnoic agus Páirc Thigh Motháin mar bhealach malartach ar na droch-áiseanna ar feadh Bhealach Gathach 9A.

Slí na Bóinne


Aithnítear an bealach seo, 50km ar fhad, mar Chonair 13 sa Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta, agus déanfaidh sé nasc idir Conair 5, *Conair an Chósta Thoir* ag Droichead Átha, agus Conair 8 ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh & an Clochán ar an gCanáil Ríoga lámh le Maigh Dearmhaí siar ó dheas ó Bhaile Átha Troim.

Tá Comhairle Contae na Mí ag forbairt an rotharbhealaigh seo ar feadh na Bóinne ó Dhroichead Átha in aghaidh an tsrutha suas tríd an Uaimh go Baile Átha Troim. Cuirfidh sé seo rochtain ar fáil do shiúlóirí agus rothaithe ar a lán suíomhanna tábhachtacha turasoireachta amhail ionad cuairteoirí *Chath na Bóinne* ag an Seandroichead taobh le Droichead Átha, ionad cuairteoirí *Bhrú na Bóinne* in aice le suíomhanna ársa amhail Sí an Bhrú, Cnóbha agus Dubhadh, Cnoc na Teamhrach, Mainistir Bheighthí agus Caisleáin Bhaile Átha Troim. Críochnaíodh staidéar féidearthachta don fhéarbhealach in 2010, agus tá an tionscadal ag dul ar aghaidh trí dhearadh agus pleanáil do na chéad chéimeanna ó Dhroichead Átha go dtí ionad cuairteoirí *Bhrú na Bóinne*. Leanfaidh an féarbhealach, beag nó mór, sean-chosán tarraingthe Chanáil Loingseoireachta na Bóinne in aghaidh an tsrutha suas go dtí an Uaimh. In áiteanna áirithe nach bhfuil seanchosán tarraingthe le fáil iontu, d'fhéadfadh go mbeadh raon nua ag teastáil ar an mbealach. Ó tharla go bhfuil formhór de Ghleann na Bóinne ainmnithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCS), beidh gá le dearadh agus measúnacht chúramach chun tionchair phoitéinsíúla ar an LCS a sheachaint nó a laghdú. Don chéad chéim den tionscadal a bheidh á thógáil ag deireadh 2013, tá codanna de chlárchosán á soláthar chun an féarbhealach a scaradh ón LCS feadh bhruach na habhann áit nach bhfuil dóthain spáis do raon traidisiúnta.

Níos faide suas an tsrutha ón Uaimh, níos faide ón áit a raibh Loingseoireacht na Bóinnetráth, d'fhéadfadh go leanfadh an rotharbhealach bóithre áitiúla oiriúnacha chomh fada le Baile Átha Troim agus ar aghaidh chomh fada leis an gCanáil Ríoga ag an Áth Leathan mar bheart eatramhach ar feitheamh bealach easbhóthair trasna tailte talmhaíochta feadh bhruach na habhann

Léarscáil um Ghréasán na mBealaí Glasa

Léirítear ar Léarscáil DGN anseo thíos an Gréasán na mBealaí Glasa atá beartaithe do Mhórlimistéar Uirbeach Bhaile Átha Cliath. (Tá leagan ar mhéid iomlán A3 ar fáil i gCuid 4a den tuarascáil seo).



Léarscáil DGN Gréasán Beartaithe na mBealaí Glasa i Mhórlimistéar Uirbeach Bhaile Átha Cliath (leagan lánmhéid i gCuid 4a)

Tá cúpla nasc nach féarbhealaí iad léirithe i bpríomháiteanna chun nasc laistigh den chuid seo den ghréasán rotharbhealaigh a chríochnú. D'fhéadfaí turais lúbtha a chumadh ag baint úsáide as an ngréasán seo le faid éagsúla.

Tosca um Ghréasán Rotharbhealaigh Áitiúil

Molann an plean seo gréasán rotharbhealaigh ag leibhéal straitéiseach trasna limistéir mhóir staidéir. Déantar talamh slán de gur féidir turais ghearra rothaíochta a dhéanamh laistigh de gach crios. Ba cheart go mbeadh formhór na sráideanna agus bóithre laistigh den na limistéir uirbeacha oiriúnach do chomh-úsáid ag rothaithe agus trácht toisc na gcúinsí íseal-luais agus íseal-mhéid ó thaobh tráchta de, i gcomhréir leis an *Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [National Cycle Manual]*.

Rotharbhealaí go Scoileanna

Tá a lán scoileanna lonnaithe i gcomharsanachtaí le rochtain trí bhóithre agus sráideanna áitiúla, ar féidir leo a bheith oiriúnach, beag nó mór, don rothaíocht ag brath ar na cúinsí áitiúla. Tá Cáilíocht Seirbhíse ard riachtanach ar bhealaí go scoileanna ionas spreagadh a thabhairt don mhéid is féidir daltaí agus foirne rothaíocht a dhéanamh. I gcásanna áirithe seans nach mbeadh rotharbhealach

oiriúnach a théann díreach go dtí an scoil agus bheadh sé riachtanach bonneagar áitiúil a fhorbairt ar nasc-bhealaí nach bhfuil aitheanta ar na léarscáileanna um ghréasáin rothaíochta sa tuarascáil seo.

Naisc Tréscailteachta / Aicearraí

Go traidisiúnta tá tréscailteacht mhaith i mbailte na hÉireann agus limistéir uirbeacha a cheadaíonn do thurais siúil agus rothaíochta a bhíonn díreach agus áisiúil. Le haghaidh blianta fada ó na 1970aidí go deireadh an 20ú haois, áfach, forbraíodh a lán limistéar cónaithe fo-uirbeacha ar bhonn ceallach (cul-de-sac) le nascacht srianta chuig na limistéir máguaird. Cuirtear bóithre dáileacháin ar fáil sna limistéir sin agus iompraíonn siad tromlach na tráchta áitiúla, le raonta rothar bainteach leo curtha ar fáil in a lán cásanna. Sna limistéir sin bíonn turais siúil agus rothaíochta níos faide ná mar is gá agus caitheann siad bealaí gnóthacha tráchta a leanúint, agus mar thoradh air sin bíonn sé de nós ag daoine turais ghearra a dhéanamh sa charr.

Tá sé inmhianaithe an buntáiste a thabhairt ar ais do thurais áitiúla a bheadh á ndéanamh ar an rothar agus ar chos trí sholáthar de naisc tréscailteachta laistigh de chomharsanachtaí. Sa tuarascáil seo aithnítear roinnt nasc ionchasach agus léirítear iad ar na léarscáileanna um ghréasán beartaithe raonta rothar leis an tsiombail "P". In áiteanna áirithe d'fhéadfadh an nasc tréscailteachta an glas a bhaint de rotharbhealach straitéiseach ar féidir leis imeacht ó chonairí gnóthacha tráchta. Is dóchúil go mbeidh níos mó scóipe dá leithéid de naisc tréscailteachta ar cheart iad a aithint trí phleananna um ghréasáin áitiúla raonta rothar mar braitheann mórán den obair orthu.

Tograí Bóthair na Todhchaí

Seans go leanfadh roinnt de na tograí rotharbhealaí, atá á dtaispeáint ar na léarscáileanna gréasáin, bealaí beartaithe do bhóithre sa todhchaí mar atá léirithe ar Phleananna Forbartha na n-údarás áitiúil. Níor cheart go bhfeicfí ar a leithéid de rotharbhealach beartaithe mar fhírinniú ar son an togra bóthair ina iomláine, rud ba cheart é a mheasúnú go neamhspleách de réir na gcritéar cuí.

Gréasáin Rotharbhealaigh i mBailte

Déanann Caibidil 4 cur síos ar na moltaí maidir le gréasáin rotharbhealaigh do na mór-bhailte i ngach ceann de na contaetha tuaithe laistigh de Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.


Rotharbhealaí Idir-Bhailte i gCeantair Thuaithe

Tá an tacar deiridh de thograí rotharbhealaí cuimsithe ag naisc idir bailte thar cheantair thuaithe agus tá cur síos déanta orthu siúd i gCaibidil 4 do gach contae, mar aon le córas uimhrithe bainteach leis le haghaidh éascaíocht tagartha.

Bheadh codanna tuaithe na mbealaí sin, atá iargúlta ó na príomhbhailte (>5km), ag freastal go príomha do rothaíocht aeraíochta ar bhóithre tuaithe, gníomhaíocht fóillíochta atá ag fás go tapa in ainneoin nach bhfuil aitheantas foirmiúil tugtha do rotharbhealaí cuí. In a lán cásanna tá baol nach beag ann do rothaithe ar bhóithre réigiúnacha gnóthacha cúnga, go háirithe ar na príomhbhealaí isteach go bailte.

Faoi 5km go 10km ó na príomhbhailte ba cheart go bhfreastalódh na rotharbhealaí tuaithe ar thurais úsáide rothaíochta ar mhaithe le fostaíocht, oideachas nó cúiseanna eile sóisialta agus tráchtála. I gceantair áirithe tá cnuasaigh de bhailte agus sráidbhailte a ghineann idirghníomhaíocht dhlúth, agus bheifí ag súil le héileamh ionchasach breise ar thurais rothaíochta ar feadh na mbealaí cónaisc.

Tá an chairt thíos bunaithe ar na prionsabail, a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo, agus a bunaíodh i Lámhleabhar Rothaíochta na hÍsiltíre (CROW), iad ag cur in iúl go mbíonn faoi bhun 1000 feithicil sa lá, le meánluas 70 km/h nó níos lú acu, ar bhóthar tuaithe atá oiriúnach don rothaíocht.



Cairt Roghnúcháin i leith Cineál Áis Rothaíochta (bunaithe ar Lámhleabhar CROW na hÍsiltíre)

Go ginearálta roghnaigh an staidéar seo mionbhóithre tuaithe le líon beag tráchtála ar luasanna measarthacha orthu mar rotharbhealaí oiriúnacha ar féidir leo iad a chur chun cinn trí threochomharthaí rothaíochta, cosúil leis na socruithe reatha i moill rothaíochta turasóireachta ar fud na tíre. I gcásanna áirithe d'fhéadfaí go bhfuil roinnt roghanna oiriúnacha i leith an bhealaigh agus bheadh tuilleadh staidéir riachtanach ag an leibhéal áitiúil chun an rogha bealaigh a phiocadh.

Tá an gréasán tuaithe rotharbhealaí cuimsitheach agus nascann sé na bailte ar fad sa limistéar staidéir, chomh maith leis na bailte móra taobh amuigh de theorainn an staidéir amhail Droichead Átha, an Muileann gCearr agus Port Laoise. Déanann na rotharbhealaí tuaithe idirnascaidh leis na gréasáin rothaíochta sna bailte agus leis na féarbhealaí straitéiseacha fadraoin, mar a ndearnadh cur síos orthu níos luaithe.

Ar an drochuair ní féidir gach rotharbhealach a chur ar bhóithre íseal-mhéid íseal-luais de dheasca sriantaí an ghréasáin áitiúil bóithre. Tá sampla idir Cill Droichid agus Claonadh i gContae Chill Dara, áit ina bhfuil an t-aon bhealach atá ar fáil ar an mbóthar réigiúnach an R403 ar feadh píosa, bóthar atá gnóthach agus tapa. I gcásanna mar sin beidh sé riachtanach raon rothar tuaithe a sholáthar le hais chiumhais an bhóthair mar a dhéantar sa Danmhairg, sa Ghearmáin agus tíortha eile na hEorpa. Tá áiseanna rothaíochta mar iad curtha ar fáil ar roinnt de na feabhsúcháin a rinneadh le déanaí ar na bealaí náisiúnta den dara grád i nGaillimh, Maigh Eo agus Dún na nGall mar a léirítear sa sampla seo thíos.



Raon Rothar le hais an N59 ag Bail Uí Fhiacháin, Contae Mhaigh Eo

In áiteanna a moltar bóithre tuaithe mar rotharbhealaí sainithe, seans go mbeadh sé iomchuí bearta a sholáthair ionas sábháilteacht na rothaithe a uasmhéadú. I measc na mbeart ar féidir iad a chur san áireamh tá:

- Comharthaí rabhaidh do thiománaithe faoin dealraitheacht go mbuailfidís le rothaithe;
- Feabhsúcháin infheictheachta ag cora géara trí leathnú a dhéanamh go háitiúil ar chiumhaiseanna; agus
- Luasteorainn speisialta de 60 km/h ar bhóithre níos leithne, bóithre arbh fhéidir leo luasanna níos airde a spreagadh.

Chaithfí measúnú a dhéanamh ar gach bealach chun na saincheisteanna faoi leith maidir le sábháilteacht a aithint.

Gné eile nach mór a chur san áireamh maidir le rotharbhealaí feadh bóithre tuaithe é cáilíocht an dromchla. Ní oireann cóiriú traidisiúnta dromchla le cloichíní móra do rothaíocht – is fearr i bhfad macadam mín. Beidh sé riachtanach, dá réir sin, cur chuige difriúil a glacadh maidir le cothabháil phábháil na mbóithre seo amach anseo d'fhonn a chinntiú gur rotharbhealaí oiriúnacha a bheidh iontu.

2.4. Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Oiriúnach

In éineacht le forbairt an Phlean Gréasán Rothaíochta bhí breithniúchán ar cheisteanna comhshaoil tríd, go háirithe, an bpróiseas um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus tríd an bpróiseas um Measúnacht Chúí ar Threoir maidir le Gnáthóga. Aithníodh tionchair a bheith acu sin, agus nuair ba chúí bearta maolaithe le déileáil leis na saincheisteanna sin (Féach ar Chaibidil 10 de Thuarascáil Timpeallachta SEA Cuid agus Rannán 4.1 den Ráiteas Tionchair Natura (NIS)). Ba cheart a thabhairt faoi deara maidir leis na bearta maolaithe a cuireadh ar fáil sna tuarascálacha sin gur cuireadh le céile iad ar leibhéal straitéiseach agus nach fios go hiomlán fós na sonraí a bhaineann le gach tionscadal díobh. Leanfar ar aghaidh leis an bpróiseas measúnaithe comhshaoil agus le bearta maolaithe níos sainiúla ar leibhéal an láithreáin i rith chéim forbartha an tionscadail le haghaidh scéimeanna aonair atá mar chuid den phlean

Agus an phlean á sheachadadh acu, beidh an tÚdarás, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí ábhartha, ag tabhairt aghaidhe go gníomhach ar an gcosaint agus ar an bhfeabhsú, nuair is praiticiúil, den timpeallacht nádúrtha, tógtha agus stairiúil atá bainteach leis na scéimeanna seo. Beidh na tionscadail a thabharfar ar aghaidh go dtí céim an toiliú forbartha, tacaíthe ag breithmheas timpeallachta, Measúnacht ar Threoir maidir le Gnáthóga agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) nuair is cuí. Tógfar na rotharbhealaí go léir ag féachaint do na caighdeáin deartha infheidhmithe agus rialacháin chomhshaoil agus bearta maolaithe ón Lámhleabhar Náisiúnta um Rothaíocht faoi réir dea-chleachtas agus beidh siad curtha san áireamh i ndearadh agus i dtógáil na scéimeanna sin.

Ní leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile ná leis na húdaráis áitiúla eile, ag cur chun cinn aon scéimeanna atá sa phlean seo, nó i gcomhar le pleananna eile, a mbeadh drochthionchar acu ar shláine shuímh Natura 2000, ach amháin mura bhfuil aon réiteach malartach le fáil; gur léiríodh Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithe (IROPI) chun leanúint leis an tionscadal; agus go bhfuil bearta cúitimh oiriúnacha ceaptha. I ngach cás ina mbeidh tionchar féideartha aitheanta sa phlean, féachfaidh an tÚdarás chun an tionchar a sheachaint trí bhearta maolaithe. Tá bearta maolaithe molta sa Ráiteas Tionchair Natura, agus tá bearta sonracha maidir leis na bealaí féin aibhsithe sa Phlean seo. Is dócha go dtiocfaidh bearta breise chun cinn, ar leibhéal measúnaithe mhionsonraithe chúí an tionscadail, agus déanfar iad sin a chur i bhfeidhm freisin. I gcás scéimeanna a mbeidh tionchair acu nach féidir a mhaolú, agus nár thángthas ar roghanna eile, agus nár léiríodh IROPI, féachfaidh an tÚdarás chun bealaí eile a aimsiú chun freastal ar chuspóirí straitéiseacha an phlean. Tá tuilleadh eolais le fáil sa Ráiteas Tionchair Natura a bhaineann leis an bPlean seo.

2.4.1 Bearta Maolaithe

Tá na bearta maolaithe ginearálta a aithníodh i dTuarascáil Timpeallachta an Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus sa Mheasúnú Cuí (RTN) le fáil sa chuid seo a leanas. Baineann na bearta maolaithe sin leis na bealaí rothaíochta sa phlean agus beidh sé riachtanach iad a chur san áireamh nuair bheidh na bealaí rothaíochta molta sin á bplé ag céim an tionscadail.

Aithníodh bearta maolaithe sonracha freisin do bhealaí áirithe nuair ba ghá é agus tá tagairt do na bearta sin sa chuid seo den phlean. I gcás inar aithníodh go mbeadh tionchar suntasach ag an mbealach atá beartaithe ar shuíomh Natura 2000 atá sainithe ag an Eoraip, tá an suíomh luaite sa tábla mar thagairt. Ar mhaithe le héascaíocht tagartha agus chun go gcuirfear na bearta maolaithe san áireamh i dtionscadail sa todhchaí, tá gach bealach ar gá é a bhreithniú liostaithe sa tábla thall, mar aon le tagairt don chuid ar leith san RTN nó in ER an Mheasúnaithe Straitéisigh Comhshaoil (SEA) áit a

bhfuil cur síos mionsonraithe ar an beart maolaithe. Sna cásanna ina gcuirtear na bealaí sa phlean seo ar aghaidh go céim tionscadail beidh sé riachtanach don údarás iomchuí lena mbaineann an scéal na bearta maolaithe sin a chur i bhfeidhm.

Bearta Maolaithe Ginearálta

Ní thiocfaidh cur i bhfeidhm an Phlean seo salach ar chuspóirí ná ar bheartais chomhshaoil ábhartha na bPleananna Forbartha Contae i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ba cheart na Pleananna Bainistíochta Abhantracha agus Staidéar ar Mheasúnú agus Bainistiú Baol Tuilte i nDobharcheantair (CFRAMS) a chur san áireamh nuair atá bealaí á bhforbairt.

1. Rachfar i gcomhairle leis an tSeirbhís Fiadhúlra Páirceanna Náisiúnta (SPNF) sula ndéanfar aon obair tionscadail ar fhéarbhealaí agus ar a laghad déanfar suirbhé éiceolaíochta agus/nó measúnú tionchair éiceolaíochta ar an mbealach go léir sula roghnófar an bealach faoi dheireadh lena chinntiú go mbeidh an togra indéanta ó thaobh na héiceolaíochta de sula leanfar ar aghaidh níos faide leis. Beidh sé riachtanach na tionscadail a scrúdú freisin ó thaobh riachtanas measúnaithe cuí agus na dtionchair charnacha a bheadh acu a mheas.
2. Ba cheart iniúchadh a dhéanamh maidir le féarbhealaí ar feadh na gcanálacha sula ndéanfar aon fhorbairt lena chinntiú nach mbeadh tionchar acu ar aon ghnáthóg nó speiceas íogair atá ann.
3. Cinnteofar i gcás aon fhéarbhealaigh beartaithe a shínfeadh thar chonairí éiceolaíochta ina bhfuil uiscebhealaí agus línte traenach go dtabharfar aird ar chosaint do bharchúnna (a bhfuil cosaint acu faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus atá liostaithe in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga), ialtóga (a bhfuil cosaint acu faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus atá liostaithe ar Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga), cruidíní (a bhfuil cosaint acu faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus atá liostaithe in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin (Treoir 2009/147 CE)) plandaí a bhfuil cosaint acu faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, speicis agus gnáthóga ar an liosta dearg agus atá liostaithe ar Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga chomh maith le gnáthóga eile atá tábhachtach ó thaobh na bithéagsúlachta
4. Má tharlaíonn sé go n-aithnítear aon Líonraí Glasa atá ann cheana féin laistigh de Phleananna Forbartha Údarás Áitiúil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ba cheart iarracht a dhéanamh maidir leis na féarbhealaí atá beartaithe cur leis na sócmhainní sin trí nasc breise a chruthú agus trí chomhtháthú a dhéanamh orthu, sa chaoi go spreagfaí breis bithéagsúlachta sna limistéir sin. Ní mór na limistéir sin a bhainistiú ar bhealach oiriúnach lena chinntiú nach mbeadh drochthionchar ag féarbhealaí ar shláine an líonra ghlais atá ann.
5. Sa chás nach bhfuil leigheas ar an chaoi go dtarlóidh tuilte ar chonairí áirithe, bainfear leas as an gcleachtas is fearr lena dtógáil agus úsáidfear ábhair a sheasfaidh tuilte rialta agus nach scuabfar isteach sa chúrsa uisce in aice láimhe.
6. Má tharlaíonn sé go mbíonn tógáil talún riachtanach mar chuid d'fhorbairt aon cheann de na bealaí, déanfar é sin ar bhealach a bheidh ag teacht leis na prionsabail maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.
7. Ar mhaithe le hOidhreacht Chultúrtha agus Staire, nuair a bhíonn rotharbhealaí á ndearadh ní mór an timpeallacht máguaird a chur san áireamh má bhíonn gné stairiúil ag baint léi m.sh. Limistéir Chaomhnaithe Ailtireachta nó Struchtúr nó Struchtúir Chosanta atá liostaithe ar Thaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna.
8. Sa chás go molfar bonneagar nua agus go mbeidh obair thógála riachtanach - go fiú laistigh de chúirtealáiste an charrbhealaigh atá ann cheana féin - glactar leis chun críoche an Mheasúnaithe Straitéisigh Comhshaoil seo go gcinnteoidh na modhanna cleachtas is fearr nach ndéanfar aon drochthionchar buan ar limistéir chaomhantais a bhaineann le haibhneacha ná le canálacha i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Baineann sé seo go príomha le haon oibreacha a dhéanfar ar charrbhealaí ag droichid atá thar aibhneacha agus canálacha.
 - a. Forbrófar bearta maolaithe mionsonraithe do gach tionscadal ag céim na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus Measúnachta Treorach Gnáthóige. Féarbhealach na Bóinne: Mar shampla sa tionscadal ó Rampair Dhroichid Átha go hEastát an tSeandroichid aithníodh liosta bearta a raibh sé d'aidhm acu laghdú a dhéanamh ar an ndrochthionchar a bheadh ag an scéim ar chúrsaí comhshaoil maidir le Flóra agus Fána, Truailliú Uisce, Seandálaíocht agus Oidhreacht

Chultúrtha. Tá sraith bearta maolaithe den chineál céanna aitheanta freisin do na féarbhealaí ar feadh Abhainn na Dothra (bealach rothaíochta agus siúil), agus do na hOibreacha Eatramhacha ar Rotharbhealach agus Cosán ó Chill Fhionntain go Cuas an Ghainimh. Glactar leis go n-aithneofar liostaí de bhearta den chineál céanna nuair a chuirfear aon cheann de na féarbhealaí atá sa phlean seo ar aghaidh go céim an iarratais phleanála.

Uimh./Ainm/Cineál an Bhealaigh	Bearta Maolaithe a tógadh ó SEA ER – tá cur síos mionsonraithe i Rannán 10.3 (uimhir an Leathanaigh san áireamh)	Bearta Maolaithe a tógadh ó AA NIS – tá cur síos mionsonraithe i Rannán 4.1 (uimhir an Leathanaigh san áireamh)	An Láithreán Eorpach Sainithe atá i gceist		
P1 Baile Dúill go Mullach Íde, Féarbhealach Oirthearach/	Suímh shainithe (Leathanach 136)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), brú méadaithe cuairteoirí agus uainiú oibreacha tógála ar bith (Leathanach 13 & 14)	Bá Bhaile Dúill	SAC 000199	SPA 004016
1A/N5 Conair an Chósta Thoir Binn Éadair/ Port Mearnóg Mullach Íde Féarbhealach/Bealach Gathach/Baile Átha Cliath tánaisteach	Láithreáin shainithe agus Tírdhreach (Leathanach 135)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), brú méadaithe cuairteoirí, uainiú oibreacha tógála ar bith, breithniú ar áiseanna coimhdeacha agus tionchair in éineacht le LCSanna eile (Leathanaigh 13, 14, 15 & 16)	Bá Bhaile Dúill	SAC 000199	SPA 004016
			Binn Éadair	SAC 000202	
			Bá Thuaidh Bhaile Átha Cliath	SAC 000206	
			Oileán an Bhulla Thuaidh		SPA 004006
Féarbhealach Sheantraibh	Láithreáin shainithe, Speicis Ionracha agus Tírdhreach (leathanach 134)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), brú méadaithe cuairteoirí, breithniú ar áiseanna coimhdeacha agus tionchair in éineacht le LCSanna eile, uainiú oibreacha tógála ar bith agus comharthaí eolais (Leathanaigh 15 & 16)	Bá Thuaidh Bhaile Átha Cliath	SAC 000206	
			Oileán an Bhulla		SPA 004006
RU2 – Bealach bhaile Rois	Láithreán sainithe (leathanach 136)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), brú méadaithe cuairteoirí, breithniú ar áiseanna coimhdeacha agus tionchair in éineacht le LCSanna eile agus uainiú oibreacha tógála ar bith (Leathanaigh 17 & 18)	Inbhear Bhaile Roiséir	SAC 000208	SPA 004015
13E (An Charraig Dhubh go Deilginis) agus 14 An Chonair Chósta Thoir Theas agus Baile Átha Cliath tánaisteach	Láithreáin shainithe, tírdhreach agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 135)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), breithniú ar bhealaí malartacha, díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, tionchair in éineacht le LCSanna eile, uainiú oibreacha tógála ar bith agus breithniú comharthaí eolais (Leathanaigh 18 & 19)	Bá Bhaile Átha Cliath Theas	SAC 000210	
			Bá Bhaile Átha Cliath Theas agus Inbhear Abhainn na Tulchan		SPA 004024
Féarbhealach na Dothra	Láithreáin shainithe, Speicis Ionracha, Tírdhreach, Uisce, Ithir agus Oidhreacht Chultúrtha (leathanach 131 & 132)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), speicis ionracha, comhairliúchán le NPWS ar shoilsiú beartaithe ar bith ar feadh an bhealaigh, agus treoirínte an chleachtais is fearr chun éisc, dobharchúnna agus cáilíocht an uisce a chosaint (Leathanaigh 22 & 23)	Gleann an Smóil	SAC 001209	
D3 Cathair Bhaile Átha Cliath – Idiruirbeach					
D6 Teach Sagard go dtí an Briotás, agus é ag cumasc le D5	Láithreán Sainithe, Tírdhreach agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 136)				
Féarbhealach na Camóige	Bithéagsúlacht, Speicis Ionracha, Uisce				

	(Leathanach 132)				
Féarbhealach na Canálach Móire:	Bithéagsúlacht, Speicis Ionracha, Uisce, Tírdhreach, Oidhreacht Chultúrtha (leathanaigh 132 agus 133)				
Féarbhealach na Canálach Ríoga					
Féarbhealach Charraig Mhaighin	Bithéagsúlacht agus Tírdhreach (Leathanach 133)				
Féarbhealach Abhainn na Life	Bithéagsúlacht, Tírdhreach agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 134)				
Féarbhealach na Tulchan	Láithreáin Shainithe, Speicis Ionracha agus Tírdhreach (Leathanach 134)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), breithniú ar bhealaí malartacha, díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, tionchair in éineacht le LCSanna eile, uainiú oibreacha tógála ar bith agus breithniú comharthaí eolais (Leathanaigh 18 & 19)	Bá Bhaile Átha Cliath Theas agus Inbhear Abhainn na Tulchan		SPA 004024
L1 príomhbhealach	Láithreáin Shainithe agus Bithéagsúlacht (Leathanach 98)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), speicis ionracha, comhairliúchán le NPWS ar shoilsiú beartaithe ar bith ar feadh an bhealaigh, díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí agus treoirínte an chleachtais is fearr chun éisc, dobharchúnna agus cáilíocht an uisce a chosaint (Leathanaigh 23 & 24)	Gleann na Rí /Cartún	SAC 001398	
C7 Bealach friothálach tánaisteach ó Lusca go dtí Ros					
FG1/N5 Baile Dúill go dtí Mullach Íde	Láithreáin shainithe, Tírdhreach, Uisce, Sócmhainní Ábhartha agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 129 & 136)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), brú méadaithe cuairteoirí, breithniú ar áiseanna coimhdeacha, tionchair in éineacht le LCSanna eile, uainiú oibreacha tógála ar bith (Leathanaigh 13, 14, 15, 17 & 18)	Inbhear Mhullach Íde	SAC 000205	SPA 004025
			Inbhear Bhaile Roiséir	SAC 000208	SPA 004015
			Bá Bhaile Dúill	SAC 000199	SPA 004016
FG3 trí Shord	Bithéagsúlacht, Uisce agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 131)				
FG4 Féarbhealach Oirthearach ó Mhullach Íde go Sord	Láithreáin Shainithe, Tírdhreach, Uisce agus Ithir (Leathanach 131)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), brú méadaithe cuairteoirí, breithniú ar áiseanna coimhdeacha agus tionchair in éineacht le LCSanna eile, uainiú oibreacha tógála ar bith agus comharthaí eolais (Leathanaigh 14 & 15)	Inbhear Mhullach Íde	SAC 000205	SPA 004025
M1/N5 Conair Cósta Thoir ó Bhaile Brigín go Droichead Átha	Láithreáin Shainithe, Tírdhreach, Uisce, Ithir, Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 132 & 133)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, breithniú ar áiseanna coimhdeacha agus comhairliúchán le NPWS ar shoilsiú beartaithe ar bith ar feadh an bhealaigh. (Leathanach 25 & 26)	Cósta agus Inbhear na Bóinne	SAC 001957	
			Inbhear na Bóinne		SPA 004080

		(Leathanaigh 26)			
		Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, uainiú oibreacha tógála ar bith agus comharthaí eolais (Leathanaigh 30 & 31)	Inbhear agus Cladach na hAiní		SPA 004158
M2 Bealach idiruirbeach Mhullach Íde	Bealach beartaithe ar an mbóthar atá ann cheana	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, uainiú oibreacha tógála ar bith agus comharthaí eolais (Leathanaigh 30 & 31)	Inbhear agus Cladach na hAiní		SPA 004158
M4 Bealach idiruirbeach ó Dhamhliag go Baile na hInse	Bealach beartaithe ar an mbóthar atá ann cheana	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, uainiú oibreacha tógála ar bith agus comharthaí eolais (Leathanaigh 30 & 31)	Inbhear agus Cladach na hAiní		SPA 004158
M5 Féarbhealach na Bóinne ó Dhoichead Átha go Baile Átha Troim (tríd an Uaimh)	Láithreáin Shainithe, Speicis Ionracha, Tírdhreach, Uisce, Ithir agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 123 & 124)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, tionchair in éineacht le LCSanna eile, uainiú oibreacha tógála ar bith agus comharthaí eolais (Leathanaigh 26)	Inbhear na Bóinne		SPA 004080
		Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), breithniú ar áiseanna coimhdeacha, díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, speicis ionracha agus comhairliúchán le NPWS ar shoilsiú beartaithe ar bith ar feadh an bhealaigh. (Leathanach 27)	Abhainn na Bóinne agus an Uisce Dubh	SAC 002299	SPA 004235
		Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, breithniú ar áiseanna coimhdeacha agus comhairliúchán le NPWS ar shoilsiú beartaithe ar bith ar feadh an bhealaigh. (Leathanach 25 & 26)	Cósta agus Inbhear na Bóinne	SAC 001957	
M6 – An Uaimh go Dún an Rí	Bithéagsúlacht agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 124)				
K10/N10 Collchoill go hÉadan Doire	Bithéagsúlacht, Speicis Ionracha, Tírdhreach, Uisce agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 125 & 126)				
K11/N10 Féarbhealach Canála na Berrú, taobh thiar de Bhaile Riobaird go Baile Átha Í.	Láithreáin shainithe, Bithéagsúlacht, Speicis Ionracha, Tírdhreach, Uisce agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 126 & 127)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), speicis ionracha, comhairliúchán le NPWS ar shoilsiú beartaithe ar bith ar feadh an bhealaigh, díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, measúnú hidrálach atá de dhíth agus treoirlínte an chleachtais is fearr chun éisc, dobharchúnna agus cáilíocht an uisce a chosaint (Leathanaigh 27, 28 & 29)	Abhainn na Bearú agus Abhainn na Feoire	SAC 002162	
K15 Bealach idiruirbeach ón Nás go dtí Mainistir Eimhín	Bealach beartaithe ar an mbóthar atá ann cheana				
Bealach idiruirbeach K20 ó Chill Droichid go Claonadh	Bealach beartaithe ar an mbóthar atá ann cheana				
K12 Taobh Theas d'Fhiodh Alúine go Cill Dara/Droichead Nua (Féarbhealach Friothálach Bhaile an Pholardaigh)	Bithéagsúlacht, Speicis Ionracha, Tírdhreach, Uisce agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 127)				
K13 Na Solláin (tríd an Nás) go hoirthear Dhroichead Nua	Bithéagsúlacht, Speicis Ionracha, Uisce agus Oidhreacht Chultúrtha (Leathanach 127)				

K17 An Nás go dtí tuaisceart Bhealach Conglais	Speicis Ionracha (Leathanach 128)				
W2 Bré – Gleann Crí - Idiruirbeach	Láithreáin shainithe (Leathanach 136)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a) agus díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí (Leathanaigh 19 & 31)	Gleann Bhaile Maine	SAC 000713	SPA 004040
W4 Bré go Cill Mhantáin Idiruirbeach	Bealach beartaithe ar an mbóthar atá ann cheana	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a) agus díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí (Leathanaigh 20 & 29)	Ceann Bhré	SAC 000714	
W6 Baile Átha Cliath Theas go Láithreach	Bealach beartaithe ar an mbóthar atá ann cheana	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a) agus díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí. (Leathanach 31)	Sléibhte Chill Mhantáin	SAC 002249	SPA 004040
W7 An Tóchar go Baile Coimín					
W8 An Tóchar go Láithreach					
W10 Láithreach/Gleann Dá Loch go Baile Coimín	Bealach beartaithe ar an mbóthar atá ann cheana	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a) agus díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí (Leathanach 31)	Taiscumar Pholl an Phúca		SPA 004063
			Sléibhte Chill Mhantáin		SPA 004040
W11/N5 Féarbhealaí Bhré, Idiruirbeach (ar chuid an bhóthair)	Láithreáin Shainithe, Tírdhreach agus Ithir (leathanach 128)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí agus breithniú áiseanna coimhdeacha (Leathanaigh 20, 24 & 25)	Ceann Bhré	SAC 000714	
			Dumhcha agus Eanach Bhoth Chróine–Bhriotáis	SAC 000729	
			Méilte Chill Fhádraig	SAC 001742	
			Dumhcha an Mhachaire Bhig	SAC 001766	
		Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), measúnú hidrálach atá de dhíth agus breithniú comharthaí/cláir eolais (Leathanach 29)	Bogach Mhuirbhig	SAC 002249	
		Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, breithniú comharthaí/cláir eolais agus uainiú oibreacha tógála ar bith (Leathanaigh 29 & 30)	An Mhuiríoch	SPA 004186	
W13 Láithreach go Ráth Droma Idiruirbeach	Láithreáin Sainithe, Bithéagsúlacht, Uisce, Tírdhreach agus Ithir (Leathanach 128)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a) (Leathanach 21)	Gleann an Chláraigh (Coill Ráth Droma)	SAC 000733	
W14 Láithreach go Cillín Chaoimhín Idiruirbeach	Láithreáin Shainithe agus Bithéagsúlacht – Rannán (leathanach 98)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), speicis ionracha, comhairliúchán le NPWS ar shoilsiú beartaithe ar bith ar feadh an bhealaigh, díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, measúnú hidrálach atá de dhíth agus treoirlínte an chleachtais is fearr chun éisc, dobharchúnna agus cáilíocht an uisce a chosaint (Leathanaigh 21 & 22)	Gleann Abhann na Sláine	SAC 000781	
		Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), comharthaíocht beartaithe agus	Sléibhte Chill Mhantáin		SPA 004040

		díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí (Leathanach 31)		
W15 Aughavanagh go hEachroim go Bealach Conglais Idiruirbeach	Láithreáin Shainithe agus Bithéagsúlacht (Leathanach 98)	Díriú ar mheasúnú ar shainleas(anna) cáilitheach(a), speicis ionracha, comhairliúchán le NPWS ar shoilsiú beartaithe ar bith ar feadh an bhealaigh, díriú ar bhrú méadaithe cuairteoirí, measúnú hidrálach atá de dhíth agus treoirlínte an chleachtais is fearr chun éisc, dobharchúnna agus cáilíocht an uisce a chosaint (Leathanaigh 21 & 22)	Gleann Abhann na Sláine	SAC 000781
W16 Féarbhealach ón Droichead Adhmaid go hEachroim ar Líne Iarnróid Eachroma	Láithreáin shainithe agus uisce (Leathanach 129)			
W17 Bealach Conglais go Baile Coimín Idiruirbeach	Bealach beartaithe ar an mbóthar atá ann cheana			

CAIBIDIL 3 GRÉASÁN ROTHÁÍOCHTA LIMISTÉAR CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

3.1. Gréasán Rothaíochta Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath

Soláthraíonn an chuid seo achoimre ar an anailís a rinneadh ar riachtanais an ghréasáin rothaíochta in earnáil lár na cathrach.

Is éard atá i gceist le hEarnáil Lár Chathair Bhaile Átha Cliath ná an limistéar thart ar fháinne na Canálach Ríoga agus na Canálach Móire ar an taobh thuaidh, thoir agus theas. Glactar leis an teorainn thiar mar thart ar 0.5km siar ó líne thuaidh-theas idir Baile Phib agus Crois Araid, agus áirítear ann limistéir cosúil le Pimlico, Sráid Thomáis, Sráid an Mhainéir agus Gráinseach Ghormáin. Is sa limistéar seo atá croí tráchtála na cathrach agus is ann freisin atá formhór na bhfoinsí fostaíochta suite. Níl na limistéir chónaithe atá laistigh d'fháinne na canála níos faide siar san áireamh ann, de bhrí gurb ionann iad seo agus bruachbhailte istigh nach mbíonn mórán turas isteach neamh-áitiúil chomh fada leo i gceist. Ar an lámh eile, tá ceantar na nDugaí a athfhorbraíodh le déanaí ag síneadh beagán i dtreo oirthear fháinne na canála agus é curtha san áireamh in earnáil Lár na Cathrach de bhrí go bhfuil foinsí suntasacha fostaíochta le fáil ann.

Taispeánann Léarscáil E1 i gCuid 2 den tuarascáil seo na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo, leis na sruthanna trácht rothar eisiagh le feiceáil ar Léarscáil DD1 i gCuid 7.

3.1.1 Geataí Tairsí ar na Príomhchonairí Rochtana Gathacha isteach i Lár na Cathrach ón Tuaisceart agus ón Deisceart

Tá leagan amach an ghréasáin sráide agus bóithre i lár na cathrach agus sna bruachbhailte inmheánacha mórthimpeall go mór faoi thionchar ag tíreolaíocht Bhaile Átha Cliath. Mórthimpeall is ea gur ann do 5 shruthchúrsa a shíneann soir siar trasna na cathrach mar seo a leanas:

- (i) **Abha na Life** trí chroílár na cathrach, le 16 droichead bóthair agus coisithe á trasnú a bhfhéadfadh rothaithe úsáid a bhaint astu;
- (ii) **An Chanáil Ríoga** atá mórthimpeall imeall thuaidh lár na cathrach, le 5 dhroichead á trasnú idir Baile Phib agus Fionnradharc;
- (iii) **Abha na Tulchann** suas le 1km ó thuaidh ón gCanáil Ríoga, le 7 ndroichead trácht ghinearálta á trasnú ar na bealaí isteach chun na cathrach;
- (iv) **An Chanáil Mhór** ag imeall theas lár na cathrach, le 8 ndroichead á trasnú idir Crois Araid agus Duga na Canálach Móire;
- (v) **Abha na Dothra** atá thart ar 2km ó dheas ón gCanáil Mhór, le 9 ndroichead trácht ghinearálta trasna na habhann idir Tír an Iúir agus Bóthar na Rinne.

Dá réir sin, ní mór do na bealaí gathacha ó na limistéir bhruachbhailteacha sheachtracha atá ag dul i dtreo lár na cathrach dul thar 2 dhroichead i ndiaidh a chéile, thar abhainn ar dtús agus thar canáil ansin. Tá na pointí iontrála seo isteach i lár na cathrach mar “gheataí” (ar nós na gceann siúd a bhíodh i gcathair a raibh balla thart timpeall uirthi sa mheánaois) ar gá dul tríothu le teacht ar an ngréasán ar an taobh istigh. Ar an mbealach sin, cuireann siad teorainn le roghanna bealaigh agus ciallaíonn siad gur gá don trácht go léir, rothaithe san áireamh, dul trí bhealach caol a chinneann an spás foriomlán agus cáilíocht na seirbhíse do gach modh iompair isteach i lár na cathrach.

Is é an socrú seo is cúis le hiarmhairt shuntasach tonnadóra ar ghréasán bóithre na cathrach áit ina bhfuil líon na bpríomhbhealaí gathacha srianta do 8 mórchonair sna codanna d'oirthear na cathrach ina bhfuil an daonra is mó ag dul trí gheataí tairsí mar seo a leanas (agus mar a léirítear ar Léarscáil N1)

Geataí Tairsí Thuaisceart na Cathrach:


- (i) Bóthar na Trá Thuaidh;
- (ii) Bóthar Dhroim Conrach;
- (iii) Bóthar Gharraithe na Lus / Bóthar na Radharc;
- (iv) Bóthar Chrois Araid;
- (v) Bóthar Ráth Maonais;
- (vi) Bóthar Raghmallach;
- (vii) Bóthar Morehampton; agus
- (viii) Bóthar Northumberland (le dá acomhal de chuid Shráid Bhagóid agus Bhóthar Shíol Bhroin).

Is dírithe ar an 8 gconair seo atá an príomh-éileamh trácht in oirthear na cathrach i dtreo lár na cathrach, agus is fianaise ar an méid sin patrúin na sruthanna trácht rothar mar atá le feiceáil ar Léarscáileanna DD1 agus DD3 i gCuid 3 den tuarascáil seo.

Tá léargas le fáil sa scéimléaráid seo a leanas ar an tslí ina nascann an trácht rothar ó bhealaí friothálacha agus bealaí tánaisteacha isteach ar phríomhbhealach gathach de réir mar a théann sé i dtreo ceann de phointí iontrála na tairsí ar dhroichead fháinne na canála.

Méadaíonn an méid trácht rothaíochta go suntasach ar na príomhbhealaí is cóngaraí do lár na cathrach. Nuair a bhíonn an pointe tairsí trasnaithe, scaipeann an trácht rothar láithreach ar bhealaí éagsúla agus rothaithe ag tabhairt aghaidh ar ionaid atá scaipthe fud fad lár na cathrach.

Faoi láthair laghdaítear an Cháilíocht Seirbhíse ar feadh na bpríomhbhealaí gathacha a chóngaraí do lár na cathrach a bhíonn siad, ainneoin an t-éileamh a bheith ag méadú. Mar shampla, ar Bhóthar Stigh Lorgan tá raon rothar leithscartha ar ardcháilíocht le QoS B istigh chomh fada le Sráidbhaile Dhomhnach Broc. Laghdaíonn cáilíocht an bhealaigh go mór ina dhiaidh sin go dtí QoS D de bhrí go n-athraíonn an bealach agus gurb éard a bhíonn ann ná meascán de lánáí rothar comhairleacha caola agus lánáí bus le líon mór busanna. Is géarfhadhb í seo i soláthar gréasán rotharbhealaí mhealltaigh agus chomhsheasmhaigh atá ag freastal ar éileamh. Mar atá luaite sa Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [*National Cycle Manual*], agus ar aon dul le dea-phrionsabail pleanála iompair, ba chóir go méadódh cáilíocht na háise rothaíochta leis an méadú ar éileamh ar feadh na mbealaí is gnóthaí de réir mar a dhruideann siad gar de mór-cheannphointí amhail imeall lár na cathrach agus nuair a thrasnaíonn siad tródam na canála le dul isteach i limistéar lár na cathrach. Tá cur síos déanta i dtuairiscí na n-earnálacha éagsúla ar na hidirghabhálacha a d'fhéadfá a sheachadadh chun déileáil leis na heasnaimh ar na príomh-rotharbhealaí gathacha.



Scéimléaráid de "Iarmhairt Tonnadóra" ag Bealaí Tairsí na Cathrach

In áiteanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh sé indéanta seachbhealaí a fhorbairt ar feadh na sráideanna ciúine cóngaracha áit a bhfeileann na coinníollacha tráchta d'Ardcháilíocht Seirbhíse. Braithfidh bealaí malartacha dá leithéid ar leanúnachas an ghréasáin sráide cóngaraí comhthreomhar leis na príomhbhóithre gathacha. D'fhéadfadh go mbeadh droichid bhreise ag teastáil trasna na n-aibhneacha agus na gcanálacha chun na bealaí malartacha seo a chríochnú. Níl sé inmholta go ginearálta, áfach, seachbhealach a fhorbairt thar ionaid áitiúla agus sráidbhailte uirbeacha.

Beidh fadhbanna comhchosúla i gceantair fhobhailteacha i lár bailte ina bhfuil spás an bhóthair leithdháilte faoi láthair le haghaidh úsáidí éagsúla amhail páirceáil chónaitheach agus tráchtála, luchtú, agus do lánaí iompair phoiblí.

Dáileadh na Tráchta Rothaíochta thar Limistéar Níos Leithne na Cathrach


Tá dáileadh buaic-am tráchta rothar na maidine mar a bhí ar fud na cathrach agus i dtreo lár na cathrach in 2011 le feiceáil ar Léarscáil Uimh.DD1 i gCuid 3. Is léir ón léarscáil seo go leor tráchta a bheith in oirthear limistéar na cathrach, agus éileamh láidir ar rothair ar an taobh thoir de líne idir Bóthar Shoird san Earnáil Thuaidh-Láir agus Bóthar Chrois Araidh san Earnáil Thiar Theas. Tá seans ann gur mar seo atá mar gheall ar an líon teoranta de phríomhchriosanna fostaíochta i limistéir fho-uirbeacha taobh thoir den líne seo agus traidisiún d'fhostaíocht cathrach. Tá an t-éileamh iompair iomlán (rothaíocht san áireamh) i dtreo lár na cathrach ó iarthar na líne thuasluaite lag agus tá an líon rothaithe sách íseal ar Bhealaí Gathacha 3 go 8, seachas Bealach 5 ó Bhaile Bhlainséir go dtí Páirc an Fhionnuisce.

Mianlínte Rothaíochta i Lár na Cathrach – Buaic-am na Maidine

Tá an t-éileamh rothar ualaithe i dtreo oirthear lár na cathrach agus, go háirithe, chuig ceantar na n-oifigí sa limistéar thoir theas idir Faiche an Choláiste agus Droichead na Dothra. Dhá fhachtóir is cúis leis sin: an comhchruinniú traidisiúnta oifigí sa cheantar Seoirseach theas thart ar Chearnóg Mhuirfean agus Droichead na Dothra; agus an mhórfhorbairt a rinneadh le déanaí thart ar Cheantar na nDugaí chun mórfhoirgnimh oifige a thógáil i gcomhchruinniú atá níos mó ná áit ar bith eile sa chathair.

Tá na patrúin ghinearálta dáileacháin ar fud lár na cathrach le fáil sa tsamhail trácht rothar (ar a bhfuil cur síos déanta i gCaibidil 2). Tá léargas le fáil san íomhá shamplach seo a leanas de bhealach lár na cathrach rothaithe atá ag teacht ón Trá Thuaidh. Léiríonn an léaráid seo go dtagann an chuid is mo rothaithe anoir aduaidh isteach sa chathair, agus iad ag casadh ar chlé i dtreo limistéar na nDugthailte, nó leanann siad ar aghaidh chun an Life a thrasnú ag Teach an Chustaim agus iad ag leanúint ar

aghaidh go dtí limistéar oifigí Chearnóg Mhuirfean. Scaipeann an trácht rothaíochta atá fágtha siar go limistéir Shráid Uí Chonaill agus Fhaiche an Choláiste ar feadh bealaí éagsúla ar shráideanna lár na cathrach.



Dáileadh na Tráchta Rothaíochta ó Bhóthar na Trá Thuaidh go Lár na Cathrach

Mianlínte Rothaíochta i Lár na Cathrach – Amanna Seachbhuaice

Is den tábhacht a lua go bhfuil an mheasúnacht roimhe seo bunaithe ar phatrúin taistil comaitéirí ag buaic-am na maidine bunaithe ar shonraí Dhaonáireamh POWSCAR. Is ionann é seo agus comhchuid amháin den éileamh laethúil atá ar rothaíocht i limistéar lár na cathrach, agus tá claonadh ann i dtreo chomhchruinniú na fostaíochta ar thaobh amháin de lár na cathrach, rud is cúis leis na patrúin éilimh sa treo sin a chlaonadh.

Ar feadh an chuid eile den lá tá dáileadh níos cothroime d'éileamh rothaithe le sonrú ar feadh ghréasán sráide lár na cathrach. Níl an fachtóir seo san áireamh sa tsamhail trácht rothar bunaithe ar shonraí an Daonáirimh, Mar sin féin, soláthraíonn Suirbhéanna Teaghlaigh an ÚNI agus sonraí sreafa an Áiritheora Rothaíochta bonn le haghaidh meastacháin ar na patrúin tráchta rothar seachbhuaice a chuimseodh turais chun críocha siopadóireachta, áineasa agus eile. Beidh na tarraingtí turais cnuasaithe dá réir sin sna príomh-lárionaid tráchtála agus chathartha seachas sna lárionaid fostaíochta agus oideachais mar atá i gceist le trácht rothar bhuaic-ama faoi mar a aithnítear sna sonraí POWSCAR.

Beidh an fachtóir seo ábhartha nuair a bheidh rotharbhealaí oiriúnacha á roghnú sa chuid thiar de lár na cathrach (Teampall Chríost, na Saoirsí, s.r.l.) áit ina bhfuil an trácht feithicle sách ard agus áit ina bhfuil na príomhbhealaí níos caoile ná mar atá in oirthear na cathrach, mar go mbaineann an patrún sráide níos sine leis an tréimhse Mheánaoiseach i gcomparáid leis na sráideanna níos leithne in oirthear na cathrach a tógadh san 18ú agus 19ú haois. Tá bealaí cúl-sráide agus aicearraí trí limistéir chiúine le fáil sa limistéar thiar in aice le Caisleán Bhaile Átha Cliath agus na ceantair máguaird agus seans go mbeadh siad ina mbealaí rothar mealltacha.

Conclúidí um Mianlínte Rotharbhealaigh Lár na Cathrach ó na Geataí Tairsí

I bhfianaise an phlé atá déanta is léir go bhfuil an-éileamh ar rothaíocht i dtreo limistéir thoir agus thoir theas lár na cathrach. Tá léargas tugtha ar an bhfachtóir seo san úsáid atá á baint ag rothaithe as Rotharbhealach Fháinne na Canála idir Portobello ó dheas agus na Cúig Lampaí ar an Trá Thuaidh.

Go dtí seo is ar na príomhbhealaí gathacha isteach go croílár Lár na Cathrach a bhí soláthar na lánaí bus dírithe, lánaí arb é an fheidhm thánaisteach atá leo ná freastal ar rothaithe. Seachas sin is ar éigean go bhfuiltear ag freastal in aon chor ar rothaíocht i lár na cathrach, ar bhonn atá dírithe ar an éileamh dáiríre atá ar rothaíocht.

Tá gá le tuilleadh éagsúlachta i ngréasán rotharbhealaí níos cuimsithí do rothaithe i limistéar lár na cathrach. Ní gá go mbeadh na rotharbhealaí seo ag cloí leis na príomhshráideanna. D'fhonn dul i bhfeidhm go rathúil ar rothaithe, áfach, ní mór go mbeifí in ann aon bhealaí nua atá suite píosa ó na príomhchonairí iompair a aimsiú agus a leanúint gan stró. Is ann do phoitéinseal folaigh do rotharbhealaí nua ardcháilíochta ar chostas cuíosach íseal, seachas treochoimharthaí soiléire agus comhtháite agus soláthairtí tosaíochta ag príomhacmhail nó trasbhealaí sráide.

Geata Tairisí Thuaidh 1: Bóthar na Trá Thuaidh

Tá an tairseach seo ar an rotharbhealach is gnóthaí sa chathair suite ag Acomhal na Cúig Lampaí faoi láthair áit a dtrasnaíonn Bóthar na Trá Thuaidh agus Bealach an Chuarbhóthair Thuaidh ag acomhal gnóthach tráchta. Tá an bealach seo á roinnt le conair ghnóthach busanna áit ina bhfuil Cáilíocht Seirbhíse íseal sna lánaí bus.

I bhfianaise staidéar féidearthachta tá sé molta feabhsuithe do rothaithe a dhéanamh ar Bhealach Gathach 1 do rothaithe, feabhsuithe atá comhoiriúnach leis na lánaí bus mar seo a leanas:

- Sráid Amiens: raonta rothar leithscartha 2m ar leithead ar gach taobh le QoS A, mar aon le geata bus ag an droichead iarnróid;
- Bóthar na Trá Thuaidh: uasghrádú suntasach ar raon rothar déthreo ar feadh an oirthir ó acomhal na Cúig Lampaí go Páirc Fhionnradhairc. Éileoidh sé seo aistriú oiriúnach do rothaithe amach chun trasnú chuig an taobh thoir.

Casann aon tríú den trácht rothar a théann isteach sa chathair ag tairseach na Cúig Lampaí i dtreo an oirthir chuig cheantar na nDugaí trí Phlás Seville. Tá leithead an bhóthair ar an taobh seo den tsráid teoranta. Faoi réir tuilleadh measúnaithe, tá sé beartaithe go bhféadfadh an príomh-rotharbhealach gathach Uimh. 1 seachbhealach a úsáid ar feadh na Canálach Ríoga ó Dhroichead Newcomen chomh fada le Duga Spencer.

Geata Tairisí Thuaidh 2: Bóthar Dhroim Conrach / Sráid Dorset

Is é seo an príomhbhealach rochtana isteach sa chathair ón tuaisceart agus ón aerfort agus freastalaíonn sé ar 3 phríomhchonair nua, a bhfuil sé beartaithe cheana iad a uasghrádú go caighdeán Bus Gasta (BRT). I láthair na huair, tá lánaí bus gnóthacha á roinnt leis na rothaithe agus, dá thoradh sin, níl an Cháilíocht Seirbhíse go maith. Bheadh sé inmholta go mbeadh raonta rothar leithscartha idir 2m agus 2.5m ar leithead ar an mbealach seo chun an QoS a fheabhsú ó leibhéal D go A. D'éileodh a leithéid d'athruithe ar an tsráid seo lána tráchta a scriosadh i ngach treo, cé gur indéanta é chomh fada isteach le hacomhal Shráid an Teampaill, d'fhéadfaí impleachtaí suntasacha a bheith aige ar mhodhanna mótaríompair. D'fhéadfaidh deacrachtaí a bheith ag baint le Cáilíocht Seirbhíse ard a sholáthar do rothaithe ó dheas ó acomhal Bhóthar Chluain Life áit ina bhfuil an tsráid i bhfad níos caoile.

Casann formhór den trácht rothar a théann isteach i lár na cathrach ar feadh Bhealach Gathach 2 ó Dhroim Conrach ar chlé d'fhonn dul i dtreo an oirdheiscirt ag Bóthar Belvedere, Sráid Ghairdinéir nó Sráid Fhreidric Thuaidh. Foin mblain 2021, meastar go méadóidh buaicthrácht rothar na maidine ar feadh Bhealach Gathach 2 ag trasbhealach na Canálach Ríoga go 1,500 rothaí, a mbeidh 900 díobh ag dul i dtreo an deiscirt agus an oirdheiscirt trasna lár na cathrach.

Tá scóip ann chun an trácht rothar atá ag casadh ar chlé a chomhdhlúthú ar feadh nascbhealach singil chuig oirthear Shráid Dorset, rud a laghdóidh an trácht atá ag leanúint ar feadh Shráid Dorset áit ina bhfuil spás bóithre gann ag teastáil don líon ard seirbhíse bus ar feadh na príomhchonaire iompair seo


de MLB Shoid. Cé go bhfuil sé beartaithe go bhfuil Sráid Dorset mar chuid den príomh-ghréasán, dúshlán a bheidh ann an Cháilíocht Seirbhíse a ardú do rothaithe níos airde ná leibhéal C.

Bealach malartach a d'fhéadfadh a bheith ann ná dul ar mhalairt treo soir ar feadh Bhóthar Chluain Life agus cas ó dheas ar feadh Bhóthar Mhic Sheoin thar Páirc an Chrócaigh chun dul isteach chuig limistéar lár na cathrach amuigh ó na srianta atá ar Bhóthar Dhroim Conrach Íochtarach agus ar Shráid Dorset. Tá na sráideanna seo sách leathan do raonta rothar leithscartha agus páirceáil sráide áit ar gá.




Rotharbhealach Malartach ó Bhóthar Dhroim Conrach go Cearnóg Mhuinseo

D'fhéadfaí an seach-rotharbhealach seo trí Bhóthar Chluain Life a leathnú trí rotharbhealach nua ó Bhóthar Chluain Life go Bóthar Páirc na nGrás trasna Abha na Tulchann ag Bóthar Richmond. Chiallóidh sé seo go mbeadh rothaithe drogallach roimh rioscaí in ann Bealach Gathach 2 Bhóthar Shoid, atá gnóthach go maith, a sheachaint agus Bealach 2B a leanúint.



Nasc Molta Abha na Tulchann ó Bhóthar Pháirc na nGrás go Bóthar Chluain Life



Seachbhealach Bhruach na Canálach Ríoga ag Baile Phib

Geata Tairsí Thuaidh 3: Baile Phib

Níl na coinníollacha do gach úsáideoir bóithre i Sráidbhaile Bhaile Phib agus ag Cúinne Doyle ar an gCuarbhóthar Thuaidh go maith mar nach bhfuil ach spás teoranta bóthair agus colbha ar fáil. Ag an 'ball brú tráchta' seo tá go leor iomaíochta ann do spás bóthair idir busanna, trácht ginearálta ar na príomhbhealaí trasnaithe gathacha agus cuarbhealaí, rothaithe agus líon mór coisithe sa sráidbhaile uirbeach gnóthach seo. Níl aon lánaí bus nó lánaí rothar tríd an acomhal áit ina bhfuil an spás bóthair roinnte in dhá lána chúnaga tráchta ar gach taobh.

Is é an rogha atá molta don phríomh-rotharbhealach, a bheidh ag freastal ar bhruachbhailte móra Ghlas Naíon, Bhaile Munna agus Fionnghlas, atá ag druidim le pointe iontrála Thairseach 3 isteach i lár na cathrach ná Sráidbhaile Bhaile Phib agus acomhal Chúinne Doyle a sheachaint ar fad. Ar an dea-uair, tá bealach malartach fíor-oiriúnach san oirthear ar feadh Bhruach na Canálach Ríoga. Tá an iarchanáil líonta isteach anois agus tá sí ag feidhmiú mar pháirc bheag líneach don phobal áitiúil. Féadfar rotharbhealach a fhorbairt ar feadh na páirce, agus d'fhéadfadh sé seo freastal ar Phríomhbhealach Thairseach 3 isteach i lár na cathrach trí Shráid Bhaile Coimín go Cearnóg Parnell agus Sráid Uí Chonaill. Mar chuid den bhealach seo, beidh gá le nasc áitiúla ghréasáin le lígean do rothaithe teacht ar Bhaile Phib agus ar chriosanna áitiúla taobh thiar de Bhóthar Bhaile Phib.


Sholáthródh an bealach seo Cáilíocht Seirbhíse ard don líon réamh-mheasta de 1,400 rothaí i mbuaic-am na maidine in 2021.

Beidh sé riachtanach an córas Gíorálaigh ag Cúinne Hart ar an gCanáil Ríoga ó thuaidh ó Dhroichead na gCrosghunnaí ag acomhal Bhóthar na Radharc, Bóthar Fhionnghlaise agus Bóthar Gharraithe na Lus a fheabhsú do rothaithe agus ba chóir go n-áireofaí measúnú ar an scóip do rothaíocht in aghaidh an tsrutha a cheadú ar na bealaí díreacha a áireamh i staidéar féidearthachta.

Geata Tairsí Theas 4: Droichead Chrois Araid

Tá an tairseach seo suite ar Phríomhbhealach Gathach Uimh. 9 ó Thamhlacht, Teach Mealóg, Tír an Iúir agus Crois Araid. Níl an bealach isteach ón gCamaigh ar Phríomhbhealach 9A go maith do rothaithe ar feadh 3km ó dheas de Bhóithre Chrois Chamaí (KCR) go dtí an Chanáil Mhór agus níl aon scóip dáiríre ann chun an áit a fheabhsú ó tharla srian a bheith ar leithead an bhóthair.

Is ionann an rotharbhealach ardcháilíochta atá molta don tairseach seo agus an poitéinseal d'Fhéarbhealach Abha an Phoitéil comhthreomhar leis an mbóthar chuig an iarthar. Tá cur síos déanta ar an togra seo i gCuid 3.6 don Earnáil Thiar Theas. D'fhéadfaí an Príomh-rotharbhealach ón gCamaigh, Teach Mealóg, na Glaschnoic agus Tamhlacht a threorú ar feadh bhealach Abha an Phoitéil agus glan ó Bhóthar Chamaí. D'fhéadfaí bealach na habhann seo a thabhairt an bealach ar fad go dtí an Chanáil Mhór thar reilig Chnocán Iaróm agus thar roinnt áitreabh gan mórán dochar a dhéanamh.



Féarbhealach Féideartha Abha an Phoitéil ag Crois Araild

Beidh sé riachtanach acomhal dhroichead Chrois Araild a fheabhsú do rotháíocht; lena n-áirítear, *inter alia*, droichead comhthreomhar os cionn na Canálach Móire do rothaithe ag Droichead Chrois Araild chun dóthain spáis a sholáthar trí sheachbhealach a fhorbairt ag an srian eiseach ar an droichead bóthair ionas gur féidir casadh ar chlé isteach ar rotharbhealach na canála.

Geata Tairsí Theas 5: Bóthar Ráth Maonais / Bóthar Portobello

Áirítear é seo ar cheann de na rotharbhealaí is gnóthaí sa chathair áit a mbíonn éileamh eiseach de 760 ag buaic-am na maidine, agus meastar go méadófar an figiúr sin go 2,600 in 2021. Braitheann na coinníollacha do rothaithe ar feadh Bhóthar Ráth Maonais ag tréimhsí éagsúla i rith an lae agus bunaithe ar an leibhéal gníomhaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann, agus tá scór C um Cháilíocht Seirbhíse luaite leis an mbealach. Bheadh deacrachtaí ag baint le rotharbhealach leithscartha ardcháilíochta a lorg ar feadh Bhóthar Ráth Maonais mar nach mór don tsráid freastal ar raon leathan gníomhaíochtaí eile. Rogha chiallmhar í síneadh a chur leis an socrú eiseach ar Bhóthar Ráth Garbh, ar a bhfuil lána bus isteach, lána rothar amach agus dhá lána tráchta ginearálta. Ba chóir freastal ar rothaithe atá ag dul ó dheas trí áiseanna in aghaidh an tsrutha a sholáthar ar feadh iarthar an ghíorálaigh tráchta ag Sráid Camden Uachtarach, seachas iad a chur ar mhalairt treo trí Bhealach Charlotte go Sráid Fhearchair agus Bóthair Fhearchair.

Tá bealach malartach ar fáil freisin ar feadh Bhóthar Phámar agus Ascaill an Chnocáin Aoibhinn chuig an oirthear a d'fhéadfaí a úsáid chun Cáilíocht Seirbhíse níos airde a sholáthar agus chun cuid den trácht rothaithe a chur ar mhalairt treo chun Bóthar Ráth Maonais a sheachaint. Ba chóir treochoimharthaí rotháíochta a sholáthar chun úsáid an bhealaigh seo a spreagadh. Chomh maith leis sin, ba chóir an Chanáil Mhór agus Droichead Portobello a fheabhsú chun gluaiseachtaí casta níos éasca a éascú.

Geata Tairsí Theas 6: Bóthar Ragnallach / Droichead Charlemont

Tá Droichead Charlemont suite 280m saoi ó Dhroichead Portobello agus iompraíonn sé Príomh-Rotharbhealach Gathach 11 ó Ragnallach isteach chuig lár na cathrach áit a nascann sé le Bealach Gathach 10 ó Ráth Maonais go gíorálach Bhealach Charlotte. Tá naisc choiteanna ar aghaidh ag an dá bhealach isteach go croílár lár na cathrach.

Tá an príomhnasc idir trasbhealach na Canálach Móire agus bealach Shráid Fhearchair chuig Faiche Stiabhna suite ar feadh Shráid Charlemont. Is sráid leathan í seo agus faoi láthair tá lána tráchta amháin ag dul sa dá threo ann, lána bus páirtaimseartha ó thuaidh, lánaí rothar comhairleacha, agus páirceáil ar chuid den tsráid. Tá scór D luaite leis an gCáilíocht Seirbhíse do rothaithe faoi láthair, de bhrí gur minic go mbíonn gluasteáin páirceáilte sna lánaí rothar comhairleacha. Tá ceisteanna curtha maidir le luach an lána bus ar an tsráid seo mar go bhfreastalaíonn sé ar mhionbhealach bus a bhfuil seirbhís iarnróid éadroim Líne Ghlas an Luas anois ag freastal air freisin. D'fhéadfaí raonta rothar leithscartha a sholáthar ar feadh an bhealaigh seo ó Ragnallach agus thar Droichead Charlemont áit ina bhfuil 3 lána tráchta ach dhéanfadh 2 lána tráchta an beart. Ba chóir go mbeadh na raonta rothar seo nasctha le Sráid Fhearchair agus le Sráid Camden trí leagan amach athbhreithnithe tráchta ag Gíorálach Bhealach Charlotte chun rotháíocht déthreo a sholáthar ar gach taobh.



Sráid Charlemont: Raonta rothar leithscartha le soláthar

Geata Tairsí Theas 7: Droichead Shráid Líosain

Tá éagsúlacht idir Príomh-Rotharbhealach Gathach 12 ag Sráid Líosain agus na tairsí eile san iarthar sa mhéid is go bhfuil an bealach isteach ailínithe níos díri leis na mianlínite atá ag dul i dtreo lár na cathrach. Tá gluaiseacht láidir casta i dtreo an oirthir fós le sonrú ar feadh na Canálach Móire i dtreo na bpríomhcheantar oifigí, ach as measc na rothaithe eile a théann i dtreo na cathrach, is ag iarraidh dul i dtreo cheantar Fhaiche Stiabhna a bhíonn formhór na rothaithe ag dul. Fianaise é seo gur chóir díriú ar sholáthar rotharbhealach ardcháilíochta ar feadh Shráid Líosain.

Tá Droichead Shráid Líosain an-chaol i dtéarmaí soláthair do rothaithe agus do choisithe. Tá an spás bóithre idir colbhaí leithdháilte ar 3 lána tráchta ó thuaidh agus 2 lána tráchta ó dheas atá roinnte le busanna. Freastlaíonn an socrú seo ar riachtanais tráchta ag an mórachomhal le Plás Mhic Liam agus Bóthar Adelaide ar Bhealach an Chuarbhóthair Theas díreach ó thuaidh ón droichead. Tá lánaí rothar comhairleacha an-chaol á soláthar do rothaithe laistigh de na lánaí tráchta ar thaobh na láimhe clé. Níl an leagan amach seo athraithe chun freastal ar an ngluaiseacht chasta throm i dtreo Bhealach Rothar Nua na Canálach Móire (SO1). Chomh maith leis sin, tá na colbhaí chaol don líon ollmhór coisithe. Tá sé riachtanach feabhas suntasach a dhéanamh ar na háiseanna do rothaithe agus do choisithe ag an droichead seo.

Tá srianta casta ag an droichead seo atá ag eascirt as príomhphíobán uisce atá lasmuigh de na huchtballaí ar an dá thaobh agus mar gheall ar chóngaracht gheata loic na canála in aghaidh an tsrutha, ar an taobh thiar. Seo a leanas feabhsuithe praiticiúla a d'fhéadfaí a chur san áireamh ag an mórachomhal seo:

- (a) Athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach na lánaí tráchta agus bus ar an droichead mar chuid de chóras athmheasta foriomlán cúrsaíochta tráchta, ina ndéanfar freastal do choisithe agus rothaithe go hiomlán leis na socruithe athmheasta.

- (b) Droichead coisithe 4m nó 5m ar leithead a fheistiú ar an uchtbhalla thiar agus áirse a thógáil os cionn ghéaga an gheata loic. Bheadh na rothaithe atá ag dul ó thuaidh agus ag casadh ar dheis agus ar mian leo casadh bosca a dhéanamh chun dul ar an rotharbhealach ó thuaidh ón gcanáil in ann an droichead seo a úsáid.
- (c) Droichead 4m nó 5m ar leithead do choisithe agus do rothaithe ar aghaidh thoir, le sruth an droichid chun deis a thabhairt do rothaithe Bóthar Mespil a thrasnú (agus Bóthar Sussex b'fhéidir chun seachbhealach a fhorbairt thart ar chúinne casta an rotharbhealaigh ó dheas thar theach tábhairne an Leeson Lounge). Tá neart spáis ann don droichead nua seo a mbeadh an glanspás ingearach is gá os cionn na canála aige.
- (d) Na colbhaí atá ar an droichead cheana féin a athrú go raonta rothar agus iad a leathnú go lánaí tráchta chun leithead oiriúnach 2m ar a laghad a chruthú. (B'fhéidir go mbeadh sé inmhiannaithe an rotharbhealach ó dheas a chur ar mhalairt treo ón droichead bóthair agus i dtreo droichead nua ar leith mar atá molta thuas).
- (e) Nasc rothar ó dheas a sholáthar chuig Páirc Líosain agus ar aghaidh chuig Ragnallach do bhrainte Bhealach Gathach 11A. San áireamh anseo bheadh raon rothar gairid in aghaidh an tsrutha ar Shráid Líosain Uachtarach agus fáil réidh le roinnt spásanna páirceála sráide.



Droichead Shráid Líosain – An taobh thiar

Geata Tairsí Theas 8: Droichead Shráid an Mhóta (nó Droichead na Dothra)

I ndáiríre tá an tairseach seo ar Phríomhbhealach Gathach 13 níos faide ó dheas ag Droichead na Dothra ar thrasbhealach na Dothra áit ina bhfuil formhór na mbealaí isteach á dtreorú trí chaolas tráchta. Tá níos mó solúbthachta sa ghréasán sráide ar an mbealach isteach thoir theas chuig lár na cathrach agus tá 4 pointe iontrála ionchais luaite le Rotharbhealach 13:

- (a) Bóthar Northumberland / Sráid an Mhóta ar an mbealach is díri chuig Cearnóg Mhuirfean agus croílár lár na cathrach;
- (b) Bóthar Pheambróg agus droichead Shráid Bhagóid i dtreo Fhaiche Stiabhna agus trasna deisceart lár na cathrach;
- (c) Bóthar Shíol Bhroin agus Droichead Shráid na Canálach Móire i dtreo Cheantar na nDugaí theas; agus
- (d) Bóthar na Rinne agus Sráid an Phiarsaigh ar an mbealach cósta ag Muirfin.

Cabhraíonn an raon roghanna seo chun trácht rothaithe a leathnú agus an comhchruinniú tráchta ar na droichid chanála trasnála ag dul isteach sa chathair a laghdú.

Tá éileamh breise trácht rothar ar Dhroichead na Dothra ón mBealach Gathach SO3 ar feadh chonair na Dothra trí Bhóthar Anglesea agus Páirc Hoirbeaird i dtreo cheantair oifige Bhaile Átha Cliath 2 agus

4. Ó thuaidh ó thrasbhealach na Dothra, tá níos mó roghanna bealaí ar fáil do rothaithe a thosaíonn ag dul treonna éagsúla ag Bóthar Shíol Bhroin chuig an oirthear agus Bóthar Pheambróg chuig an iarthar.

Seo a leanas na háiseanna rothaíochta feabhsaithe atá luaite le gach fopointe iontrála tairsí do Bhealach 13:

- (a) Droichead Shráid an Mhóta (Bealach 13): Níl an rotharbhealach comhairleach ó thuaidh oiriúnach, ó tharla go bhfuil busanna agus feithiclí a chasann treoanna éagsúla ag cur isteach ar rothaithe. D'fhéadfaí é seo a uasghrádú go raon rothar leithscartha a nascfaidh isteach leis an raon rothar gathach ar an gCanáil Mhór. Tá barraíocht spás bóithre ar an taobh theas den bhóthar os cionn dhroichead na canála a d'fhéadfaí a úsáid do raonta rothar leithscartha, agus geata bus in aghaidh an tsrutha ar Shráid an Mhóta b'fhéidir.
- (b) Droichead Shráid Bhagóid (Bealach 13A): An bóthar a chúngú le freastal ar raonta rothar.
- (c) Droichead Shráid na Canálach Móire (Bealach 13B): Raon rothar siar a sholáthar chun cur leis an raon rothar soir a suiteáladh le déanaí. An bealach isteach a laghdú go lána tráchta amháin dá réir.
- (d) Droichead Bhóthar na Rinne (Bealach 13E): Droichead nua do choisithe agus do rothaithe a sholáthar lasmuigh d'uchtbhallaí an droichid dhronnaigh thar Abha na Dothra agus na lánaí tráchta ar na bealaí isteach a chaolú chun freastal ar na lánaí rothar. Is beag úsáide a baintear as na lánaí bus thar dhroichead na canála agus soláthraíonn siad Cáilíocht Seirbhíse sách maith do rothaithe.

Bealaí Rochtana an Iarthair

Tá an t-éileamh trácht rothar réasúnta lag ag iarthar lár na cathrach mar gheall ar na cúiseanna a ndearnadh cur síos orthu níos túsce. Tugtar an t-éileamh seo faoi deara ag imeall lár na cathrach agus leathnaíonn sé ar feadh 4 príomhphointe rochtana ar Phríomhbhealaí Gathacha 4 go 8 (le Bealaí 5 & 6 á roinnt). I bhformhór na gcásanna, ní ann d'aon bhac fisiceach a bheadh mar chúis le comhchruinniú trácht rothar ag pointí tairsí ar leith ag bealach isteach an iarthair chuig ceantar lár na cathrach. Go deimhin, tá roinnt bealaí rochtana féideartha ag rothaithe atá ag teacht chuig lár na cathrach ón iarthar a chiallaíonn gur féidir leo bealaí éagsúla a roghnú ag pointí éagsúla agus nach bhfuil siad teoranta cosúil le rothaithe atá ag teacht ó thuaisceart nó ó dheisceart na cathrach.

Tá an gréasán beartaithe rothaíochta le haghaidh na coda seo den chathair tar éis roinnt sráideanna ciúine oiriúnacha a aithint le haghaidh bealaí rothaíochta atá nasctha le, agus atá ar fud lár na cathrach, ach a ligeann do rothaithe nach maith leo rioscaí na bealaí tráchta agus aomhail is gnóthaí a sheachaint, amhail an tSráid Ard ag Ardeaglais Chríost.

3.1.2 Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath – Comhthéacs do Ghréasán an Rotharbhealaigh

In earnáil lár na cathrach tá roinnt mhaith iomaíochta ann do spás bóithre ó tharla modhanna iompair éagsúla a bheith in úsáid - busanna, iarnród éadrom, gluasteáin, trucaí, rothair agus coisithe. Níl an leithead cuí ach sna sráideanna is leithne chun spás oiriúnach a sholáthar do na modhanna seo ar fad. Mar shampla tá Sráid Westmoreland. Ar fhorhór na sráideanna, ní mór roghanna a dhéanamh maidir leis an modh iompair ar chóir tús áite a thabhairt dó, más ann dá leithéid, nó na modhanna nach mór dóibh an spás a roinnt leo le linn dóibh a bheith ag taisteal ag luas íseal oiriúnach.

Conairí Bus:

Teastaíonn lánaí bus tiomnaithe ó phríomhchonairí bus ag druidim leis an gcathair ionas go mbeidh iompar poiblí ardlinn, sciobtha agus iontaofa á sholáthar ag an modh iompair a thugann faoin líon is mó turas comaitéirí. Go traidisiúnta, bhí na conairí bus seo ag freastal ar rothaithe freisin laistigh de lánaí bus roinnte i lár na cathrach agus sna bruachbhailte isteach. De réir mar a d'fhorbair agus a leathnaigh an Gréasán Bus, tháinig méadú suntasach ar líon na mbusanna ar na conairí isteach agus éilíonn a riachtanas siúd luas níos airde chun amanna maithe turais a chinntiú. Anuas air sin, agus líon mór

tacsaithe ann, tá cuid mhaith lánaí bus chomh gnóthach agus neamhtharraingteach le lána tráchta ar bith eile ó thaobh rothaíochta de. Tá roinnt féidearthachtaí malartacha do rotharbhealaí a sheachnaíonn conairí gnóthacha bus luaite sa tuarascáil seo.

Trambhealaí an Iarnróid Éadrom:

Go hidéalach, bheadh an t-iarnród éadrom leithscartha ó rothaithe. Is ann don ghréasán beartaithe de rotharbhealaí saincheaptha chun cóngarach leis na bealaí iarnróid éadrom (eiseacha agus beartaithe) a laghdú. In áiteanna áirithe i lár na cathrach, áfach, fianaise í an easpa bealaí malartacha inmharthana go mbeidh sé riachtanach iarnród éadrom agus rothair a úsáid ar an tsráid. Tá líne nua an Luas Traschathrach ag teacht le cuid de na príomh-mhianlínte thuaidh-theas agus soir-siar trí chroílár lár na cathrach. Ainneoin an chuma a bheith ar an scéal spás sráide a bheith ann do rothaithe ionas nach gá a bheith ag rothaíocht taobh le nó os cionn na raonta iarnróid éadrom, beidh caolais bóthair/colbha ann dála Sráid Nassau, Sráid Grafton Íochtarach agus Cearnóg Parnell Thoir, áit ina mbeidh rothair, iarnród éadrom agus feithiclí eile ag úsáid na sráide céanna.

Tá comhairligh coimisiúnaithe ag an ÚNI chun réitigh theicniúla a mholadh (lena n-áirítear infreastruchtúr dromchla atá in úsáid i gcathracha eile) chun leagan amach sráide a sholáthar atá sábháilte d'iarnród éadrom, iompar poiblí eile, agus rothaithe. Murar féidir teacht ar aon réiteach inghlactha, breathnófar arís ar an ngréasán rothar don chathair, chun rothaithe a threorú ó na codanna deacra d'iarnród éadrom.

Léiríonn an grianghraf seo a leanas sampla d'úsáid roinnte á baint as sráid chiúin ag tramanna agus rothair sa Fhrainc.



Rothaithe ar Shráid Tramanna in Bordeaux, an Fhrainc

Príomhbhealaí Cúrsaíochta Tráchta:

Laistigh de lár na cathrach tá roinnt príomhbhealaí cúrsaíochta tráchta a chuireann srian ar áiseanna do rothaithe iontu mar gheall ar leithdháileadh spás bóithre do thrácht ginearálta. Ina measc seo áirítear:

- Cuarbhealach Tráchta Seachtraí: an Cuarbhóthar Thuaidh / Rae Portland / Plás Seville / Droichead Samuel Beckett / Sráid Uí Mhaicín / Sráid Mhic Liam / Bóthar Adelaide / an Cuarbhóthar Theas;
- Bealach an Imill Thiar: Sráid Chlann Bhreasail / Sráid Phádraig / an tSráid Ard / Sráid an Droichid / Droichead an Athar Maitiú / Sráid an Teampaill / Cnoc an Bhunreachta / Bóthar Bhaile Phib;
- Bealach Tadhlaí Inmheánaí Thuaidh: Sráid Dorset / Sráid Bolton / Sráid an Rí Thuaidh / Gíorálach Shráid na Banríona-Phlás Blackhall;
- Bealach Tadhlaí Inmheánaí Theas: Sráid Líosain / Faiche Stiabhna Theas / Sráid Cuffe / Sráid Chaoimhín;

- Bealach an Imill Thoir: Sráid Amiens / Plás Beresford / Droichead Cuimhneacháin & Droichead na Comhdhála / Sráid Chnoc na Lobhar & Sráid an Phiarsaigh / Sráid Holles; agus
- Bealach Soir-Siar Chéanna na Life.

Bhainfeadh deacrachtaí le hArdcháilíocht Seirbhíse do rothaithe ar na príomhbhealaí tráchta ar fad (dá réir sin, tá sé inmhianaithe sráideanna malartacha a aithint do rotharbhealaí áit ar féidir chun freastal ar rothaithe drogallach roimh rioscaí). Is dócha gurb é QoS Leibhéal C an méid is féidir a sholáthar ar príomhshráideanna dá leithéid. Bheadh lána rothar éigeantaigh 1.75m ar leithead san áireamh ann.

Bealaí Malartacha do Rothaithe ar Shráideanna Ciúine:

Soláthraíonn an córas Cill Timpeallachta Tráchta sráideanna ciúine atá oiriúnach do rothaíocht chomhtháite gan gá le háiseanna rothaíochta leithscartha. Is sampla é an grianghraf seo a leanas de nasc idir dhá chill tráchta ag Sráid Scabhat na dTarbh go Lána Hanover a thrasnaíonn Sráid Phádraig, sráid ghnóthach, díreach ó thuaidh d'Ard-Eaglais Phádraig. Ciallaíonn an t-aicearra seo gur féidir le rothaithe an t-acomhal fíorghnóthach ag Ardeaglais Theampall Chríost a sheachaint agus a mbealach a dhéanamh ó Shráid Thomáis go ceantar Shráid Sheoirse trí Shráid San Proinsias.



Nasc Shráid Scabhat na dTarbh go Lána Hanover – trí áirse i gcúl an phictiúir: sampla de rotharbhealach a sheachnaíonn na príomhshráideanna tráchta

Limistéir Choisithe:

Ag roinnt príomhionad laistigh de lár na cathrach tá blocanna suntasacha sráideanna do choisithe amháin cóngarach do na príomhcheantair siopadóireachta, eadhon ceantar Shráid Anraí ó thuaidh agus ceantar Shráid Grafton ó dheas. Ainneoin gur ann do mhianlínte rotharbhealaí ar mian leo na ceantair seo a thrasnú, níl sé oiriúnach na príomh-rotharbhealaí a threorú trasna na gceantar seo do choisithe amháin áit ina mbeadh coinbhleacht shuntasach. Féadfar rotharbhealaí a threorú ar feadh imeall na limistéar seo seachas trasna orthu, agus limistéir páirceála rothar a sholáthar ag na himill.


Buntáistí le Baint na Srianá Sráide Aontreo:

Tá roinnt mhaith sráideanna aontreo ann arb é an aidhm atá leo cúrsaíocht tráchta gan stró a éascú. Ní chun tairbhe rothaithe na gcóras sráide seo ó tharla go n-eascraíonn turais níos faide astu, go gcruthaíonn siad sráideanna tapa il-lána nach furasta a thrasnú nó taisteal orthu agus a bhfuil aomhail chasta a bhfuil amanna fada comharthaíochta do rothair luaite leo. Tá léargas le fáil san íomhá seo a leanas ar an mbuntáiste a bheadh le baint ag rothaithe as córas sráide déthreo neamhsrianta. Is ionann na línte glasa agus na háiteanna ina méadódh an líon rothar agus is ionann na línte dearga agus na háiteanna ina laghdódh an líon rothar, agus tá an scála á léiriú trí thiús na líne. Is ionann an anailís seo agus cás soiléir chun rotharbhealaí in aghaidh an tsrutha a sholáthar ar shráideanna

aontreo agus ina mbeadh turais rothar níos giorra mar thoradh leo. Fiú amháin sa chás go bhfuil na sráideanna an-chaol, ba chóir go mbeadh rothaíocht in aghaidh an tsrutha indéanta ach gan lána rothar a thiomnú go foirmiúil laistigh de thimpeallacht luais an-íseal.

Bealaí ar leith ar fiú breithniú a dhéanamh orthu le haghaidh rothaíochta in aghaidh an tsrutha ná:

- Rae Mhuirfean ó Shráid Pheambróg go Faiche Stiabhna;
- Bóthar Adelaide ó Chúinne Uí Cheallaigh (Sráid Camden) go dtí, agus ag cuimsiú Ardán Phort an Iarla; agus
- Sráid Sandwith ó Shráid an Phiarsaigh go dtí, agus ag cuimsiú Shráid Lombaird.



Tionchar na Rothaíochta Déthreo ar shráideanna uile i gCroí-Limistéar Lár na Cathrach


Naisc Nua thar Bhloic Neamhscagacha:

Mar shampla, sholáthródh rotharbhealach ionchais trí lár Choláiste na Tríonóide sa treo thuaidh-theas aicearra luachmhar do rothaithe a d'fhéadfadh na sráideanna malartacha gnóthacha Faiche an Choláiste agus Rae an Iarthair a sheachaint.

3.1.3 Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Cé go leagann an tuarascáil seo moltaí áirithe amach maidir le naisc ghréasáin indibhidiúla, tá na moltaí sin forbartha ag leibhéal straitéiseach amháin. Dá réir sin, tá na tograí naisc indibhidiúla seo faoi réir mionleasú agus athrú mar chuid de phróiseas pleanála agus forbartha gach scéime, fad is atá cuspóir iomlán an togra coimeáda.

Léirítear ordlathas an rotharbhealaigh i lár na cathrach ar Léarscáileanna N1a agus N1n in gCuid 4b. Tá Gréasán na bPríomhbhealaí ar taispeáint ar Léarscáil N1a, agus léirítear na bealaí eile Tánaisteacha, Friothálacha agus Naisc eile ansin ar Léarscáil N1b.



Léarscáil N1a – Gréasán na bPríomh-Rotharbhealaí i Lár na gCathrach

Príomh-Bhealaí Gathacha in Earnáil Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath

Mar atá luaite i gCaibidil 2 maidir leis an ngréasán rothaíochta straitéiseach, tá 13 príomh-rotharbhealach gathach (ar cheantair Thánaisteacha iad cuid acu), le roinnt brainsí, a nascann lár na cathrach leis na 7 n-earnáil uirbeacha eile mar seo a leanas:

Bealach 1: Fionnradharc – an Trá Thuaidh – Sráid Amiens Plás Beresford – Droichead Mhaitiú Talbóid.

Bealach 2: Bóthar Dhroim Conrach

Bealach 2A: Sráid Dorset – Cumar Sráid Bolton / Sráid Henrietta (Bealach 4)

Bealach 2B: Bóthar Dhroim Conrach – Bóthar Cluain Life – Bóthar Mhic Sheoin – Cearnóg Mhuinseo - Cearnóg Parnell – Sráid Uí Chonaill

Bealach 3: Bóthar na Radharc – An Chanáil Ríoga ag Baile Phib – Sráid Bhaile Coimín - Cearnóg Parnell (Bealach 2A).

Bealach 4: Bóthair na hUaimhe - Seanbhóthar na Cabraí – Sráid na Prúise - - Óstaí an Rí – Sráid Henrietta – Sráid Parnell – Sráid Uí Chonaill.

Bealach 4D ag brainseáil ó Bhealach 4 ag Sráid an Mhainéir go Bealach 5 ag Abha na Life, agus le ceangal as sin ar aghaidh chuig crios an iardheiscirt.

Bealach 5: Ceantar na nDugaí chuig an Earnáil Thiar Thuaidh le hais Céanna na Life go Stáisiún Heuston, agus ansin trí Pháirc an Fhionnuisce go Caisleán Cnucha agus Baile Bhlainséir.

Bealach 6: Ó Bhealach 5 ag Sráid Gheata na Páirce chuig an Earnáil Thiar trí ghleann Abha na Life go Séipéal Iosóid agus Leamhcán.

Bealach 7: An Earnáil Thiar chuig Faiche an Choláiste trí Srráid Thomáis, Ardeaglais Theampall Chríost agus Sráid an Dáma.

Bealach 8: Sráid Liam Theas chuig an Earnáil Thiar Theas trí Shráid Chorcaí.

Bealach 9: Teampall Chríost trí Shráid Bhríde – Sráid Heytesbury – an Chanáil Mhór – Crois Araidh chuig an Earnáil Thiar Theas trí Fhéarbhealach Abha an Phoitéil.

Bealach 10: Sráid Fhearchair agus Sráid Camden chuig an Earnáil Thiar Theas trí Ráth Maonaais.

Bealach 11: Earnáil Theas-Láir go Droichead Uí Chonaill trí Ragnallach – Sráid Fhearchair – Sráid Eabhac – Sráid Liam Theas – Faiche an Choláiste – Sráid Westmoreland.

Bealach 12: Faiche Stiabhna Theas ó Earnáil Thoir Theas trí Shráid Líosain agus Domhnach Broc.

Bealach 13: Earnáil Thoir Theas - Droichead na Dothra – Sráid an Mhóta - Chearnóg Mhuirfean – Rae an Iarthair – Cé na Cathrach – Droicheadh Mhaitiú Talbóid.

Bealach 13A ag brainseáil ó Dhroichead na Dothra go Faiche Stiabhna trí Shráid Bhagóid.

Scaipeadh na Trácta Rothaíochta i Lár na Cathrach agus Éileamh na Trácta Rothaíochta Traschathrach

Tá léargas le fáil i Sreabhléaráidí Éileamh Rothar Lár na Cathrach i Léaráidí Uimh. DD1 (Cuid 3) do 2011 agus ar DD2 do 2021 ar scaipeadh na trácta rothar ar fud cheantar lár na cathrach. Ó Anailís an Rogh-Nasc, is léir go gcríochnaíonn go leor den trácht rothar laistigh de lár na cathrach agus go bhfuil an méid tréthrácta íseal beag nó mór i gcomparáid. Tá na bealaí gathacha curtha in oiriúint do scaipeadh na trácta rothar atá ag triall ar áiteanna éagsúla.

Tá crios láir theas aibhsithe ar na léarscáileanna thart timpeall ar limistéar siopadóireachta Shráid Grafton agus Coláiste na Tríonóide, gan bealaí rothaíochta sainithe ag trasnú an limistéir. Tá na sráideanna go léir sa chrios seo taobh istigh den teorainn luais 30km/uair, agus ba chóir go mbeidís oiriúnach le bheith úsáidte ag rothaithe agus trácht ginearálta araon. Ach tá fadhbanna ann ar gá dul i ngleic leo maidir le srianta trácht aontreo a chuireann cosc ar rothaithe faoi láthair dul na bealaí is díri sa limistéar seo. Cuireann sráideanna do choisithe amháin srianta chomh maith ar na bealaí atá ar fáil do rothaithe ar ghá dóibh tuirlingt dá rothair nuair a bheidís ag trasnú na sráideanna seo. Tá nithe comhchosúla i gceist ar an taobh thuaidh de lár na cathrach thart timpeall ar limistéar siopadóireachta Shráid Anraí / Shráid Talbóid. Tá sé thar a bheith inmhianaithe go bhféadfaí dul trasna na limistéar seo ar rothair agus is gá tuilleadh staidéir a dhéanamh air seo.

Soláthraíonn an gréasán rotharbhealaí gathacha isteach i lár na cathrach eangach bhunúsach a fhreastalóidh ar riachtanais go leor rothaithe. Tá gá, áfach, le tuilleadh nasc chun an eangach a chríochnú agus chun éascaíocht rochtana a chinntiú do rothaithe ó agus chuig gach cuid den chathair.

Ag Nascadh Rotharbhealaí in Earnáil Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath

Tá roinnt de na príomhbhealaí rothaíochta nasctha i lár na cathrach agus cuirtear leo seo le codanna eile bealaí rothaíochta chun sraith 8 nasc trasna na cathrach a chruthú mar seo a leanas:

Bealach C1: Líne Lárnach Thuaidh-Theas:

Cearnóg Parnell – Sráid Uí Chonaill – Sráid Westmoreland – Faiche an Choláiste.

Bealach C2: Líne Lárnach Soir-Siar:

Cearnóg Mhuirfean – Sráid Nassau – Faiche an Choláiste – Sráid an Dáma – Teampall Chríost.

Bealach C3: Oirdheisceart go Iarthar:

Faiche Stiabhna – Sráid Cuffe – Sráid Mercer – Lána an Óir – Sráid Scabhat na dTarbh – Sráid San Proinsias – Sráid Thomáis – Sráid San Séamas – Lána Steevens – Stáisiún Heuston.

Bealach C4: Iarthuaisceart go Oirthear:

Sráid Bolton – Sráid Parnell – Barr Shráid Uí Chonaill – Sráid Chathail Brugha – Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada – Sráid an Bhardais – Sráid Thalbóid – Stáisiún Uí Chonghaile – Plás Mháistir an Chuain – Duga Sheirse – Droichead Sheáin Uí Chathasaigh.

Bealach C5: Iardheisceart go Oirthear:

Droichead Chrois Araild – Portobello – Sráid Fhearchair – Sráid Haiste – Ardán Phort an Iarla – Faiche Stiabhna Thoir – Sráid Hume – Sráid Mhuirfean – Rae an Iarthair – Sráid na Lombardach – Droichead Sheáin Uí Chathasaigh.

Bealach C6 – Bealach an Imlí Thiar:

Ina n-áirítear Bealach Gatjhach 9 ó Chrois Araild go Portobello – Sráid Heytesbury – Sráid Bhríde – Sráid San Werburgh – Teampall Chríost – Sráid Sheamhlas an Éisc – **droichead nua thar Abha na Life** – Cé Urumhan – Plás na Seansaíreachta – Sráid na Gréigise – Sráid Beresford – Sráid Chúil Raithin – Cnoc an Bhunreachta – Bruach na Canálach Ríoga go dtí an Chanáil Ríoga ag Muinseo.

Bealach C7 – An Cuarbhóthar Theas Thiar:

Ó Shráid Fhearchair siar trí Rialto thar Ospidéal San Séamas go Droichead na hInse.

Bealach C8 – An Cuarbhóthar Thuaidh Thoir:

Ó Bhruach na Canálach Ríoga ag Baile Phib soir go Ceantar na nDugaí.

Léirítear go leor nasc eile ar Léarscáil N1b freisin:

- Nasc Jervis ó Ché Urumhan go Sráid Parnell comhthreomhar le Bealach 2A ar Shráid aontreo Chéipil ó dheas;
- Sráid an Teampaill ó Shráid an Rí Thuaidh go Sráid Thomáis;
- Droichead Shráid Mhaoilbhríde Nua ó Ché Éidín go Faiche an Choláiste; agus
- Sráid Mhic Liam ó Dhroichead Shráid Líosain go Sráid Holles.

Go ginearálta, ní ann do na rotharbhealaí seo faoi láthair, i dtéarmaí áiseanna fisiceacha rothaíochta nó trí aitheantais treochoimharthaí ar feadh na sráideanna ciúine nach dteastaíonn áiseanna foirmiúla rothaíochta iontu. Ar chodanna de shráid ghnóthach, cosúil le Sráid Westmoreland nó Rae an Iarthair, beidh sé riachtanach raonta rothar leithscartha a sholáthar.

3.2. Earnáil Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Síneann Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh amach ó lár na cathrach go Binn Éadair agus Baile Ghrífin ag imeall an cheantair uirbigh, agus ón gCósta Thoir intíre ag Bá Bhaile Átha Cliath chuig líne idir limistéir Marino agus Beaumont. Féach ar Léarscáileanna E2 agus E3 i gCuid 2 áit ina bhfuil léaráid de na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo, agus tá na sreafaí tráchta rothar eiseacha le fáil i mBileog DD3 i gCuid 3.

3.2.1 Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Léirítear ordlathas an rotharbhealaigh beartaithe ar Léarscáileanna N2 agus N3 i gCuid 4b.

Bealaí Gathacha in Earnáil Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Tá rotharbealach gathach amháin a nascann an earnáil seo le lár na cathrach, le cúig bhrairse nó athróg mar seo a leanas:

Bealach 1: Plás Beresford go Fionnradharc trí Shráid Amiens agus an Trá Thuaidh;

Bealach 1A & Bealach Náisiúnta 5 go Binn Éadair ar feadh an chósta, le brainse ag Cill Fhionntain go Baile Dúill agus ar aghaidh go Port Mearnóg agus Mullach Íde i limistéar bruachbhailteach Fhine Gall ar feadh Bhealach P1;

Bealach 1B ar feadh Bhóthar Bhinn Éadair go Ráth Eanaigh agus Domhnach Míde;

Bealach 1C ar feadh Bhóthar Mhullach Íde go Baile Ghrífin;

Bealach 1D ag soláthar nasc malartach chuig an gcuid ó thuaidh ó lár na cathrach ó Fhionnradharc trí an mBaile Bocht agus Cnoc an tSamhraidh chuig Cearnóg Parnell; agus

Bealach 1E ag aistriú ó Bhealach 1A ag Bóthar Chluain Tarbh agus soláthraíonn sé nasc malartach chuig limistéar Cheantar na nDugaí trí an bPort Thiar.

Tá éagsúlacht le sonrú sa líon rothaithe buaic-ama a thaistealaíonn ar feadh na mbealaí gathacha seo ó bhuaic 760 ar Bhealach 1 ag an Trá Thuaidh go dtí níos lú ná 100 ar Bhealach cósta 1A ó thuaidh ó Chluain Tarbh. Bunaithe ar an trácht rothar mar atá faoi láthair, is iad Bealaí 1, 1B agus 1C na príomhbhealaí gathacha san earnáil seo. Tá na bealaí gathacha eile rangaithe mar bhealaí tánaisteacha.



Bealach 1 – An Trá Thuaidh

Naisc ó Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh go Bailte Satailíte

Síneann na bealaí gathacha aitheanta amach ó lár na cathrach chomh fada le himeall ó thuaidh limistéar uirbeach eiseach na cathrach ag Baile Dúill, Cluain Ghrífin agus Baile Ghrífin. Níos faide ó thuaidh tá crios glas faoin ruthag eiltile d'Aerfort Bhaile Átha Cliath a scarann limistéar na cathrach ó bhailte satailíte Phort Mearnóg agus Mhullach Íde. Ag an bpointe is caoile, tá an t-achar scartha 2km idir Baile Dúill agus Port Mearnóg. Ar feadh Bhóthar Mhullach Íde méadaíonn an scaradh go breis is

4km idir na limistéir uirbeacha. Achar thart ar 15km ó Mhullach Íde go dtí an chathair atá le taisteal ag comaitéirí ar rothaithe iad, achar rófhada chun daoine a spreagadh chun an rothar a thabhairt leo an bealach ar fad. Fianaise air seo an líon íseal rothaithe a bhíonn ar Bhóthar Mhullach Íde an R107 nó bóthar chósta an R106 ó Phort Mearnóg.

Ba dhúshlán é áis rothaíochta a sholáthar ar feadh an réimse tuaithe de Bhóthar Mhullach Íde a dhlisteanú, arb ionann é agus bóthar casta agus caol a iompraíonn líon suntasach tráchta, de bharr go bhfuil an t-éileamh cuibheach íseal. Bealach níos pragmataí chun Mullach Íde a nascadh leis an gcathair ná trí Phort Mearnóg agus an cósta, áit nach bhfuil an chuid tuaithe ach leath chomh fada, (fiú má tá sé seo 3km nó 20% níos faide). Chuirfeadh an bealach cósta naisc áitiúla ar fáil (m.sh. do thurais meánscoile) idir Mullach Íde agus Port Mearnóg. D'fhéadfaí feidhm áineasa a lua leis chomh maith rud a thabharfadh rochtain ar an bhfarraige oscailte agus ar Bhinn Éadair, ar cheannphointe sa cheantar é a mheallann an t-uafás daoine. Chomh maith leis sin, bheadh sé ag teacht le Rian um Chósta Thoir an Ghréasáin Rothaíochta Náisiúnta a nascann leis an tsraith bailte níos faide ó thuaidh i bhFine Gall, lena n-áirítear Domhnach Bat, an Ros, na Sceirí, Baile Brigín agus an chéad mhórbhaile eile, Droichead Átha sa Lú.

Cuarbhealaí in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Soláthraíonn cúig chuarbhealach san earnáil seo trasnaisc idir na bealaí gathacha agus soláthraíonn siad rochtain ar ionaid laistigh den earnáil, agus san earnáil Thuaidh-Láir in aice láimhe:

Bealach NO1: Bealach an Chuarbhóthair Thuaidh ag imeall seachtrach lár na cathrach, ó Bhealach 1 ag na Cúig Lampaí siar chomh fada le Baile Phib agus soir chuig ceantar na nDugaí;

Bealach NO2: Bealach Ghleann na Tulchann ó Bhealach 1D ag an mBaile Bocht go Droim Conrach, Glas Naíon agus Fionnghlas Theas;

Bealach NO3 ó Bhealach 1A ag Cluain Tarbh go hAscaill Uí Ghríofa trí Bhóthar Shruthán an Chuilinn agus Ascaill Chóplainn;

Bealach NO4 ar feadh Bhóthar Ghort na Mara agus Ascaill an Chaisleáin ón gcósta ag Cluain Tarbh agus Cnocán Doirinne go Cill Easra agus ar feadh Ascaill Uí Choileáin go Domhnach Cearna; agus

Bealach NO5 ón gcósta ag Cill Bharróg go Domhnach Míde agus an Chúlóg.

Tá éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara sa líon rothaithe buaic-ama ar feadh na gcuarbhealaí seo, ó uasmhéid os cionn 500 ar chuid de Cheantar na nDugaí de Bhealach NO1, go dtí níos lú ná 100 ar na cuarbhealaí níos faide amach ó lár na cathrach. Baineann tábhacht le Bealach NO1 agus NO3 sna codanna a sholáthraíonn rochtain ar ionaid thábhachtacha cosúil le hOspidéal an Mater Misericordiae, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal Beaumont.

Níl ach líon beag féarbhealaí san earnáil seo faoi láthair seachas taitneamhachtaí cosúil leis na promanáidí cósta ag Cluain Tarbh agus Cill Bharróg. Tá deis shuntasach ann féarbhealaí nua nó leathnaithe a fhorbairt ar feadh conairí nádúrtha cosúil leis an imeallbord, an Chanáil Ríoga, Abha na Tulchann agus Abhainn Sheantraibh, agus laistigh de pháirceanna poiblí móra cosúil le Páirc San Anna i Ráth Eanaigh. Sholáthródh tuilleadh féarbhealaí taitneamhachtaí poiblí mealltacha chun breis rothaíochta áineasa a spreagadh agus sholáthródh a leithéid d'fhéarbhealaí bealaí áirithe do thurais chomaitéireachta rothaíochta ar feadh na mbealaí níos taitneamhaí atá suite píosa ó na bóithre gnóthacha artaireacha.

3.2.2 Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh – Breiseanna an Ghréasáin Rotharbhealaigh

Bunaithe ar anailís bearnaí ar feadh mhianlínte rothaithe a bhfuil sainmhíniú déanta orthu i léarscáileanna an ghréasáin rothaíochta, is léir cá háit ina bhfuil gá le háiseanna nua rothaíochta.

In earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh seo a leanas na háiteanna ina bhfuil áiseanna nua rothaíochta beartaithe chun an gréasán rotharbhealaigh a chríochnú ag leibhéal na bPríomhbhealaí agus na mBealaí Tánaisteacha:

- Bealach Gathach 1A ag síneadh trí Chrois Chill Fhionntain i dtreo Bhinn Éadair i lúb agus trí Bhaile Dúill go Port Mearnóg;
- Bealach Gathach 1B ar feadh Bhóthar Ráth Eanaigh agus Bóthar na Gráinsí idir Ráth Eanaigh agus Cluain Ghrífin trí Dhomhnach Míde;
- Bealach Gathach 1D ó Fhionnradharc go dtí an Baile Bocht agus Cnoc an tSamhraidh;
- Cuarbhealach NO2 ar feadh Abha na Tulchann / Bóthar Richmond ó Fhionnradharc go Droim Conrach;
- Cuarbhealach NO3 ar feadh Bhóthar Shruthán an Chuilinn agus Ascaill Chóplainn, arb ionann iad agus bóithre cónaithe ar a bhfuil roinnt moillithe tráchta, ionas nach bhfuil gá le lánaí rothar;
- Cuarbhealach NO4 ar feadh Bhóthar Ghort na Mara, Ascaill an Chaisleáin agus Ascaill Uí Choileáin; agus
- Cuarbhealach NO5 ar feadh Bhóthar Thóin le Gaoith ó Chill Bharróg go Cúlóg agus Bóthar Oscair Mhic Threínir ó Chúlóg go dtí an Choill Mhór ag an Ionad Siopadóireachta Thuaidh agus ar aghaidh chomh fada le Seantrabh.

Féarbhealaí in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Tá na féarbhealaí seo a leanas beartaithe in Earnáil Chathair Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh ionas gur féidir tairbhe a bhaint as na conairí nádúrtha do mheascán de rothaíocht taitneamhachta agus comaitéara:

- Conair an Chósta Thoir** (Bealach Náisiúnta 5) ó Fhionnradharc go Binn Éadair, lena n-áirítear togra Chinn Fhionntain go Cuas an Ghainimh ag Bá Bhaile Átha Cliath thuaidh;
- Féarbhealach na Canálach Ríoga** ó Shráid an tSirriam i gCeantar na nDugaí go Bóthar Dhroim Conrach thar staidiam Pháirc an Chrócaigh (tá roinnt forbartha déanta siar ón Trá Thuaidh);
- Féarbhealach Abha na Tulchann** ó Fhionnradharc go Droim Conrach, faoi réir staidéir féidearthachta, agus b'fhéidir ag baint úsáide as Bóthar Richmond áit ina bhfuil bhruacha na habhann forbartha;
- Féarbhealach Abhainn Sheantraibh** ó Chnocán Doirinne trí Ráth Eanaigh go Seantrabh trí shraith páirceanna poiblí agus spásanna oscailte; agus
- Féarbhealaí éagsúla áitiúla laistigh de pháirceanna poiblí móra cosúil le Páirc San Anna i Ráth Eanaigh agus Páirc Éadan Mór, cosúil leis an lúb nua raon rothar laistigh de Pháirc an Athar Uí Choileáin i gCluain Ghrífin.

Tréscailteacht Feabhsaithe do Rothaithe in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Aithníodh i léarscáileanna an ghréasáin rothaíochta eisigh na háiteanna inar féidir le rothaithe taisteal trí bhloic laistigh den ghréasán bóithre trí úsáid a bhaint as sráideanna agus bóithre ciúine nach bhfuil gá le háiseanna rothaíochta iontu mar gheall ar an líon íseal rothaithe agus luas íseal na tráchta. Feabhsaítear a leithéid sin de thréscailteacht in áiteanna éagsúla trí lánaí a sholáthraíonn aicearraí nach féidir le mótarthrácht úsáid a bhaint astu. Tá áiteanna ar feadh líne iarnróid an DART ina soláthraíonn íosbhealaí nó droichid choisithe agus rothaithe bealaí breise do rothaithe ionas gur féidir leo an príomhchóras bóithre a sheachaint. I measc na samplaí tá an t-íosbhealach ag Stáisiún Chois Bá, agus an droichead choisithe ar a bhfuil rampaí bíseacha ag Stáisiún Chill Bharróg.

Éilíonn a leithéid de thaisteal eolas ar an gceantar áitiúil agus, dá thoradh sin, ní dócha go mbeidh eolas ag na rothaithe ar na bealaí seo atá lasmuigh dá gcomharsanacht féin. Ní theastódh mórán infheistíochta chun tairbhe a bhaint as an ngréasán folaigh seo a d'fhéadfadh cur go mór leis an rogha bealaí atá ar fáil do rothaithe. Chabhródh córas de threochomharthaí rothaíochta le rothaithe eolas a chur ar na bealaí malartacha ciúine atá ar fáil. In earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh tá treochomharthaí do roinnt stáisiún DART nach bhfuil ar phríomhbhóithre, (cosúil le Cill Easra, Baile Hearmann, Cill Bharróg agus Cois Bá) agus be cheart na comharthaí sin a leasú chun leid a thabhairt do rothaithe gur féidir teacht ar thrébhéalach níos faide anonn ná an stáisiún. D'fhéadfaí comharthaí tánaisteacha rotharbhealaigh a chur san áireamh chun na bealaí seo a bhunú go foirmiúil, ó Bhaile Dúill go Cill Bharróg trí Stáisiún Chois Bá nó Ráth Eanaigh go Cúlóg trí Stáisiún Bhaile Hearmann mar shampla.

Ina theannta sin, is ann do naisc nua phoitéinsiúla a d'fhéadfaí a fhorbairt idir limistéir chónagaracha atá deighilte óna chéile. Sampla amháin a d'fhéadfadh a bheith ann ná ó Halla an Chláir go dtí an Ghráinseach Mhór agus Domhnach Míde. Tá gá le taighde ar an ngréasán áitiúil chun measúnú a dhéanamh ar an scóip atá ann do naisc feabhsaithe tréscailteachta laistigh de cheantair áitiúla.

Tá nóta treorach á ullmhú ag an ÚNI ar fhorbairt nasc nua chun bealaí áitiúla a éascú, agus iad bunaithe ar eispéireas daoine i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath le blianta beaga anuas, rud a dhíreoidh ar bhuarthaí a bhaineann le naisc nua siúil agus rothaíochta a oscailt.

Rothaigh & Taisteal go Líne Iarnróid an DART in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh

D'fhéadfaí cur go mór le dobharcheantar líne iarnróid an DART ó achar siúil 1km go achar rothaíochta 3km trí thacú go gníomhach le háiseanna ardcháilíochta Rothaigh & Taisteal. Tá roinnt spásanna páirceála do rothair le fáil ag na stáisiúin DART san earnáil Thoir Thuaidh agus tá bealaí rochtana ar cháilíocht éagsúil le fáil sna limistéir máguaird. Sampla maith é Stáisiún Chluain Ghrífin, áit a bhfuil raonta rothar ar na bealaí isteach ón oirthear agus ón iarthar mar aon le méid mór spásanna páirceála do rothair. Ar an lámh eile, níl aon rotharbhealach foirmiúil ag Stáisiún Acomhal Bhinn Éadair ó thaobh Dhomhnach Míde go dtí an stáisiún. Tá an poitínseal ann rotharbhealach ardcháilíochta chuig an stáisiún ón iarthar a sholáthar trí chonair de spásanna glasa a sholáthar. Níl ach méid áirithe spásanna páirceála ar fáil do rothair ag an stáisiún (6 raca) agus teastaíonn scáthlán ann, mar aon le slándáil níos fearr. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shlándáil spásanna páirceála do rothair.

Tá rotharbhealaí chuig stáisiúin an DART ar fad san earnáil seo aitheanta ar léarscáileanna an ghréasáin rotharbhealaigh. Tá formhór na mbealaí seo suite ar feadh bóithre ciúine agus níl gá le háiseanna rothaíochta. D'fhéadfadh feachtas poiblíochta agus uasghrádú na n-áiseanna páirceála do rothair turais ilmhodha a spreagadh. Ciallaíonn an t-athrú a tháinig le déanaí ar rialacha oibríochtúla a chiallaíonn gur féidir rothair a thabhairt ar thraenacha ag amanna seachbhuaice gur féidir dul ar thurais áineasa trí úsáid a bhaint as an tseirbhís traenach agus taisteal chuig limistéir níos faide ó bhaile.

3.2.3 Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach

Rinneadh measúnú ar Cháilíocht Seirbhíse (QoS) eiseach do na príomh-rotharbhealaí agus sampla de na bealaí tánaisteacha in earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh. Go ginearálta, is idir raon C agus D atá an QoS ar fhorhór na mbealaí eiseacha áit arb éard atá i gceist san áis rothaíochta ná lánaí rothar comhairleacha ag íosleithead nó lánaí bus roinnte, ach tá áis leithscartha ar cháilíocht níos airde le fáil ag an bpromanáid ag Cluain Tarbh agus ag Cill Bharróg. Tá gá le hobair uasghrádaithe suntasach chun QoS inmhianaithe A nó B a bhaint amach ar na príomh-rotharbhealaí san earnáil seo.

3.3. Earnáil Bhaile Átha Cliath Thuaidh-Láir

Síneann Earnáil Bhaile Átha Cliath Thuaidh-Láir idir Bhóthar Mhullach Íde soir, mótarbhealach an M50 ó thuaidh, Fionnghlas i siar agus an Cuarbhóthar Thuaidh ó dheas. Déan tagairt do Léarscáil E3 i gCuid 2 áit ina bhfuil léaráid de na rotharbhealaí atá san earnáil seo faoi láthair, agus tá na sreafaí tráchta rothar eiseacha le feiceáil ar Léarscáil DD1 in Imleabhar Cuid 7.

3.3.1 Baile Átha Cliath Thuaidh-Láir – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Léirítear ordlathas an rotharbhealaigh beartaithe ar Léarscáil N3 i gCuid 4b.

Bealaí Gathacha i mBaile Átha Cliath Thuaidh-Láir

Nascann dhá phríomh-rotharbhealach gathacha an earnáil seo le lár na cathrach, le brainsí nó athróa, mar seo a leanas:

Bealach 2: Lár na Cathrach go Bóthar Dhroim Conrach;

Bealach 2A go Sord trí Dhroim Conrach, an Halla Bán agus Seantrabh;

Bealach 2B Bóthar Chluain Life go Ospidéal Beaumont trí dhroichead nua thar Abha na Tulchann go Bóthar Richmond, Bóthar Pháirc na nGrás agus Bóthar Beaumont; agus

Bealach 2C ar feadh Shráid Dorset agus Sráid Bolton go Margadh na Feirme;

Bealach 3: Cearnóg Parnell go Baile Phib trí Bhruach na Canálach Ríoga;

Bealach 3A trí Bhóthar Gharraithe na Lus, Bóthar Mobhí agus Bóthar Bhaile Munna go Glas Naíon agus Baile Munna; agus

Bealach 3B ar feadh Bhóthar Fhionnghlaise, go Glas Naíon, Fionnghlas agus Baile Shéarlais trí Shráidbhaile Fhionnghlaise, Ascaill Mhic Aoidh agus Bóthar Theampail Mhaighréide.

Is léir ón tsamhail rothaíochta go n-athraíonn buaic-éileamh rothaíochta na maidine ar feadh na mbealaí seo ó uasmhéid de thart ar 500 rothaí isteach ar Bhealach 2 ag Bóthar Dhroim Conrach go níos lú ná 100 rothaí isteach ar Bhealach 2B ó thuaidh ó Bhóthar Richmond, Bealach 3A i mBaile Munna agus Bealach 3B i bhFionnghlas.

Naisc leis an Aerfort agus le Bailte Satailíte i mBaile Átha Cliath Thuaidh-Láir

Síneann na bealaí gathacha aitheanta amach ó lár na cathrach chomh fada le himeall ó thuaidh limistéar uirbeach eiseach na cathrach ag Cluain Seach, Seantrabh, Baile Munna agus Fionnghlas. Níos faide ó thuaidh tá limistéir thuaithe agus crios glas mórthimpeall ar Aerfort Bhaile Átha Cliath a scarann ceantar na cathrach ó bhaile mór satailíte Shoid. Tá croílár Sheantraibh suite thart ar 4km ón Aerfort, agus tá sé 3.5km breise as sin go Sráidbhaile Shoid. Tá achar comaitéireachta 13.5km idir Sord agus lár na cathrach (Droichead Uí Chonaill). D'ainneoin an t-achar seo, tá leibhéil réasúnta d'éileamh rothaíochta ar feadh Phríomhbhealach 2A ar an R132 – Bóthar Shoid, idir Sord agus Seantrabh.

Ó Thuaidh ó Fhionnghlas, síneann Bóthar Bhaile Shláine an R135 (an N2 tráth) chomh fada le baile satailíte Chill Dhéagláin atá suite achar 13km ó imeall na cathrach ag trasbhealach an M50. Ó forbraíodh mótarbhealach M2 tá i bhfad níos lú tráchta ar feadh Bóthar Thuaidh an R135 agus tá sé níos oiriúnaí do rothaíocht ná mar a bhí, agus tá gualainn chrua ar fhorhór an bhealaigh. Tá droichead rothar leithscartha trí Achomhal 5 an M50 i dtreo Fhionnghlaise, ach tá bearna ann freisin sna háiseanna rothaíochta ó dheas ó Acomhal Bhaile Shéarlais.

Bealach tuaithe eile, atá díreach soir ón R135, é bealach an R122 chomh fada le sráidbhaile beag Theampail Mhaighréide atá achar 3km ón M50. Tá cúlhbóthar freisin mórthimpeall ar thaobh thiar an Aerfoirt go Sord ag achar breise 4.5km. Bíonn go leor tráchta ar na bóithre seo agus níl siad oiriúnach do rothaíocht ach amháin má fhorbraítear raon rothar chun an chathair a nascadh leis na bóithre áitiúla níos ciúine ó thuaidh ó Theampall Mhaighréide. Bíonn triall ag roinnt mhaith fostaithe ón gcathair ar

ionad mór próiseála torthaí agus glasraí ó thuaidh ón Aerfort agus rachadh rotharbhealach sábháilte chun tairbhe na ndaoine sin.

Cuarbhealaí i mBaile Átha Cliath Thuaidh-Láir

Soláthraíonn ceithre chuarbhealach san earnáil seo trasnaisc idir na bealaí gathacha mar aon le rochtain a thabhairt ar ionaid laistigh den earnáil seo, agus san earnáil Thuaidh-Láir in aice láimhe:

Bealach NO2: Bealach Ghleann na Tulchann ó Bhealach 1D ag an mBaile Bocht go Droim Conrach, Glas Naíon agus Fionnghlas Theas;

Bealach NO3: Ascaill Uí Ghríofa ag síneadh chomh fada le hAscaill Chóplainn soir agus Bóthar Ghleann na Tulchann siar;

Bealach NO4: ar feadh Ascaill Uí Choileáin ón gcósta ag Cluain Tarbh trí Chill Easra, Domhnach Cearna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Munna agus Sráidbhaile Bhaile Munna; agus

Bealach NO5: ón gcósta ag Cill Bharróg go Domhnach Míde, an Chúlóg, Seantrabh agus Fionnghlas.

Tá éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara sa líon rothaithe buaic-ama ar feadh na gcuarbhealaí seo le níos lú ná 100 ar na cuarbhealaí níos faide amach ó lár na cathrach. Ainneoin líon íseal rothaithe a bheith ann, baineann tábhacht le Bealaí NO4 mar bhealaí rochtana chuig roinnt sráidbhailte uirbeacha agus chuig Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá na cuarbhealaí eile rangaithe mar Bhealaí Tánaisteacha.

Féarbhealaí Eiseacha i mBaile Átha Cliath Thuaidh-Láir

Níl ach féarbhealach amháin san earnáil seo faoi láthair – Féarbhealach Ghleann na Tulchann a osclaíodh le déanaí ó Bhóthar Fhionnghlaise go Bóthar Ráth Tó agus Baile an Ásaigh níos faide ó theorainn thiar na hearnála.

3.3.2 Baile Átha Cliath Thuaidh-Láir - Breiseanna an Ghréasáin Rotharbhealaigh

Baineadh tograí maidir le breiseanna an ghréasáin rothaíochta ó anailís ar bhearnaí ar feadh mhianlínte rothaithe a raibh an tsamhail éileamh rothaíochta mar bhonn leo mar aon le léarscáileanna an ghréasáin rothaíochta eisigh. In earnáil Bhaile Átha Cliath Thuaidh-Láir, teastaíonn áiseanna nua rothaíochta chun an gréasán rotharbhealaigh a chríochnú ag leibhéal na bPríomhbhealaí agus na mBealaí Tánaisteacha sna háiteanna seo a leanas:

- (a) Bealach Gathach 2B ó Bhóthar Chluain Life, trí Choláiste na Croiche Naofa thar Abha na Tulchann ar dhroichead nua, chomh fada le Bóthar Richmond agus ar feadh Bhóthar Pháirc na nGrás go hAscaill Uí Choileáin agus Bóthar Beaumont le bealach friothálach ó (agus go hidéalach trí) Ospidéal Beaumont;
- (b) Síneadh ar Bhealach Gathach 3B ó thuaidh ó Shráidbhaile Fhionnghlaise ar feadh Bhóthar Theampaill Mhaighréide ó Bhóthar Fhionnghlaise go Baile Shéarlais;
- (c) Bealach Gathach 3C: bealach nua díreach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí an chathair leathbhealach idir Bhóthar Shoird agus Bóthar Bhaile Munna. Chruthódh an bealach seo nasc le Bóthar Dhroim Conrach Íochtarach, nó b'fhéidir go bhféadfaí é a leanúint chomh fada le hOspidéal an Mater Misericordiae agus roinnt trasbhealaí iarnróid agus droichead canála a sholáthar;
- (d) Bealach Gathach 3D: bealach nua trí Bhaile Munna Thiar / Fionnghlas Thoir chun nasc a chruthú le *Féarbhealach na Cloiche Leithne* a bhfuil cur síos air níos déanaí;
- (e) Cuarbhealach NO2 ar feadh Abha na Tulchann le codanna gearra ar Bhóthar Richmond agus Ascaill Gharraithe na Lus;
- (f) Cuarbhealach NO3 ar feadh Ascaill Uí Ghríofa ó Ascaill Bhaile Phib go Bóthar Fhionnghlaise;

- (g) Cuarbhealach NO4 ar feadh Ascaill an Chaisleáin agus Bóthar Ghort na Mara ar Ascaill Uí Choileáin ó Chill Easra go dtí an Halla Bán agus ar Ascaill Ghlas Naíon ó Bhóthar Bhaile Munna go Bóthar Fhionnghlaise; agus
- (h) Cuarbhealach NO5 ó Dhomhnach Míde go Baile Munna agus Bóthar Chill Bharróg, Bóthar Thóin le Gaoith, Bóthar Oscair Mhic Thréinir, Lána na Cúlóige agus Ascaill Sheantraibh.

Féarbhealaí Nua i mBaile Átha Cliath Thuaidh-Láir

Tá na féarbhealaí nua seo a leanas beartaithe in Earnáil Thuaidh-Láir Bhaile Átha Cliath ionas gur féidir tairbhe a bhaint as na conairí nádúrtha do mheascán de rothaíocht taitneamhachta agus comaitéara:

- (a) **Féarbhealach na Canálach Ríoga ó staidiam Pháirc an Chrócaigh go Seandún i mBaile Phib.** Tá an bealach seo pábháilte cheana féin agus is féidir rothaíocht air ach tá roinnt trasbhealaí casta bóithre ann, chomh maith le saincheisteanna eile;
- (b) **Féarbhealach Abha na Tulchann** ó Dhroim Conrach go Páirc Ghleann na Tulchann trí Pháirc Airt Uí Ghríofa agus Garraithe Náisiúnta na Lus;
- (c) **Féarbhealach na Cloiche Leithne (bealach faoi réir staidéir féidearthachta agus measúnaithe eacnamaíoch)** ó thuaidh ó Fhéarbhealach Abha na Tulchann ag Glas Naíon ag dul ó dheas idir imeall thiar Gharraithe Náisiúnta na Lus agus Reilig Ghlas Naíon chun Príomhbhealach Gathach 3B Bhóthar Fhionnghlaise a thrasnú. Tá an chuid seo indéanta trí bhóithre inmheánacha a leanúint ar feadh imeall na reilige. Leanfadh sé ansin ó dheas trí shíneadh Reilig na Radharc le droichead nua (leibhéil a mbaineann deacrachtaí leo atá le réiteach) thar Líne Iarnróid Mhaigh Nuad chomh fada le Féarbhealach na Canálach Ríoga trasna ó Pháirc an tSeandúin. Uaidh sin, bheadh droichead nua á chur leis thar an Chanáil Ríoga go Páirc Chnocán Bernard ag an tSeandúin agus ansin iarnród éadrom beartaithe nua an Luas a leanúint chomh fada leis an gCloch Leathan agus campas nua DIT i nGráinseach Ghormáin. Ó Bhóthar an Fhásaigh ó dheas chomh fada le Bóthar na Cabraí, an Cuarbhóthar Thuaidh agus ar aghaidh ar feadh achair ghairid ina dhiaidh sin, tá an tseanlíne iarnróid a ghearradh go dtí go sroicheadh sé leibhéil na talún in aice leis an gCloch Leathan. Bheadh struchtúr ar feadh imeall an gearradh iarnróid ag tacú leis an gcuid seo den rotharbhealach. Cruthóidh an bealach seo nasc díreach le campas nua Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin. Chomh maith leis sin, bealach malartach a bheidh ann do Bhealaí 3A agus 3B agus beidh seachbhealach thiar ó Shráidbhaile gnóthach Bhaile Phib;
- (d) **Féarbhealach Abhainn Sheantraibh** ó chúl an Ionaid Siopadóireachta Thuaidh chomh fada leis an gCoill Thuaidh ag Seantrabh trí shraith páirceanna poiblí agus spásanna oscailte; agus
- (e) Féarbhealaí éagsúla laistigh de pháirceanna poiblí cosúil le Páirc Choláiste Ailbhe ar Bhóthar Bhaile Munna, Páirc Bhaile Sheáin i bhFionnghlas Thoir, Páirc Achadh Eibhlín sa Halla Bán agus Diméin Sheantraibh.

Tréscailteacht Feabhsaithe do Rothaithe i mBaile Átha Cliath Thuaidh-Láir

Tá léargas le fáil ar léarscáileanna an ghréasáin rothaíochta bheartaithe ar na háiteanna inar féidir le rothaithe taisteal trí bhloic laistigh den ghréasán bóithre trí úsáid a bhaint as sráideanna agus bóithre ciúine nach bhfuil gá le háiseanna rothaíochta iontu mar gheall ar an líon íseal rothaithe agus luas íseal na tráchta. Feabhsaítear a leithéid sin de thréscailteacht in áiteanna éagsúla trí lánaí a sholáthraíonn aicearraí nach féidir le mótarthrácht úsáid a bhaint astu. Chun tairbhe a bhaint as na bealaí sin ní mór go mbeadh aithne ag rothaithe ar an gceantar agus caolseans go mbeidh fios na mbealaí seo ag rothaithe más ag taisteal lasmuigh dá gcomharsanacht féin atá siad. Ní theastódh mórán infheistíochta chun tairbhe a bhaint as an ngréasán folaigh seo a d'fhéadfadh cur go mór leis an rogha bealaí atá ar fáil do rothaithe. Chabhródh córas treochomharthaí rothaíochta le rothaithe eolas a chur ar na bealaí malartacha ciúine atá ar fáil.

Is ann do naisc nua phoitéinsiúla a d'fhéadfaí a fhorbairt idir limistéir chónagaracha atá deighilte óna chéile. Moltar ar léarscáil an ghréasáin rothaíochta bheartaithe go bhféadfaí cuid de na naisc sin a fhorbairt sna háiteanna seo a leanas:

- Nasc campais ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath go Coláiste Phádraig ag Droim Conrach lena n-áirítear nasc tréscailteachta ag Cúirt an Ghallchnó.
- Uisce Glan go Crann Phapáin trí Bhóthar Bhaile Sheámais;
- Críoch Mhór go Crann Phapáin trí Bhóthar Bhaile Gall Thoir agus Bóthar Pháirc na Sailí;

- Baile Gall go Beaumont trí Bhóthar Chainnigh, Páirc Choláiste Ailbhe, DCU, Cnoc na Fuisseoige agus Bóthar Sheantalaimh;
- Cluain Seach go Beaumont trí Ascaill Lorcáin agus Bóthar Sheantalaimh;
- Seantrabh go Páirc Ghnó Chros an Tuaiscirt trí Bhóthar na Seangán, Lána Bhaile Bhúiséir, Crann Phapáin agus nascbhóthar nua Bhaile Shéarlais; agus
- Coláiste Phluincéid go Baile Gall trí Fheirm Shleas an Chnoic, Ascaill Hampstead agus Bóthar Chainnigh.

Rothaigh & Taisteal go Líne Iarnróid Chomaitéara Mhaigh Nuad

Tá na stáisiúin iarnróid i limistéar Bhaile Átha Cliath Thuaidh-Láir suite i nDroim Conrach agus Droichead Broome sa taobh theas den earnáil. Níl ach spás teoranta páirceála do rothair ag stáisiún Dhroim Conrach áit nach bhfuil ach méid áirithe spásanna sráide ar fáil. Tá nasc maith ag an stáisiún le Rotharbhealach Gathach 2 (Bóthar Dhroim Conrach) agus ba chóir an fhéidearthacht a bhaineann le páirceáil rothar ag an stáisiún a iniúchadh chun breis spásanna a sholáthar, mar aon le scáthlán agus cúrsaí slándála a fheabhsú. Beidh acomhal mótarbhealaí le líne iarnróid éadroim an Luas Traschathrach atá beartaithe ag Droichead Broome agus ba chóir go meallfadh sé seo breis rothaithe ó limistéir chónaithe Fhionnghlaise ó thuaidh agus na Cabraí ó dheas, rothaithe ar chóir limistéar suntasach agus slán páirceála rothar a sholáthar dóibh. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shlándáil spásanna páirceála do rothair.

3.3.3 Baile Átha Cliath Thuaidh-Láir – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach

Rinneadh measúnú ar Cáilíocht Seirbhíse (QoS) eiseach do na príomh-rotharbhealaí agus sampla de na bealaí tánaisteacha in earnáil Bhaile Átha Cliath Thuaidh-Láir. Go ginearálta, is idir raon C agus D atá an QoS ar fhorhóir na mbealaí eiseacha áit arb éard atá i gceist san áis rothaíochta ná lánaí rothar comhairleacha ag íosleithead nó lánaí bus roinnte.

3.4. Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh

Síneann Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh ó Fhionnghlas go Baile Phib san oirthear, chomh fada le teorainn Fhine Gall-Chontae na Mí ó thuaidh agus siar chomh fada le hAbha na Life ó dheas. Féach ar Léarscáileanna E1, E3 agus E4 i gCuid 2 áit ina bhfuil léaráid de na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo, agus tá na sreafaí tráchta rothar atá ann faoi láthair le fáil ar Bhileog DD2 i gCuid 7.

3.4.1 Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Léirítear ordlathas an rotharbhealaigh beartaithe ar Léarscáileanna N1, N3 agus N4 i gCuid 4b.

Bealaí Gathacha i mBaile Átha Cliath Thiar Thuaidh

Tá dhá phríomh-rotharbhealach gathacha a nascann an earnáil seo le lár na cathrach, le brainsí nó athróa, mar seo a leanas:

Bealach 4: Lár na Cathrach go Bóthar na hUaimhe trí Gráinseach Ghormáin, Sráid na Prúise, an Cuarbhóthar Thuaidh ag Coirnéal Uí Anluain agus Seanbhóthar na Cabraí;

Bealach 4A go Baile an Ásaigh ar feadh Bhóthar na hUaimhe; agus

Bealach 4B go Fionnghlas Thiar trí Bhóthar Ráth Tó.

Bealach 5: Céanna na Life agus Páirc an Fhionnuisce go Baile Bhlainséir, le síneadh um bealach tánaisteach siar tríd an mBealach Beag chomh fada le teorainn an chontae ag Cluain Aodha; agus

Brainse Bhealach 5A ó Pháirc an Fhionnuisce trí Bhóthar an Fhaoitigh agus Baile an Chairpintéaraigh chomh fada le Baile Bhlainséir ó Chúil Mhín.

Nasc le Crios Fostaíochta Bhaile Dama

Tá droichead nua do choisithe agus do rothaithe molta os chionn débhealaigh an N3 a nascfadh crios mór fostaíochta Bhaile Dama le ceantair mhóra chónaithe an Bealaigh Bhig agus Bhaile an Huntaigh ar an taobh thiar de Bhaile Bhlainséir. Nascfar an bealach seo ón tuaisceart go dtí an deisceart le líne soir-siar Bhealach 5 agus sínfear é ar aghaidh ó dheas go Bóthar Ongar (Bealach 5B).

Naisc le Bailte Satailíte i mBaile Átha Cliath Thiar Thuaidh

Síneann na bealaí gathacha amach ó lár na cathrach chomh fada le himeall thiar thuaidh an limistéir uirbigh ag Baile an Tirialaigh agus Ongar. Tá baile satailíte Dhún Búinne lonnaithe 3km aniar-aduaidh ó theorainn Chontae Fhine Gall, trí Shráidbhaile Chluain Aodha. Achar comaitéireachta thart ar 17.5km atá i gceist idir Dún Búinne agus lár na cathrach (Droichead Uí Chonaill), agus fianaise ar an méid sin an líon íseal rothaithe as Dún Búinne a thugann aghaidh ar an gcathair. Tá éileamh réasúnta ann, áfach, do thurais rothaíochta idir Dún Búinne agus na limistéir fhostaíochta mórthimpeall ar Bhaile Bhlainséir. Dá réir sin, tá gá le nasc rothar idir Baile Bhlainséir agus Dún Búinne (trí Chluain Aodha). Leanfadh an bealach seo ó thuaidh ó Dhún Búinne chomh fada leis an mbraisle bailte sa Mhí theas, eadhon Dún Seachlainn, Ráth Tó agus Cill Dhéagláin.

Cuarbhealaí i mBaile Átha Cliath Thiar Thuaidh

D'fhéadfadh trí chuarbhealach san earnáil seo trasnaisc idir na bealaí gathacha mar aon le rochtain a thabhairt ar ionaid laistigh den earnáil seo, agus in earnálacha cóngaracha Thuaidh-Láir agus Thiar:

Bealach NO2: Ó Ghlas Naíon agus Fionnghlas trí Bhaile an Ásaigh ar feadh Fhéarbhealach na Canálach Ríoga chomh fada le Baile Bhlainséir;

Bealach NO5: Fionnghlas Thiar go Baile Bhlainséir trí Bhóthar Ráth Tó, Bóthar Cheapaí, Bóthar Bhaile Cúlann, agus Bóthar Snugborough. Tá dhá athróg ar fáil, isteach chuig lár Bhaile Bhlainséir, nó ar an imeall ar an taobh thoir. Ansin leanann an bealach seo ó dheas trí Bhaile an Phóirtéaraigh chun Gleann Abha na Life a thrasnú agus a nascadh le Leamhcán trí nasc féarbhealaigh nua agus droichead os cionn na habhann thart ar 1km siar ó dhroichead ardleibhéil an Naisc Thiar ar an M50; agus

Bealach NO6: Ó Bhaile an Ásaigh ar Fhéarbhealaí Abha na Tulchann agus na Canálach Ríoga ó dheas chomh fada le Féarbhealach na Canálach Móire trí Bhóthar Bhaile an Ásaigh, Páirc an Fhionnuisce agus droichead nua thar Abha na Life chomh fada le Páirc Chuimhneacháin an Chogaidh i gCill Mhaighneann. Is lúb féarbhealaí ionchathrach a bheadh sa lúb seo ag dul chomh fada leis an gcósta i gCeantar na nDugaí.

Féarbhealaí Eiseacha i mBaile Átha Cliath Thiar Thuaidh

Is é an t-aon fhéarbhealach foirmiúil atá san earnáil seo faoi láthair ná féarbhealach nua Ghleann na Tulchann ó Bhóthar Fhionnghlaise go Baile an Ásaigh ar theorainn thoir na hearnála. Tá sé beartaithe na siúlbealaí atá suite ar feadh na Canálach Ríoga cheana féin a uasgrádú chun freastal ar rothaithe, ainneoin go bhfuil an bealach in úsáid cheana féin ar bhonn neamhfhoirmiúil ón gcathair chomh fada amach leis an 12ú Loc i mBaile Bhlainséir.

3.4.2 Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh - Breiseanna an Ghréasáin Rotharbhealaigh

Baineadh tograí maidir le breiseanna an ghréasáin rothaíochta ó anailís ar bhearnaí ar feadh mhianlínthe rothaithe a raibh an tsamhail éileamh rothar mar bhonn leo agus léarscáileanna an ghréasáin rothaíochta eisigh a chur i gcomparáid le gréasán beartaithe an rotharbhealaigh atá léirithe ar Léarscáileanna N1, N3 agus N4.

In earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh, teastaíonn áiseanna nua rothaíochta chun an gréasán rotharbhealaigh a chríochnú ag leibhéil na bPríomhbhealaí agus na mBealaí Tánaisteacha sna hionaid seo a leanas:

- Bealach Gathach 4B** ar feadh Bhóthar Ráth Tó ó Bhóthar na hUaimhe go Bóthar Ghleann na Tulchann. Beidh cuid den fhéarbhealach seo (nó fiú an féarbhealach go léir) mar chuid de Bhealach Rothaíochta Náisiúnta 2 idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh;
- Bealach Gathach 5** ar feadh Bhóthar Chaisleán Cnucha ó Pháirc an Fhionnuisce go Baile Bhlainséir;
- Bealach Gathach 5A** ó Bhóthar an Fhaoitigh go Baile an Chairpintéaraigh;
- Cuarbhealach NO5** ar feadh Bhóthar Cheapaí go Fionnghlas; agus
- Cuarbhealach NO6** ar feadh Bhóthar an Ásaigh ó Bhóthar na hAbhann go Páirc an Fhionnuisce.

Féarbhealaí Nua i mBaile Átha Cliath Thiar Thuaidh

Tá na féarbhealaí nua seo a leanas beartaithe in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh ionas gur féidir tairbhe a bhaint as na conairí nádúrtha do mheascán de rothaíocht taitneamhachta agus comaitéara:

- Féarbhealach na Canálach Ríoga** ó lár na cathrach trí Chabrach, Baile an Ásaigh, Caisleán Cnucha, Chúil Mhín agus Cluain Saileach;
- Féarbhealach Abha na Tulchann** ag nascadh ón gCanáil Ríoga soir ón M50 go Baile Dama trí Pháirc an Choireáin agus Páirc Chaisleán an Churraigh; agus
- Nasc Lúibe na gCanálacha Thiar** ar féarbhealach den chuid is mó é ón gCanáil Ríoga ag Léim an Bhradáin go dtí an Chanáil Mhór ag Baile Adaim trí Shráidbhaile Leamhcáin.

Tréscailteacht Feabhsaithe do Rothaithe i mBaile Átha Cliath Thiar Thuaidh

San earnáil Thiar Thuaidh, go ginearálta soláthraíonn leagan amach na sráideanna uirbeacha agus cónaitheacha tréscailteacht mhaith do rothaíocht amach ón ngréasán príomhbhóithre faoi mar atá le feiceáil ar Léarscáil N4. Féadfar an gréasán friothálach a fheabhsú trí naisc ghairde nua féarbhealaigh trí pháirceanna poiblí agus limistéir ghlasa chun naisc a chríochnú idir limistéir chónaitheacha agus ionaid áitiúla.

Rothaigh & Taisteal go Línte Iarnróid i mBaile Átha Cliath Thiar Thuaidh

Tá roinnt stáisiún in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh, ag Baile an Ásaigh, Bealach na Páirce Bhóthar na hUaimhe, Caisleán Cnucha, Cúil Mhín agus Cluain Saileach ar líne Mhaigh Nuad, agus ag Páirc Hans agus Dún Búinne ar bhainse nua líne na hUaimhe ó Chluain Saileach. Tá roinnt spásanna páirceála do rothair le fáil ag na stáisiúin iarnróid agus tá bealaí rochtana rothar ar cháilíocht éagsúil le fáil sna limistéir máguaird. De réir mar a fhorbrófar an gréasán rothaíochta áitiúil, ba chóir go bhforbrófaí níos mó áiseanna Rothaigh & Taisteal ag na stáisiúin seo, rud ar dócha a bheidh mar bhonn le tuilleadh éilimh ar spásanna páirceála do rothair, éileamh ar cheart monatóireacht a dhéanamh air agus freagairt dó. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shlándáil spásanna páirceála do rothair.

3.4.3 Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach

Rinneadh measúnú ar Cháilíocht Seirbhíse (QoS) eiseach do na príomh-rotharbhealaí agus sampla de na bealaí tánaisteacha in earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh. Téann an QoS sa raon idir B agus D i gcás formhór na mbealaí eiseacha san earnáil agus tá roinnt áiseanna leithscartha ar cháilíocht mhaith in áiteanna agus áiseanna eile a bhfuil a n-úsáid á roinnt le lánáí bus.

3.5. Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar

Síneann Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar ó dheas ón N4 agus Abha na Life, chuig líne ó dheas ón N7 agus limistéir Bhaile an Mhóta agus Baile Bhailcín. Féach ar Léarscáileanna E1 agus E5 i gCuid 2 le haghaidh léaráid de na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo, agus tá na sreafaí tráchta rothar eiseacha le fáil ar Léarscáil DD2 i gCuid 3.

3.5.1 Baile Átha Cliath Thiar - Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Léirítear ordlathas an rotharbhealaigh ar Léarscáileanna N1 agus N5 i gCuid 4b.

Bealaí Gathacha in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar

Tá dhá príomh-rotharbhealach gathacha a nascann an earnáil seo le lár na cathrach, le brainsí nó athróa, mar seo a leanas:

Bealach 6: Ó Shráid Gheata na Páirce go Léim an Bhradáin trí Shéipéal Iosóid, Baile Phámar agus Leamhcán ar feadh débhealach an N4; agus

Bealach 6A ó Stáisiún Heuston go Baile Formaid ar feadh Bhóthar Eoin.

Bealach 7: Teampall Chríost – Sráid Thomáis – Pimlico;

Bealach 7A: Sráid Bhun Droichid go Leamhcán Theas trí Chill Mhaighneann, Inse Chór, Baile Formaid agus ionad siopadóireachta Ghleann na Life. Athróg trí Stáisiún Heuston agus Bóthar Eoin Thiar, nó tríd an Ospidéal Ríoga;

Bealach 7B: (& Bealach Náisiúnta i dtreo Chorcaí) Pimlico go Rialto, Cluain Dolcáin, Baile Adaim tríd an gCanáil Mhór;

Bealach 7C: *Brainse Fhéarbhealach na Camóige ón gCanáil Mhór trí Shráidbhaile Chluain Dolcáin chomh fada le Páirc Chorcaí agus Iarthar na Cathrach;*

Bealach 7D: Inse Chór – Bóthar an Náis- droichead nua thar an M50 ó thuaidh ón mBó Dhearg – Cluain Dolcáin – Coill an Rí; agus

Bealach 7E: Trasnasc ó Bhealach 8A ag Baile Bhailcín go Cluain Dolcáin trí Bhaile an Mhóta agus le droichead nua thar an M50 ó dheas ón mBó Dhearg.

Bealach 8C: Trasnasc le Baile an Mhóta agus Cromghlinn san earnáil Thiar Theas trí Bhóthar Nangair agus Bóthar an Mhíle Fhada tríd an bPáirc Thiar go Leamhcán Theas, le speir 8C1 go Bealach 7A ag Baile Phámar agus Speir 8C2 go Caisleán na Gráinsí.

Tá éagsúlacht le sonrú sa líon rothaithe buaic-ama ar feadh na mbealaí gathacha seo ó 280 ar Bhealach 7 ar feadh Shráid Thomáis/Shráid San Séamas go dtí níos lú ná 50 ar Bhóthar na Botha Fuaire ó dheas ó Ghleann na Life ar Bhealach 7A. Tá sé ceaptha ar bhonn an méid tráchta rothaíochta a bheidh ann sa todhchaí, gurb iad seo a leanas na príomhbhealaí gathacha san earnáil, Bealach 6 ar feadh Bhóthar Leamhcáin, Bealach 7/7B ó Shráid Thomáis go Rialto agus ar feadh na Canálach Móire agus Bealach 7B ó Bhealach SO1 ar an gCuarbhóthar Theas trí Bhaile Formaid go Bealach SO5 ar Bhóthar Chnoc an Fhuaráin. Tá na bealaí gathacha eile rangaithe mar bhealaí tánaisteacha.

Naisc ó Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar go Bailte Chill Dara

Síneann na bealaí gathacha aitheanta ó lár na cathrach chomh fada le Leamhcán, Baile Adaim agus Cluain Dolcáin. Tá bailte Léim an Bhradáin, Cill Droichid agus Maigh Nuad suite níos faide thiar agus is ionann iad agus bailte satailíte an cheantair uirbigh. Soláthraítear raonta rothar leithscartha ar an N4 chomh fada le hAcomhal 5 ag Léim an Bhradáin Thoir. Nasctar an bealach le Léim an Bhradáin trí Pháirc San Cairtriona trí dhroichead thar Abha na Life ag na hoibreacha cóireála camrais. I láthair na huair, síneann Bealach na Canálach Móire chomh fada siar leis an 12ú loc ag Leamhcán agus tá an poitínseal ann é a shíneadh tuilleadh chun é a nascadh le Cill Droichid, na Solláin agus an Nás. D'fhéadfadh go gcruthódh sé seo an bealach náisiúnta go Corcaigh mar atá sonraithe i dTuarascáil Scoipe an Ghréasáin Rothaíochta Náisiúnta [National Cycle Network Scoping Report].

Féarbhealaí Eiseacha i mBaile Átha Cliath Thiar

Is é an príomh-fhéarbhealach i mBaile Átha Cliath Thiar ná Féarbhealach na Canálach Móire a shíneann beagnach 10km ó Chill Mhaighneann go Baile Adaim. Tá nasc féarbhealaí ó thuaidh ón gcanáil ag Baile Adaim go Leamhcán trí Pháirc Ghleann Ghrífín (tá geataí aonfhir anseo faoi láthair ag roinnt ionad éagsúil).

Cuarbhealaí in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar

Soláthraíonn ceithre cuarbhealach san earnáil seo trasnasc idir na bealaí gathacha mar aon le rochtain a thabhairt ar ionaid laistigh den earnáil seo, agus sna hearnálacha cóngaracha Thiar Thuaidh agus Thiar Theas:

Bealach NO6: síneadh ó Pháirc an Fhionnuisce ó thuaidh ó Abha na Life chomh fada leis an gCanáil Mhór ag an Droichead Órga trí staid peile Pháirc Richmond in Inse Chór;

Bealach SO4: Séipéal Iosóid go dtí an Charraig Dhubh (Séipéal Iosóid go Baile Bhailcín san earnáil seo);

Bealach SO5: ó Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life ó dheas go Bóthar Chnoc an Fhuaráin agus Bóthar an Naoú Loc go Sráidbhaile Chluain Dolcáin agus Tamhlacht (le hathróg chomhthreomhar SO5a ar feadh Bhóthar Bhaile Néill agus Bóthar Chnoc an Fhuaráin siar ó Shráidbhaile Chluain Dolcáin). Sínfídh nasc ó thuaidh thar Abha na Life chomh fada le Baile Bhlainséir;

Bealach SO6: Leamhcán (An Eiscir) – Caisleán na Gráinsí – Coill an Rí – Ráth Miontáin ar feadh an R136; agus

Bealach SO7: Leamhcán – Bóthar an Chaisleáin Nua go Caisleán na Gráinsí agus Bóthar Nangair. (Leanúint go dtí an Caisleán Nua ar feadh bhealach tuaithe D6.)

Tá an líon rothaithe ar na cuarbhealaí seo réasúnta íseal faoi láthair agus bíonn níos lú ná 100 rothaí ag taisteal na gcuarbhealaí i rith buaic-amanna, ach ní mór na bealaí a rangú mar Chuarbhealaí Tánaisteacha mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leo mar phointí rochtana ar ionaid shuntasacha cosúil le lár bailte éagsúla agus crios fostaíochta Bhaile an Mhóta.

3.5.2 Baile Átha Cliath Thiar – Moltaí do Bhreiseanna an Ghréasáin Rotharbhealaigh

In earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar, teastaíonn áiseanna nua rothaíochta chun gréasán an rotharbhealaigh a chríochnú ag leibhéal na bPríomhbhealaí agus na mBealaí Tánaisteacha sna hionaid seo a leanas:

- Bealach Gathach 6 ar feadh Shráidbhaile Bhaile Phámar, Ospidéal Stíobhaird, agus trí Shráidbhaile Shéipéal Iosóid;
- Bealach Gathach 7: Sráid Bhun Droichid, Sráid Oliver Bond agus Sráid na gCócáirí;
- Bealach Gathach 7A: Bóthar Chill Mhaighneann agus Bóthar an tSáirséalaigh;
- Bealach Gathach 7B: Lána Mhuire Mhaith agus Siúlán San Séamas;
- Cuarbhealach SO4: Bóthar Chnoc Shéipéal Iosóid agus Bóthar na Coille Móire; agus
- Cuarbhealach SO5: Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life go Crois an Fhearainn Nua trí Shráidbhaile Chluain Dolcáin.

Féarbhealaí Nua i mBaile Átha Cliath Thiar

Tá na féarbhealaí nua seo a leanas beartaithe in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar ionas gur féidir tairbhe a bhaint as na conairí nádúrtha do mheascán de rothaíocht taitneamhachta agus comaitéara:

- Glasbhealach Shéipéal Iosóid go Heuston** ó shráidbhaile Shéipéal Iosóid agus stáisiún Heuston trí na Gairdíní Cuimhneacháin le nasc trí Chuarbhealach NO6 os cionn na habhann chomh fada le Páirc an Fhionnuisce. Chuirfeadh an féarbhealach seo go mór le háiseanna do

rothaithe a d'fhéadfadh a bheith ag taisteal ar feadh Bhealach 6 agus Bealach 7A i láthair na huaire;

- (b) **Féarbhealach na Camóige** in dhá chuid ar leith, siar ó Chluain Dolcáin (a forbraíodh den chuid is mó in 2013) agus ag Droimeanach / Inse Chór;
- (c) **Nasc Lúibe na gCanálacha Thiar, féarbhealach den chuid is mó ón gCanáil Mhór ag Baile Adaim go dtí an Chanáil Ríoga ag Léim an Bhradáin trí Pháirc Ghleann Ghrífin, Sráidbhaile Leamhcáin agus Páirc Ghleann na Life / Páirc San Caitriona chun féarbhealach 40km a thógáil mórthimpeall na cathrach; agus**
- (d) **Rotharbhealach Bhealach na Páirce Thiar** comhthreomhar le cuar-mhótarbhealach an M50 trí spásanna glasa oscailte chun nasc a sholáthar ón gCanáil Mhór go dtí Abha na Dothra. (Malairt ar Chuarbhealach SO5.)

Tréscailteacht Feabhsaithe do Rothaithe i mBaile Átha Cliath Thiar

Aithníodh sna léarscáileanna gréasán rothar atá ann faoi láthair na háiteanna inar féidir le rothaithe taisteal trí bhloic laistigh den ghréasán bóithre trí úsáid a bhaint as sráideanna agus bóithre ciúine nach bhfuil gá le háiseanna rothaíochta iontu mar gheall ar an líon íseal rothaithe agus luas íseal na tráchta. Feabhsaítear a leithéid sin de thréscailteacht in áiteanna éagsúla trí lánáí a sholáthraíonn aicearraí nach féidir le mótarthrácht úsáid a bhaint astu. I measc na samplaí tá an bóthar rochtana chuig Gaelscoil Naomh Pádraig agus Coláiste Chois Life a sholáthródh, trí Bhóthar an Mhainéir Eascrach, aicearra úsáideach do rochtain ar Ghleann Ghrífin agus Bealach na Canálach Móire i ndeireadh na dála.

Éilíonn a leithéid de thréscailteacht eolas ar an gceantar áitiúil agus, dá thoradh sin, ní dócha go mbeidh eolas ag na rothaithe ar na bealaí seo atá lasmuigh dá gcomharsanacht féin. Ní theastódh mórán infheistíochta chun tairbhe a bhaint as an ngréasán folaigh seo a d'fhéadfadh cur go mór leis an rogha bealaí atá ar fáil do rothaithe. Chabhródh córas de threochomharthaí rothaíochta le rothaithe eolas a chur ar na bealaí malartacha ciúine atá ar fáil. Níl ach treochomharthaíocht theoranta rothar ar fáil in earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar.

3.5.3 Baile Átha Cliath Thiar - Cáilíocht Seirbhíse Eiseach

Rinneadh measúnú ar Cháilíocht Seirbhíse (QoS) eiseach do na príomh-rotharbhealaí agus sampla de na bealaí tánaisteacha in earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar. Go ginearálta, is idir raon C agus D atá an QoS i leith formhór na mbealaí eiseacha áit arb éard atá i gceist san áis rothaíochta ná lánáí rothar comhairleacha ag íosleithead nó lánáí bus roinnte. Is iad an dá eisceacht bealach na Canálach Móire arb ionann é agus áis leithscartha ar cháilíocht níos airde le QoS A i gcodanna agus Bóthar an Chaisleáin Nua a bhfuil rátáil B luaite le codanna móra de.

3.6. Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas

Síneann Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas amach ó chonairí Shráid Camden agus Sráid Chlann Bhreasail i lár na cathrach, trí bhruachbhailte isteach Ráth Maonais agus Chrois Araild, le freastal ar limistéir Thír an Iúir, Camaigh, Baile Bhailcín, Tamhlacht, Teach na Giúise agus Ráth Fearnáin. Tá forluí suntasach idir na hearnálacha Thiar agus Thiar Theas, ó tharla bealaí idirnáisc a bheith idir an dá earnáil. Tosaíonn roinnt rotharbhealaí gathacha in earnáil amháin de lár na cathrach ach críochnaíonn siad san earnáil in aice láimhe.

Déan tagairt do Léarscáileanna E1, E6 agus E7 i gCuid 2 le haghaidh léaráid de na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo. Léirítear na sreafaí tráchta rothar eiseacha san earnáil seo ar Léarscáil DD3 i gCuid 7.

3.6.1 Baile Átha Cliath Thiar Theas – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Léirítear ordlathas an rotharbhealaigh ar Léarscáileanna N1, N6 & N7 i gCuid 4a.

Bealaí Gathacha in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas

Mar gheall ar éagsúlachtaí sa ghréasán bóithre ginearálta san earnáil seo, nach bhfuil príomh-artairí tráchta ardlín ann cosúil leis an gcuid eile den chathair, tá an gréasán rotharbhealaigh réasúnta casta. Is ionann na príomh-rotharbhealaí san earnáil seo agus gréasán de bhealaí a thrasnaíonn a chéile, agus a bhfuil speireacha agus trasnaisc éagsúla iontu, mar seo a leanas:

Bealach 8 ó Shráid Sheoirse Mhór Theas trí limistéar an Choim agus an Charnáin chomh fada le hacomhal Bhóthar Chromghlinne agus Bhóthar Ghrianréime (Bealach SO2);

Leanann Bealach 8A Bóthar Chromghlinne thar Ospidéal na Leanaí, Bóthar Bunting go Baile Bhailcín, trí Bhaile an Mhóta trasna an M50 agus amach chomh fada le hIarthar na Cathrach / Baile Uí Fhoirtcheirn trí Belgard;

Aistríonn Bealach 8B ó Bhealach 8A leathbealach ar feadh Bhóthar Chromghlinne ag Bóthar an Mhuilinn Ghaoithe agus leanann sé bealach atá beagán lúbtha ar feadh mionsráideanna cónaithe den chuid is mó trí Chrois Chromghlinne agus na Glaschnoc chomh fada le Páirc Thigh Motháin agus ar aghaidh chuig Tamhlacht trí imeall amach Bhóthar na nGlaschnoc. Tá sé i bhfad níos fearr ná an bealach atá ann faoi láthair trí Thimpeallán Bhaile Bhailcín atá gnóthach agus dúshlánach go maith agus an réimse caol de Bhóthar na nGlaschnoc ar feadh imeall limistéar tionsclaíoch Bhaile an Mhóta; agus

Bealach 8C ó Ascaill Dhún Uabhair ó dheas ó Shráid Chorcaí trí Bhóthar an Chlochair agus Bóthar Chill Dara trí cheantar cónaithe Chromghlinne chomh fada le hOspidéal Mhuire na Leanaí ar Bhóthar Chromghlinne áit a dtrasnaíonn sé Bealach 8A; ansin ar feadh Bhóthar Dhroimeanaigh agus Bóthar an Mhíle Fhada chomh fada le Bóthar an Náis (ag acomhal dúshlánach), agus ansin trí Bhóthar Nangair chomh fada le limistéar na Páirce Thiar, áit ina bhfuil dhá bhainse ag dul i dtreo Bhaile Phámar ó thuaidh agus chomh fada le Cluain Dolcáin lasmuigh níos faide thiar

Bealach 9 i dtreo Thamhlachta ar feadh Shráid Chlann Bhreasail agus trí Chrois Araild, áit a ndéantar dhá phríomhspeir de;

Leanann Bealach 9A Bóthar Chamaí chomh fada le Bóithre Chrois Chamaí (KCR), ar aghaidh chuig Bóthar Ghort an Dúin agus Bóthar Wainsfort áit ina mbuaileann sé le Bóthar Theach Mealóg an N81 agus ar aghaidh chuig lár bhaile Thamhlachta. (Níl an chuid den bhealach seo trí Camaigh agus Crois Araild oiriúnach do rothaithe de bhrí nach bhfuil ann ach líon íosta agus páirtaimseartha lánaí rothar comhairleacha. Níl aon scóip chun feabhais ann mar gheall ar chaoile an bhóthair agus a chónagaráí is atá an bóthar d'fhoirgnimh. Tá malairt níos fearr ar fáil trí *Fhéarbhealach Abha an Phoitéil* beartaithe a bhfuil cur síos air níos faide anonn, bealach atá comhthreomhar leis an taobh thiar den bhóthar. Siar ón KCR tá feabhas suntasach le tabhairt faoi deara sa bhealach seo do rothaithe áit ina bhfuil lánaí rothar nó raonta rothar níos fearr);

Scarann Bealach 9B ó Bhealach 9A ag Crois Araild agus leanann sé Bóthar Thír an Iúir trí Chrois Thír an Iúir agus ar aghaidh chuig Bóthar Theach Mealóg trí Shráidbhaile Theach Mealóg áit ina mbuaileann sé athuair le Bealach 9A ag Droichead Theach Mealóg. Soláthraíonn an bealach seo idirnáisc le Bealach 10 i dtreo oirdheisceart lár na cathrach trí Ráth Maonais;

Is ionann Bealach 9C agus bealach malartach le bealach Chrois Araild ó Bhealach 8C ag Bóthar an Chlochair trí Bhóthar Bhóthar na gCloch thiar ón gCamaigh agus ansin ar feadh Lána Wellington áit ina mbuaileann sé athuair le Bealach 9A ag an Spá áit a nascann sé le Tamhlacht. Chomh maith leis sin, leanann sé ar aghaidh ó Bhealach 9A siar ó Thamhlacht trí Bhaile Uí Fhoirtcheirn agus Iarthar na Cathrach chomh fada le Sagard;

Sholáthródh Bealach 9D rogha saor ó thrácht a aistríonn ó Bhealach 9A ag Bóithre Chrois Chamaí agus a leanann *Féarbhealach Abha an Phoitéil* chomh fada le Páirc Thigh Motháin áit ina dteastaíonn droichead nua os cionn an M50 i lár na páirce chun é a nascadh le Bóthar Chaisleán Thigh Motháin agus áit ina mbuaileann sé athuair le Bealach 9A. Siar ó Thamhlacht soláthraíonn sé lúb trí Ráth Miontáin ar feadh an N81 agus ansin ó thuaidh isteach in Iarthar na Cathrach; agus

Bealach 7E ar thrasnasc é ón earnáil Thiar chomh fada leis an earnáil Thiar Theas. Aistríonn sé ó Bhealach 7D ar Bhóthar an Náis ag an gCoill Mhór agus leanann sé ar aghaidh chuig Bóthar Robinhood trí limistéar tionsclaíoch Bhaile an Mhóta áit ina dtrasnaíonn sé an M50 ag Acomhal 10 agus ansin leanann sé amach trí limistéir Choill an Rí, Belgard, Baile an Chócaigh, Fothair Chardain agus Baile an tSíbhrigh ag imeall thuaidh bhruachbhailte Thamhlachta.

Bealach 10 ó Shráid Camden trí Ráth Maonais, Ráth Garbh agus Tír an Iúir go Ráth Fearnáin, áit ina ndéantar roinnt brainsí de. Ó dheas ó Ráth Fearnáin tá 3 bhainse-bhealach a shíneann ó dheas tríd an limistéar bruachbhailteach máguaird chun nasc a chruthú le Cuarbhealach SO6 ar feadh Bhóthar na Gráinsí agus Lána an Táilliúraigh;

Casann Bealach 10A thiar theas ar feadh Ascaill Ghort an Ime (ar Bhealach SO4 chomh maith) agus ritheann sé comhthreomhar le hAbha na Dothra chomh fada le Teach na Giúise agus leis an tSeanchúirt taobh le Droichead Sheanbhábhuin ar Chuarbhealach SO6. Is bealaí tánaisteacha áitiúla iad Bóthar Chnoc Lín agus Bóthar Bhaile Uí Chuilinn a aistríonn ó dheas ag pointí éagsúla. Chomh maith leis sin, tá naisc ó thuaidh thar Abha na Dothra chuig Bealach Gathach 9 ag an Spá agus ag Droichead Theach Mealóg;

Leanann Bealach 10B Bóthar Shruthán Liam agus Bóthar Bhaile Baodáin ó dheas;

Bealach 10C ar feadh Bóthar na Gráinsí; agus

Bealach 10D ar feadh Ascaill an Gharráin Chnó i gcomhair achair ghearr agus ag casadh ó dheas ansin trí mhéan bhealach na Saor Cloiche go Baile an tSaoir.

Is léir ó shonraí tráchta na mbealaí gathacha go mbíonn thart ar 800 rothaí ar Bhealach 10 ag Bóthar Ráth Maonais ag buaic-amanna, beagnach 700 rothaí ar Bhealach 9 ag Sráid Chlann Bhreasail agus 150 rothaí ar Bhealach 8C ag Bóthar an Chlochair agus Bealach 8A ag Bóthar Chromghlinne. Níos faide amach sna bruachbhailte, tugann an tsamhail trácht rothar le fios go bhfuil éileamh réasúnta láidir – 200 go 400 rothaí – ar Bhealach 9 agus 10 go dtí píosa beag níos faide anonn ná Ráth Fearnáin agus Teach Mealóg. Seachas sin, tá sreafaí réasúnta íseal sa raon idir 100 agus 200 ar na bealaí tánaisteacha éagsúla san earnáil Thiar Theas, agus ar Phríomhbhealach 9 go Tamhlacht, atá thart ar 10km ó imeall lár na cathrach. Tá seans ann go mbeidh níos mó turas áitiúil ar na bealaí éagsúla nach bhfuil cuntas déanta dóibh sa tsamhail.

Cuarbhealaí in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas

Tá sé chuarbhealach san earnáil seo a sholáthraíonn trasnaisc idir na bealaí gathacha agus a thugann rochtain ar ionaid laistigh den earnáil seo, agus sna hearnálacha cóngaracha Thiar agus Theas-Láir:

Bealach SO1: Bealach na Canálach Ríoga ag nascadh ó Rialto soir trí Dhroichead Chrois Araild agus Droichead Portobello go dúiche oifige Bhaile Átha Cliath 2 agus Cheantar na nDugaí.

Bealach SO2: Ó Chill Mhaighneann san iarthuaisceart trí Chromghlinn, Camaigh, Crois Araidh agus Ráth Maonais go Raghmallach agus Droichead na Dothra trí Bhóthar Ghrianréime, Bóthar Kenilworth agus Ascaill Fhiodh an Chaisleáin;

Bealach SO3: Ó Ráth Garbh agus Dartraí chomh fada le Baile an Mhuilinn, Cluain Sceach agus Droichead na Dothra, ar feadh *Féarbhealach beartaithe Ghleann na Dothra den chuid is mó*. Nascann an bealach seo le UCD ag Cluain Sceach. Tá nasc ann ó Thamhlacht trí Bhealach 9A ag Bóthar an tSeandroichid i dTeach Mealóg;

Bealach SO4: ó Dún Droma, Baile an Teampaill agus an Garrán Cnó trí Ráth Fearnáin agus Teach Mealóg go dtí na Glaschnoic agus Baile Bhailcín;

Bealach SO5: Dún Droma go Tamhlacht trí Bhaile Baodáin agus Cnoc Lín agus Teach na Giúise. Éileoidh sé nasc nua thréascailteachta idir an Garrán Cnó, Baile Baodáin agus Teampall Ruáin. Seachas sin d'fhéadfadh go mbeadh an bealach ag forluí le SO6 feadh réimse gearr ar feadh Lána an Táilliúraigh; agus

Bealach SO6: Dún Laoghaire go Tamhlacht trí Bhaile Uí Chuilinn agus an Seanbhábhún.

Rotharbhealaí Tánaisteacha Eile in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas

Le cois na mbealaí gathacha agus cuarbhealaí rothar uimhrithe thuasluaite, tá roinnt rotharbhealaí tánaisteacha áitiúla eile a shíneann trasna ghréasán an limistéir bhruachbhailtigh. I measc na samplaí tá Bóthar Bhaile Uí Ruáin i gceantar Ráth Fearnáin, Bóthar Chnoc Lín, Bóthar Bhaile Uí Chuilinn, Bóthar Choill Tobair agus Bóthar Bhaile an Chócaigh a bhfuil nasc idir é agus Bealach Bhaile Uí Fhoirtcheirn i gceantar Thamhlachta. Níl uimhreacha bealaigh beartaithe do na bealaí seo de bhrí gur feidhm áitiúil amháin atá leo agus nach cuid de na bealaí rothar fad-achair iad a shíneann trasna limistéar leathan na cathrach.

Tréscailteacht Eiseach do Rothaithe in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas

Tá léargas le fáil ar léarscáileanna N6 agus N7 an ghréasáin rothaíochta ar na háiteanna inar féidir le rothaithe taisteal trí bhloic laistigh den ghréasán bóithre trí úsáid a bhaint as sráideanna agus bóithre ciúine nach bhfuil gá le háiseanna rothaíochta iontu mar gheall ar an líon íseal rothaithe agus luas íseal na tráchta. Tá formhór na limistéar cónaithe san iardheisceart réasúnta tréscailte ó tharla dlúthghréasán bóithre áitiúla a bheith ann a sholáthraíonn roghanna áisiúla bealaí do rothaithe. D'eascair roinnt deacrachtaí as seo mar gheall ar thréthracht míchuí agus tá moilliú tráchta suiteáilte ar a lán bóithre i gCromghlinn agus i dTeach Mealóg mar shampla.

Ainneoin bacainní ar thréscailteacht a bheith ann, tá roinnt samplaí maithe de nasc choisithe agus rothar mar seo a leanas:

- Nasc Cowper ó Dhartraí chomh fada le Sandford: Trasnaíonn sé seo líne Ghlas an Luas ag stad Cowper agus leanann sé ar feadh sráideanna cónaitheacha ciúine a fhoirmíonn cuarnasc idir limistéar Dhartraí/Ráth Garbh ag Bóthar an Ghoirt Aird agus Bóthar Sandford sa chuid ó dheas ó Raghmallach;
- Trasnú Abha an Phoitéil ag Bóthar Bheannchair: Tá droichead choisithe ann a sholáthraíonn nasc idir ceantar Chromghlinne agus Bóthar Chamaí Íochtarach;
- Nasc Choill Theach Mealóg le Bóthar Theach Mealóg agus Bóthar Gharrán na Cufróige; agus
- Sna limistéir sheachtracha den earnáil seo, tá go leor limistéar glas poiblí oscailte a éascaíonn nasc siúil agus rothaíochta idir eastáit tithíochta. Tá samplaí maithe le fáil i gceantar Bhaile an Chócaigh agus Baile Uí Fhoirtcheirn atá le feiceáil ar Léarscáil N6. Tá raonta foirmiúla rothar beartaithe trí na limistéir ghlasa seo ar a mbeadh rochtain trí cholbha cuasach agus trasrianta túcánacha ar phríomhbhóithre mar atá le feiceáil sa ghrianghraf seo a leanas.

Féarbhealaí Eiseacha in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas & Fadhbanna i bPáirceanna Poiblí

I láthair na huairé níl aon féarbhealaí foirmiúla in earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas, ainneoin scóip iontach a bheith ann gréasán fairsing de bhealaí rothar saor ó thrácht dá leithéid a sholáthar trí pháirceanna poiblí agus spásanna glasa oscailte níos neamhfhoirmiúla. Tá bacainní curtha ar fáil ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ag formhór na bpointí iontrála ag páirceanna áirithe sa chontae, i gcásanna a chuireann cosc ar rochtain a bheith ag rothaithe ar ghréasán suntasach páirceanna a d'fhéadfadh a bheith mar bhealaí deasa agus sábháilte rothaíochta amuigh ón trácht. Tá an cás mórán mar an gcéanna sna codanna is sine den earnáil seo laistigh de cheantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, cosúil le Páirc Eamonn Ceannt agus Páirc Bhóthar na gCloch i gCromghlinn.



Bealach 9C: Bacainn ag an mBealach Isteach i bPáirc Eamonn Ceannt ar Bhóthar Ghrianréime

San áireamh i ngréasán beartaithe an rotharbhealaigh tá rotharbhealach friothálach molta ar feadh Bhóthar Bhóthar na gCloch agus trí Pháirc Eamonn Ceannt chun nasc a chruthú le Bealach Gathach Tánaisteach 8C ag Bóthar an Chlochair. Bheadh sé seo ag dul tríd an ngeata atá le feiceáil sa ghrianghraf thuas.

Tá sampla maith de rochtain oiriúnach do rothaithe le feiceáil sa ghrianghraf seo a leanas ag imeall Pháirc na dTor taobh le Bóthar Theach Mealóg áit ina bhfuil colbha agus rotharbhealach roinnte atá ainmnithe go foirmiúil.



Siúlbealach/Rotharbhealach Roinnte ag Páirc na dTor, Bóthar Theach Mealóg, Tír an Iúir

3.6.2 Baile Átha Cliath Thiar Theas – Moltaí i leith Breiseanna agus Feabhsuithe ar Ghréasán an Rotharbhealaigh

D'ullmhaigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas (SDCC) staidéar um ghréasán rothaíochta do cheantar Thamhlachta in 2011. Dhírigh an staidéar seo ar na rotharbhealaí rochtana chuig lár bhaile contae Thamhlachta agus ar nasc i dtreo Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá na bealaí seo a leanas san áireamh sna tograí sin:

- (a) Áiseanna nua rothar ar feadh codanna de Rotharbhealach Gathach 9A ó Theach Mealóg go Tamhlacht, agus débhealach Bhóthar Bhaile Coimín an N81 cóngarach san iarthar le hacomhal Bhóthar Bhaile an Chócaigh an R136;
- (b) Féarbhealach Ghleann na Dothra ó Theach Mealóg go Bóthar na Bruíne: tugadh staidéar comhpháirteach (i dteannta le ÚNI, DCC agus DLRC) i gcrích ag deireadh 2012;
- (c) Rotharbhealach Lána Wellington ón Spá go Bóthar Bhaile an Teampaill ag na Glaschnoic (Bealach 9C);
- (d) Rotharbhealach Thamhlachta go Baile Baodáin ar feadh Bhóthar an tSeanbhábhuin agus trí Pháirc Ghleann na Dothra agus Cnoc Lín le droichead nua thar Abha na Dothra (Bealach SO5);
- (e) Uasghráduithe ar Chuarbhealach Rothar SO6 idir Baile Scallart agus Seanbhábhún trí cheantar Bhaile Uí Chuilinn;
- (f) Uasghráduithe ar Chuarbhealach Rothar SO5 ar feadh Bhóthar Belgard idir Tamhlacht agus Cluain Dolcáin;
- (g) Uasghráduithe ar Bhóthar na nGlaschnoc, arb ionann é agus cuid de Rotharbhealach Gathach 8B ó Thamhlacht i dtreo lár na cathrach trí Pháirc Thigh Motháin agus na Glaschnoic. Éiríonn an réimse ó thuaidh ó dhroichead an M50 a thrasnaíonn Bóthar na nGlaschnoc an-chaol agus casta agus tá níos mó bacainní éadanais le tabhairt faoi deara níos cóngaraí do Bhaile Bhailcín. Tá an chuid seo den bhóthar molta mar bhealach friothálach, mar go bhfuil trébhealach 8B níos fearr ar fáil ó dheas a sheachnaíonn Timpeallán gnóthach Bhaile Bhailcín;
- (h) Uasghráduithe ar feadh Bhealach Bhaile an Fhaoitigh agus Bealach Bhaile an Chócaigh, Rotharbhealach Tánaisteach áitiúil a ghabhann díreach siar ó Lár Bhaile Thamhlachta;
- (i) Féarbhealach Shruathán Ráth Miontáin ó Pháirc Sheáin Bhreathnaigh ar Bhóthar an tSeanbhábhuin trí cheantar Chill an Ardáin chomh fada le Ráth Miontáin;
- (j) Áiseanna agus uasghráduithe nua rothar ar feadh Bhealach 9C ag Bealach/Lána Bhaile Uí Fhoirtcheirn i dtreo Shagard; agus
- (k) Feabhsuithe ar Chuarbhealach SO6 ag Acomhal Mótarbhealaí Choill an Rí ar Bhóthar an Náis an N7 (a chruthaíonn nasc le Bealaí Gathacha 7C agus 7D).

Áirítear na nithe seo a leanas i dtograí reatha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do rotharbhealaí breise nó feabhsaithe san earnáil seo:

- (a) Féarbhealach na Canálach Móire a shíneadh siar ó Dhroichead Portobello go Ciardhubh;
- (b) Áiseanna nua rothar ar feadh Rotharbhealach Gathach 8C ón gCuarbhóthar Theas ar feadh Bhóthar an Chlochair agus Bóthar Chill Dara chomh fada le hOspidéal Chromghlinne;
- (c) Feabhsuithe ar na lánáí rothar ar feadh Bhóthar Bunting (Bealach 8A) ó Ospidéal Chromghlinne chomh fada le Timpeallán Bhaile Bhailcín;
- (d) Áiseanna nua rothar ar feadh Chuarbhealach SO4 ó Thimpeallán Bhaile Bhailcín go dtí an Choill Mhór agus Baile Formaid;
- (e) Uasghráduithe ar Rotharbhealach Gathach 9B ar feadh Bhóthar Chrois Araid, Bóthar Thír an Iúir agus Bóthar Theach Mealóg; agus
- (f) Uasghráduithe ar Rotharbhealach Gathach 10 ar feadh Dhroichead Portobello ar an gCanáil Mhór ar feadh Bhóthar Ráth Maonais agus Bóthar Ráth Garbh chomh fada le Crois Thír an Iúir.

Moltaí Breise um Ghréasán an Rotharbhealaigh

Bunaithe ar anailís bearnaí is léir go bhfuil moltaí eiseacha an údaráis áitiúil sách cuimsitheach agus nach bhfuil ach gá teoranta le breiseanna suntasacha ar an ngréasán rotharbhealaigh beartaithe san earnáil seo mar seo a leanas:

- (a) An chuid ar lár de Bhealach Gathach 10A ar feadh Ascaill Ghort an Ime chomh fada le Ráth Fearnáin mar shíneadh leis na raonta rothar reatha ar feadh Bhóthar Theach na Giúise;
- (b) Bealach Gathach 9D ar feadh Bhóthar Bhaile Coimín ó Ráth Miontáin siar i dtreo Iarthar na Cathrach;
- (c) Bealach Gathach 8A ó Bhaile Uí Fhoirtcheirn go Baile Bhailcín: Na codanna ar lár a chríochnú agus an bealach seo a thrasnaíonn an M50 ag Acomhal 10, Baile an Mhóta, a uasghrádú d'fhormhór an cheantair fostaíochta;
- (d) Trasbhealach nua saor ó thrácht an M50 ar bhealach 7E ó Bhaile an Mhóta go Cluain Dolcáin agus Belgard;
- (e) Bealach Gathach 8B ó Thamhlacht go dtí na Glaschnoic agus Cromghlinn trí Pháirc Thigh Motháin (Bealach gathach nua chun seachbhealach a fhorbairt in aice le Timpeallán Bhaile Bhailcín);
- (f) Gréasán Rothaíochta Lár Bhaile Thamhlachta; agus
- (g) Tréscailteacht an bhealaigh áitiúil i dTamhlacht trí bhloic mhóra d'eastáit thionsclaíocha:
 - (i) Nasc Bhóthar Mayberry le Bóthar Chnoc na Giolcaí, a nascann Bóthar Airton, ar thailte Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta agus chomh fada le lár Shráidbhaile Thamhlachta;
 - (ii) Belgard trí Eastát Tionsclaíochta Bhaile an Chócaigh chomh fada le hOspidéal Thamhlachta agus ar aghaidh chuig Lár Bhaile Thamhlachta ag Cearnóg Belgard Thuaidh, mar aon le speir soir chomh fada le Bóthar Airton trí Pháirc Miondiola Belgard; agus
 - (iii) Nasc Choill an Rí le Baile an Mhóta thar an M50 ar dhroichead nua.

Féarbhealaí Nua in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas

Tá na féarbhealaí nua seo a leanas beartaithe in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas ionas gur féidir tairbhe a bhaint as na conairí nádúrtha do mheascán de rothaíocht taitneamhachta agus comaitéara:

- (a) **Bealach Ghleann na Dothra:** Sínfidh an féarbhealach mór seo achar 18km ó Lár na Cathrach ag Ceantar na nDugaí aniar-aneas i dtreo Shléibhte Bhaile Átha Cliath ag Bóthar na Bruíne.
- (b) **Bealach Abha an Phoitéil & Féarbhealaí Pháirc Thigh Motháin**

Malairt ar Bhealach Gathach 9A/9D a bhfuil srian suntasach air i gceantar Chrois Araid agus Chamaí mar gheall ar chonair chaol bóthair. Tá conair na habhann oscailte agus inrochtana den chuid is mó idir Cnocán Argos i gCrois Araid agus Páirc Thigh Motháin idir na Glaschnoic agus Tamhlacht. Ag Páirc Thigh Motháin tá roinnt féidearthachtaí ann nascbhealaí a fhorbairt leis na ceantair chónaithe mórthimpeall, trí thrasbhealaí ar an M50 ar dhá dhroichead coisithe atá ann cheana féin agus droichead nua amháin.



Abha an Phoitéil ag Mainéar Chamaí

- (c) **Féarbhealach Shruthán Ráth Miontáin:** ar feadh chraobh-abhainn Abha na Dothra siar ón M50 ag Acomhal 11 agus ag síneadh siar ar feadh 5km trí dheisceart cheantair Chill an Ardáin agus Ráth Miontáin chomh fada le Baile Uí Fhoirtcheirn i dTamhlacht.
- (d) **Féarbhealach Bhealach na Páirce Iartharach:** Cuar-fhéarbhealach le haghaidh rothaíochta ar feadh chonair mhótarbhealach an M50 ó bhealach Ghleann na Dothra ó dheas ó bhealach na Canálach Móire ó thuaidh. Chomh maith leis sin, sholáthródh an bealach seo an dara nasc idir ceantar Thamhlachta agus ceantar Chluain Dolcáin mar mhalairt ar bhealach gnóthach tráchtá Bhóthar Belgard.
- (e) Conair Ghleann an tSláid: bealach féideartha ó dheas ó shráidbhailte Ráth Cúil agus Theach Sagard ar feadh chuid uachtarach Abhann na Camóige go dtí An Briotás gar do Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Bealach malartach a bheadh sa chonair sin in ait an Bhóthair N81 go Baile Coimín atá an-ghnóthach agus chuirfeadh sé rochtain ar fáil ar líonra bóithre ciúine tuaithe in Iarthar Chill Mhantáin.

Rothaigh & Taisteal go Conairí Iompair Phoiblí in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas

Is í an phríomhchonair ghathach iompair phoiblí sa chuid thiar den earnáil seo seirbhís Líne Dhearg an Luas a shíneann ó lár na cathrach chomh fada le Tamhlacht, le brainse ó Belgard siar i dtreo Shagard. Go ginearálta is ag rith comhthreomhar le Rotharbhealaí Gathacha 7B, 7D agus 7E atá an líne iarnróid éadroim seo. Tá líon beag seastán páirceála rothar ag gach stad iarnróid éadroim, ach níl aon scáthlán ar fáil. Tá raonta rothar ar feadh bealaí rochtana gnóthacha, nó bóithre áitiúla ciúine chuig stadanna cosúil le Coill an Rí agus Baile an Chócaigh ag freastal ar gach stad iarnróid éadroim. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shláidail spásanna páirceála do rothair.

Sa chuid thoir den earnáil seo, is iad na busbhealaí trí Thír an Iúir agus Camaigh na príomhsheirbhísí iompair phoiblí. Níl spás páirceála do rothair ag na stadanna bus ar feadh na mbealaí seo. Ba chóir machnamh ar roinnt seastán páirceála rothar a sholáthar ag príomhstadanna ar feadh na mbealaí seo gar do chrosbhealaí le príomh-rotharbhealaí ainmnithe.

Naisc Rothaíochta Tuaithe ó Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas

Bealaí an Ghréasáin Rothaíochta Náisiúnta in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas

Cruthóidh Rotharbhealach Náisiúnta fad-achair Uimh.10 nasc ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh agus Port Láirge trí Chill Chainnigh mar atá mínithe i Staidéar Scóipe an Ghréasáin Rothaíochta Náisiúnta (NCN) [National Cycle Network Scoping Study] a foilsíodh in 2010. Ainneoin nach bhfuil aon staidéar foirmiúil roghnaithe bealaí déanta don bhealach seo go fóill, tá sé réasúnta glacadh leis go leanfaidh an

bealach cosán tarraingthe na Canálach Móire i gceantar Bhaile Átha Cliath agus Cill Dara thuaidh mar gheall ar an áis ardcháilíochta atá ann cheana féin ón gcathair amach chomh fada le Baile Adaim, a bheidh ag teacht le Rotharbhealach Gathach 7B Bhaile Átha Cliath.

Rotharbhealaí go Sráidbhailte agus Bailte Tuaithe in Iardheisceart Bhaile Átha Cliath

Is iad an Nás i gCo. Chill Dara agus Baile Coimín i gCo. Chill Mhantáin na bailte móra is cóngaraí lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath san earnáil seo. Tá roinnt sráidbhailte idir na bailte seo agus imeall Bhaile Átha Cliath ag Tamhlacht. Síneann an dá phríomhbhealach i dtreo an iardheiscirt ón gcathair i dtreo na mbailte seo a leanas:

- (a) **Bealach an Náis:** Ón Nás, tá rogha dhá bhealach ag rothaithe ar mian leo taisteal go Baile Átha Cliath. Is é an bealach is mealltaí i dtéarmaí Cáilíocht Seirbhíse ná an bealach ar feadh bhealach na Canálach Móire ag na Solláin, nuair a bheidh sé pábháilte do Rotharbhealach Náisiúnta 9, ainneoin go bhfuil an bealach seo beagán níos faide ná an bealach eile. Téann an bealach níos díri ar feadh chonair reatha Bhóthar an Náis an N7, an príomhbhealach tráchtá chun na cathrach. Níl an bóthar seo oiriúnach do rothaithe faoi láthair, de bhrí, seachas mótarbhealach an M50, gurb é an bealach náisiúnta is gnóthaí sa tír é; débhealach ardluais 3 lána agus acomhail atá rangaithe de réir gráid den chuid is mó atá le fáil ar an mbealach seo. Faoi láthair, is é an bealach is ciallmhaire do rothaithe ná bealach malartach a leanúint trí bhóithre áitiúla comhthreomhara ón Nás trí shráidbhailte Bhaile Sheáin agus na Cille, áit a bhfuil rotharbhealach/cosán roinnte ardcháilíochta idir na ceantair uirbeacha. Soir ón gCill níl an gréasán bóithre áitiúil ar an gcaighdeán céanna, tá sé gan raonta rothar, agus casanna sé ó dheas ó Bhóthar an Náis. Tá na leibhéil tráchtá íseal, áfach, agus féadfaidh rothaithe na bóithre tuaithe seo a leanúint i dtreo bhruachbhaile Bhaile Átha Cliath, Ráth Cúil trí Bhóthar Chill Chéile. Tá an bealach seo le feiceáil ar Bhileog Léarscáile RN5 na Rotharbhealaí Idiruirbeacha beartaithe mar K4/K14 ón gCill go Teorainn Chontae Bhaile Átha Cliath agus ansin ar Léarscáil RN10 mar D5 chomh fada le Ráth Cúil agus Sagard, áit ina nascann sé le Bealach 8A i dtreo chathair Bhaile Átha Cliath trí Bhaile an Mhóta, agus Bealach 9C i dtreo Thamhlachta agus i dtreo na cathrach trí Thír an Iúir.
- (b) **Bealach Bhaile Coimín:** Téann an bealach díreach idir Tamhlacht agus Baile Coimín ar feadh bhóthar náisiúnta den dara grád an N81, bóthar nach n-oireann do rothaithe mar gheall ar thrácht trom agus easpa guailí crua d'fhormhór an achair sa réimse bóthair idir Ráth Miontáin agus an Briotás. Iompraítear go leor ábhar tógála ó cheantar Bhaile Coimín go margadh Bhaile Átha Cliath agus bíonn líon suntasach trucaíil ag iompar táirgí gairbhéil agus coincreíte ar feadh bhealach an N81. Tá bealach níos fearr chomh fada le Baile Coimín beartaithe trí bhóthar réigiúnach an R114 a shíneann ó Theach na Giúise trí Bhóthar na Bruíne agus thar Bhearna Bhuaille na Scornaí. Tá an bealach seo le feiceáil ar Bhileog Léarscáile RN8 na Rotharbhealaí Idiruirbeacha beartaithe mar W18 trí Chill Bhríde chomh fada le Teorainn Chontae Bhaile Átha Cliath agus ansin ar Léarscáil RN10 mar D5 chomh fada leis an Seanbhábhún agus Teach na Giúise, áit ina nascann sé le *Féarbhealach Abha na Dothra* nó Bealach 10A i dtreo chathair Bhaile Átha Cliath trí Ráth Fearnáin.
- (c) **Teach Sagard / Ráth Cúil / an Caisleán Nua:** Tá forbairt shuntasach tagtha ar na 3 shráidbhaile seo ag imeall oirdheiscirt na cathrach le blianta beaga anuas agus anois is bailte dórtúir réasúnta suntasacha atá iontu. Chomh maith leis sin, tá páirc ollmhór lóistíochta agus trádstórais sa Ghrianóg idir Ráth Cúil agus an Caisleán Nua is cúis le turais comhaltáí foirne mar aon le líon mór trucaíil a bheith ag teacht agus ag imeacht. Tá rotharbhealach tuaithe D5 á thaispeáint ar Léarscáil RN10 mar nasc idir 3 lonnaíocht satailíte ar feadh bhóthar an R120 agus ar aghaidh trí Bhealach cathrach 8A chomh fada le mórcheantar Thamhlachta ag Baile Uí Fhoirtcheirn. Leanann an bealach seo aniar-aduaidh ar feadh bhóthar an R405 ón gCaisleán Nua chomh fada le stáisiún iarnróid Cholchoille ar líne Bhaile Átha Cliath go Corcaigh, agus uaidh sin nascann sé le Cill Droichid i gCo. Chill Dara. Nascann Bealach D6 an Caisleán Nua anoir-aduaidh ar feadh bhóthar an R120 chomh fada le Caisleán na Gráinsí trí Bhealach 8C2 nó go Leamhcán trí Bhealach SO7. Níl an dá bhóthar réigiúnacha seo (R120 agus R405) oiriúnach

do rothaithe mar gheall ar a chaoile is atá an carrbhealach, an bóthar a bheith casta agus go leor tráchta, trucaílí san áireamh. Bheadh raonta rothar leithscartha ag teastáil.

Bealaí Rochtana Rothaíochta go Sléibhte Bhaile Átha Cliath

Mar theorainn na hearnála seo ó dheas tá Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus áirítear na bunchnoic ag tuaisceart agus iarthuaisceart na sléibhte. Bíonn an-tóir ag rothaithe áineasa ar na sléibhte, ag an deireadh seachtaine go háirithe, daoine ar breá leo an dúshlán a bhaineann leis an rothaíocht i gcoinne na hairde, bóithre ciúine agus coinníollacha garbha aimsire.

Faigheann na rothaithe rochtain ar na sléibhte ar 3 bhealach den chuid is mó mar aon le Bealach Bhaile Coimín ag Bearna Bhuaile na Scornaí:

- (a) Gleann na Dothra Uachtarach, Gleann an Smóil;
- (b) An *Bóthar Míleata* ó Ráth Fearnáin ar feadh spíon Bhaile Átha Cliath agus Sléibhte Chill Mhantáin trí Bhearna Bhealach Sailearnáin chomh fada le Láithreach agus níos faide anonn. Tá sé seo á thaispeáint mar Bhealach D2 ar Léarscáil RN10; agus
- (c) Is malairt ar Bhealach D2 an Bhóthair Mhíleata é Bealach Shruth na gCloch nach bhfuil chomh díreach céanna agus nach mbíonn an oiread céanna tráchta air. Tá brainse soir i dtreo Ghleann Cuilinn a éascaíonn bealach fillte níos giorra chuig an gcathair trí Chill Tiarnáin nó an Chéim san earnáil Thoir Theas. Tá sé seo á thaispeáint mar Bhealach D2a ar Léarscáil RN10.

Is féidir na bealaí seo a áireamh mar bhealaí atá comhthreomhar le *Rotharbhealach Shléibhte Bhaile Átha Cliath a leanann a bheag nó a mhór an líne chéanna le siúlbealach Bhealach Shléibhte Bhaile Átha Cliath*. D'fhéadfaí breathnú air mar lúb do thuras lae rothaíochta ó Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí na sléibhte trí Ghleann na Dothra (18km), ar feadh imeall thuaisceart na sléibhte i dtreo na farraige ag Seanchill (30km) agus ansin ar ais chuig an gcathair ar feadh Chonair an Chósta Thoir (18km), rud a chiallódh go mbeadh turas thart ar 70km ar fad i gceist. Tá sé seo á thaispeáint mar Bhealach D4/D3/D5 ar Léarscáil RN10. I dtreo an iarthair síneann Bealach D5 ó na sléibhte chomh fada le Cill Dara agus sráidbhaile Ráth Cúil.

3.6.3 Earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach

Rinneadh measúnú ar Cháilíocht Seirbhíse (QoS) eiseach do na príomh-rotharbhealaí agus sampla de na bealaí tánaisteacha in earnáil Bhaile Átha Cliath Thiar Theas. Is i raon D agus C den chuid is mó atá an QoS sna codanna thoir agus sna codanna níos sine den earnáil seo. Tá réimsí fada QoS - leibhéal B ar na bóithre nua sna limistéir theas agus thiar, ar feadh na gcuarbhealaí nach bhfuil an oiread sin úsáide á mbaint astu den chuid is mó.

3.7. Earnáil Bhaile Átha Cliath Theas-Láir

Síneann Earnáil Bhaile Átha Cliath Theas-Láir amach ó lár na cathrach trí Raghallach agus áirítear san earnáil seo Cluain Sceach, Baile an Mhuilinn, Baile na nGabhar, Dún Droma, Baile an tSaoir, Áth an Ghainimh agus an Chéim. Tá an t-imeall thiar ag teacht a bheag nó a mhór leis an teorainn idir Chomhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Bhaile Átha Cliath Theas. Tá an t-imeall thoir suite ar feadh líne a ritheann trí champas UCD in Belfield, Cnoc Mhuirfean agus Eastát Gnó Áth an Ghainimh go dtí an pointe a chasann mótarbhealach an M50 i dtreo an oirdheiscirt nuair a chruthaíonn sé teorainn idir bunchnoic Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus an limistéar cois cósta in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Theas.

Déan tagairt do Léarscáil E7 i gCuid 2 áit ina bhfuil léaráid de na príomh-rotharbhealaí atá san earnáil seo faoi láthair, agus tá na sreafaí tráchta rothar atá san earnáil seo faoi láthair le fáil ar Léarscáil DD3 i gCuid 7.

3.7.1 Baile Átha Cliath Theas-Láir – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Léirítear ordlathas an rotharbhealaigh ar Léarscáil N1 agus ar Léarscáil N7 i gCuid 4b

Bealaí Gathacha in Earnáil Bhaile Átha Cliath Theas-Láir

Is Cuimsíonn spíon na hearnála seo Príomh-Rotharbhealach Gathach amháin a bhfuil speireacha éagsúla uirthi:

Bealach 11 ar feadh Bhóthar Raghallach agus Bóthar Chluain Sceach chomh fada le Crois Bhaile na nGabhar le brainsí;

Brainse Bhealach 11A ó Raghallach trí Pháirc Líosain go dtí oirdheisceart lár na cathrach agus Bealach 12 ag Droichead Shráid Líosain ar an gCanáil Mhór;

Bealach 11B Bóthar Bhaile an Mhuilinn agus Bóthar Bhaile an Teampaill Íochtarach;

Bealach 11C ó dheas ó Chrois Bhaile na nGabhar ar Nascbhóthar Dhroim Máirtín / Bóthar Chill Ghobáin / Bóthar Bhaile Uí Ógáin chomh fada le Carraig Mhaighin;

Bealach 11D Bóthar Theach Naithí / Bealach Overend / Bealach Wyckham go Baile an tSaoir; agus

Bealach 11E ó Dhún Droma ar feadh Bhóthar Áth an Ghainimh / Bóthar Áth na Sceire go dtí an Chéim (agus bealach tuaithe ar aghaidh chuig Áth na Sceire agus Sléibhte Chill Mhantáin), le speir ó thuaidh isteach go Sráidbhaile Dhún Droma.

Is rotharbhealach ardcháilíochta é Bealach Gathach 11 go ginearálta nach roinneann spás bóithre le lánaí bus rud atá fíor i gcás na mbealaí cóngaracha, Bealach 10 siar trí Ráth Maonais nó Bealach 12 soir trí Dhomhnach Broc. Is bóthar caol é an bealach níos díri chuig Dún Droma trí Bhaile an Mhuilinn agus Bóthar Dhún Droma nach bhfuil aon deis ann áiseanna rothaíochta ardcháilíochta a fhorbairt ann. Is rotharbhealach i bhfad níos fearr é Bóthar Chluain Sceach, agus tá bealaí friothálacha éagsúla á nascadh siar chuig Dún Droma trí limistéir chónaithe.

Cuarbhealaí in Earnáil Bhaile Átha Cliath Theas-Láir

Tá sé chuarbhealach san earnáil seo a sholáthraíonn trasnaisc idir na bealaí gathacha agus a thugann rochtain ar ionaid laistigh den earnáil seo, agus sna hearnálacha cóngaracha Thiar Theas agus Thoir Theas:

Bealach SO1: Bealach na Canálach Móire a nascann siar i dtreo Chrois Araild agus soir i dtreo cheantar na nDugaí;

Bealach SO2: Ó Dhroichead na Dothra san oirthear trí Raghallach trí Bhealach Aipiach agus Bóthar Charleston chomh fada le Ráth Maonais agus ar aghaidh chuig ceantar Kenilworth agus Camaigh;

Bealach SO3: Cuid den bhealach ar feadh *Fhéarbhealach Ghleann na Dothra* ó Dhroichead na Dothra go Baile an Mhuilinn agus ar aghaidh trí Dhartraí chomh fada le Ráth Garbh agus Tír an Iúir. Nascann sé campas UCD Belfield ó Bhaile an Mhuilinn;

Bealach SO4: ón gCarraig Dhubh go Dún Droma trí UCD, Cnoc Mhuirfean agus Baile na Lobhar, agus ansin i dtreo an iarthair trí Bhaile an Teampaill agus an Garrán Cnó chomh fada le Ráth Fearnáin;

Bealach SO5: Dún Laoghaire trí Stigh Lorgan go Dún Droma agus siar chomh fada le Baile Baodáin; agus

Bealach SO6: Dún Laoghaire go Tamhlacht trí Átha an Ghainimh agus Baile an tSaoir.

Féarbhealaí Eiseacha in Earnáil Bhaile Átha Cliath Theas-Láir

Seo a leanas an 2 fhéarbhealach atá san earnáil seo faoi láthair:

Féarbhealach Ghleann na Dothra ag Baile an Mhuilinn: tá réimse gearr 1.4km ar fad d'fhéarbhealach ar feadh bhruacha Abha na Dothra i mBaile an Mhuilinn faoi láthair; agus

Féarbhealach Abhainn na Stéille: Is féarbhealach nua é seo a shíneann 3km ó Dhún Droma go Páirc Mharlaí trí Bhaile an tSaoir.

3.7.2 Baile Átha Cliath Theas-Láir - Breiseanna um Ghréasán an Rotharbhealaigh

D'ullmhaigh DLRC staidéar um ghréasán rothaíochta bunaithe ar an gcontae ina iomláine in 2011. Níl aon moltaí beartaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi láthair chun an rotharbhealach san earnáil seo a fheabhsú. Ghlac an dá údarás áitiúil páirt i staidéar comhpháirteach (i gcomhar leis an ÚNI agus Baile Átha Cliath Theas) maidir le Féarbhealach suntasach ar feadh Abha na Dothra, staidéar a cuireadh i gcrích ag deireadh 2012. Seo a leanas na breiseanna gréasáin a mhol na húdaráis áitiúla roimhe seo:

- Bóthar Bhaile an Teampaill Íochtarach;
- Bóthar Dhún Droma Thuaidh ag trasbhealach Abha na Dothra (nasc ó Bhaile an Mhuilinn go UCD trí Bhóthar na Mailpe agus Páirc an Gharráin Chnó);
- Bóthar Theach Naithí / Bóthar Mount Anville / Ascaill Foster (Príomh-Chuarbhealach SO4);
- Bóthar Chill Mochuda Íochtarach (Cuarbhealach SO5);
- Bóthar Dhún Droma Theas / Príomhshráid Dhún Droma / Bóthar Áth an Ghainimh (Friothálach);
- Bóthar Chill Mhochuda Uachtarach Siar / Bóthar Bhaile an tSaoir Thuaidh (Friothálach);
- Bealach Bhealach an Gharráin Chnó (10D);
- Ascaill Bhaile an tSaoir (Cuarbhealach SO6);
- Bóthar an Draighin laistigh d'Eastát Gnó Áth an Ghainimh (Cuarbhealach SO6);
- Bóthar Áth an Ghainimh go Bóthar Áth na Sceire ag Crois na nUan (Bealach Gathach 11E); agus
- Bóthar Áth na Sceire ag Sráidbhaile na Céime (Bealach Gathach 11E).

Moltaí Breise an Ghréasáin

Dearbhú é an anailís ar bhearnaí ar feadh mhianlínthe rothaithe mar atá sainithe ag léarscáileanna an ghréasáin rothaíochta go bhfuil na moltaí atá ag an údarás áitiúil cheana féin réasúnta cuimsitheach agus go bhfuil gá teoranta le breiseanna suntasacha ar an ngréasán rotharbhealaigh beartaithe san earnáil seo. Seo a leanas na breiseanna gréasáin a theastaíonn sa bhreis ar a mhol na húdaráis áitiúla roimhe seo mar aon lena rangú i ngréasán an rotharbhealaigh:

- Bealach Gathach 11B ó Bhóthar Sandford ar feadh Bhóthar Bhaile an Mhuilinn;
- Cuarbhealach SO2: Ó Dhroichead na Dothra san oirthear trí Raghallach trí Bhealach Aipiach agus Bóthar Charleston chomh fada le Ráth Maonais agus ar aghaidh chuig ceantar Kenilworth agus Camaigh;

- (c) Cuarbhealach SO3: siar ó *Fhéarbhealach Ghleann na Dothra* ag Baile an Mhuilinn trí Dhartraí go Ráth Garbh agus Tír an Iúir;
- (d) Bealach Gathach 13C idir Áth an Ghainimh agus Baile Uí Ógáin trasna an M50 ag Acomhal 13 Thoir. (Tarraingíodh aird ar roghanna bealaí don nasc casta seo i staidéar féidearthachta a rinneadh do DLRCC in 2011 inar moladh droichead fada a thógáil os cionn an mhótarbhealaigh siar ó Acomhal 13 Thoir.); agus
- (e) Bealaí malartacha féideartha do Phríomh-Chuarbhealach SO4 áit ina bhfuil cnoc géar Chnoc Mhuirfean.

Féarbhealaí Nua i mBaile Átha Cliath Theas-Láir

- (a) **Féarbhealach Ghleann na Dothra:** Ceantar na nDugaí go Sléibhte Bhaile Átha Cliath ag Bóthar na Bruíne a nascann réimsí gearra de na bealaí eiseacha trí pháirceanna poiblí agus spásanna oscailte ar feadh na habhann.
- (b) **Féarbhealach na nGlasán:** bealach 1.7km ar fad mar mhalairt ar Bhóthar caol Dhún Droma.
- (c) **Féarbhealach an Gharráin Chnó:** féarbhealach gearr áitiúil i gceantar Bhaile an Teampaill a leanann shruth na Deargaile Bige.
- (d) **Bealach Bhartúin:** An Garrán Cnó go Bóthar na Gráinsí ar Chuarbhealach SO5.

Rothaigh & Taisteal go Conairí Iompair Phoiblí in Earnáil Bhaile Átha Cliath Theas-Láir

Is í Líne Ghlas an Luas an príomhchonair ghathach iompair poiblí san earnáil seo a ritheann comhthreomhar le Rotharbhealach Gathach 11 & 11C. Tá spásanna páirceála do rothair ar fáil ag gach stad iarnróid éadroim agus tá taisceadain rothar le fáil in áiteanna áirithe. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shlándáil spásanna páirceála do rothair.

Naisc Rothaíochta Tuaithe ó Earnáil Bhaile Átha Cliath Theas-Láir

Tá Sléibhte Bhaile Átha Cliath le fáil ó dheas ón earnáil seo ina n-áirítear na bunchnoic ag oirthuaisceacht na sléibhte. Síneann Rotharbhealach Uirbeach 11E / Rotharbhealach Tuaithe D1/W1 (atá le feiceáil ar Léarscáil RN10) ó dheas ar feadh bhun oirthear na sléibhte i dtreo Chill Mhantáin Thuaidh agus sráidbhaile tairsí Áth na Sceire. Níl daonra sách mór sa limistéar seo chun éileamh comaitéara rothaíochta i dtreo Chathair Bhaile Átha Cliath a chruthú. Tá éileamh láidir ann, áfach, do rothaíocht áineasa amach as an gcathair i dtreo na sléibhte, go háirithe ag an deireadh seachtaine tráth a bhfuil seans ann gurb é Bóthar Áth na Sceire an rotharbhealach tuaithe is gnóthaí sa tír. Níl aon bhealach malartach praiticiúil ar fáil do rothaithe áineasa, rud is cúis leis an oiread sin rothaithe a bheith ag taisteal ar Bhóthar Áth na Sceire.

Ba cheart breithniú ar na bearta seo a leanas ar an mbealach seo:

- Luasteorainn reatha 80 km/h ó Chill Tiarnáin go Áth na Sceire a athbhreithiú le haghaidh laghdú ionchais go 60km/h (tá luasteorainn ghinearálta 50 km/h luaite le gach bóthar áitiúil cóngarach i limistéar DLRCC cheana féin);
- Soilsiú feabhsaithe;
- Lánaí rothar laistigh den leithead suntasach bóithre atá ann cheana féin;
- An bóthar a leathnú beagán cibé áit ar féidir chun lánaí rothar a fhorbairt; agus
- Ag an Scaip agus ó dheas áit nach féidir lánaí rothar a sholáthar, ba chóir smaoineamh ar bhearta moillithe tráchta a fhorbairt nó raon rothar níos fearr trí na páirceanna cóngaracha.
- Nasc ag Chéim ar feadh Bhóthar Cill Ghobáin go Príomhbhealach an 11C i dtreo Chathair Bhaile Átha Cliath trí Áth an Ghainimh agus Bhaile an Ghabhair. (Tá an bóthar seo chomh cúng, casta sin nach bhféadfaí lánaí rothaíochta a chruthú air agus mar sin beidh sé riachtanach socruithe a dhéanamh maidir le maolú tráchta).

Rotharbhealaí Nua trasna an M50 ag Tigh an Chnoic

Tá áiseanna rothaíochta molta trí Acomhal 13 ar an M50 ag Áth an Ghainimh chun an Bealach Gathach 11C a nascadh le Cill Ghobáin áit a bhfuil fás tapa ag teacht ar limistéar cónaithe.

Tá páirc rothaíocht sléibhe i bhForaois Thigh an Chnoic ar Bhinn Trí Charraig díreach ó dheas ó Bhaile an tSaoir. D'fhéadfaí rochtain a fháil ar an áis seo trí rothaíocht ar feadh Bhealach 11D, seachas gur thrasnaigh mótarbhealach an M50 Acomhal 13 Thiar ag Seanbhóthar Thigh an Chnoic. Cuireann sé seo isteach den chuid is mó ar an bpobal cónaithe nua ag Cnoc Thigh an Chnoic díreach ó dheas ó mótarbhealach, áit nach bhfuil ach rochtain mhíshásúil agus neamhdhíreach bóithre ón deisceart trí Bhóthar an Ghleanna Dhuibh agus Bóthar Ghráinseach an Araltaigh, dhá bhóthar nach bhfuil feiliúnach do rothaíocht ná do shiúl. Tá aird DLRCC tarraingthe ar an bhfadhb seo agus tá staidéar féidearthachta déanta maidir le droichead nua coisithe agus rothaithe a fhorbairt os cionn an mhótarbhealaigh ag an ionad seo. D'fheidhmeodh a leithéid de nasc mar bhealach friothálach áitiúil agus mar bhealach rochtana do rothaíocht áineasa i Sléibhte Bhaile Átha Cliath.

3.7.3 Earnáil Bhaile Átha Theas-Láir – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach

Rinneadh measúnú ar Cháilíocht Seirbhíse (QoS) eiseach do na príomh-rotharbhealaí agus sampla de na bealaí tánaisteacha in earnáil Bhaile Átha Cliath Theas-Láir. Go ginearálta, is idir raon B agus C atá an QoS, le cuid acu i raon A ar bhealaí eiseacha áit arb éard atá i gceist san áis rothaíochta ná meascán de raonta rothar sna bruachbhailte seachtracha agus lánaí rothar comhairleacha ar íosleithead níos cóngaraí don chathair ag Raghannalach nó lánaí bus roinnte.

3.8. Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Theas

Síneann Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Theas amach ó lár na cathrach i dtreo Dún Laoghaire agus Cábán tSíle, ag imeall an cheantair uirbigh, agus ó Chósta an Oirthir intíre ag Bá Bhaile Átha Cliath chuig líne idir Domhnach Broc agus Áth an Ghainimh. Déan tagairt do Léarscáileanna E1, E7 agus E8 i gCuid 2 le haghaidh léaráide de na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo, le sreafaí tráchtá rothar eiseacha á léiriú ar Léarscáileanna DD1 agus DD3 i gCuid 7.

3.8.1 Baile Átha Cliath Thoir Theas – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Léirítear ordlathas an rotharbhealaigh beartaithe ar Léarscáileanna N7 agus N8 i gCuid 4ab.

Bealaí Gathacha in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Theas

Nascann dhá phríomh-rotharbhealach gathacha an earnáil seo le lár na cathrach, le cúig bhrainte nó athróg, mar seo a leanas:

Bealach 12: Faiche an Choláiste go Bré trí Shráid Líosain agus Bóthar Stigh Lorgan.

Bealach 13: Faiche an Choláiste go dtí an Charraig Dhubh trí Shráid an Mhóta, Bóthar Northumberland, Bóthar Mhuirfeann agus Bóthar na Carraige le go leor brainsí;

Bealach 13A Faiche Stiabhna go Droichead na Dothra, trí Shráid Bhagóid agus Bóthar Pheambróg;

Bealach 13B Plás Beresford go Droichead na Dothra, trí Shráid Sandwith, Sráid na Canálach Móire, agus Bóthar Shelbourne;

Bealach 13C an Charraig Dhubh go Cábán tSíle agus Bealach 12 trí Bhóthar Ghráinseach an Déin;

Bealach 13D an Charraig Dhubh go dtí an Baile Breac/Coill na Silíní, trí Ascaill Bhaile an Róistigh le spor ar feadh Bhóthar na Potaireachta go Cábán tSíle;

Bealach 13E Thuaidh: Sráid an Phiarsaigh - Dumhach Thrá - Mhuirfean (Bealach 13), chuid de Bealach Náisiúnta 5 ar feadh Chonair an Chósta Thoir;

Bealach 13E Theas: Baile an Bhóthair - Páirc na Carraige Duibhe - Rinn na Mara - Dún Laoghaire - Dheilginis (cuid de Bealach Náisiúnta 5 ar feadh Chonair Chósta an Oirthir) agus bheadh dhá rogha ann ansin - dul bealach an chósta trí Pháirc na Carraige Duibhe agus Ascaill Rinn na Mara, nó Bealach 13C a fhágáil ag Cnoc an Teampaill agus imeacht ar feadh Bhóthar Bhaile na Manach; agus

Bealach 13F Feirm Bhaile na Manach agus Gleann na gCaorach.

Bíonn idir 600 agus 700 rothaí ag taisteal ar feadh Bhealach 12 agus 13 i rith buaic-amanna.

Naisc ó Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Theas go Bailte Satailíte agus Sléibhte Chill Mhantáin

Síneann na bealaí gathacha aitheanta amach ó lár na cathrach chomh fada le himeall theas limistéar uirbeach eiseach na cathrach ag Seanchill. Tá Bré suite dhá chiliméadar ó dheas ó Sheanchill agus is féidir rochtain a fháil ar an áit trí Bhóthar Bhaile Átha Cliath ar Bhealach 13. I gcás na gcomaitéirí ar rothaithe iad bíonn idir 15 agus 20km ar fad le taisteal acu ó Bhré chomh fada leis an gcathair (ar brath ar a n-ionad oibre). Cé gur achar rófhada é seo chun líon mór comaitéirí fad-achair a spreagadh chun an rothar a thabhairt leo an bealach ar fad, tá na háiseanna seo ag freastal ar raon turas áitiúil níos giorra agus ar roinnt comaitéirí rothar fad-achair (taistealaíonn 22% de rothaithe a bhfuil a dtrial ó thuaidh thar UCD breis is 10 km).

Más mian le daoine nascadh le deisceart Bhré, chomh fada leis na Clocha Liatha agus níos faide anonn, ba chóir dóibh taisteal tríd an R761 agus thar Chnoc Bhearna na Gaoithe. Tá bóithre tuaithe éagsúla ar fáil freisin do thurais rothaíochta áineasa isteach i Sléibhte Chill Mhantáin trí Chill Tiarnáin agus Áth na Sceire. Bealach amháin dá leithéid é Bóthar Ghleann na Muc ó Bhealach 12 ag Cúirt Choirnéil ach trasnaíonn sé an M50 ag Acomhal gnóthach 15 ag Carraig Mhaighin áit nach bhfuil na

háiseanna rothaíochta sásúil agus Bóthar Ghleann na Muc i dtreo an iarthair atá i bhfad róghnáthaí anois do rothaíocht shábháilte. Is roghanna níos fearr iad na roghanna níos faide ó dheas ag an Tulaigh agus Ráth Michíl. Is é an bealach is fearr astu seo ná nasc saor ó thrácht os cionn an M50 ó Chábán tSíle trí Bhaile an Locháin agus an Tulaigh go Bóthar Bhaile Mhic Fheorais. Tá stíleanna ar an mbealach seo, a bhféadfaí iad a uasghrádú gan mórán deacrachta chun freastal ar rothaithe. Ciallóidh na tograí atá ann do SDZ Choill na Silíní go mbeidh níos mó úsáide á baint as an mbealach seo.

Cuarbhealaí in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Theas

Tá sé chuarbhealach san earnáil seo a sholáthraíonn trasnasc idir na bealaí gathacha agus a thugann rochtain ar ionaid laistigh den earnáil seo, agus sna hearnálacha cóngaracha Theas-Láir:

Bealach SO1: Droichead Samuel Beckett go dtí an Carnán, trí an Chanáil Mhór, Sráid Líosain, Portobello agus an Carnán san earnáil in aice láimhe;

Bealach SO2: Bóthar Waterloo go Droimneach, trí Raghmallach agus Ráth Maonais;

Bealach SO3: Droichead na Dothra go Ráth Garbh, trí Dhomhnach Broc agus Baile an Mhuilinn, ag leanúint Abha na Dothra go príomha;

Bealach SO4: An Charraig Dhubh go Séipéal Iosóid, trí Bhaile na nGabhar, Dún Droma, Ráth Fearnáin agus Baile Bhailcín;

Bealach SO5: Dún Laoghaire go Stigh Lorgan agus Dún Droma; agus

Bealach SO6: Dún Laoghaire go Áth an Ghainimh (agus ar aghaidh go Tamhlacht), trí Lána na Cille agus Bóthar Bhaile na Lobhar.

Tá éagsúlacht le sonrú sa líon rothaithe buaic-ama ar feadh na gcuarbhealaí seo ó thart ar 1,000 ar feadh cuid na Canálach Móire de Bhealach SO1, go dtí níos lú ná 100 ar na cuarbhealaí níos faide amach ó lár na cathrach. Ba chóir Bealaí SO1 agus SO5 a rangú mar Phríomh-Chuarbhealaí ar bhonn straitéiseach.

Féarbhealaí Eiseacha i mBaile Átha Cliath Thoir Theas

Tá líon beag féarbhealaí tábhachtacha san earnáil seo, lena n-áirítear Páirc Chill Bheagóige agus Páirc na Carraige Duibhe. Tá poitéinseal suntasach ann féarbhealaí nua nó leathnaithe a fhorbairt ar feadh conairí nádúrtha cosúil leis an imeallbhord (trí Conair an Chósta Thoir), Abha na Dothra nó mar naisc trí na páirceanna éagsúla atá suite laistigh den earnáil seo. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh a leithéid d'fhéarbhealaí bealaí áirithe do thurais chomaitéireachta rothaíochta níos taitneamhaí a sholáthar, amach ó na bóithre gnóthacha artaireacha. Tá an poitéinseal ag Conair an Chósta Thoir ach go háirithe a lán rothaithe agus siúlóirí áineasa a mhealladh mar gheall ar nádúr sciámhach an bhealaigh.

3.8.2 Baile Átha Cliath Thoir Theas – Moltaí i leith Breiseanna agus Feabhsuithe ar Ghréasán an Rotharbhealaigh

Baineadh tograí maidir le breiseanna an ghréasáin rothar ó anailís ar bhearnaí trí ghréasán eiseach an rotharbhealaigh a chur i gcomparáid leis an ngréasán beartaithe. San earnáil Thoir Theas teastaíonn áiseanna nua rothaíochta chun gréasán an rotharbhealaigh a chríochnú ag leibhéil na bPríomhbhealaí agus na mBealaí Tánaisteacha sna hionaid seo a leanas:

- Ní mór áiseanna feabhsaithe a sholáthar ar Bhealaí Gathacha 12 agus 13 i lár na cathrach agus i mbruachbhailte isteach áit a bhfuil bearnaí nó córais aontreo mar bhonn le malairt slí/neamhleanúnachas bealaí agus sa chás nach bhfuil na láná rothar atá ann faoi láthair nó na láná bus roinnte oiriúnach;
- Bealach Gathach 13, Bóthar na Carraige, isteach idir Bóthar Trimleston agus rochtain ar na Leamháin agus idir Bóthar Ailesbury agus Lána Nutley;
- Bealach Gathach 13A, ó Fhaiche Stiabhna go Bóthar Mhuirfean, trí Sráid Bhagóid agus Bóthar Northumberland;
- Bealach Gathach 13E ar feadh an chósta trí Dhumhach Trá;

- (e) Bealach Gathach 13C go 13F, teastaíonn gréasán suntasach áiseanna rothaíochta ó dheas ón gCarraig Dhubh chun mórcheantair chónaithe a nascadh;
- (f) Cuarbhealach SO1 le leanúint ar aghaidh siar ó Portobello;
- (g) Cuarbhealach SO3 ar feadh Abha na Dothra chun ceantar gnó an oirdheiscirt a nascadh le UCD agus níos faide anonn;
- (h) Cuarbhealach SO4 le síneadh soir ó Dhún Droma chomh fada le Bóthar Stigh Lorgan;
- (i) Síneadh le Cuarbhealach SO5 ar feadh Ascaill Bhaile na Manach agus Bóthar Eabhrac chomh fada le Dún Laoghaire, nó b'fhéidir go mbeadh sé níos fearr dul tríd an gceantar cónaithe ciúin ag Ardán Tivoli agus in aghaidh an tsrutha ar Shráid Phádraig; agus
- (j) Cuarbhealach SO6 a fheabhsú trí Bhaile an Chnoic agus Gráinseach an Déin agus ar feadh Bhóthar Bhaile na Lobhar le síneadh trí Eastát Gnó Áth an Ghainimh agus Baile an tSaoir.
- (k) Naisc le Campas Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ag Belfield ó Bhóthar Chnoc na Feá ó thuaidh agus ó Ascaill Foster ó dheas agus ó Bhóthar Chluain Sceach agus ó Bhóthar Reabóg ón iarthar. Tá bealaí rochtana feabhsaithe molta idir Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath agus príomhchonairí iompair phoiblí LUAS ag na Glasáin agus le líne DART ag Baile an Bhóthair.
- (l) Nasc tríd an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin ag Ascaill Bhaile an Róistigh chun bealach ciúin a chruthú ó Cúirt Choirnéil agus ar aghaidh trí Pháirc Chluain Chaoimh agus Bóthar na Potaireachta, go dtí an Naigín agus Dún Laoghaire.
- (m) Rochtain ó Seanchill go dtí an LUAS ag Coill na Silíní trí Ospidéal Bhaile Uí Lochlainn agus thar sean-tarbhealach líne Iarnród Sráid Fhearchair thar Bhóthar Choill na Silíní.

Féarbhealaí Nua agus Leathnaithe i mBaile Átha Cliath Thoir Theas

Tá na féarbhealaí seo a leanas beartaithe chun tairbhe a bhaint as na conairí nádúrtha do mheascán de rothaíocht taitneamhachta agus comaitéara:

- (a) *Conair an Chósta Thoir (Rotharbhealach Náisiúnta 5)* ón gCathair chomh fada le Bré, lena n-áirítear togra Chill Fhionntain go Cuas an Ghainimh mar atá léirithe ar na léarscáileanna mar Bhealach 14 ag síneadh ó Bhealach 13E ag Dún Laoghaire. Féadfaidh an bealach seo féarbhealach eiseach *Na Ráillí* ó Dhún Laoghaire go Deilginis a leanúint, agus ansin na bóithre ciúine cósta thart ar Chnoc Chill Iníon Léinín a úsáid. Tá cosáin agus naisc ann cheana féin ar feadh an chósta ó Chill Iníon Léinín trí Sheanchill agus ar aghaidh chomh fada le Páirc Sheangánaí. D'fhéadfaí leanúint leis an mbealach ar feadh na líne iarnróid trasna Chlub Gailf Shruthán na Coille chomh fada le Cuan Bhré go díreach in ionad taisteal ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath atá gnóthach go maith;
- (b) *Féarbhealach Abha na Dothra* ó Abha na Life chomh fada le Tamhlacht, trí Dhroichead na Dothra, Baile an Mhuilinn, Baile an Teampaill agus ar aghaidh i dtreo an iardheiscirt;
- (c) Seangánach go dtí an Charraig Dhubh ar feadh Shruthán Chluain Caoin trí *Pháirc Chill Bheagóige*; agus
- (d) *Seangánach* go Áth an Ghainimh ar feadh *Shruthán Charraig Mhaighin* agus Baile Uí Ógáin.

Tréscailteacht Feabhsaithe do Rothaithe in Earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Theas

Aithníodh i léarscáileanna eiseacha an ghréasáin rothaíochta na háiteanna inar féidir le rothaithe taisteal trí bhloic laistigh den ghréasán bóithre trí úsáid a bhaint as sráideanna agus bóithre ciúine nach bhfuil gá le háiseanna rothaíochta iontu mar gheall ar an líon íseal rothaithe agus luas íseal na tráchta. Feabhsaítear a leithéid sin de thréscailteacht in áiteanna éagsúla trí lánaí a sholáthraíonn aicearraí nach féidir le mótarthrácht úsáid a bhaint astu.



Tá treochoimharthaíocht curtha in airde ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar feadh na Ráillí laistigh den Earnáil Thoir Theas, a d'fhéadfaí a sholáthar ar fud na hEarnála chun aird a tharraingt ar rotharbhealaí nach bhfuil gar do na príomhbhealaí tráchta.

Ina theannta sin, is ann do naisc nua phoitéinsiúla a d'fhéadfaí a fhorbairt idir limistéir chongaracha atá deighilte óna chéile. Moltar ar léarscáil an ghréasáin rothaíochta bheartaithe go bhféadfaí roinnt de na naisc sin a fhorbairt sna háiteanna seo a leanas:

- Bealach ó Bhóthar na Potaireachta chomh fada le hAscaill Bhaile an Róistigh (Cúirt Choirnéil go Dún Laoghaire), trí thailte an Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin agus an Naigín;
- Bealaí trí Pháirc na Meala (Tailte Chlub Gailf Dhún Laoghaire), ag nascadh Sefton agus Bóthar Tivoli; agus
- Bealach ón gCéim, trí Pháirc na Céime agus Tailte Forbartha Clay Farm chomh fada le Baile Uí Ógáin agus Líne Ghlas an Luas.

Rothaigh & Taisteal go Línte an DART/Luas

D'fhéadfaí cur go mór le dobharcheantar líne Iarnróid an DART, nó an Luas ar imeall thiar na hEarnála, ó achar siúil 1km go achar rothaíochta 3km trí thacú go gníomhach le háiseanna Rothaigh & Taisteal ar ardcháilíocht. Tá roinnt spásanna páirceála do rothair le fáil ag na stáisiúin DART san earnáil Thoir Theas agus tá bealaí rochtana rothar ar cháilíocht éagsúil le fáil sna limistéir mórthimpeall. Sampla maith is ea an áis atá ag Stáisiún Dart Chnoc an tSalainn & Bhaile na Manach, áit a bhfuil áiseanna faoi scáth ar fáil agus úsáid mhaith á baint astu chomh maith céanna. Cuireadh áis nua (an grianghraf ar dheis) ar fáil cúpla mí ó shin ag an stáisiún DART céanna agus níl an oiread céanna úsáide á baint aisti mar gheall ar dhroch-chaighdeán na seastán rothar a soláthraíodh, nach n-éascaíonn páirceáil shlán.



Páirceáil Rothar ag Stáisiún DART Bhaile na Manach/Chnoc an tSalainn

Soláthroidh an gréasán rothaíochta beartaithe naisc ardcháilíochta do stáisiúin an DART agus Luas ó na ceantair mórthimpeall, rud a bheidh mar bhonn le dobharcheantar na stáisiún seo a mhéadú, ag glacadh leis go mbeidh páirceáil rothar ardcháilíochta ar fáil ag na stáisiúin ar fad. Sampla amháin dá leithéid é an bealach ó UCD go Paráid Sydney, atá á fhorbairt faoi láthair. D'fhéadfaidh feachtas poiblíochta agus uasghrádú na n-áiseanna páirceála rothar turais ilmhódacha a spreagadh. Ciallaíonn an t-athrú a tháinig le déanaí ar rialacha oibríochtúla a chiallaíonn gur féidir rothair a thabhairt ar thraenacha DART ag amanna seachbhuaice gur féidir dul ar thurais áineasa trí úsáid a bhaint as an tseirbhís traenach agus taisteal chuig limistéir níos faide ó bhaile. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shlándáil spásanna páirceála do rothair.

3.8.3 Baile Átha Cliath Thoir Theas – Cáilíocht Seirbhíse Eiseach

Rinneadh measúnú ar Cháilíocht Seirbhíse (QoS) eiseach do na príomh-rotharbhealaí agus sampla de na bealaí tánaisteacha in earnáil Bhaile Átha Cliath Thoir Theas. Go ginearálta, is idir raon C agus D atá QoS formhór na mbealaí reatha áit arb éard atá i gceist san áis rothaíochta lánaí rothar comhairleacha ag íosleithead nó lánaí bus roinnte. Tá rátáil B luaite le líon beag de na háiseanna leithscartha níos nua.

CAIBIDIL 4

GRÉASÁN ROTHÁÍOCHTA CHÚLCHRÍOCH MHÓRCHEANTAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

4.1 Gréasán Rotharbhealach Chontae Fhine Gall

Déileáiltear leis na moltaí do ghréasán rotháíochta i gcomhair limistéir Chontae Fhine Gall atá suite lasmuigh de bhruachbhailte cathrach Bhaile Átha Cliath cosúil le Baile Bhlainséir, Baile Dúill agus Binn Éadair sna hearnálacha seo a leanas:

- Earnáil Fhine Gall Theas: Sord, Mullach Íde agus Port Mearnóg;
- Earnáil Fhine Gall Láir: An Ros, Lusca agus Domhnach Bat;
- Earnáil Fhine Gall Thuaidh: Baile Brigín agus na Sceirí; agus
- Naisc Rotháíochta Réigiúnacha i bhFine Gall.

Áirítear sa staidéar seo obair phleanála d'áiseanna rotháíochta ar fud cheantar an chontae atá déanta ag Comhairle Chontae Fhine Gall agus atá curtha in iúl trí phróiseas comhairliúcháin an údarais áitiúil.

De réir an *Lámhleabhar Rotháíochta Náisiúnta [National Cycle Manual]* gur chóir rotharbhealaí a rangú mar *phríomhbhealaí* / bealaí tánaisteacha ar an mbonn "gurb iad na príomh-artairí rotháíochta a thrasnaíonn an ceantar uirbeach, a iompraíonn an méid is mó trácht rothar, nó a sholáthraíonn trasnaisc idir rotharbhealaí eile agus a sholáthraíonn rochtain ar ionaid thábhachtacha". Mar gheall ar na limistéir gheografacha réasúnta beag sna bailte seo níl sé oiriúnach deighilt a dhéanamh idir rotharbhealaí ar phríomhbhealaí agus ar bhealaí tánaisteacha iad de bhrí go bhfuil an líon rothaithe i gceist íseal i gcomparáid le príomhlimistéar chathair Bhaile Átha Cliath.

4.1.1 Earnáil Fhine Gall Theas

Áirítear baile Shoird, Mhullach Íde agus Phort Mearnóg in Earnáil Fhine Gall Theas. Déan tagairt do Léarscáileanna E9, E10 agus E11 i gCuid 2 le haghaidh léaráide de na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo. Tá gréasán rotháíochta páirteach i Sord, agus is ar éigean go bhfuil gréasán rotháíochta ar bith i Mullach Íde agus i bPort Mearnóg.

Fine Gall Theas – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Léirítear gréasán beartaithe an rotharbhealaigh ar Léarscáil N9 (Cuid 4a).

Sord

Bealach Sw1 R132 ó Acomhal 4 an M1 ag trasnú Halla an Leasáin ó dheas agus ar feadh Sráid Mhór an R836, ag nascadh le Bealach 2A Bhaile Átha Cliath ag acomhal Bhóthar Mhullach Íde.

Bealach Sw2 Ionad Siopadóireachta an Phailliúin soir go Bóthar Fhaoldroma.

Bealach Sw2a An tSráid Mhór – Faiche Choill an Droma trí Bhóthar na Foraoise.

Bealach Sw2b An tSráid Mhór – Gleann na hAbhann.

Bealach Sw3 Baile Breacáin / an tSráid Mhór / Na Pailliúin / Bóthar Mhullach Íde an R106.

Bealach Sw4 Bóthar Ráth Béil an R125 / Sráid an Droichid / Bóthar Bhaile na Mara.

Bealach Sw5 Bóthar Bhaile Átha Cliath ag Cnoc Pheannóg trí Thaobh an Aerfoirt go Draighneán thar an M1 ag Acomhal 3.

Bealach Sw6 Cuarbhealach: Draighneán – Taobh an Aerfoirt - Bórimhe – Gleann na hAbhann – Baile Breacáin – an Seanbhaile – Gleann Eibhlín – Baile Anraí.

Mullach Íde

Bealach M1 Bóthar Shoird an R106 / Bóthar Bhaile Átha Cliath (b'fhéidir go mbeadh cuid den

bhóthar ag dul trí Dhiméin Mhullach Íde) / Bóthar an Chósta go Port Mearnóg.

Bealach M2 Bóthar an Teampaill.

Port Mearnóg

Bealach P1 Ó Bhaile Dúill ar feadh Bóthar an Chósta an R106 / Bóthar na Trá ó thuaidh go Mullach Íde.

Bealach P1a Speir Stáisiún Iarnróid Phort Mearnóg.

Bealach P2 Cúirt an Choinicéir – Bóthar Chnoc na Carraige Uachtarach.

Féarbhealaí i bhFine Gall Theas

Seo a leanas na háiseanna féarbhealaí beartaithe atá le feiceáil ar Léarscáil N9:

- (a) Conair an Chósta Thoir ó Bhaile Dúill go Domhnach Bat trí Phort Mearnóg agus Mullach Íde (P1/FG1/Bealach Náisiúnta 5);
- (b) Féarbhealach Abhainn Ghabhra, Sord (FG2);
- (c) Féarbhealach Ghleann Abha an Bharda, Sord (FG3);
- (d) Lúb Inbhear an Mhóinéir Leathain: Mullach Íde - Sord – Domhnach Bat (FG1/FG2/FG4 – féarbhalach ar chodanna thoir agus theas, agus ar bhóithre áitiúla ar an gcósta thiar thuaidh);
- (e) Féarbhealach Fheirm an Chaisleáin, Sord;
- (f) Féarbhealach Dhiméin Mhullach Íde: Bóthar Shoird go Cúlhbóthar / Bóthar an Teampaill (FG5); agus
- (g) Féarbhealaí Pháirc na Bioscáine ó An Cnoc i Mullach Íde go Dál Riada i bPort Mearnóg agus trí pháirc phoiblí chomh fada leis an gcósta (P2/P3/P4).

Conair an Chósta Thoir: Cill Fhionntain - Baile Dúill - Port Mearnóg - Mullach Íde - Domhnach Bat

Sínfidh Bealach 5 an *Ghréasáin Rotháíochta Náisiúnta* ar feadh an Chósta Thoir idir Loch Garman agus Loch Cairlín i gCo. Lú. Go hinmhianaithe, leanfaidh an rotharbhealach suntasach fad-achair seo an imeallbhoird agus bainfear an méid tairbhe is féidir as luach taitneamhachta an bhealaigh. Ní bheidh an bealach malartach intíre ar feadh bhóthar an R132 chomh mealltach céanna de bhrí gur príomhchonair tráchta atá ann. I limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath áireofar rotharbhealach *Chill Fhionntain go Cuas an Ghainimh* i gConair an Chósta Thoir, rotharbhealach atá forbartha go maith cheana féin ar thuaisceart Bhá Bhaile Átha Cliath chomh fada le Cill Fhionntain. As sin ó thuaidh, leanfaidh *Conair an Chósta Thoir* an cósta trí Bhaile an Dúill agus trasna an chreasa ghlais go Port Mearnóg.

Tá bóthar eiseach bhóthar an chósta R106 ó thuaidh ó Bhaile Dúill cúng agus níl áis ar bith ann do rothaithe. Féadfar rotharbhealach ar leith a fhorbairt ar feadh an bhóthair ar thaobh an chósta nó ar an taobh intíre. Tá raon rothar gearr forbartha cheana féin ar an taobh intíre ag forbairt chónaithe na nÁirsí Dearga ag imeall thuaidh Bhaile Dúill.

Trí Phort Mearnóg tá imeall leathan ar feadh an chuid is mó den taobh thiar d'imeall an bhóthair a bhféadfaí raon rothar a fhorbairt ann. Ó thuaidh i Mullach Íde tá cosán cósta bunaithe ar féidir a leathnú do raon rothar. Is sráideanna ciúine iad seo i lár Mhullach Íde a théann chomh fada le hiarnród tarbhealaigh a thrasnaíonn Inbhear an Mhóinéir Leathain chomh fada le Domhnach Bat. Tá scéim á forbairt ag Comhairle Chontae Fhine Gall faoi láthair chun féarbhealach a fhorbairt taobh leis an iarnród trasna an inbhir.

Rothaigh & Taisteal go Conairí Iompair Phoiblí i bhFine Gall Theas

Tá na rotharbhealaí go stáisiún DART Mhullach Íde agus Phort Mearnóg san earnáil seo aitheanta ar léarscáileanna an ghréasáin rotharbhealaigh. D'fhéadfadh an féarbhealach ionchais ar feadh an Chósta Thoir bealach malartach easbhóthair a sholáthar do rothaithe atá ag triall ar na stáisiúin DART.

Níl ach méid teoranta spásanna páirceála do rothair ag cúpla stad bus ar an Mórlána Bus ó Shord go cathair Bhaile Átha Cliath. Tá scóip ann do bharcheantair an Mhórlána Bus seo a leathnú trí breis spásanna páirceála rothar faoi scáthlán a sholáthar mar aon le TCI ar mhaithe le slándáil. Mar shampla, d'fhéadfadh cónaitheoirí na gceantar cónaithe forimeallach nach bhfuil ach seirbhís bus teoranta iontu rotháiocht chomh fada leis an R132 ag Taobh an Aerfoirt áit a bhfuil breis busbhealaí ar fáil. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shlándáil spásanna páirceála do rothair.

Naisc Rotharbhealaigh Thuaithe idir Bhailte in Earnáil Fhine Gall Theas

Soláthróidh *Féarbhealach Chonair an Chósta Thoir* naisc idir na bailte cósta i bhFine Gall. Cosúil leis sin, soláthróidh Lúb Inbhear an Mhóinéir Leathain naisc idir Mullach Íde, Sord agus Domhnach Bat. Tá nasc an Bhóthair Hearse an R126 idir Sord agus Domhnach Bat róghnóthach do rotháiocht chomhordach agus bheadh sé níos fearr dá bhféadfaí rothaithe a threorú ar feadh Bhealach an Inbhir agus trí chuid de Dhiméin Theach an Droichid Nua.

Tá roinnt fadhbanna ag baint leis na naisc rothar ó dheisceart Fhine Gall go cathair Bhaile Átha Cliath. Faoi láthair, níl ach Sord nasctha leis gcathair trí rotharbhealach ceart mar chuid de Mhórlána Bus Shoird ar feadh bhealach an R132. Tá áiseanna rotháiochta feabhsaithe beartaithe ar feadh an bhealaigh mar chuid d'uasghrádú an Mhórlána Bus. Dá réir sin, d'fhéadfadh go mbeadh an bealach seo ag freastal ar bhailte níos faide ó thuaidh freisin.

I gcás Mhullach Íde, tá achar 4.5km ar feadh bhóthar tuaithe an R107 chomh fada le himeall na cathrach ag Baile Ghrífin. Is bóthar gnóthach é seo nach bhfuil feiliúnach do rotháiocht, ach bheadh sé deacair bonn cirt a thabhairt le raon rothar a sholáthar ar feadh an bhealaigh seo. Beidh bealach oiriúnach malartach ar fáil ar feadh *Chonair an Chósta Thoir* trí Phort Mearnóg i dtreo an oirthir, nó Bóthar Shoird an R132 i dtreo an iarthair.

Níl ach crios glas gairid idir Soird agus Mullach Íde. Sínfidh raonta rothar áitiúla ar feadh an chuid is mó de bhóthar an R106 a nascann an dá bhaile in aice láimhe, agus ní bheidh le déanamh ach an rotharbhealach a chríochnú ar feadh an bhóthair tuaithe. Tá an bealach seo á léiriú mar Sw3/M1 ar Léarscáil N9.

4.1.2 Earnáil Fhine Gall Láir

Tá na bailte seo a leanas san áireamh in Earnáil Fhine Gall Láir - an Ros, Lusca, Domhnach Bat agus Port Reachrann. Déan tagairt do Léarscáil E10 i gCuid 2 áit ina bhfuil léargas de na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo, nach bhfuil le fáil ach ar Chuarbhóthar Lusca agus i gcúpla áit eile anseo agus ansiúd.

Fine Gall Láir – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Léirítear gréasán beartaithe an rotharbhealaigh ar Léarscáil N10 (Cuid 8) agus tá sé seo sainmhínithe mar a bhfuil cur síos déanta air anseo thíos.

Lusca

Bealach L1 Lusca go dtí an Ros: Garrán na Fuinseoige, Bóthar an Mhinistéara, Lána na Beairice, Bóthar an Teampaill, Bóthar an Stáisiúin R128 / Bóthar Bhaile an Fhaoitigh agus Lána Uí Éalaithe.

Bealach L2 Bóthar Bhaile Átha Cliath an R127, an tSráid Mhór

Bealach L3 Lúb an Chuarbhóthair

An Ros

Bealach Ru1 Ó Lusca: Bóthar Bhaile an Fhaoitigh R128 go Bóthar na Sceirí.

Bealach Ru1a An tSráid Mhór go dtí an Calafort
Bealach Ru2 Bóthar an Chainéil agus Baile Phámar go Páirc Chionn Iúir.

Domhnach Bat / Port Reachrann

Bealach D1 R126 Bóthar Hearse trí Phríomhshráid Dhomhnach Bat go Port Reachrann. Ag deisceart an bhealaigh seo ba chóir an nasc a shíneadh chomh fada le trasbhealach beartaithe Inbhear an Mhóinéir Leathain go Mullach Íde.

Bealach D2 An Bóthar Nua go Trá Dhomhnach Bat.

Féarbhealaí i bhFine Gall Láir

Conair an Chósta Thoir: Mullach Íde – Domhnach Bat - Port Reachrann – an Ros – na Sceirí

Ag deisceart chonair an chósta nasctha Mullach Íde go Domhnach Bat trasna iarnród tarbhealaigh Inbhear an Mhóinéir Leathain. As sin ó thuaidh tá bóthar ciúin tuaithe ar feadh an chósta agus taobh le Trá Dhomhnach Bat ag an Túr Martello. Leanann cosán cósta ó thuaidh chomh fada le Trá Phort Reachrann, timpeall an chinn tíre ag Ospidéal Naomh Íde agus d'fhéadfaí é seo a uasghrádú le freastal ar rothaithe. Leanann an cosán seo ar feadh an chladaigh ag cúl Thrá Phort Reachrann chomh fada leis an gceann tíre atá os cionn chainéal Inbhear Bhaile Roiséir á scaradh ón Ros atá díreach trasna uaidh.

Is réimse achrannach é seo de *Chonair an Chósta Thoir* beartaithe de bhrí go mbeidh nasc droichid nua le tógáil ó leithinis Dhomhnach Bat trasna Inbhear Bhaile Roiséir chomh fada leis an Ros. Tá an pointe trasnaithe is giorra lán de mhúrálacha bád seoil, agus beidh droichead ag teastáil le bealach nach bhfuil chomh díreach céanna níos faide siar. Tá iogaireachtaí timpeallachtaí le tabhairt faoi deara ag Inbhear Bhaile Roiséir, agus b'fhéidir gurb é trasbhealach droichid ísealtionchair an rogha is oiriúnaí. Féidearthacht amháin is ea droichead pontúin snámha. Tá sampla den chineál sin le feiceáil sa sampla anseo thíos ó Thrá Bhá na hEornan ar Leithinis Charn Uí Néid in Iarthar Chorcaí. Má tá a leithéid de struchtúr le moladh anseo, níor mhór é a dhearadh sa chaoi go dtabharfar aird ar chuspóirí caomhnaithe sonracha Bhaile Roiséir. Mar shampla, is dócha go mbeadh sé riachtanach go mbeadh an droichead ard go leor chun go bhféadfadh éin snámh faoi. Mar mhalairt ar sin d'fhéadfaí an bealach a chur trasna an inbhir níos faide siar ag tarbhealach an iarnróid agus líne an chladaigh a leanúint ó thuaidh go dtí An Ros.



Sampla de dhroichead ag snámha ag Thrá Bhá na hEornan, Iarthar Chorcaí

Ag an Ros tá siúlbealach cósta taobh thiar den Trá Theas, timpeall an chinn tíre agus ar feadh na Trá Thuaidh a bhféadfaí é a uasghrádú mar rotharbhealach ó thuaidh ón mbaile. Uaidh sin ar aghaidh, tá bóthar an R128 chomh fada leis na Sceirí réasúnta caol agus sách gnóthach. Bheadh sé inmhianaithe dá leanfadh *Conair an Chósta Thoir* an cósta trí Loch Sionnaigh, ach beidh comhaontú le húníerí talún

príobháideacha i gceist anseo ar feadh an bhealaigh áit ina shíneann páirceanna chomh fada le barr na haille bige cois cósta.

Féarbhealaí Áitiúla

Níl ach scóip theoranta ann d'fhéarbhealaí eile sna bailte beaga in earnáil Fhine Gall Láir, ach amháin laistigh de spásanna oscailte poiblí i gceantair chónaithe. Féidearthacht amháin is ea laistigh den pháirc phoiblí fairsing ag Diméin an Droichid Nua ar an taobh thiar de Dhomhnach Bat, go bhféadfaí nasc a chruthú le Lúb Féarbhealaigh Inbhear an Mhóinéir Leathain ag Lána Chill Chreach.

Naisc Rotharbhealaigh Thuaithe in Earnáil Fine Gall Láir

Níl gréasán na mbóithre tuaithe sa cheantar seo fairsing, agus is bóithre réigiúnacha sách gnóthach den chuid is mó atá ann dála:

- Bóthar Hearse an R126 ó Shord ag Acomhal 4 an R132/M1 Halla an Leasáin;
- Bóthar R127 Lusca, an Rois agus na Sceirí ón R132 ag Crois an Bhlácaigh; agus
- Bóthar an Chósta R128 trí an Ros go dtí na Sceirí.

Níl na bóithre seo oiriúnach mar naisc réigiúnacha do rothaithe idir na príomhbailte i bhFine Gall Láir, nó mar áiseanna rothaíochta taitneamhachta. Tá raonta rothar tuaithe inmhianaithe ar feadh réimsí roghnaithe na mbealaí seo, nó bealaí malartacha ar bhóithre áitiúla ciúine níos oiriúnaí mar atá le feiceáil ar Léarscáil RN1 agus mar a bhfuil cur síos déanta orthu i gCuid 4.1.4.

Rothaigh & Taisteal go Líne Iarnróid an Chósta Thoir

Tá dhá stáisiún iarnróid san earnáil seo, ceann ag Dhomhnach Bat agus ceann ag an Ros & Lusca. I nDhomhnach Bat tá an stáisiún lonnaithe go lárnach agus rochtain air ó gach ceantar cónaithe trí ghréasán beartaithe an rotharbhealaigh áitiúil. Tá an stáisiún iarnróid eile lonnaithe 1km ó Lusca agus 2km ón Ros. Soláthróidh rotharbhealach beartaithe L1 bealach le raon rothar chuig an stáisiún seo ó na bailte cóngaracha áit nach bhfuil áiseanna rothaíochta le fáil faoi láthair ar feadh bhóthar gnóthach an R128. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shlándáil spásanna páirceála do rothair.

4.1.3 Earnáil Fhine Gall Thuaidh

Síneann Earnáil Fhine Gall Thuaidh ó Bhaile Brigín ó thuaidh chomh fada leis na Sceirí ó dheas. Áirítear san earnáil seo bailte Bhaile Brigín agus na Sceirí agus sráidbhaile níos lú Bhaile an Ridire ar bhaile satailíte é de na hionaid daonra níos mó agus tá sé san áireamh san anailís ar riachtanais an rotharbhealaigh. Déan tagairt do Léarscáil E11 i gCuid 2 áit ina bhfuil léargas ar na háiseanna rotharbhealaí atá san earnáil seo faoi láthair atá teoranta do roinnt réimsí de bhóthar nua i mBaile Brigín agus Bóthar Dhroichead Átha ó thuaidh.

Fine Gall Thuaidh – Gréasán Beartaithe an Rotharbhealaigh

Léirítear gréasán beartaithe an rotharbhealaigh ar Léarscáil N11 (Cuid 4c).

Na Sceirí

Bealach Sk1 Páirceanna an Bhaile Nua / Clós Phádraig / Bóthar Bhaile Átha Cliath an R127 / Lána an Mhuilleora / Bóthar Sionnaigh / Bóthar an Rois R128.

Bealach Sk2 Bóthar Bhaile Átha Cliath an R127 go dtí an calafort.

Baile Brigín

Bealach Ba1 Trí Bhaile an Ridire / Bóthar Bhaile Átha Cliath an R132 chomh fada le Príomhshráid Bhaile Brigín / Bóthar Dhroichead Átha an R132 / Lána an Phléimeannaigh / Bóthar an Phléimeannaigh.

Bealach Ba2 Cuarbhóthar Isteach go Bóthar Cósta na Sceirí an R127.

Bealach Ba3 Bóthar na hAille R122.

Bealach Ba4 Cuarbhóthar Theas ó Bhóthar Bhaile Átha Cliath an R132 go Bóthar na hAille R122.

Bealach Ba5 Cearnóg an Bhaile go Bóthar na Sceirí

Féarbhealaí i bhFine Gall Thuaidh

Conair an Chósta Thoir: An Ros – Na Sceirí – Baile Brigín – Baile Mhic Gormáin

Mar a luadh in earnáil Fhine Gall Láir, tá sé inmhianaithe go leanfaidh *Conair an Chósta Thoir* (Bealach Náisiúnta 5) cosán cósta ó thuaidh ón Ros seachas bóthar cósta an R128. Tá cosán maith cósta ar fáil trí na Sceirí ar féidir é a uasghrádú do rotharbhealach agus sráideanna ciúine i lár an bhaile. Ó thuaidh ón mbaile tá limistéar cois cósta de spás oscailte ar fáil ar feadh an chladaigh go dtí Barr na gCaorach áit ina ardaíonn an talamh agus ina bhfuil aill sách ard taobh leis an mbóthar. Ag an bpointe seo, nascann Líne Iarnróid an Chósta Thoir an bóthar ar an taobh thiar. Ba chóir taobhnasc leis an bpáirc réigiúnach ag Caisleán Ard Giolláin a sholáthar ag an bpointe seo. Idir na Sceirí agus Baile Brigín tá bóthar an R128 caol agus sách gnóthach, agus tá sé inmhianaithe go mbeadh rotharbhealach leithscartha ann. Ba chóir go mbeadh sé indéanta raon rothar a fhorbairt ar thaobh an chósta an bhóthair trí scrobarnach agus trasna roinnt páirceanna beaga.

Tá bóithre agus cosáin áitiúla ciúine i mBaile Brigín a bhféadfaí *Conair an Chósta Thoir* a fhorbairt iontu chomh fada le Túr Martello ó thuaidh. Uaidh sin tá bóthar ciúin ag dul siar chomh fada le Bóthar Dhroichead Átha an R132 áit ina bhfuil raon rothar déthro ar an taobh thiar chomh fada le Lána an Phléimeannaigh. Ansin d'fhéadfaí an rotharbhealach tuaithe a chasadh siar do 1.5km ar feadh an bhóthair áitiúil agus ansin ó thuaidh trí bhóithre áitiúla trí Bhaile Mhic Gormáin agus ar aghaidh chomh fada le Maigh Muirí agus Baile an Lígh i gCo. na Mí, agus ar aghaidh chomh fada le Droichead Átha trí Bhaile Uí Mhornaín agus Inbhear na Bóinne.

Féarbhealaí Áitiúla i bhFine Gall Thuaidh

Tá féidearthacht ann féarbhealaí áitiúla a fhorbairt sna Sceirí agus i mBaile Brigín ar an mbonn seo a leanas:

- Féarbhealach Láir sna Sceirí trí eastáit tithíochta in aice leis an líne iarnróid; agus
- Féarbhealach Abha na Raithní agus roinnt bealaí eile trí spásanna glasa i mBaile Brigín.

Rothaigh & Taisteal go Líne Iarnróid an Chósta Thoir i bhFine Gall Thuaidh

Tá na rotharbhealaí go stáisiún iarnróid na Sceirí agus Bhaile Brigín san earnáil seo aitheanta ar léarscáileanna an ghréasáin rotharbhealaigh. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shlándáil spásanna páirceála do rothair.

4.1.4 Rotharbhealaí Tuaithe i bhFine Gall

Tá deiseanna ann bóithre tuaithe oiriúnacha atá ann cheana féin a roghnú do nascacht réigiúnach do rothaithe idir na príomhbailte i bhFine Gall agus i gCo. na Mí, trí na bealaí seo a leanas atá le feiceáil ar Léarscáil RN1 agus N4.

F1 Baile Fhine Gall Thoir: Sord – Baile Brigín – Baile Mhic Gormáin (An Mhí).

Tá gualainn chrua ar bhóthar an R132 a fheidhmíonn mar lánaí éifeachtacha rothar an bealach ar fad ó thrasbhealach an M1 ag Acomhal 4 Halla an Leasáin go Baile Brigín. Ba chóir an ghualainn chrua a leathnú agus an bóthar a athdhromchlú. Tá an débhealach atá ann faoi láthair róleathan ag 10m nó níos mó ar leithead, agus tá an chosúlacht ar an scéal go sáraíonn an luas tráchta an teorainn luais 80 km/h mar gheall air seo.

Ó thuaidh ó Bhaile Brigín seachnaíonn an bealach bóthar caol agus gnóthach Bóthar Bhéal Feirste an R132 (an N1 roimhe seo), bóthar nach bhfuil gualainn chrua air, agus leanann sé bóthar áitiúil siar trí Bhaile an Phléimeannaigh go dtí cúinne thiar theas Bhaile Brigín chun nasc a chruthú ó thuaidh le Droichead Átha trí Bhaile Mhic Gormáin agus chomh fada le bailte cósta Bhaile an Lígh agus Bhaile an Bhiataigh ar feadh *Conair an Chósta Thoir*. (Féach Cuid 4.2 maidir le Co. na Mí.

- F2 Tá an speir seo ag dul soir chomh fada le Domhnach Bat agus Port Reachrann ó Bhealach F1 agus trasbhealach Halla an Leasáin ar an M1. Leanann sé Bóthar Hearse an R126 ar feadh píosa agus ansin claonann sé trí pháirc Dhiméin Theach an Droichid Nua.
- F3 Speir atá ag dul soir ó Bhealach F1 ar feadh bhóthar áitiúil trí Lusca agus Bóthar Réigiúnach an R128 chomh fada leis an Ros thar an stáisiún iarnróid. Tá raonta rothar ag teastáil ar an R128.
- F4 Lusca go dtí na Sceirí trí bhóthar áitiúil soir ó bhóthar réigiúnach gnóthach an R127.
- F5 An Ros go dtí na Sceirí, nó go himhianaithe *Conair an Chósta Thoir* a sholáthar ar feadh an chósta mar bhealach malartach ar bhóthar gnóthach an R128.
- F6 Baile Brigín - Baile an Ridire – na Sceirí trí pháirc Dhiméin Ard Giolláin.
- F7 Sord - Fionnghlas.
Leanann an bealach seo bóithre réasúnta gnóthach ó Shord timpeall ar thuaisceart Aerfort Bhaile Átha Cliath trí Theampall Mhaighréide. Bheadh raonta rothar ag teastáil ar mhaithe le sábháilteacht agus compord.
- F7a Sord - Baile Bhlainséir.
Fágann an chonair seo an Bealach F7 tamall siar ó Aerfort Bhaile Átha Cliath in aice le Teampall Mhaighréide agus síneann sé siar trí Chrois Chill Sheáin go ceantar tionsclaíoch Bhaile Cúlann. Tá raon rothar curtha ar fáil ar feadh cuid den chonair taobh thoir de Chros Chill Sheáin, agus ní mór é a shíneadh níos faide. Tá sé curtha in iúl ag Comhairle Contae Fhine Gall go bhfuil sé ar intinn acu na príomhshreafaí tráchta a atreorú ó Bhóthar Chill Sheáin chuig Bóthar nua Ceangail an N2-N3 níos faide ó thuaidh, rud a chinnteoidh go mbeidh an bóthar cúng tuaithe atá ann cheana féin oiriúnach don rothaíocht.
- F8 Baile Átha Cliath go Cill Dhéagláin ar feadh an R135 (an N2 tráth) áit ina bhfuil gualainn chrua.
- F9 Baile Bhlainséir – Cluain Aodha – Dún Búinne: bóithre uirbeacha den chuid is mó agus an R156 áit ina bhfuil gá le raon rothar mar gheall ar shreafaí arda tráchta.
- F10/M14 Cluain Aodha/Ongar – Páirc Hans – Baile an Bhaspailigh - Leamhcán (An Mhí/Baile Átha Cliath): Leanfadh sé seo bóthar réigiúnach an R149 ar feadh cuid den bhealach siar ó cheantar bruachbhailteach Bhaile Átha Cliath. Nascann sé Féarbhealach na Canálach Ríoga agus Páirc réigiúnach Ghleann na Life idir Leamhcán agus Léim an Bhradáin. Bheadh sé inmhianaithe go mbeadh an bealach seo á chlaonadh ón R149 caol trí cheantar nua forbartha Páirc Hans chun nascadh leis an gCanáil Ríoga in aice le Baile an Bhearbóraigh.

Ní bheadh infheistíocht shuntasach ag teastáil chun gréasán rotharbhealaigh ar ardchaighdeán a sholáthar i bhFine Gall bunaithe ar an líon "Mol Rothar" sna príomhbhailte a bhfuil naisc iontacha iompair iontu, idir naisc iarnróid agus bóthair. Tá ag éirí go breá leis an gcoincheap seo in ionaid eile ar fud na tíre cheana féin. Níl ag teastáil ach treochoimharthaí do lúba uimhrithe rothar ó gach baile, comharthaí eolais anseo agus ansiúd agus roinnt léarscáileanna speisialta. Sholáthródh a leithéid de ghréasán nua turasóireachta poitéinseal iontach eacnamaíoch do phobail atá i mbailte agus i sráidbhailte i gceantar Fhine Gall cheana féin.

Ní bheadh gá le háiseanna rothaíochta a sholáthar ar feadh na mbealaí tuaithe casta agus caola seo mar gheall ar líon íseal agus ar luas íseal na tráchta a chiollaíonn go n-oireann na bóithre do rothaithe. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach raon rothar a sholáthar ar mhaithe le compord agus sábháilteacht, raonta rothar a bhféadfaí iad a mheas cás ar chás.

Acmhainneacht na Turasóireachta Rothaíochta i bhFine Gall

Bunaithe ar a chónagaráí is atá an earnáil do mhóronad daonra lár Bhaile Átha Cliath, baineann poitéinseal le turasóireacht rothaíochta (go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) i gceantar Fhine Gall. Is iad na príomhnithe is díol spéise iad *Conair an Chósta Thoir* agus *Féarbhealach na Canálach Ríoga*, a bhfuil nasc idir iad agus Gaillimh arb ionann é agus bealach trastíre náisiúnta agus Eorpach.

Ina theannta sin, mar chuid den staidéar seo aithníodh gréasán de bhóithre deasa agus ciúine ar féidir poiblíocht a dhéanamh orthu mar rotharbhealaí turasóireachta i bhFine Gall Theas a bhfuil nasc acu le Co. na Mí agus le Co. Chill Dara. Nascann na rotharbhealaí tuaithe isteach sna príomhbhailte ar fad trí áiseanna oiriúnacha uirbeacha rothaíochta a bhfuil gá leo cheana féin do thurais laethúla sna hionaid sin.

4.2 Gréasán Rotharbhealaigh Chontae na Mí

Cuirtear tograí an ghréasáin rothaíochta do Chontae na Mí i láthair sna hearnálacha seo a leanas:

- Earnáil na Mí Theas: Dún Seachlainn, Ráth Tó, Cill Dhéagláin, Dún Búinne/Cluain Aodha agus an Bóthar Buí;
- Earnáil na Mí Láir: Ceanannas, an Uaimh, Baile Átha Troim, Baile Íomhair, Baile Átha Buí agus an Seanchaisleán;
- Earnáil na Mí Thoir: Baile Shláine, Damhliag, Imeall Theas Dhroichead Átha, Baile an Bhiataigh agus Baile an Lígh; agus
- Naisc Rothar Tuaithe sa Mhí.

Déan tagairt do Léarscáileanna E12, E13, E14 & E15 i gCuid 2 áit ina bhfuil léaráid de na rotharbhealaí atá san earnáil seo faoi láthair.

Bunaithe ar dhaonáireamh 2011 níl ach líon íseal turas rothaíochta le tabhairt faoi deara i gCo. na Mí, le huasmhéid 80 turas san Uaimh i rith bhuaic-am na maidine, agus líon níos ísle ná sin arís sna bailte níos lú.

4.2.1 Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil na Mí Theas

Is mar seo a leanas atá gréasán an rotharbhealaigh faoi mar a léirítear ar Léarscáil N4 i gCuid 4b.

Dún Búinne

- Db1 Bóthar an Stáisiúin R156 / Bóthar Chnoc an Línsigh, Dún Búinne ag nascadh le Cluain Aodha.
- Db2 Bóthar na hUaimhe R157 go Bóthar Mhaigh Nuad, Dún Búinne.

Cluain Aodha

- C1 R156, Príomhshráid Chluain Aodha, ag nascadh le Baile Bhlainséir agus Bealach 5A Bhaile Átha Cliath ag an mBealach Beag.

Is mar seo a leanas atá gréasán an rotharbhealaigh faoi mar a léirítear ar Léarscáil N15 i gCuid 4c.

Cill Dhéagláin

- As1 Bóthar Réigiúnach an R135 trí Chill Dhéagláin.
- As2 Lúb Bhaile Bin siar ó Chill Dhéagláin go dtí páirc gnó.

Ráth Tó

- Rh1 R125 - An tSráid Mhór Ráth Tó
- Rh2 Bóthar Thigh na Síóg & Bóthar Churrach Átha, le speir ar Bhóthar Scríne.

Dún Seachlainn

- Du1 R147 - An tSráid Mhór, Dún Seachlainn, le brainse friothálach gearr le hais Bóthar Ráth Tó an R125;
- Du2 Bóthar Dhroim Rí, Dún Seachlainn (nasc poitéinsiúil leis an stáisiún iarnróid atá beartaithe siar ón mbaile) agus Bóthar Loch Gabhar ag nascadh soir chuig Ráth Tó ar bhealach ciúin tuaithe atá níos orriúnaí do rothaíocht ná an R125.

Sa **Bhóthar Buí** is é an príomh-rotharbhealach a bheidh ann ná conair reatha Bhóthar Bhaile Átha Cliath an R148, le brainse ag dul ó dheas chomh fada le Droichead Bhaile Sheáin ar Bhóthar Éadan Doire díreach os cionn theorainn an chontae i gCill Dara.

Féarbhealaí sa Mhí Theas

Tá roinnt féarbhealaí áitiúla straitéiseacha agus poitéinsiúla le feiceáil ar léarscáileanna an ghréasáin rotharbhealaigh do cheantar na Mí Theas.

- MG1 Cill Dhéagláin: Féarbhealach Abhainn Ghabhra idir an R135 agus Páirc na bhFianna
- MG2 Dún Búinne: Féarbhealach Abha an Chaisleáin
- MG3 An Bóthar Buí & Maigh Dearmhaí: Féarbhealach na Cánalach Ríoga
- MG4 Féarbhealach na Bóinne ag Maigh Dearmhaí go Baile Átha Troim

Rothaigh & Taisteal go Stáisiún Traenach Dhún Búinne agus an Bhóthair Bhuí

Tá na rotharbhealaí go stáisiún iarnróid Dhún Búinne agus an Bhóthair Bhuí san earnáil seo aitheanta ar léarscáileanna an ghréasáin rotharbhealaigh. Sa Bhóthar Buí, soláthraíonn raonta rothar eiseacha rochtain ón tSráid Mhór. D'fhéadfadh an féarbhealach ar feadh na Cánalach Ríoga bealach malartach easbhóthair a sholáthar do rothaithe atá ag triall ar stáisiún iarnróid an Bhóthair Bhuí.

Tá dhá stáisiún i nDún Búinne, ag Bealach na Páirce an M3 ó thuaidh ón mbaile agus ag stáisiún Dhún Búinne ar an taobh thoir, atá níos cóngaraí d'fhormhór na gceantar cónaithe agus, dá réir sin, tá níos mó seans ann gurb é sin an stáisiún a mheallfadh an líon is mó turas rothaíochta. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shlándáil spásanna páirceála do rothair.

4.2.2 Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil na Mí Láir

Léirítear gréasán beartaithe an rotharbhealaigh ar Léarscáileanna N12 don Uaimh, N13 do Ceanannas agus N14 do Bhaile Átha Troim.

An Uaimh

- Na1 Bóthar Bhaile Átha Cliath an R147/Bóthar Ceanannais idir an N51 agus Coillte Shean-Bhaile Réisc.
- Na2 Bóthar Metge / Cuarbhealach Thoir.
- Na3 Faiche an Aonaigh go Baile Sheáin ar dhroichead nua thar Abha na Bóinne.
- Na4 An Cuarbhóthar Theas ó Bhaile Sheáin go Bóthar Bhaile Átha Buí.
- Na5 Cros an Tuaiscirt ó Bhóthar Átha Buí go Bóthar Bhaile Shláine.
- Na6 Bóthar Bhaile na Gaoithe go Bóthar an Choimín.
- Na7 Bóthar Bhaile an Phrútaigh go Bóthar Bhaile Átha Troim.

Ceanannas

- Ke1 Bóthar Bhaile an Chócaigh (nasc ón Uaimh) go Bóthar Bhaile Átha Fhirdia.
- Ke2 Bóthar Bhaile Átha Buí an R164 go Bóthar Mhaigh nEalta.
- Ke3 Bóthar na hUaimhe an R147 go Bóthar Achadh an Iúir.
- Ke4 Bóthar Shláine an R163 go Bóthar an tSeanchaisleáin (Páirc Thúr Lloyd).

Baile Átha Troim

- T1 Cuarbhóthar an R154 agus R160.
- T2 Bóthar Bhaile Átha Cliath an R154 go Bóthar Mhaigh Deamhnaí an R161.
- T3 Bóthar na hUaimhe R161.
- T4 Bóthar Dhún Libhir.
- T5 Bóthar Chnoc an Línsigh / Sráid Emmer / Sráid Loman

Féarbhealach na Bóinne: Maigh Dearmhaí go dtí an Uaimh

Féarbhealach suntasach a mbainfeadh tábhacht réigiúnach agus náisiúnta leis a bheadh anseo ar feadh na Bóinne, idir Maigh Dearmhaí agus Droichead Átha trí Bhaile Átha Troim agus an Uaimh. Bheadh an rotharbhealach seo san áireamh sa Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta agus bheadh nasc

díreach idir é agus Rotharbhealach an Chósta Thoir idir Béal Feirste agus Loch Garman ag Droichead Átha agus chomh fada le bealach Bhaile Átha Cliath agus na Gaillimhe ar feadh na Canálach Ríoga ó dheas ó Mhaigh Dearthaí.

4.2.3 Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil na Mí Thoir

Síneann Earnáil na Mí Thoir ó Theorainn an Chontae sa tuaisceart idir Baile Shláine agus Droichead Átha go Baile an Cheantaigh san iardheisceart, agus soir i dtreo an chósta ag Baile an Bhiataigh agus Baile an Lígh. Níl aon áiseanna rothaíochta san earnáil seo seachas i gceantar beag ag imeall theas Dhroichead Átha ag ionad siopadóireachta *an Gheata Theas* ag Cros Cholpa ag tairseach Bhóthar Bhaile Átha Cliath an R132 chuig an mbaile.

Tá limistéir fhairsinge oscailte ghlasa sna heastáit tithíochta i mBaile an Lígh agus i mBaile an Bhiataigh ina bhféadfaí gréasán rotharbhealaigh áitiúil a fhorbairt. Ba chóir go gcruthódh a leithéid de bhealaí nua nasc le *Conair an Chósta Thoir*, agus leis an stáisiún iarnróid ag Baile an Lígh, nach bhfuil nasc maith ná nasc díreach aige leis na ceantair chónaithe cóngaracha faoi láthair.

Is éard atá sa ghréasán rotharbhealaigh beartaithe sa Mhí Thoir ná rotharbhealaí tuaithe idir na bailte éagsúla, lena n-áirítear ionad réigiúnach Dhroichead Átha. Tá na bealaí seo le feiceáil ar Léarscáil RN2.

4.2.4 Rotharbhealaí Tuaithe sa Mhí

Bealach na Canálach Ríoga

Leanfaidh Rotharbhealach Náisiúnta Bhaile Átha Cliath go Gaillimh an Chanáil Ríoga siar go dtí an Muileann gCearr agus sínfidh sé ar feadh imeall ó dheas Chontae na Mí trí bhaile beag an Bhóthair Bhuí agus cóngarach le baile Mhaigh Dearthaí. Tá tús curtha le próiseas pleanála na scéime seo agus táthar ag súil go mbeidh an rotharbhealach forbartha faoi Shamhradh 2014.

Féarbhealach Ghleann na Bóinne: Droichead Átha – An Uaimh – Baile Átha Troim – Maigh Dearthaí

Sínfidh Féarbhealach beartaithe Ghleann na Bóinne, Rotharbhealach Náisiúnta 13, trí chroílár Chontae na Mí agus is taitneamhacht luachmhar a bheidh ann do rothaíocht taitneamhachta agus mar nasc idir Droichead Átha, Baile Shláine, an Uaimh agus Baile Átha Troim. Tá an chéad chuid den bhealach seo, ó Dhroichead Átha ar feadh na Rampar agus ar feadh bhruach theas na Bóinne chomh fada le hionad cuairteoirí *Chath na Bóinne* ag an Seandroichead, á pleanáil agus á dearadh i láthair na huaire. Leanfaidh an bealach seo cosán tarraingthe Loingseoireacht na Bóinne ar feadh bhruach theas na habhann chomh fada siar leis an Uaimh. I dtreo Bhaile Átha Troim d'fhéadfadh go leanfadh an bealach seo bóithre áitiúla oiriúnacha seachas bruach na habhann.

Taobh thiar de Bhaile Átha Troim leanfaidh an bealach is oiriúnaí bóthar áitiúil ó thuaidh ón abhainn trí Dhún Libhir agus Baile an Bheileogaigh chomh fada le Droichead Stonyford ar bhóthar an R156 idir Ráth Moliain agus Baile Íomhair. Ansin thrasnódh sé an Bhóinn ag Droichead na Scairbhe ar an R156 agus ansin chasfadh sé ó dheas ar feadh bóithre áitiúla gar do Mhaigh Dearthaí áit a mbuailfeadh sé leis an gCanáil Ríoga ag Droichead Blackshade.

Conair an Chósta Thoir i gContae na Mí – Rotharbhealach Náisiúnta 5

Níl aon staidéar roghnaithe bealaí déanta go dtí seo don bhealach náisiúnta seo ar feadh limistéar cois cósta chontae na Mí. Ba chóir go leanfadh sé Inbhear na Bóinne soir ó Dhroichead Átha go Baile Uí Mhornaín, áit ina bhféadfadh sé casadh ó dheas chomh fada le Baile an Bhiataigh. Tá íogaireachtaí timpeallachtaí le tabhairt faoi deara ar feadh an inbhir agus beidh measúnú cúramach le déanamh i ndáil leis an mbealach roghnaithe, ar chóir é a leithscaradh ó bhóthar réigiúnach an R151, bóthar ar a mbíonn líon suntasach tráchta idir Droichead Átha agus na sráidbhailte satailíte ar an gcósta. D'fhéadfadh go mbeadh sé indéanta an bealach seo a shíneadh ar feadh chúl na trá os cionn uachtar cladaigh chomh fada ó dheas le hInbhear na hAiní ag Baile an Lígh. Tá an trá leathan seo crua agus

fianaise ar an méid seo is ea gur ann a reáchtáiltear Rásaí (capall) Bhaile an Lígh gach bliain. Bealach malartach, ach nach bhfuil chomh mealltach céanna, é raon rothar a fhorbairt in imeall an bhóthair ar feadh bhóthar cósta an R151.

Tá droichead coisithe thar Abha na hAiní ag Baile an Lígh a sholáthraíonn rochtain ar cheantar ciúin tuaithe thart ar Mhaigh Muirí. Ó dheas i dtreo Bhaile Mhic Gormáin, Steach Maoilín agus baile mór Bhaile Brigín i gceantar cóngarach Chontae Fhine Gall, tá roghanna bealaí poitéinsiúla ann, ar feadh na trá nó, bealach níos praiticiúla b'fhéidir, ar feadh bóithre áitiúla ciúine thart ar 1km isteach ón gcósta. Bíonn bóthar réigiúnach an R132 fíorghnóthach ó thuaidh ó Acomhal 7 ar an M1 ag Baile Mhic Gormáin agus ní fhéadfaí rotharbhealach mealltach a fhorbairt ann. Ó dheas ó Bhaile Mhic Gormáin tá an bóthar caol agus contúirteach do rothaithe a bheadh ag triall ar Bhaile Brigín. Is rogha i bhfad níos fearr é an bealach intíre trí Bhaile an Phléimeannaigh.

Sean-Línte Iarnróid sa Mhí Láir

Tá dhá shean-líne iarnróid i gceantar na Mí Láir a bhféadfaí rotharbhealaí a fhorbairt taobh leo:

- Líne Iarnróid na hUaimhe go Dún an Rí: Is le déanaí a stadadh d'úsáid a bhaint as an líne agus níl droch-chuma ar an mbealach; agus
- Líne Iarnróid na hUaimhe go Ceanannais go hAchadh an Lúir agus Brainse an tSeanchaisleáin: Níl an líne seo in úsáid le fada an lá agus tá droch-chuma ar an mbealach. D'fhéadfadh go mbeadh réimsí éagsúla den líne ar fáil de réir a chéile rud a chiallódh go bhféadfaí bealach malartach ar bhóithre áitiúla a sholáthar.

Tá na rotharbhealaí beartaithe tuaithe idir bailte sa Mhí agus sna contaetha cóngaracha le feiceáil ar Léarscáileanna RN1, RN2, RN3, RN4 agus RN5. Tá na bealaí seo ag forlú leis na rotharbhealaí baile a luadh roimhe seo.

- | | |
|-----|---|
| M1 | <i>Conair an Chósta Thoir</i> ó theorainn Fhine Gall ag Baile Mhic Gormáin go Droichead Átha trí Bhaile an Lígh agus Baile an Bhiataigh. |
| M2 | Bealach malartach intíre ar feadh an Chósta Thoir trí bhóithre áitiúla go Baile Phaghain ar an R132 thart ar 1km ó dheas ó Chros Cholpa ag imeall Dhroichead Átha. Seachnaíonn sé na bealaí tráchta níos díri agus níos gnóthaí. |
| M3 | An Uaimh - Baile an Cheantaigh - Damhliag – Dún Uabhair – Droichead Átha ar feadh roinnt bóithre áitiúla a sheachnaíonn bóithre réigiúnacha gnóthacha an R150 agus R152. Leanann an bealach seo an R153 ar feadh 2km soir ó Bhaile an Cheantaigh go Cros Bhaile na Rátha ar an N2, áit a mbeadh raon rothar ag teastáil. |
| M4 | Damhliag go Baile an Lígh ar feadh Bhóthar Réigiúnach an R150 agus nasc le Conair an Chósta Thoir. Ba chóir leithead an lána ar feadh an R150 a laghdú agus an t-imeall a úsáid mar raon rothar. |
| M5 | <i>Féarbhealach Ghleann na Bóinne</i> ó Dhroichead Átha go dtí an Uaimh agus go Baile Átha Troim chomh fada le <i>Féarbhealach na Canálach Ríoga</i> ag Maigh Dearthaí. |
| M6 | Féarbhealach líne Iarnróid na hUaimhe go Dún an Rí. |
| M7 | Ó <i>Chonair an Chósta Thoir</i> i gCo. Lú trí Dhún Léire agus Baile Átha Fhirdhia go Ceanannas tríd an Obair agus bóithre áitiúla ó thuaidh ón N52. |
| M8 | An Uaimh go Ceanannas trí bhóithre áitiúla ciúine siar ó Mhótarbhealach an M3 in aice leis an mBaile Corr. D'fhéadfadh bealaí malartacha nó comhlántacha an bóthar áitiúil a leanúint soir ón Abhainn Dubh trí Dhomhnach Phádraig agus Baile Órthaí, ach bheadh úsáid bhóthair réigiúnaigh an R163 i gceist anseo ar feadh 5km trí Headfort, bealach nach mbeadh chomh hoiriúnach céanna do rothaithe mar gheall ar mhéid agus ar luas na tráchta, agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le raon rothar. Rogha eile a bheadh ann ná an R147 (an N3 tráth), bóthar ar a bhfuil gualainn chrua. Tá an líon tráchta fós sách ard ar an mbealach seo, áfach, agus tá réimsí caola atá gan gualainn chrua. |
| M8a | Ceanannas go Droichead Chearbhalláin trí bhóthar áitiúil soir ón N52. |

- M9 Ceanannas go dtí an Seanchaisleán trí láthair stairiúil Loch Craobh. Leanann an bealach seo bóithre áitiúla ciúine ó thuaidh ó bhealaí réigiúnacha an R163 agus R154. Go himhianaithe leanfadh an bealach seo an líne iarnróid a bhí ag dul go dtí Achadh an Lúir ar feadh an chuid is mó den bhealach tráth, bealach a ndearnadh cur síos air níos túsce.
- M10 An Uaimh go Baile Átha Troim trí Dhún Doire agus Ráth Chairn. (Á roinnt ag an tús le Bealach M9.)
- M11 An Uaimh go Baile Átha Buí trí speir ó Bhealach M10 ag Dún Doire thiar theas ón Uaimh.
- M12 Baile Átha Troim go Baile Íomhair trí bhealach Ghleann na Bóinne ar feadh bóthar áitiúil siar ón abhainn chomh fada leis an R156 ag Droichead Stonyford. Leanann an bealach díreach don achar 3.5km go Baile Íomhair ar feadh an R156 bóthar réigiúnach gnóthach agus caol nach bhfuil oiriúnach do rothaithe. Tá bealach malartach níos fearr nach bhfuil chomh díreach céanna le fáil ó thuaidh trí bhóithre áitiúla trí Cloncarneel nó Cill Dealga.



Bealach Tuaithe M12

- M13 Baile Átha Troim – Cnoc an Línsigh – Cill Choca: trí bhóithre áitiúla in ionad an R158.
- M13a Baile Átha Troim go Dún Seachlainn trí nasc ón M13 go dtí an M14 ag Dún Samhnaí.
- M14 An Uaimh - Teamhair – Dún Samhnaí – Dún Seachlainn ar bhóithre áitiúla ciúine. Ó dheas ó Dhún Seachlainn go Cluain Aodha agus Baile Átha Cliath trí Dhún Búinne ar feadh an R147 (an N3 tráth) ar ghualainn chrua le raon rothar idir Dún Búinne agus Cluain Aodha.
- M15 Dún Seachlainn go Cill Dhéagláin trí Ráth Tó ar feadh cúlhbóithre ciúine, ag seachaint an R125 gnóthach.
- M16/F11 Cill Dhéagláin go Damhliag trí Baile Gháire i bhFine Gall.
- M17/F9 Cill Dhéagláin go Baile Átha Cliath ar feadh an R135 (an N2 tráth) ar ghualainn chrua. Cill Dhéagláin go Sord: Níl an bealach díreach ar feadh an R125 oiriúnach do rotháocht mar gheall ar choinníollacha tráchta. Seachas sin, ba chóir dul ar mhalairt treo ag Bealach M17 ag Crois an Bharda agus bealach beartaithe F7b ó Bhaile Bhlainséir go Sord a leanúint.
- M18 Dún Búinne go Léim an Bhradáin agus Maigh Nuad trí bhóthar áitiúil trí Cappaghcreen a sheachnaíonn bealaí gnóthacha an R157 agus R149, chuig bealach na Canálach Ríoga ag Confaí.

Ní bheadh gá le háiseanna rotháochta a sholáthar ar feadh na mbealaí tuaithe casta agus caola seo mar gheall ar líon íseal agus ar luas íseal na tráchta ar na bealaí seo a chiallaíonn go n-oireann siad do rothaithe. Ar bhealach amháin, mar shampla, taifeadadh 96 feithicil san uair le linn anailís a dhéanamh ar an sreabhadh déthreo feithicilí. Is é 80kph an luasteorainn atá ar an mbóthar seo, ach mar gheall ar an gcuma chasta atá ar an mbóthar, is annamh a thaistealaíonn feithicilí níos tapa ná 60kph. Tá a leithéid de bhóithre tuaithe ciúine oiriúnach mar rotharbhealaí ainmnithe ar féidir aird a tharraingt orthu trí threochomharthaí a sholáthar.

Acmhainneacht na Turasóireachta Rotháochta i gContae na Mí

I bhfianaise a chónagaráí is atá Co. na Mí do mhórionad daonra Bhaile Átha Cliath agus do nithe is díol spéise do thurasóirí cosúil le Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne, Cnoc na Teamhrach, Caisleán Bhaile Átha Troim agus Loch Craobh, tá poitéinseal suntasach do thurasóireachta rotháochta (náisiúnta agus idirnáisiúnta) sa Mhí Láir. Is bealach turasóireachta ó Dhroichead Átha go dtí an Uaimh go dtí Ceanannas go dtí an Seanchaisleán go dtí Baile Átha Troim agus ar ais go Droichead Átha é *Bealach Ghleann na Bóinne*. Tá poiblíocht á déanamh cheana féin ar Rotharbhealach *Chonair na Tána a shníonn trí lár Cho. na Mí ar an mbealach trastíre ó Leithinis Cooley* i gContae Lú go *Croghan Aí* ag Tuilsce i gContae Ros Comáin. I láthair na huaire, tá na bealaí seo do thurasóirí á dtreorú ar feadh na mbóithre gnóthacha náisiúnta agus réigiúnacha nach bhfuil oiriúnach do rotháocht. Tá poitéinseal ann bealaí níos oiriúnaí agus níos mealltaí a fhorbairt do rothaithe ar feadh na rianta seo. Tarraingíodh aird sa tuarascáil seo ar ghréasán suntasach de bhóithre deasa agus ciúine ar féidir poiblíocht a dhéanamh orthu mar rotharbhealaí tuarasóireachta sa Mhí Láir mar aon leis an dá rian turasóireachta atá ann cheana féin.

4.3 Gréasán Rotharbhealaigh Chontae Chill Dara

Cuirtear tograí an ghréasáin rothaíochta do Chontae Chill Dara i láthair sna hearnálacha seo a leanas:

- Earnáil Chill Dara Thuaidh: Léim an Bhradáin, Cill Droichid, Maigh Nuad & Cill Choca;
- Earnáil Chill Dara Láir: Claonadh/an Chorrchoill, na Solláin/an Nás, Droichead Nua, Cill Dara;
- Earnáil Chill Dara Theas: Baile Átha Í; agus
- Rotharbhealaí Tuaithe i gCill Dara.

Déan tagairt do Léarscáileanna E15 go E19 i gCuid 2 áit ina bhfuil léaráid de na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo.

4.3.1 Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil Chill Dara Thuaidh

Léirítear gréasán beartaithe an rotharbhealaigh ar Léarscáil N16 i gCuid 4c do Léim an Bhradáin, Cill Droichid agus Maigh Nuad.

Léim an Bhradáin

- K1 Féarbhealach na Canálach Ríoga: Cluain Saileach – Léim an Bhradáin – Maigh Nuad, mar aon le roinnt féarbhealaí friothálacha agus áitiúla.
- Lp1 R148 an tSráid Mhór agus Bóthar Mhaigh Nuad chomh fada le monarcha Intel.
- Lp2 Bóthar Barnhall go Cill Droichid trí Dhiméin Bhaile an Chaisleáin.

Cill Droichid

- C1 Bóthar an Chaisleáin Nua R405 go stáisiún iarnróid Chollchoille agus Féarbhealach na Canálach Móire.
- C2 Bóthar Chlaonadh go dtí an tSráid Mhór.
- C3 (Cuar)bhóthar an tSeanbhaile go Bóthar an Teampaill.
- C4 Bóthar Chlaonadh an R403 & Bóthar an tSeanbhaile go Bóthar Mhaigh Nuad.
- C5 Bóthar Shruthán na Sailí.
- C6 Bóthar Mhaigh Nuad an R405.
- C7 Cill Droichid an R449 go Nascbhóthar Léim an Bhradáin (trasna Acomhal 6 an M4).
- C8/C8a/ Féarbhealaí Dhiméin Bhaile an Chaisleáin go Bóthar Barnhall, Léim an Bhradáin agus C8b naisc le C6 & C7.

Maigh Nuad

- K1 Féarbhealach na Cánalach Ríoga.
- M1 OÉ Má Nuad agus Bóthar Mhaigh gCláir - Laighean (An tSráid Mhór) – R148 Bóthar Bhaile Átha Cliath i dtreo ghléasra Intel ag Léim an Bhradáin agus nasc le Féarbhealach na Canálach Ríoga thart ar 1.5km soir ó imeall an bhaile.
- M2 Bóthar Theach Srafáin.
- M3 Bóthar Chill Droichid.
- M4 Bóthar Rathcoffey.

Cill Choca

- Kk1 Sráid an Teampaill R148 go dtí Bóthar Chlaonadh an R407.

4.3.2 Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil Chill Dara Láir

Tá na rotharbhealaí bailte beartaithe in earnáil Chill Dara láir le fáil ar Léarscáil N17 do Chlaonadh & don Chorrchoill, Léarscáil N18 don Nás agus Léarscáil N19 don Droichead Nua & Cill Dara.

Claonadh - An Chorrchoill

- CP1 Bóthar Bhaile Átha Cliath an R403 trí Chlaonadh agus siar chomh fada leis an gCorrchoill.
- CP2 Bóthar an Náis R407 go himeall theas an bhaile.

An Nás

- K10/K13 Féarbhealach na Canálach Móire trí na Solláin agus speir tríd an Nás.
- Na1 An Chill – Baile Sheáin – Bóthar Bhaile Átha Cliath – An Phríomhshráid – Bóthar an Droichid Nua.
- Na2 Bóthar na Sollán – An tSráid Mhór, An Nás – Bóthar Chill Chuillinn.
- Na3 Bóthar Bhaile Coimín.
- Na4 Bóthar Loch Cárthaí.
- Na5 An Cuarbhóthar Theas agus Bóthar Ballycane.
- Na6 Bóthar Mhóin Réad – Páirc na Mílaoise – Bóthar an Droichid Nua.
- Na7 Nasc trí Eastát Lakelands idir Bóthar Chill Chuillinn, Bóthar Bhaile Coimín agus Bóthar Bhaile Átha Cliath tríd an Ráschúrsa.
- Na8 Lána Corbáin, Lár an Bhaile

An Droichead Nua

- NB1 Bóthar an Náis R445 – Príomhshráid an Droichid Nua – Bóthar Standhouse.
- NB2 Páirc an Choláiste go Stáisiún an Droichid Nua.
- NB3 Bóthar na Faiche / An Pháirc / Bóthar Áth Garbháin (lúb-bhóthar theas).
- NB4 Bóthar Pháirc an Mhóinteáin R445 (go dtí An Currach).

Baile Chill Dara

- KT1 Bóthar Melitta - Bóthar an Stáisiúin R415 – An Chearnóg.
- KT2 Bóthar Bhaile Átha Cliath an R445 / Bóthar Mhainistir Eimhín, Cill Dara.
- KT3 Bóthar Greyabbey.

4.3.3 Gréasáin Rothaíochta Bhaile Earnáil Chill Dara Theas

Is i mBaile Átha Í atá na rotharbhealaí baile in earnáil Chill Dara Theas (ní theastaíonn léarscáil baile).

Baile Átha Í (Léarscáil RN7)

- A1 Bóthar Bhaile Átha Cliath an N78 – Bóthar Chill Chainnigh.
- A2 Féarbhealach na Bearú – an bruach thoir (rogha malartach ó Bhóthar Chill Dara an R417).
- A3 Féarbhealach Chanáil na Bearú (Rogha malartach ó Bhóthar an tSráidbhaile R428).

4.3.4 Rotharbhealaí Tuaithe i gCill Dara

Tá na rotharbhealaí beartaithe tuaithe idir bailte i gCill Dara agus sna contaetha cóngaracha le feiceáil ar Léarscáileanna RN5, RN6 agus RN7. Tá na bealaí seo ag forlú leis na rotharbhealaí baile a luadh roimhe seo. Tá roinnt bóithre réigiúnacha fíorghnóthacha i gCill Dara ar cheart do rothaithe iad a sheachaint mar gheall ar mhéid agus ar luas na tráchtá. I measc na samplaí tá Bóthar Chill Choca-Chlaonadh-an Náis an R407 agus Bóthar Mhaigh Nuad go Srafáin an R406. Tá bóithre áitiúla níos ciúine ar fáil i bhformhór na gcásanna dá leithéid atá níos oiriúnaí do rothaithe. I gcásanna áirithe, áfach, cosúil le Bóthar Chill Droichid go Claonadh an R403, níl aon bhealach malartach ar réimsí áirithe, agus beidh gá le raon rothar tuaithe in imeall an bhóthair páirt den bhealach.

- K1 *Féarbhealach na Canálach Ríoga*: Cluain Saileach – Léim an Bhradáin – Maigh Nuad – Cill Choca – An Bóthar Buí.
- K2 Cill Droichid go Maigh Nuad ar feadh bóthar áitiúil trí Ballygoran ó dheas ón R405 gnóthach.

- K3 Cill Droichid go Claonadh trí Srafán ag seachaint an R403 gnóthach den chuid is mó, ach tá gá le raonta rothar ar feadh 5km den bhóthar réigiúnach cóngarach le gach baile.
- K4 Cill Droichid - Ardclough – An Chill (An Nás trí an N1).
- K5 Maigh Nuad - Rathcoffey (go Claonadh trí K6 & K3).
- K6 Cill Choca - Rathcoffey - Srafán - Ardclough, bealaí trasnaithe K3, K4 agus K5.
- K7 Claonadh go dtí an Nás trí Millicent Thuaidh agus an Chanáil Mhór (K10 & K13).
- K8 An Bóthar Buí go Éadan Doire (Co. Uíbh Fhailí): Féarbhealach ar feadh sean-líne iarnróid.
- K9 Trasnasc Dhoire an tSoirn ó thuaidh go líne iarnróid Éadan Doire agus ó dheas go dtí an Chanáil Mhór.
- K10 *Féarbhealach na Canálach Móire*: Baile Átha Cliath – na Solláin (an Nás) – Éadan Doire.
- K11 *Féarbhealach Chanáil na Bearú*: ón gCanáil Mhór ag Baile Riobaird go Ráth Iomgháin, Mainistir Eimhín, Baile Átha Í agus Ceatharlach.
- K12 Féarbhealach Friothálach Baile an Pholardaigh: Ó Chanáil na Bearú 3km siar ó Bhaile Riobaird in i dtreo Eanach Bhaile an Pholardaigh ar an taobh siar ó thuaidh de Dhroichead Nua agus á nascadh ansin le bóithre réigiúnacha agus áitiúla chuig Droichead Nua agus Cill Dara. (Suíomh an-íogair é Eanach Bhaile an Pholardaigh ó thaobh an chomhshaoil de agus is mór an díol spéise é más mian le duine siúl chuige ón mbealach rothaíochta seo. B'fhéidir go bhforbróidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra bealach trasna an eanaigh do shiúlóirí agus rothaithe uair éigin amach anseo. Idir an dá linn sínfidh an bealach rothaíochta timpeall an eanaigh ar na bóithre atá ann cheana féin).
- K13 *Féarbhealach Chanáil an Náis*: Ón gCanáil Mhór ag na Solláin tríd an Nás chomh fada le Baile Hoirbeaird soir ón Droichead Nua agus ar aghaidh go Cill Chuillinn.
- D5/K14/N1 (Baile Átha Cliath) Ráth Cúil - Chill Chéile – An Chill – An Nás.
- K15 An Nás – An Droichead Nua (R405) – Cill Dara (R413) - Mainistir Eimhín (bóithre áitiúla ó dheas ón M7).
- K16 An Nás - Baile Coimín tríd an R410 ar feadh píosa agus bóithre áitiúla soir ó Chrois Beggar's End ag Baile Phúinse.
- K17 Féarbhealach ar feadh sean-líne iarnróid an Náis go Bealach Conglais trí Dhún Luáin, Co. Chill Mhantáin.
- K18 Droichead Nua go dtí an Nás trí Chonnail Mhór chomh fada le *Féarbhealach Chanáil an Náis* ag Baile Hoirbeaird. Bealach malartach nach bhfuil chomh díreach céanna ach níos mealltaí ar feadh dhébhéalach gnóthach an R405.
- K19 Droichead Nua - Áth Garbháin - Cill Chuillinn (R416/R413): réimsí gearra tuaithe idir ceantair uirbeacha. Gualainn chrua in áiteanna, ach raon rothar ag teastáil in áiteanna eile.
- K20 Droichead Nua - Currach - Crochta na Gréine - Baile Átha Í.
- K21/W14 Ráth Iomgháin – Cill Dara – an Currach - Cill Chuillinn – an Baile Mór – Cillín Chaoimhín, Co. Chill Mhantáin.
- K22/W17 Bhaile Coimín (Cill Mhantáin) – an Baile Mór - Dún Luáin (Cill Mhantáin) - Bealach Conglais: Bealach malartach ar an N81 gnóthach agus tapa.



Canáil an Náis (K13)

4.4 Gréasán Rotharbhealaigh Chontae Chill Mhantáin

Cuirtear moltaí an ghréasáin rothaíochta do Chontae Chill Mhantáin i láthair sna hearnálacha seo a leanas:

- Cill Mhantáin Thuaidh: Bré, na Clocha Liatha, Cill Chomhghaill;
- Cill Mhantáin Theas: Baile Chill Mhantáin & an tInbhear Mór;
- Cill Mhantáin Thiar: Baile Coimín & Bealach Conglais; agus
- Rotharbhealaí Tuaithe i gCill Mhantáin.

Déan tagairt do Léarscáileanna E19 go E24 i gCuid 2 áit ina bhfuil léaráid de na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo.

4.4.1 Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil Chill Mhantáin Thuaidh

Síneann Earnáil Chill Mhantáin Thuaidh ó Theorainn an Chontae ó thuaidh chomh fada leis an Tóchar, Baile an Chinnéidigh agus an Caisleán Nua ó dheas, agus ón gCosta Thoir intíre chomh fada le himeall Shléibhte Chill Mhantáin. Áirítear bailte Bhré agus na gCloch Liath san earnáil, mar aon le sráidbhailte móra Chill Chomhghaill, Bhaile an Chinnéidigh agus an Tóchair. Tá roinnt sráidbhailte níos lú ann cosúil le hÁth na Sceire, Cill Mocheanóg agus Deilgne ar sráidbhailte satailíte na mórionad daonra iad agus tá siad curtha san áireamh leo san anailís atá déantar ar riachtanais na rotharbhealaí.

Déan tagairt do Léarscáil E20 i gCuid 2 áit ina bhfuil léaráid de na rotharbhealaí eiseacha san earnáil seo.

Léirítear gréasán beartaithe an rotharbhealaigh ar Léarscáil N20 do Bhré agus Léarscáil N21 do na Clocha Liatha i gCuid 8 mar atá mínithe anseo thíos.

Bré (Léarscáil N20)

- B1 Leanúint le Bealach 12 ó Bhaile Átha Cliath ó Bhré Beag ar feadh na Sráide Móire agus Bóthar Vevay i dtreo na gCloch Liath (W4).
- B1a Craobhbhealach siar ó Bhóthar Bhaile Átha Cliath trí Ascaill Sheanchonach.
- B2 Stáisiún DART Bhré - Bóthar Bhaile Uí Chuinn / Bóthar Fhlórans - An Phríomhshráid - Bóthar Chill Airne go dtí an N11.
- B3 Bóthar an Teampaill.
- B4 Bóthar Vevay - Bóthar na Móna - Lána Chill Bhríde - Bóthar Herbert go dtí an N11
- B5 Bóthar Chros an Deiscirt an R768.
- B6 Bóthar Putland ó Bhóthar Vevay chomh fada le Headlands.
- B7 An N11 ón bhFásach Rua go Cill Mocheanóg áit nach bhfuil bealach malartach do rothaithe ar an débhealach gnóthach.
- B7a Nasc féarbhealaigh poitéinsiúil ó Chill Mocheanóg go Páirc Miondíola Bhré ar Bhóthar Chros an Tuaiscirt.

Féarbhealaí Áitiúla i mBré

- W11 *Féarbhealach Phromanáid Bhré*: cuid de *Chonair an Chósta Thoir* ag leanúint ó dheas chomh fada leis na Clocha Liatha agus timpeall fánaí thiar Cheann Bhré ag Newcourt go dtí Bearna Gaoithe.
- BG1 *Féarbhealach na Deargaile*.
- BG2 *Féarbhealach Abha Swan*. Príomhriachtanas is ea é go mbeadh coisithe agus rothaithe in ann gluaiseacht trí cheantar triantánach lárnach cónaithe Bhré agus go mbeadh aicearraí acu chuig scoileanna agus áiseanna na háite.

Na Clocha Liatha (Léarscáil N21)

- G1 An R761 ó Bhré ag Cnoc Bhearna na Gaoithe (W4) – Bóthar Ráth an Dúin an R762 – Bóthar an Teampaill – Bóthar an Mhuilinn – Deilgne.
- G1a Bóthar Victoria – Calafort na gCloch Liath.
- G2 Ó Bhóthar an Mhuilinn an R762 ar feadh débhealach Bhóthar Acra na mBodach an R774 chomh fada leis an N11 agus Cill Pheadair.
- G3 Bóthar Kindlestown an R761.
- G4 Bóthar Bellevue.
- G5 Féarbhealach ó na cumainn CLG agus Rugbaí ar Bhóthar an Mhuilinn ó dheas trí Acra na mBodach i dtreo Chill Chomhghaill trí Ionad Spóirt Acra na mBodach.
- W11 *Féarbhealach Chonair an Chósta Thoir ó Shiúlbhealach Aille Cheann Bhré chomh fada leis an Trá Theas trí Chalafort na gCloch Liath.*

Cill Chomhghaill (Léarscáil N21)

- K1 Féarbhealach ó Acra na mBodach ar feadh Lána na Lotaí mar bhealach malartach le bóthar gnóthach an R761.
- K2 R761 Bóthar an Chósta.
- K3 Bóthar na Mara go dtí an stáisiún iarnróid.
- K4 Bóthar an Bhaile Nua.

Baile an Chinnéidigh (Léarscáil RN10)

- N1 Bóthar an Tóchair R765.
- N2 An tSráid Mhór R772.
- N3 Bóthar Ros Mór (an cuarbhealach theas).

Tá naisc rothaíochta áitiúla ionchais le feiceáil ar na léarscáileanna, mar shampla ó Bhaile an Chinnéidigh go Cill Pheadair ar feadh taobh thiar an N11, nó bealach nach bhfuil chomh díreach céanna trí chúlhbóthar.

Rothaigh & Taisteal go dtí an DART agus Líne Iarnróid an Chósta Thoir

Tá na rotharbhealaí go stáisiún DART Bhré agus na gCloch Liath san earnáil seo aitheanta ar léarscáileanna an ghréasáin rotharbhealaigh. Tá formhór na mbealaí seo i mBré suite ar feadh bóithre ciúine agus níl gá le háiseanna rothaíochta. Sna Clocha Liatha, soláthraíonn raonta rothar eiseacha rochtain ón Deisceart. D'fhéadfadh an féarbhealach ionchais ar feadh an Chósta Thoir bealach malartach easbhóthair a sholáthar do rothaithe atá ag triall ar an dá stáisiún DART. Tá neart spásanna páirceála faoi scáthlán ar fáil ag an dá stáisiún DART, ach d'fhéadfadh go mbeadh gá le breis áiseanna má thagann méadú suntasach ar an éileamh trí phoiblíocht ghníomhach le daoine a spreagadh chun tairbhe a bhain as na gréasáin rothaíochta áitiúla atá le leathnú. Ag gach ionad, beidh sé riachtanach measúnú a dhéanamh ar chandam agus ar shlándáil spásanna páirceála do rothair.



Scáthlán páirceála rothar ar ardchaighdeán agus suite in áit mhaith ag stáisiún DART na gCloch Liath

4.4.2 Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil Chill Mhantáin Theas

Síneann Earnáil Chill Mhantáin Theas ó Láithreach agus Áth na Fuinseoige ó thuaidh go Carn an Bhua i ndeisceart an chontae, agus intíre ón gCósta Thoir go Eachroim. Áirítear san earnáil seo Baile Chill Mhantáin, Ráth Naoi, Áth na Fuinseoige, Ráth Droma, an tInbhear Mór, Eachroim, agus Tigh na hÉille.

Déan tagairt do Léarscáileanna E22 agus E23 i gCuid 2 áit ina bhfuil léaráid de na rotharbhealaí atá san earnáil seo faoi láthair.

Léirítear gréasán beartaithe an rotharbhealaigh do na príomhbhailte ar Léarscáil N22 do Chill Mhantáin agus ar Léarscáil N23 don Inbhear Mór i gCuid 4c.

Baile Chill Mhantáin

WT1	R750 - Ráth Naoi – Bóthar Bhaile Átha Cliath – An Meal – Bóthar Dhún Borr.
WT2	Bóthar Rochtana Chalafort Chill Mhantáin – Bóthar an Stáisiúin le droichead nua os cionn na líne iarnróid ag Stáisiún Chill Mhantáin agus speir chomh fada leis an gcósta ag an Mhuiríoch.
WT3	Cuarbhóthar Thiar Chill Mhantáin.
WT4	Bóthar na Carraige.
WT5	R751 Bóthar Marlton - Sráid Mhic Liam - Sráid an Droichid - an Cuan.
W11	<i>Conair an Chósta Thoir ón Muiríoch go Calafort Chill Mhantáin agus lár an bhaile.</i>

An tInbhear Mór

Ar1	Bóthar Bhaile Átha Cliath an R772 go Bóthar Loch Garman tríd an tSráid Mhór.
Ar2	Bóthar na Mara R750 ó Bhealach Ar1 ó thuaidh i dtreo Chuan an Bhriotáis agus Bhaile Chill Mhantáin.
Ar3	An tSráid Mhór Íochtarach, Bóthar Thigh na hEasca agus Bóthar na nDuganna go dtí an Ché Theas.
Ar4	Bóthar Vale an R747 go dtí imeall an bhaile ach nach dtéann níos faide i dtreo Eachroim de bhrí go bhfuil an bóthar róchaol agus gnóthach agus go bhfuil bealach malartach níos fearr ar bhruach thuaidh Abhóca.
Ar5	Rochtain ar an Stáisiún ón bPríomhshráid ar feadh Bhóthar Naomh Muire go Bóthar Loch Garman (Ar1).
Ar6	An Ché Thuaidh ó Ferrybank ag Ionad Siopadóireachta Bridgewater thar droichead nua go dtí an Ché Theas mar aon le nasc leis an AR3 ag an bhFaiche Theas. (Chuirge sin ní mór na hionaid mhúrála san abhainn a sheachaint).

4.4.3 Gréasáin Rothaíochta Bhailte Earnáil Chill Mhantáin Thiar

Déan tagairt do Léarscáil E24 i gCuid 2 áit a bhfuil léaráid de na rotharbhealaí atá i mBaile Coimín. Tá an baile réasúnta beag le gréasán simplí sráide agus sráideanna réasúnta leathan atá oiriúnach d'áiseanna rothaíochta ar na bealaí isteach ó na ceantair chónaithe fhorimeallacha chuig lár an bhaile ar na príomhbhóithre ó Bhaile Átha Cliath, an Nás agus Bealach Conglais.

I mBealach Conglais tá na bóithre isteach róchaol d'áiseanna rothaíochta agus tá sreafaí tráchta measartha ar na príomhbhealaí isteach chuig lár an bhaile ó Bhaile Coimín (N81), an tInbhear Mór (R747), agus an Tulaigh (N81). Cinnteoidh moillíú tráchta coinníollacha oiriúnacha bóthar do rothaíocht.

4.4.4 Rotharbhealaí Tuaithe i gCill Mhantáin

Féarbhealach Chonair an Chósta Thoir i gCill Mhantáin

Tá deis ann féarbhealach mór a fhorbairt ar feadh an Chósta Thoir, idir Bré agus an tInbhear Mór. Bheadh an bealach seo san áireamh i mBealach Uimh.5 an Ghréasáin Rothaíochta Náisiúnta idir Baile

Átha Cliath agus Loch Garman agus taispeántar mar Bhealach W11/N5 ar Léarscáileanna RN8, RN9 agus RN10..

Idir Bré agus na Clocha Liatha beidh bacainn shuntasach le sárú ag an rotharbhealach féarbhealaigh – Ceann Bhré a ardaíonn go 240m os cionn leibhéal na mara. Tá cosán caol cois cósta, *Siúlbhealach na hAille*, atá suite ar feadh thaobh thoir an chnoic idir leibhéal íseal agus meánach os cionn na líne iarnróid. Bíonn an-tóir ar an siúlbhealach seo agus is minic go mbíonn sé plódaithe ag an deireadh seachtaine. Tá sé róchaol agus ró-achrannach le tacú le húsáid roinnte le rothaithe. Bhainfeadh costais ollmhóra agus impleachtaí suntasacha timpeallachta leis an mbealach seo a leathnú ionas go mbeadh sé oiriúnach do rothaíocht. Tá an bealach atá ar fáil do rothaithe faoi láthair idir Bré agus na Clocha Liatha suite ar feadh bhóthar gnóthach an R761 thar Chnoc Bhearna Gaoithe a ardaíonn go airde 150m os cionn leibhéal na mara. Tá sé inmhiannaithe agus indéanta foráil a dhéanamh do rothaithe comaitéireachta ar an bpríomhbhóthar seo mar nasc idir an dá bhaile, agus ag an am céanna áis oiriúnach a sholáthar chun cuspóirí an Ghréasáin Rothaíochta Náisiúnta a chomhlíonadh - taitneamhacht saor ó thrácht agus taitneamhacht a fhorbairt. Tá staidéar féidearthachta coimisiúnaithe ag Comhairle Contae Chill Mhantáin don bhealach seo, agus aithníodh sa staidéar seo rogha chun rotharbhealach déthreo leithscartha a fhorbairt ar feadh taobh thoir bhóthar an R761. Chruthódh an bealach seo nasc le Promanáid Bhré ó thuaidh trí Newcourt, agus ansin d'fhéadfaí nasc a chruthú idir Bearna Gaoithe agus Siúlbhealach na hAille ó dheas ó Cheann Bhré agus ansin bealach an chósta a leanúint chomh fada leis na Clocha Liatha.

Ó dheas ó na Clocha Liatha i dtreo Bhaile Chill Mhantáin tá siúlbhealach cósta bunaithe ar feadh chúl na trá taobh leis an líne iarnróid. D'fhéadfaí an bealach seo a uasghrádú ionas go mbeadh sé oiriúnach do rothaithe trí struchtúr solúbtha cosúil le tocht a sholáthar a bhféadfaí é a leagan anuas ar an trá, dá bhféadfaí a thaispeáint nach mbeadh tionchar suntasach timpeallachta aige. Bheadh a leithéid de struchtúr éadrom agus oiriúnach do thimpeallacht íogair mhuirí áit a bhfuil deacracht le creimeadh cósta agus go mbeadh deacrachtaí rochtana ag innealra trom agus go deimhin go mbeadh a leithéid míchuí. Tá íogaireachtaí timpeallachta le cur san áireamh san áit seo ina bhfuil an beathra éan comhdhlúite i seascainn atá suite isteach ón trá. Chomh maith leis sin, beidh gá le droichid bheaga trasna béal abhann i gcúpla áit. Más rud é go gcuireann cúrsaí comhshaoil cosc le bealach seo an chósta beidh bealach eile níos faide isteach ón bhfarraige riachtanach.

Tá bealaí friothálacha beartaithe ó Chonair an Chósta Thoir isteach chuig sráidbhailte cóngaracha Chill Chomhghaill agus an Chaisleáin Nua atá beagnach 1km ón mbealach, mar aon le roinnt ionad tuaithe ina dtéann bóithre áitiúla chomh fada leis an gcósta. I gcásanna áirithe feidhmíonn na bealaí friothálacha seo mar bhealaí rochtana chuig na stáisiúin iarnróid freisin, Bóthar na Mara i gCill Chomhghaill mar shampla.

I mBaile Chill Mhantáin d'fhéadfadh rotharbhealach an chósta an phromanáid ag an gcalafort a leanúint isteach chuig lár an bhaile agus ar feadh áis bheartaithe rothaíochta a bhí faoi réir staidéar féidearthachta a bhí le déanamh ag Comhairle Contae Chill Mhantáin in 2012. Rinneadh réimse den phromanáid, ó Thuaidh ó Radharc an Chaisleáin, a uasghrádú agus a leathnú le déanaí.



Promanáid Chósta i mBaile Chill Mhantáin

Ó dheas ó Bhaile Chill Mhantáin i dtreo an Inbhir Mhóir féadfaidh Conair an Chósta Thoir bóthar cósta an R750 a leanúint thar Chuan an Bhriotáis, bóthar nach bhfuil mórán tráchta air, ach ba chóir luasteorainn 60 km/h a chur i bhfeidhm ann ar mhaithe le sábháilteacht rothaithe agus comharthaí rabhaidh chun a mheabhrú do thiománaithe go bhfuil an bóthar á roinnt acu le rotharbhealach náisiúnta ainmnithe.

Is ar Bhealach Ar2 agus Ar1 a rachaidh *Conair an Chósta Thoir* tríd an Inbhear Mór. Níl sé indéanta an t-imeallbhard a leanúint go díreach ón Trá Theas thar Cheann an Inbhir Mhóir mar go bhfuil cairéal mór agus calafort tionsclaíoch ann. Ina ionad sin, féadfaidh an chonair bóithre áitiúla a leanúint ó imeall theas an bhaile ar Bhóthar Loch Garman chomh fada le Trá na Clogaí. As sin ó dheas tá bóthar ciúin tuaithe in aice leis an gcósta thar Rinn Chill Mhichíl i dtreo Bhaile na Cúirte i gCo. Loch Garman.

Rotharbhealaí Tuaithe i gCill Mhantáin

Tá na rotharbhealaí tuaithe le feiceáil ar Léarscáileanna RN6, RN7, RN8 agus RN9 agus leanann siad bóithre oiriúnacha idir na príomhbhailte i gCill Mhantáin, mar aon le rotharbhealaí taitneamhachta a sholáthar i Sléibhte Chill Mhantáin agus chuig ionaid cosúil le Gleann Dá Loch a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu.

- W1/D1 Baile Átha Cliath - Cill Tiarnáin – An Scailp - Áth na Sceire - Dioghais: an príomhbhealach rochtana atá ag rothaithe taitneamhachta atá ag dul ó Bhaile Átha Cliath go Sléibhte Chill Mhantáin. (Féach ar an bpíosa faoi Bhaile Átha Cliath Theas-Láir i gCaibidil 3 áit ina bpléitear ar na feabhsuithe atá ag teastáil i gceantar Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an mbealach seo chomh fada le himeall thuaidh Áth na Sceire.) Nascann sé le Bealach W3 ag Ballybawn in aice le Cúirt an Phaoraigh.
- W2 Bré - Áth na Sceire – Gleann Crí – An Bóthar Míleata: Tá roinnt bealaí féideartha eile ann idir Bré agus Áth na Sceire. Tá an príomh-bhealach á thaispeáint trí Bhóthar Bhaile Maine (in DLRCC) arb é an bóthar le caighdeán níos airde agus ní bhíonn sé ró-ghnóthach ó thaobh tráchta de. I measc na mbealaí malartacha tá:
- W2a Bré go Áth na Sceire trí Lána Ghort na Sméar ó dheas (tá cuid den bhóthar príobháideach) a nascann leis an bhFásach Rua. Rothaíocht an-taitneamach gan trácht ar bith geall leis.
- W2b Bré go Áth na Sceire trí bhóthar áitiúil ag Baile an Chócaigh in aice leis an Deartháil agus ag seachaint príomhbhóthar Bhóthar an Chócaigh R117. Cnocach ach níos ciúine ná W2c.
- W2c An Príomh-Bhóthar Bhaile an Chócaigh R117, a mbíonn go leor tráchta air cé go mbíonn an trácht ag taisteal go mall mar go bhfuil an bóthar casta, ach tá sé in úsáid fós ag mórán rothaithe. Oibreacha maolaithe tráchta de dhíth. Beidh ar rothaithe droichead coise an N11 a úsáid.
- W3 Bré & Áth na Sceire chomh fada le Tóchar ar feadh imeall thoir Shléibhte Chill Mhantáin. Seachnaíonn an bealach seo príomhbhóthar gnóthach an R755 ó Bhré go Tóchar agus leanann sé bóthar áitiúil i bhfad níos ciúine trí Bhaile na Stua thart ar 1km siar. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé rochtain ar Ionad Rothaíocht Sléibhe Choill Bhaile na Stua.
- W4 Bré go Cill Mhantáin trí na Clocha Liatha agus Cill Chomhghaill ar feadh Bhóthar Réigiúnach an R761 le háiseanna oiriúnacha rothaíochta ar na réimsí níos gnóthaí ó thuaidh ó Chill Chomhghaill.
- W5 Cill Chomhghaill go Tóchar trí Bhaile an Chinnéidigh thar Chlub Gailf Ghleann na nDráoithe, chun Sléibhte Chill Mhantáin a nascadh le Conair an Chósta Thoir ar feadh bóithre ciúine.
- W6/D2 *An Bóthar Míleata* ó Bhaile Átha Cliath go Láithreach trí Ráth Fearnáin agus Bearna Bhealach Sailearnáin: an rotharbhealach is airde agus ceann de na rotharbhealaí is fiáine in Éirinn, rotharbhealach atá suite 530m os cionn leibhéal na mara.
- W7 An Tóchar go Baile Coimín trí Bhearna Bhealach Sailearnáin, le speir ag dul chomh fada

le Cill Bhríde agus Bealach W18 go Baile Átha Cliath.

- W8 An Tóchar go dtí an Láithreach tríd an Seandroichead ar bhóithre áitiúla siar ón R755 gnóthach.
- W9 An Tóchar go Cill Mhantáin trí Áth na Fuinseoige ar an R764 le bealach malartach ciúin ó Áth na Fuinseoige go Bealach W4 ag Óstán Hunter's ó thuaidh ó Ráth Naoi.
- W10 An Láithreach/Gleann Dá Loch go Baile Coimín thar Bhearna Chill Mhantáin agus tríd an gCrois, le speir W10a siar ó Chillín Chaoimhín agus an gréasán rothaíochta tuaithe i gCill Dara tríd an mBaile Mór.
- W11 *Conair an Chósta Thoir* ó Chill Mhantáin go dtí an Inbhear Mór agus Co. Loch Garman. Féarbhealach ó thuaidh ó Bhaile Chill Mhantáin agus bóithre ciúine cois cósta ó dheas.
- W12 Cill Mhantáin go Ráth Droma trí *The Beehive* agus *Kilmanoge*, le speir ó thuaidh chomh fada le Gleann Fhaidhle trí *Chéim an Ghiúistís*.
- W13 An Láithreach go Ráth Droma ar feadh taobh thoir Ghleann Abhainn Mhór seachas ar feadh bóthar gnóthach an R755 ar bhruach thiar na habhann, agus réimse aicearra trí thailte foraoise ó dheas ó Chlóirtheach. Ansin leanann an bealach seo ar feadh an bhruaigh thiar trí Theach agus Páirc Foraoise Avondale chomh fada le *Meetings of the Waters*. Ansin téann sé ar ais chomh fada le bruach thoir na habhann chomh fada le hAbhóca ar bhóithre áitiúla. Idir Abhóca agus an Inbhear Mór tá rianta foraoise ar feadh taobh thoir an ghleanna trí thailte príobháideacha chomh fada le Teach na gCanónach. Ba chóir go mbeadh sé indéanta rochtain cheadaitheach a fháil do rothaithe ar feadh na rianta seo, nach mór iad a phábháil le gairbhéal. Tá an bealach seo níos fearr ná bóthar gnóthach an R747 ar bhruach thiar na habhann ón Droichead Adhmaid go dtí an Inbhear Mór.
- W14 Cuaird timpeall ar dheisceart Shléibhte Chill Mhantáin. Leanann sé an Bóthar Míleata ón Láithreach go Gleann Molúra agus Aughavanagh thar dhá mhám sléibhe arda. Ansin leanann an bealach seo thart ar Ghleann Ó Máil in Iarthar Chill Mhantáin agus sráidbhailte Dhún Ard agus Chillín Chaoimhín. Síneann sé chomh fada le Baile Coimín agus Baile Átha Cliath trí Bhealaí K21 agus K22 Chill Dara.
- W15 Aughavanagh go dtí Eachroim go dtí Bealach Conglais: Tá an bealach seo ag forluí le Bealach W14.
- W16 *Sean-Líne Iarnróid Eachroma*: féarbhealach ó Bhealach W13 ag an Droichead Adhmaid ar an tsean-líne iarnróid go hEachroim, Tigh na hÉille agus Síol Éalaigh, le bóithre áitiúla ag leanúint an bhealaigh ó dheas trí Choillte Chúil Aitinn chomh fada le Carn an Bhua agus isteach go Contae Loch Garman.
- W17 / K22 Bealach Conglais go Baile Coimín, trí Dhún Luáin agus an Baile Mór, ar feadh bóithre áitiúla siar ón N81. D'fhéadfaí an tsean-líne iarnróid ón Nás trí Dhún Luáin a fhorbairt mar fhéarbhealach freisin. (Féach Bealach Chill Dara K17).
- W18 Baile Coimín go Baile Átha Cliath trí Cill Bhríde, Bearna Bhuaille na Scornaí agus Bóthar na Bruíne in ionad príomhbhóthar gnóthach an N81.

Acmhainneacht na Turasóireachta Rothaíochta i gCill Mhantáin

I bhfianaise a chónarai is atá Cill Mhantáin le mórionad daonra Bhaile Átha Cliath agus na nithe is díol spéise do thurasóirí atá ar fáil sa chontae, tá poitéinseal suntasach do thurasóireachta rothaíochta (náisiúnta agus idirnáisiúnta) sa chontae. Fianaise ar an méid sin an líon mór rothaithe taitneamhachta a bhíonn le feiceáil ar na bóithre i gCill Mhantáin Theas thart ar Áth na Sceire agus an Tóchar ar an taobh thoir ag an deireadh seachtaine. Ach is rothaithe a bhfuil neart taithí acu iad formhór na rothaithe sin, áfach, rothaithe nach gcuireann na bóithre gnóthacha agus na cnoic arda isteach orthu.

Tarraingíodh aird sa tuarascáil seo ar ghréasán suntasach de bhóithre deasa agus ciúine ar féidir poiblíocht a dhéanamh orthu mar rotharbhealaí tuarasóireachta i gCill Mhantáin Thuaidh. Tá na bealaí seo roghnaithe chun na príomhnithe is díol spéise do thurasóirí a nascadh lena chéile agus raon

leathan roghanna bealaí a sholáthar i dtéarmaí achair agus deacrachta. Nascann na rotharbhealaí tuaithe isteach sna príomhbhailte ar fad trí áiseanna oiriúnacha uirbeacha rothaíochta a bhfuil gá leo cheana féin do thurais laethúla sna hionaid sin. Ní bheadh infheistíocht shuntasach ag teastáil chun gréasán rotharbhealaigh ar ardchaighdeán a sholáthar i gCill Mhantáin bunaithe ar an líon "Mol Rothar" sna príomhbhailte cósta a bhfuil naisc iontacha iompair iontu, idir naisc iarnróid agus bóthair. Tá ag éirí go maith leis an gcoincheap seo cheana féin i mbreis agus 12 ionad ar fud na tíre, an Clochán, Cathair na Mart agus Dúlainn ina measc. Níl ag teastáil ach treochoimharthaí do lúba uimhrithe rothar ó gach baile, comharthaí eolais anseo agus ansiúd agus roinnt léarscáileanna speisialta. Sholáthródh a leithéid de ghréasán nua turasóireachta poitéinseal iontach eacnamaíoch do phobail atá ina gcónaí i mbailte agus i sráidbhailte Chill Mhantáin cheana féin, nach dtéann turasóirí atá ag taisteal i ngluaisteáin ná i mbusanna in aice leo agus a théann i dtreo áiteanna cáiliúla cosúil le Gleann Dá Loch a mbíonn an t-uafás turasóirí ag triall orthu.

CAIBIDIL 5

ACHOIMRE AGUS CONCLÚIDÍ

Cuireann an tuarascáil seo Plean Ghréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath de chuid an *Údarás Náisiúnta Iompair* i láthair. Nuair atá sé críochnaithe, cuimseoidh an gréasán rotharbhealaigh rotharbhealaí uirbeacha i gceantar uirbeach Bhaile Átha Cliath trí chéile agus na mórghailte máguaird, chomh maith le rotharbhealaí tuaithe agus féarbhealaí trasna an réigiúin lena n-áireofar 7 limistéar údaráis áitiúil agus le daonra 1.7 milliún duine. Cuirfidh an Plean Ghréasán Rothaíochta seo gréasán comhsheasmhach ar fáil thar teorainneacha na n-údarás áitiúil.

Comhthéacs Beartais don Ghréasán Rothaíochta

Tá beartas ag leibhéal an rialtais náisiúnta agus áitiúil tiomnaithe go gcinnteofaí go mbeadh an rothaíocht tacaithe, feabhsaithe agus úsáide níos mó ná riamh mar mhodh iompair. Cuireann an príomhchuspóir roimhe go gcinnteofaí go bhforbrófaí cultúr rothaíochta in Éirinn sa mhéid is go mbeadh 10% de na turais ar fad déanta ar rothar faoi 2020. Bheadh gréasán ardchaighdeán rothaíochta fairsing lárnach do bhaint amach an chuspóir sin.

Pleanáil an Ghréasáin Rothaíochta

Ag teacht leis *Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta [National Cycle Manual]* cuimsíonn an gréasán rothaíochta céimiúlacht de chonairí a sholáthraíonn leibhéal éagsúla tábhachtachta do rothaithe:

- Príomh-Ghréasán: Príomh-artairí rothaíochta a thrasnaíonn an limistéar uirbeach, agus ar a bhfuil formhór den trácht rothaíochta;
- Gréasán Tánaisteach: Naisc idir na príomh-ghréasáin rothaíochta agus criosanna áitiúla; agus
- Friothálach: Rotharbhealaí laistigh de chriosanna áitiúla, agus/nó naisc ó chriosanna le leibhéal an ghréasáin thuas

Cuimseoidh an gréasán rothaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath roinnt rotharbhealaí fadraoin chomh maith mar chuid den *Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta* agus córas *EuroVelo* de rotharbhealaí tras-Eorpacha.

Cé go leagann an tuarascáil seo moltaí áirithe amach maidir le naisc ghréasáin indibhidiúla, tá na moltaí sin forbartha ag leibhéal straitéiseach. Dá réir sin, tá na tograí naisc indibhidiúla seo faoi réir mionleasú agus athrú mar chuid de phróiseas pleanála agus forbartha gach scéime, fad is atá cuspóir iomlán an togra coimeáda.

Modheolaíocht Staidéir

Lean forbairt an Phlean Ghréasán Rothaíochta seo sraith de chéimeanna loighciúla:

- (i) Léarscáiliú den ghréasán rothaíochta mar atá sé anois agus mar atá beartaithe;
- (ii) Measúnú ar Cháilíocht Seirbhíse na bpríomh-rotharbhealaí eiseacha;
- (iii) Sainaitheint na mbearnaí idir na bealaí atá ann cheana féin agus na bealaí beartaithe d'fhonn freastal mar phríomh-cheannphointí ar fud limistéar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- (iv) Forbairt ar shamhail den éileamh rothaíochta do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- (v) Sainaitheint a dhéanamh ar ailíniúcháin ionchasacha agus réitigh deartha i leith gach bealach; agus
- (vi) Plean ghréasán rothaíochta comhdhlúthaithe don am atá le teacht a ullmhú i ndáil le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Rotharbhealaí Náisiúnta agus Tras-Náisiúnta

I Mórcheantar Bhaile Átha Cliath cuimseoidh an Gréasán Rothaíochta Náisiúnta 3 príomhbhealach:

- Bealach an Chósta Thoir ó Ros Láir go Tuaisceart Éireann trí Bhaile Átha Cliath;

- Gaillimh go dtí Baile Átha Cliath (mar chuid chomh maith de Bhealach 2 um chóras EuroVelo ag síneadh soir trasna na hEorpa go dtí Moscó), ar feadh na Canálach Ríoga go dtí imeall Bhaile Átha Cliath; agus
- Corcaigh go dtí Baile Átha Cliath trí Chill Chainnigh ar feadh na Canálach Móire.

Tá na bealaí sin curtha san áireamh ag Gréasán Rothaíochta atá beartaithe do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath chomh fada agus atá a n-ailíniúcháin ionchasacha curtha in iúl ag measúnuithe féidearthachta agus pleanáil na mbealaí go dtí seo. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna bealaí deiridh tar éis staidéir níos mionsonraí ar na bealaí.

Tuartha Éilimh um Thurais Rothaíochta

Forbraíodh samhail den éileamh rothaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath do bhonnbhliain 2011 ag baint úsáide as sonraí POWSCAR Dhaonáireamh 2011 chun críocha turas oibre agus oideachais, agus Suirbhé Teaghlach 2006 ÚNI chun críocha turas eile amhail miondíol agus fóillíocht. Coigeartaíodh na sonraí isteach chun gnáth-lá den tseachtain a léiriú agus rinneadh taifead ar thart ar **22,000 turas rothaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath le linn bhuaic-am na maidine i rith na seachtaine (07:00-10:00)**. Is ionann sin agus cion módúil ag an rothar a d'athraigh suas go hardphointe 6.7% do thurais oibre ar fhad níos giorra ná 5km i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Cheadaigh an tsamhail rothaíochta measúnú a dhéanamh ar líon na rothaithe ar gach bealach sa limistéar staidéir. Dhearbhaigh áireamh na tráchta rothaíochta na sreabha samhla ar na príomhbhealaí cathrach agus thaispeáin siad líon 800 rothaí nó níos mó sa bhuaic-am ar roinnt sráideanna, ina measc Bóthar na Trá Thuaidh agus Bóthar Ráth Maonais.

Forbraíodh tuartha de líon na rothaithe sa todhchaí de réir chuspóirí beartas agus spriocanna an Rialtais. Chun meán-chion modha de chuid 10% a bhaint amach beidh cion modha níos airde de dhíth sna limistéir uirbeacha chun cúiteamh a dhéanamh ar sciar modha níos ísle sna limistéir tuaithe. Don phlean seo cuireadh éagsúlacht de chuspóirí inathraitheacha maidir le cion modha i bhfeidhm do na tuartha den trácht rothaíochta sna blianta amach romhainn, ag cur san áireamh cineál turais, fad agus láthair. Rinneadh talamh slán de go rachadh an cion modha is airde i leith na rothaíochta san am atá le teacht suas go 18% le haghaidh turais ghearra chun na hoibre, an cineál turais is oiriúnaí don rothaíocht.

Rinne tuartha na todhchaí meastachán go mbeadh ardú faoi 2021 go **75,000 turas rothaíochta i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath le linn bhuaic-am na maidine i rith na seachtaine**. Ar an mbonn sin d'fhéadfadh uas-sreabha ar shráideanna áirithe 2000 rothaithe a shárú, rud a d'éileodh tuilleadh acmhainne nach beag ó áiseanna rothaíochta níos leithne.

Achoimre ar Fad an Ghréasáin Rotharbhealaigh

Tá an gréasán rotharbhealaigh eiseach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath **500km ar fhad**, le 400km de sa limistéir cathrach agus 100km i mbailte na cúlchríche.

Cuimseoidh an gréasán rotharbhealaigh beartaithe na príomh-mhíreanna seo a leanas:

- (i) 235 km de Phríomh-Rotharbhealach i mórcheantar uirbeach Bhaile Átha Cliath;
- (ii) 400 km de Rotharbhealach Tánaisteacha i mórcheantar uirbeach Bhaile Átha Cliath;
- (iii) 300 km de Phríomh-Rotharbhealach/Rotharbhealach Tánaisteacha sna bailte laistigh de chúlchríoch Mhórcheantair Bhaile Átha Cliath;
- (iv) 200 km d'Fhéarbhealaí sa mhórcheantar chathrach;

- (v) 1,574 km de rotharbhealaí straitéiseacha i gceantair uirbeacha (gan bealaí áitiúla fairsinge friothálacha san áireamh);
- (vi) 1,326 km de rotharbhealaí tuaithe (féarbhealaí san áireamh) idir bailte; agus
- (vii) 2,900 km Fad Iomlán an Ghréasáin rotharbhealaí uirbeacha agus tuaithe.

Éascóidh an gréasán críochaithe rotháocht sábháilte compordach idir na túsphointí agus na ceannphointí go léir i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

ACHOIMRE AR FHAID AN LÍONRA ROTHÁÍOCHTA ATÁ BEARTAITHE

Catagóir an Bhealaigh	Fad an Ghréasáin Rothaíochta Beartaithe (km)							
	Mórcheantar Bhaile Átha Cliath	CC Baile Átha Cliath	CC Fhine Gall	CC Átha Cliath Theas	CC Dhún Laoghaire Ráth an Dúin	CC na Mí	CC Chill Dara	CC Chill Mhantáin
Príomha (Limistéar Cathrach)	235	109	23	47	55	0	0	0
Tánaisteach (Limistéar Cathrach)	383	149	56	124	55	0	0	0
Nasc Tras-Chathrach	19	19	0	0	0	0	0	0
Friothálach (Limistéar Cathrach)	434	114	59	119	142	0	0	0
Féarbhealach – Limistéar Cathrach	200	79	29	43	35	0	13	0
Féarbhealach – Cúlchríoch	429		54			126	166	83
Idir-Uirbeach	897	0	82	24	9	264	183	335
Príomha/Tánaisteach (Bailte na Cúlchríche)	303	0	78	1	0	75	78	70
Iomlán	2,900	471	381	357	297	466	440	488
Bealaí Eiseacha	501	169	84	58	90	22	38	39
Bealaí Nua	2,339	302	298	299	206	443	401	449

CUID 2

LÉARSCÁILEANNA NA NÁISEANNA ROTHÁIOCHTA EISEACHA

UIMHIR LÉARÁIDE	TEIDEAL
CN1	Ceantair i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath
E	Plean Bileoige um Chineál Áiseanna Eiseacha Rothaíochta
E1	Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath
E2	Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh
E3	Baile Átha Cliath Thuaidh-Láir
E4	Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh
E5	Baile Átha Cliath Thiar-Láir
E6	Baile Átha Cliath Thiar Theas
E7	Baile Átha Cliath Theas-Láir
E8	Baile Átha Cliath Thoir Theas
E9	Sord - Mullach Íde - Port Mearnóg
E10	Lusca - An Ros - Domhnach Bat
E11	Baile Brigín - Na Sceirí
E12	An Uaimh
E13	Ceanannas
E14	Baile Átha Troim
E15	Dún Seachlainn - Ráth Tó - Cill Dhéagláin
E16	Maigh Nuad - Cill Droichid - Léim an Bhradáin
E17	Claonadh - An Chorrchoill
E18	An Nás - Na Solláin - An Chill
E19	Droichead Nua - Cill Dara
E20	Bré
E21	Na Clocha Liatha
E22	Cill Mhantáin
E23	An tInbhear Mór

CUID 3

LÉARSCÁILEANNA UM ÉILEAMH ROTHÁÍOCHTA

UIMHIR LÉARÁIDE	TEIDEAL
DD1	Éileamh Rothaíochta Lár na Cathrach 2011
DD2	Éileamh Rothaíochta Lár na Cathrach 2021
DD3	Éileamh Rothaíochta Limistéar Bhaile Átha Cliath 2011
DD4	Éileamh Rothaíochta Limistéar Bhaile Átha Cliath 2021

CUID 4 LÉARSCÁILEANNA NA NGRÉASÁN ROTHÁÍOCHTA BEARTAITHE

UIMHIR LÉARÁIDE	TEIDEAL
Cuid 4a	Léarscáileanna Ghréasán Rothaíochta an GDA Trí Chéile
CN2	Gréasán Rothaíochta Mhórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath
CN3	Gréasán Rotharbhealaigh Réigiúnach an GDA
DGN	Gréasán Féarbhealaí Bhaile Átha Cliath
Cuid 4b	Gréasán Rothaíochta Beartaithe – Ceantar Bhaile Átha Cliath
DS	Plean Bileoige um Ghréasán Bhaile Átha Cliath
N1	Gréasán Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Láir
N1a	Príomh-Ghréasán Rothaíochta Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath
N1b	Ghréasán Iomlán Rothaíochta Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath
N2	Gréasán Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh
N3	Gréasán Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Thuaidh-Láir
N4	Gréasán Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh
N5	Gréasán Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Thiar-Láir
N6	Gréasán Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Thiar Theas
N7	Gréasán Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Theas-Láir
N8	Gréasán Rothaíochta Bhaile Átha Cliath Thoir Theas
Cuid 4c	Gréasáin Rothaíochta Beartaithe i mBailte
	Fine Gall
TN	Plean Bileoige um Ghréasáin Bailte
N9	Sord / Mullach Íde / Port Mearnóg;
N10	Lusca / An Ros / Domhnach Bat
N11	Baile Brigín / Na Sceirí
	An Mhí
N13	Ceanannas
N12	An Uaimh
N14	Baile Átha Troim
N15	Dún Seachlainn / Ráth Tó / Cill Dhéagláin

UIMHIR LÉARÁIDE	TEIDEAL
	Cill Dara
N16	Maigh Nuad / Cill Droichid / Léim an Bhradáin
N17	Claonadh / An Chorrchoill
N18	An Nás / Na Solláin / An Chill
N19	Droichead Nua & Cill Dara
	Cill Mhantáin
N20	Bré
N21	Na Clocha Liatha / Deilgne
N22	Baile Chill Mhantáin / Ráth Naoi
N23	An tInbhear Mór
Cuid 4d	Rotharbhealaí Tuaithe
RS	Plean Bileoige na Rotharbhealaí Tuaithe
RN1	Bileog 1 na Rotharbhealaí Tuaithe: Fine Gall
RN2	Bileog 2 na Rotharbhealaí Tuaithe: Oirthear na Mí
RN3	Bileog 3 na Rotharbhealaí Tuaithe: Iarthuaisceart na Mí
RN4	Bileog 4 na Rotharbhealaí Tuaithe: Lár na Mí
RN5	Bileog 5 na Rotharbhealaí Tuaithe: Deisceart na Mí / Tuaisceart Chill Dara
RN6	Bileog 6 na Rotharbhealaí Tuaithe: Lár Chill Dara
RN7	Bileog 7 na Rotharbhealaí Tuaithe: Deisceart Chill Dara
RN8	Bileog 8 na Rotharbhealaí Tuaithe: Deisceart Chill Mhantáin
RN9	Bileog 9 na Rotharbhealaí Tuaithe: Lár Chill Mhantáin
RN10	Bileog 9 na Rotharbhealaí Tuaithe: Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus Tuaisceart Chill Mhantáin